

COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE



GALWAY COUNTY COUNCIL



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020 ANNUAL REPORT 2020



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimhe H91 H6KX

Fón: (091) 509 000
Facs: (091) 509 010
Idirlíon: www.gaillimh.ie

Galway County Council
Áras an Chontae
Prospect Hill
Galway H91 H6KX

Tel: (091) 509 000
Fax: (091) 509 010
Web: www.galway.ie

 **@GalwayCoCo**
 **GalwayCounty**

CLÁR


LEATHANACH

RÉAMHRÁ	Ráiteas Misin/Bunluachanna/Fís	8
	Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe	9
	Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach	11
	Toghlímistéir Áitiúla/Ceantair Bhardasacha	13
	Baill Thofa de réir Ceantar Bardasach	14
	Eolas Ginearálta	19
	Struchtúr Eagraíochtúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe	20
	Rialachas	23
	Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024	27
Seirbhísí Corparáideacha agus Forbairt Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail	SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	29
	Pleanáil agus Tacaíocht Chorparáideach	30
	Clár na dToghthóirí	35
	Saoráil Faisnéise / Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol	36
	Bainistiú Saoráidí	37
	Seirbhís na Maor Poiblí / An tSeirbhís Chróinéara	38
	Iníúchadh Inmheánach / Seirbhís maidir le Comhairle Dlí	39/40
	Cur i bhfeidhm Ceadúnais Margaí, Corrthrádála agus Scannán	41
	Áineas, Taitneamhacht, Páirceanna agus Spásanna Oscailte	42
	Clár Forbartha Seirbhísí Leabharlainne	49
	Cartlanna agus Bainistiú Taifead	59
	Cur Chun Cinn na Gaeilge	62
	Deich mBliana na gCuimhneachán 2013 - 2023	68
	Seirbhísí do Chustaiméirí	70
	FORBARIT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL	75
	Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC)	79
	SICAP (An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail) 2018 - 2022	80
	Clár Éire Shláintiúil / Clár um Fheabhsú Pobail 2020 / Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)	81/82
	Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae na Gaillimhe (PPN)	82
	Cuimsiú Sóisialta	84
	Spóirt	85
	Tionscnaimh maidir le Forbairt Gheilleagrach	87
	Turasóireacht	89
	Feabhsú Sráid-dreacha	91
	An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe	91

	Scéimeanna Maoinithe Tuaithe Eile / An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh	93
	Scéimeanna Tacaíochta Pobail	95
	Na hEalaíona	95
TITHÍOCHT	TITHÍOCHT	101
	Atógáil Éireann	102
	Gníomhaíocht Chuid V	104
	Gníomhaíocht Tógála Tithíochta	104
	Gníomhaíocht Dearaidh & Pleanála	106
	Ceannach Tí / HAP	107
	Tuairisc ar Theaghlaigh Cháilithe (Liosta Feithimh Tithíochta)	108
	Scéim Cóiríochta Cíos (RAS) / Léasú Gearrthéarmach	109
	Íoschaighdeán maidir le Cóiríocht ar Cíos / Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe / Scéim Morgáiste go Cíos	109-111
	Iasacht Baile Atógáil Éireann	111
	Tithíocht Dheonach / Ceannach ag Tionóntaí / Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontas Cúnamh Soghluaisteachta agus Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	112/113
	Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Thithe Údaráis Áitiúil / Cothabháil Tithe / An Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Iarfheistiú (EERP)	113/114
	Easpa Dídine	115
	Clár Cóiríochta don Lucht Siúil	116
	Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024 Spriocanna	118
	Straitéis do Dhaoine faoi Mhíchumas	120
	Bainistíocht Tionóntachta agus Eastáit	121
	SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, TIMPEALLACHTA AGUS ÉIGEANDÁLA	AN tAONAD PLEANÁLA
Coiste Beartais Straitéisigh / Pleanáil Chun Cinn		124/125
An Rannóg Bainistithe Forbartha		125
Bearta Forfheidhmiúcháin / Rialú Foirgníochta		126
Oidhreacht		127
AN tAONAD OIDHREACTHA		165
Feasacht Timpeallachta		165
Seirbhísí Dramhaíola		166
Tránna		169
Reiligí / Seirbhísí Tréidliachta		170/171
Rialú Madraí / Tionscnaimh Ghlasa		171/172
SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA		174
Covid 19 / Pobail a Choinneáil Sábháilte		176/177
Camp West / Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta	177	
Oibríochtaí Dóiteáin (Freagairt)	180	

	Bainistíocht Mórigeandála (MEM)	183
	Bainistíocht Struis i gcás Teagmhas Criticiúil	189
	Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin	189
	Caipiteal / Oiliúint	196
	Cosaint Shibhialta	198
	BÓITHRE & IOMPAR	201
	Clár Bóithre 2020	203
	Ceannach Talún	204
	Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	206
	Clár Athshlánaithe Droichead ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	207
	Cothabháil Mara / Cuanta Straitéiseacha	210
	Obair Chomhpháirtíochta	211
	Scéimeanna Faoisimh Tuilte	213
	Oibreacha Maolaithe Tuilte	216
	Ceantair Dhraenála / Clós Innealra / CLÁR / An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte	216/217
	Spreagadh Mhí Iúil / Maoiniú Athrú Aeráide & Taisteal Gníomhach / Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre le Chéile	218
	Scéimeanna Fostaíochta Pobail / Rannpháirtíocht Pobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair	222
	An Tionscadal Rotharbhealach ó Gaillimh go Baile Átha Luain	224
	SEIRBHÍSÍ UISCE	226
	Caomhnú Uisce / Grúpscéimeanna Uisce	227/228
	ACMHAINNÍ DAONNA	231
	Bainistíocht Fórsa Saothair / Earcaíocht	232
	Oiliúint agus Forbairt Foirne	233
	Leas na Foirne / Pinsin	234/235
	TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE	236
	Córais Teicneolaíochta Faisnéise	237
	Forbairt Bogearraí agus Faisnéis Gnó / Tacaíocht Theicniúil / Forbairt Theicniúil	238
	TUAIRISCIÚ FEIDHMÍOCHTA	240
	NUASHONRÚ AR AN bPLEAN SEACHADTA SEIRBHÍSE BLIANTÚIL	263
	TUARASCÁLACHA Ó NA COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH	312
	SPC um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta	313
	SPC um Thithíocht	314
	SPC maidir le hlompar agus Bonneagar	315
	SPC maidir le Pleanáil, Timpeallacht, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála	317
	SPC maidir le Forbairt Pobail agus Cultúir	318
	SPC maidir le hAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht SPC	319
	TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA	320

	Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe	320
	Ceantar Bardasach Thuama	321
	Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach	322
	Ceantar Bardasach Chonamara	323
	Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí	324
COMHALTAÍ TOFA CHUIG COISTÍ, COSTAIS COMHDHÁLACHA & OILIÚNA	COMHALTAÍ TOFA CHUIG COISTÍ & COMHLACHTAÍ EILE	325
	Comhdhálacha ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu	342
	Imeachtaí Oilíúna ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu	343
	Costais na gComhaltaí Tofa	346
PRÍOMHOIFIGIGH / OIFIGÍ NA COMHAIRLE	Príomhoifigigh na Comhairle	351
	Oifigí na Comhairle	354
BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS	An tEolas is Déanaí ar an Scéim Ranníocaíochta Forbartha	355
	Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2020	357



RÁITEAS MISIN



Cáilíocht na beatha do mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí fhorbairt Pobail agus Eacnamaíoch a threorú agus a neartú agus seirbhísí éifeachtacha agus inbhuanaithe a sholáthar.

Bunluachanna

- *Freagrach*
- *Cabhrach*
- *Cuimsitheach*
- *Daonlathach*
- *Inbhuanaithe*
- *Luach ar airgead*

Fís do Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Contae le mothú soiléir féiniúlachta, a léiríonn a oidhreacht, a teanga agus a cultúr, a chuireann forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta agus pobail chun cinn, rannpháirtíocht saoránach agus páirtithe leasmhara, a fhorbraíonn bonneagar riachtanach agus a chosnaíonn ár dtimpeallacht

TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH CONTAE NA GAILLIMHE

Mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe, is pribhléid dom é an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar an méid a rinne sí dá custaiméirí agus do shaoránaigh an Chontae le linn na bliana 2020, bliain a bhí an-dúshlánach mar gheall ar phaindéim Covid19. San iomlán, bhí €166,688,774 againn i gcaiteachas Ioncaim agus €98,017,633 i gcaiteachas caipitil.

Ba mhór an onóir dom a bheith tofa i mo Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe an 16 Meitheamh 2020 agus ionadaíocht a dhéanamh ar Ghaillimh mar a céad saoránach don Chontae. Cé go raibh fócas difriúil i mbliana mar gheall ar an bpaindéim, lean baill foirne ag soláthar seirbhísí riachtanacha agus leanamar, na baill tofa, ag obair agus ag comhoibriú le feidhmeannas agus oifigigh na gComhairlí, Ranna an Rialtais, baill an Oireachtais agus páirtithe leasmhara eile.

Cuireadh Fóram Freagartha Pobail Covid19 ar bun, ar a raibh na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun tacú le daoine leochaileacha, chomh maith le feasacht agus faisnéis a chur chun cinn faoi na bearta agus na treoirí sláinte poiblí is déanaí chun scaipeadh COVID-19 a theorannú. Chláraigh beagnach 2,000 duine chun obair dheonach a dhéanamh sa Chontae, trí Ionad Deonach na Gaillimhe nó leis na 110 Grúpa agus Eagraíocht Pobail a chláraigh le bheith mar chuid den Ghlaó Pobail. Sna chéad 6 seachtaine oibríochta, dhéileáil an Líne Chabhrach Freagartha Pobail le 580 glao.

Tugadh faoi raon tionscnamh eile freisin, lena n-áirítear dáileadh leabhrán folláine agus pacáistí gníomhaíochta ar níos mó ná 3,000 duine aosta. Leithdháileadh Ciste Athléimneachta Pobail €67,225 ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tharla roinnt imeachtaí faoin tionscnamh 'Keep Well', lena n-áirítear tionscnamh ar Ghlaó-dhualgas ar Chathaoirleach inar sheol mise, an Cathaoirleach, Cárta Nollag pearsantaithe ar iarratas dóibh siúd a bhí ina n-aonar, nó i dTithe Altranais, faoi Nollaig. Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh €85,789 freisin faoin gCiste Éigeandála sonrath COVID-19, arna sholáthar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chun cur ar ár gcumas seirbhísí túslíne ríthábhachtach a mhaoiniú agus freagairt do riachtanais áitiúla, trí thionscnaimh mar bhéilí ar rothaí, dearbháin bia, dáileadh trealaimh TCP, gan ach cúpla ceann a lua.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe 4 theach a athchóiriú agus a fheistiú chun críocha leithlisiú laistigh de thréimhse ama docht do theaghlach leochaileach ar bith mar a shaináithin Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cuireadh tithíocht níos sábháilte agus comhlíontach le COVID-19 ar fáil do gach teaghlach i gcóiríocht éigeandála, le tacaíocht agus comhoibriú ó eagraíochtaí eile. Cuireadh seirbhísí breise mar uisce reatha, port-a-loos agus glantacháin ar fáil do theaghlach i láithreáin stad agus dóibh siúd a raibh cónaí orthu ar thaobh an bhóthair.

I mo Chathaoirleach ar an gComhairle, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na heagraíochta as a gcuid oibre i rith na bliana agus i rith na tréimhse deacra agus dúshlánaí a bhí romhainn. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach (Eatramhach), Kevin Kelly agus a fhoireann Feidhmiúcháin as tacú liom agus le mo chomhbhaill Tofa inár gcuid oibre. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gComhairleoir Jimmy McClearn a bhí i gceannas mar Chathaoirleach le linn an chéad sé mhí in 2020 agus gabhaim buíochas ó chroí le mo chomhghleacaithe ar an gComhairle as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú le linn mo théarma i mo Chathaoirleach ar an gContae le buíochas speisialta do mo Leas-Chathaoirleach, an Comhairleoir

Pete Roche.

Is onóir mhór dom gur toghadh i mo Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe mé. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl leis na comhairleoirí eile, leis an bhfoireann feidhmiúcháin agus le foireann na Comhairle ar fad. Bhí bliain chrua againn i mbliana mar thoradh ar Covid19, mar aon leis na gnáthdhusláin eile ach leanfaimid orainn ag obair linn agus ag comhoibriú lena chéile, ar son mhuintir na Gaillimhe ar fad.

*An Comhairleoir James Charity,
Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe.*

TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFEIDHMEANNACH

Mar Phríomhfeidhmeannach Eatramhach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, fáiltím roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla 2020. Sonraítear ann dul chun cinn na Comhairle maidir leis na cuspóirí straitéiseacha atá inár bPlean Corparáideach nua 2020 - 2024 a sheachadadh agus leagtar béim ar obair agus ar éachtaí riachtanacha na Comhairle i mbliain an-dúshlánach mar gheall ar Covid-19.

Thionóil an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) an 18 Feabhra 2020. Ar an drochuair mar gheall ar an bpaindéim, cuireadh an éisteacht ó bhéal ar fionraí an 12 Márta 2020. Cuireadh tús leis an éisteacht trí MS Teams an 12 Deireadh Fómhair 2020 agus lean sí ar aghaidh go fíorúil. Éisteadh le ráitis dúnta na héisteachta maidir le N6 GCRR Dé Céadaoin an 4 Samhain 2020.

Ullmhaíodh Clár Bóithre 2020 tar éis leithdháiltí do dheontais tógála, deisiúcháin agus cothabhála bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta, arbh fhiú € 62,626,824 iad ó Bonneagar Iompair Éireann, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar aon le maoiniú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí obair thógála fós ar siúl ar Scéim N59 An Teach Dóite go Bun an Choill agus ar Scéim N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara i rith 2020, agus tá dul chun cinn fós ar an gclár do 2021. Cuireadh an obair thógála ar an Scéim N59 siar ó Leitir Fraic i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá an bóthar seo oscailte do thrácht anois. Cheadaigh an maoiniú a fuarthas faoin Scéim Áineasa agus Bonneagair Allamuigh (2019) d'obair chun síneadh a chur le Glasbhealach Chonamara na codanna i mbaile fearainn Dhoire Mhic Reoin agus Baile na hInse a chríochnú go hiomlán in 2020.

Seoladh an Tionscadal Rothaíochta nua ó Ghaillimh go Baile Átha Luain i mbliana, de réir mar a thug foireann an tionscadail faoi chéim luath comhairliúcháin phoiblí. Ba é seo an chéad cheann de cheithre thréimhse comhairliúcháin phoiblí a dhéanfar sula ndéanfar iarratas pleanála in 2023. Meastar go mbeidh an rotharbhealach nua ina thaitneamhacht tharraingteach a thaitneoidh le pobail áitiúla le bheith ag siúl agus ag rothaíocht i gcaitheamh na bliana agus soláthróidh sé eispéireas cuairteora speisialta le radharcra a mbeidh tionchar aige agus pointí speisiúla ar an mbealach. Beidh sé mar aidhm aige freisin tacú le gnóthais áitiúla agus fiontair agus poist nua a spreagadh. Tá an tionscadal á chomhbhainistiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na hIarmhí agus Comhairle Chontae Ros Comáin, i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann (TII).

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag freagairt chomh réamhghníomhach agus ab fhéidir don tosaíocht a bhaineann le seachadadh tithíochta, in ainneoin timpeallacht an-dúshlánach Covid-19. Tugadh 149 teach nua isteach i stoc gníomhach tithíochta sóisialta trí chlár thógála, cláir éadálacha agus cláir léasaithe in 2020 agus rinneadh 60 teaghais a athchóiriú faoina chlár Voids. Tá 605 aonad tithíochta sóisialta nua-thógtha anois ag céimeanna éagsúla den fhormheas atá le seachadadh go díreach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhlachtaí Tithíochta Formheasta ar 27 láithreán. Leanadh ag tacú le teaghlach trínár scéimeanna agus deontais éagsúla. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 71 teaghlach in 2020 faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil. Rinneadh athbhreithniú, nuashonrú ar an Straitéis um Chotheabháil Tionóntachtaí don Chontae agus glacadh leis.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur forbairt eacnamaíoch agus phobail an Chontae chun cinn. In ainneoin éifeachtaí na paindéime, chuaigh 63 de na 71 tionscadal, a ceadáíodh tríd an Scéim Tacaíochta Forbartha Pobail, ar aghaidh ar luach €97,000 agus mhaoinigh siad uasghrádú éagsúil ar Fhoirgnimh Pobail, oibreacha taitneamhachta agus gníomhaíochtaí Bailte Slachtmhara. Fuarthas €415,000 freisin

ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe faoi thrí bhabhta de na Bearta Luathaithe Baile agus Sráidbhaile nua do 15 phobal. Ceadaíodh €690,000 breise do 7 gceantar faoin bPríomhchlár Baile agus Sráidbhaile agus fuarthas €262,000 do 7 gceantar faoin gclár CLÁR. Faomhadh Straitéis Ealaíon agus Beartas Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024 freisin i mí na Nollag 2020.

Ní féidir cuid mhaith den obair a dhéanaimid a bhaint amach ach trí oibriú i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine acu as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú i gcónaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas ó chroí a ghabháil le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir James Charity agus an t-iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Jimmy McClearn as an gcúnamh agus tacaíocht a thug siad dúinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na Comhaltaí Tofa uile as a n-ionchur agus a dtacaíocht chomhchoiteann agus iad ag freagairt do na dúshláin in 2020.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'obair na Foirne Feidhmiúcháin agus na foirne uile agus a ngairmiúlacht, a dtacaíocht, a gcion luachmhar, a n-iarracht agus a dtiomantas i gcónaí chun ár seirbhísí riachtanacha go léir a sholáthar agus níos mó in 2020, go háirithe i bhfianaise na bliana an-dúshlánach a bhí againn. Is é dfograis, tiomantas agus obair chrua na gComhaltaí agus na foirne araon a fhágann go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ina eagraíocht bhríomhar agus fhorásach.




An tUasal Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach

TOGHLIMISTÉIR ÁITIÚLA / CEANTAIR BHARDASACHA

De réir Ionstraim Reachtúil IR Uimh. 618/218 - *An tOrdú um Thoghlímistéir Áitiúla agus Ceantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe 2018*, “Beidh na ceantair bardasacha seo a leanas ag Contae na Gaillimhe chun críocha alt 22A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Uimh. 1 de 2014)) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)”. Is é éifeacht an Ordaithe ná leasú a dhéanamh ar dheighilt Chontae na Gaillimhe i dtoghlímistéir áitiúla, líon na mball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bheidh le toghadh do gach limistéar den sórt sin a shocrú agus na Ceantair Bhardasacha do Chontae na Gaillimhe a chinneadh mar seo a leanas:

- (a) Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe ina bhfuil Toghlímistéar Áitiúil Béal Átha na Sluaighe;
- (b) Ceantar Bardasach Chonamara ina bhfuil Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Thuaidh agus Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Theas;
- (c) Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach ina bhfuil Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Locha Riach agus Toghlímistéar Áitiúil an Ghoirt - Cinn Mhara;
- (d) Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ina bhfuil an Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Átha an Rí-Órán Mór;
- (e) Ceantar Bardasach Thuama ina bhfuil Toghlímistéar Áitiúil Thuama.




Léarscáil na gCeantar Bardasach

BAILL TOFA DE RÉIR CEANTAR BARDASACH

Liostaítear sna leathanaigh seo a leanas Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe do gach Ceantar Bardasach/Toghlímistéar Áitiúil:

CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ - ÓRÁN MÓR
Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Átha an Rí - Órán Mór (7 Ball)

			
1. An Comhairleoir James Charity	2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly	3. An Comhairleoir Jim Cuddy	4. An Comhairleoir David Collins

		
5. An Comhairleoir Liam Carroll	6. An Comhairleoir Albert Dolan	7. An Comhairleoir Shelly Herterich-Quinn

	Comhaltaí Tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir James Charity, Tonegurrane, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe.	-	087 2191792
2.	An Comhairleoir Gabriel Cronnelly, Cluain Caoin, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	-	087 2066810
3.	An Comhairleoir Jim Cuddy, An Laighdeacán, An Carn Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe	091 798136	087 6360242
4.	An Comhairleoir David Collins, Waterview, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe.	-	087 7831687
5.	An Comhairleoir Liam Carroll, Cathair Uí Mhaighin, Órán Mór, Co. na Gaillimhe.	091 794677	087 6488684
6.	An Comhairleoir Albert Dolan, Muine Mheá, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	-	086 7358081
7.	An Comhairleoir Shelly Herterich-Quinn, An Cheárta, Old Church Street, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	-	087 2871355

CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE
Toghlímistéar Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe (6 Bhall)

			
1. An Comhairleoir Tim Broderick	2. An Comhairleoir Dermot Connolly	3. An Comhairleoir Michael Connolly	4. An Comhairleoir Dr. Evelyn Francis Parsons*

	
5. An Comhairleoir Declan Geraghty	6. An Comhairleoir Peter Keaveney

	Comhaltaí tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9686896	087 2728058
2.	An Comhairleoir Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóig, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9642986	086 0886160
3.	An Comhairleoir Michael Connolly, Moyloughmore, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9679465	087 6829049
4.	An Comhairleoir Evelyn Francis Parsons, Beechlawn Hill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	-	087 1365793
5.	An Comhairleoir Declan Geraghty, Baile Liam trí Chaisleán Riabhach, Co. na Gaillimhe.	094 9643355	086 2543304
6.	An Comhairleoir Peter Keaveney, Baile na Sceiche, Gleann na Madadh, Gaillimh.	094 9659388	087 2533098

* Comhthofa an 27 Iúil 2020 chun an corrfholúntas a líonadh a d'eascair as ainmniú an iar-Chomhairleora Aisling Dolan go Seanad Éireann


CEANTAR BARDASACH CHONAMARA
Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Thuaidh (4 Bhall)
Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Theas(5 Bhall)

Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Thuaidh (4 Bhall)

			
1. An Comhairleoir Eileen Mannion	2. An Comhairleoir Thomas Welby	3. An Comhairleoir Séamus Walsh	4. An Comhairleoir Gerry King

	Comhaltaí tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir Eileen Mannion, Bóthar na Spéire, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	-	087 9555645
2.	An Comhairleoir Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.	091 552748	087 2855676
3.	An Comhairleoir Séamus Walsh, Glann, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe	091 552726	087 0519884
4.	An Comhairleoir Gerry King, Iorras Fhlannáin, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	-	086 1798749

Toghcheantar Áitiúil Chonamara Theas (5 Bhall)




				
1. An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin	2. An Comhairleoir Noel Thomas	3. An Comhairleoir Dáithí Ó Cualáin	4. An Comhairleoir Pádraig Mac an Iomaire	5. An Comhairleoir Alastair McKinstry

	Comhaltaí tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin, Na Foráí Maola Thiar, Bearna, Co. na Gaillimhe.	-	087 2933782
2.	An Comhairleoir Noel Thomas, Gort an Chalaídh, Maigh Cuilinn, Gaillimh.	-	087 7372147
3.	An Comhairleoir Dáithí Ó Cualáin, Cor na Rón Láir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.	-	087 9023755
4.	An Comhairleoir Pádraig Mac an Iomaire, Na Doireadh, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.	091 572974	087 9213795
5.	An Comhairleoir Alastair McKinstry, Croílár, Baile na hAille, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe.	091 868678	087 6847928

CEANTAR BARDASACH BHAILE LOCHA RIACH






**Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Locha Riach (5 Bhall)
Toghlímistéar Áitiúil An Ghoirt-Cinn Mhara (5 Bhall)**

Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Locha Riach (5 Bhall)

				
1. An Comhairleoir Michael "Moegie" Maher	2. An Comhairleoir Jimmy McClearn	3. An Comhairleoir Pat Hynes	4. An Comhairleoir Ivan Canning	5. An Comhairleoir Shane Curley

	Comhaltaí tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir Michael "Moegie" Maher, Cloch an Stuaicín, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	091-842968	086 8109185
2.	An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn, Bóthar Tynagh, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9676235 / 9676963	087 2548723
3.	An Comhairleoir Pat Hynes, Dún Guaire, 2 Spring View, Bóthar an Ghoirt, Baile Locha Riach, Co na Gaillimhe.	091-842399	087 2404404
4.	An Comhairleoir Ivan Canning, Lecarrow Gortanumera, Port Omna, Co. na Gaillimhe.	-	087 1376666
5.	An Comhairleoir Shane Curley, An Ráithín, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	-	086 2706550

Toghlímistéar Áitiúil An Ghoirt-Cinn Mhara (5 Bhall)

				
1. An Comhairleoir Joe Byrne	2. An Comhairleoir Gerry Finnerty	3. An Comhairleoir Martina Kinane	4. An Comhairleoir Geraldine Donohue	5. An Comhairleoir PJ Murphy

	Comhaltaí tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir Joe Byrne, Teach Highfield, Cloonasee, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe	091-638130	087 2625775
2.	An Comhairleoir Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, An Gort, Co. na Gaillimhe	091-632167 / 091-633291	087 2674295
3.	An Comhairleoir Martina Kinane, An Sráidbhaile Thuaidh, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe.	-	087 2692102
4.	An Comhairleoir Geraldine Donohue, Springvale, An Choill Bhreac, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe	-	086 1692827



5. An Comhairleoir PJ Murphy, Ballindive, Ard Raithin, Co. na Gaillimhe

-

087 7905401

CEANTAR BARDASACH THUAMA
Toghlímistéar Thuama (7 mBall)

			
1. An Comhairleoir Mary Hoade	2. An Comhairleoir Peter Roche	3. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea	4. An Comhairleoir Karey McHugh Farag

		
5. An Comhairleoir Colm Keaveney	6. An Comhairleoir Andrew Reddington	7. An Comhairleoir Joe Sheridan

	Comhaltaí tofa	Guthán	Fón Póca
1.	An Comhairleoir Mary Hoade, An Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe.	091 789854	087 2255979
2.	An Comhairleoir Peter Roche, Maighin, Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	093 49187	087 8251470
3.	An Comhairleoir Donagh Mark Killilea, 171 Palace Fields, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	-	086 6079563
4.	An Comhairleoir Karey Mc Hugh Farag, Demesne Brooklodge, Béal Átha Glúinín, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	-	087 2822225
5.	An Comhairleoir Colm Keaveney, Cill Chraobhanta, Tuaim, Co. na Gaillimhe.		087 6776812
6.	An Comhairleoir Andrew Reddington, An Gort Garbh, Áth Cinn, Gaillimh.	-	087 6458115
7.	An Comhairleoir Joe Sheridan, Baile an Mhuilinn, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	093-38903	087 9897072

EOLAS GINEARÁLTA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, seachas Cathair na Gaillimhe. Tá an Chomhairle freagrach as pleanáil, dearadh agus tógáil bóithre, saoráidí draenála, tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligi. Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe coimeádaí na timpeallachta agus trína cuid beartas pleanála agus comhshaoil féachtar leis an gcontae a fheabhsú agus a charachtar agus a atmaisféar uathúil a chosaint. Tá ról gníomhach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe freisin i bhforbairt ghnóthaí tionsclaíocha, eacnamaíochta, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúir an chontae.

De réir chóras rialtais áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí, feidhmíonn Comhairle Contae na Gaillimhe, mar údarás áitiúil, i ról **ionadaíochta** chomh maith le ról **oibríochta**.

Tugtar “**Feidhmeanna forchoimeáda**” ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leagtar síos leo seo an creat beartais, faoina bhfeidhmíonn an Príomhfheidhmeannach.

Áirítear i measc na bhfeidhmeanna sin:

- glacadh leis an mBuiséad bliantúil;
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a athrú;
- glacadh leis an Scéim Leithdháilte do thithíocht shóisialta;
- Fo-dhlíthe a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm;
- ceadú chun airgead a fháil ar iasacht;
- Bóithre a fhógairt le bheith ina mbóithre poiblí.

Déanann an Chomhairle a cinní le rún ag cruinnithe.

Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann an **ról oibríochta** de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá siad freagrach as riarachán laethúil na Comhairle Contae. Déanann an Príomhfheidhmeannach na “**Feidhmeanna feidhmiúcháin**” mar a thugtar orthu agus déantar cinní an Phríomhfheidhmeannaigh le “Ordú Príomhfheidhmeannaigh” i scríbhinn.

Áirítear i measc na bhfeidhmeanna sin:

- leithdháileadh tithé
- ceadanna pleanála a dheonú nó a dhiúltú
- foireann a cheapadh, etc.

Caithfidh an Príomhfheidhmeannach, agus cinní á ndéanamh aige, gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an mbeartas, a bhunaigh na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, comhairle a thabhairt do na comhaltaí maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeáda.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 is é príomhfheidhm an údaráis áitiúil fóram a sholáthar d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus ceannaireacht chathartha a sholáthar don phobal. Ina theannta sin, tá an t-údarás áitiúil freagrach as raon seirbhísí, feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe a sholáthar agus as príomhréimsí a fhorbairt lena n-áirítear gnóthaí eacnamaíochta, gnó, oidhreacht agus cultúir.

Thug an tAcht um Athchóiriú, lenar bunaíodh na Ceantair Bardasacha agus inar díscáileadh na Comhairlí Baile, isteach na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDC) le bunú mar choistí an údaráis áitiúil i ngach limistéar rialtais áitiúil. Rinne an reachtaíocht foráil maidir le scor na mBord Forbartha Contae agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail a thabhairt isteach.

An Chomhairle

Le chéile, leagann an tríocha naoi Comhairleoir tofa as na Ceantair Bardasacha an creat don bheartas faoina bhfeidhmíonn Foireann Feidhmiúcháin. Déanann Grúpa Beartais Chorparáidigh agus sé* Choiste um Beartas Straitéiseach (SPC) beartas a fhoirmlíú agus a chomhaontú. Cuimsíonn na SPCanna comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha / earnálacha a dhéanann athbhreithniú agus foirmlíú beartais ar fud raon feidhmeanna na Comhairle. Feidhmíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh i gcáil feidhmiúcháin. *Cuireadh sé SPC ar bun tar éis na dToghchán Áitiúil i mí Bealtaine 2019.

Ceantair Bhardasacha

Bunaíodh cúig Cheantar Bardasach i gContae na Gaillimhe, (le seacht dToghlimistéar Áitiúla), agus freastalaíonn ionadaithe tofa ón Limistéar sin orthu. Tá na Ceantair Bhardasacha deartha chun rialachas daonlathach, coimhdeacht agus cuntasacht a fheabhsú. Tá sé i gceist leis na socruithe seo freisin éifeachtúlacht oibríochtúil agus luach ar airgead a fheabhsú, le struchtúr feidhmiúcháin agus oibríochta amháin ar fud an chontae. Is aonáin cinnteoireachta iad na Ceantair Bhardasacha seachas struchtúir chorparáideacha.

An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Cuimsíonn an Grúpa Beartais Chorparáidigh Cathaoirleach na Comhairle Contae, Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseach agus tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis an Grúpa. Nascann an CPG obair na SPCanna éagsúla agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir na staidéanna beartais a mbíonn tionchar acu ar an gContae ar fad a aontú ionas gur féidir iad a chur faoi bhráid na Comhairle Cathrach uile. Tugann an CPG comhairle agus cúnaimh don Chomhairle agus soláthraíonn sé ionchur ar ábhair is ábhar inné ginearálta. Tá ról aige freisin monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Tionóladh 13 chruinniú den CPG in 2020.

Na Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC)

Cuireann struchtúr an SPC creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa a ról mar lucht déanta beartas foriomlán a chomhlíonadh agus ina theannta sin, cuireann sé deiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí le leasanna áitiúla agus ionadaithe pobail. Soláthraíonn SPCanna fóram le haghaidh acmhainn bhreise agus níos fearr chun a bheith páirteach i gceapadh, athbhreithniú agus meastóireacht beartais, le cúnaimh ionsuite do leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ó Stiúrthóir Seirbhísí.


Tá sé Choiste um Beartais Straitéiseach, ar a bhfuil Comhairleoirí agus Ionadaithe Earnála, bunaithe sa Chomhairle mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

SPC	Comhaltáí tofa	Ionadaíochtaí Earnála	Iomlán an Choiste
Tithíocht	7	4	11
Forbairt Eacnamaíochta & Fiontar	6	4	10
Pobal Pleanála, Comhshaoil, Talmhaíochta & Éigeandála	7	4	11
Iompar & Bonneagar	7	4	11
Forbairt Pobail & Cultúrtha	6	4	10
Athrú Aeráide & Bithéagsúlacht	6	4	10

An Fhoireann Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach i gceannas ar an bhFoireann Feidhmiúcháin agus tá Stiúrthóirí Seirbhísí, Ceann Airgeadais, an Gníomhaire Dlí, Ceann Acmhainní Daonna agus Rúnaí an Chontae ann.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2020.



RIALACHAS

Baineann an rialachas leis na struchtúir agus na próisis chúí a fhorbairt chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a stiúradh agus a bhainistiú ionas gur féidir le páirtithe leasmhara a bheith cinnte go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Díríonn an rialachas ar na hoibleagáidí dlí, rialála agus seirbhíse agus ar na tacair caidrimh idir an Chomhairle, na Coistí, na Baill aonair, an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin, an fhoireann agus páirtithe leasmhara chun treo agus feidhmíocht na Comhairle seo a chinneadh.

Cuidíonn na sé phrionsabal dea-rialachais agus na prionsabail tacaíochta seo a leanas le Comhairle Contae na Gaillimhe a threorú agus í ag seachadadh seirbhíse.

Croíphrionsabal 1

Ciallaíonn Dea-Rialachas díriú ar chuspóir an údaráis, ar na torthaí a sholáthraíonn tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha inbhuanaithe agus ar fhís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht straitéiseach a fheidhmiú trí chuspóir agus fíis an údaráis a fhorbairt agus a chur in iúl go soiléir tríd an bplean corparáideach agus a chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhíse seirbhís ar ardchaighdeán.
2. A chinntiú go mbaineann an t-údarás, trína phlean seachadta seirbhíse, an úsáid is fearr as acmhainní chun a chinntiú go ndéantar torthaí a bhaint amach.

Croíphrionsabal 2

Ciallaíonn dea-rialachas baill agus oifigigh ag obair le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht éifeachtach a fheidhmiú ar fud an údaráis, a bheith soiléir faoi feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin agus faoi ról agus freagrachtaí na mball agus na n-oifigeach faoi seach.
2. Caidreamh oibre cuiditheach agus measúil a chruthú idir comhaltaí agus oifigigh agus a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Údaráis ar ardchaighdeán.

Croíphrionsabal 3

Ciallaíonn dea-rialachas luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a thaispeáint trí thacú le caighdeán arda iompair agus iompraíochta.

Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go n-iompraíonn baill agus oifigigh iad féin, agus iad i mbun ceannaireachta, ar bhealaí a léiríonn ardchaighdeán iompair, iompar eiticiúil agus rialachas éifeachtach.
2. Cultúr a chothú agus meicníochtaí a chinntiú a spreagann agus a fhorfheidhmíonn cloí le luachanna eiticiúla agus leis na luachanna eagraíochtúla mar a luaitear sa phlean comparáideach iad.

Croíphrionsabal 4

Ciallaíonn dea-rialachas cinntí níos eolasaí agus níos trédhearcaí a dhéanamh agus riosca agus feidhmiúchán a bhainistiú.

Prionsabail Tacaíochta

1. A bheith dian agus trédhearcach faoin bpróiseas cinnteoireachta agus faisnéis, comhairle agus tacaíocht ar ardchaighdeán a bheith ar fáil do chinnteoirí.
2. A chinntiú go bhfuil córais bhainistíochta riosca, airgeadais agus feidhmíochta éifeachtacha i bhfeidhm. A thugann aghaidh ar neamhchinnteachtaí agus neamhchosaintí, a fhorfheidhmíonn disciplín airgeadais, agus a leagann béim ar leithdháileadh straitéiseach acmhainní agus ar sheachadadh éifeachtúil agus éifeachtach seirbhísí

Croíphrionsabal 5

Ciallaíonn dea-rialachas acmhainn eagraíochtúil agus cumas ceannaireachta agus inniúlachtaí comhaltaí agus oifigeach a fhorbairt chun oibriú go héifeachtach agus chun cuspóir na heagraíochta a bhaint amach.

Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí ag baill agus oifigigh a theastaíonn uathu chun feidhmiú go héifeachtach ina ról.


2. Cumas na ndaoine a bhfuil freagrachtaí rialachais agus ceannaireachta orthu a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil na torthaí a bhaintear amach ag teacht le hoibleagáidí maithe rialachais.

Croíphrionsabal 6

Ciallaíonn dea-rialachas teagmháil go hoscailte agus go cuimsitheach le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht láidir phoiblí a chinntiú.

Prionsabail Tacaíochta

1. Soiléire a sholáthar maidir le caidrimh chuntasachta agus dearbhú eagraíochtúil, feidhmeanna iniúchta agus grinnscrúdaithe.
2. A chinntiú go bhfuil próiseas agus meicníocht ann a sholáthraíonn cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht do pháirtithe leasmhara.



PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE 2020 - 2024

Soláthraíonn Plean Corparáideach Chomhairle Contae na Gaillimhe 2020 - 2024 arna ghlacadh ag Baill Tofa Chomhairle Contae na Gaillimhe, an creat chun a chumasú do Chomhairle Contae na Gaillimhe treo straitéiseach agus forbairt Chontae na Gaillimhe a threorú don tréimhse 2020 - 2024.

Tacaíonn na haidhmeanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta, a shaináithnítear sa Phlean, le Comhairle Contae na Gaillimhe lena feidhmeanna a chomhlíonadh, a cuid gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta, agus a dul chun cinn a mheas. Beidh na croíluachanna mar bhonn agus mar thaca ag seachadadh seirbhísí údaráis áitiúil sa tréimhse 2020 - 2024, agus léiríonn an misean an tábhacht a bhaineann le cáilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine i gContae na Gaillimhe trí forbairt pobail agus eacnamaíoch a threorú agus a neartú agus seirbhísí éifeachtach agus inbhuanaithe a sholáthar.

Bainfear amach ár misean agus ár bhfís trí roinnt Spriocanna idirghaolmhara a bhaint amach. Chun na haidhmeanna seo a bhaint amach cuirfidh an chomhairle raon Straitéisí Tacaíochta i bhfeidhm. Beidh na Straitéisí Tacaíochta seo mar bhunús leis na feidhmeanna mar atá leagtha amach sna Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla agus i sceideal na n-oibreacha Ceantair Bardasach.

Spriocanna Straitéiseacha

<p>Pobal Rannpháirtíocht & Cuimsiú Sóisialta</p>	<p><i>“An rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a éascú le saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.”</i></p>
<p>Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar</p>	<p><i>“Forbairt eacnamaíoch agus inbhuanaithe agus forbairt fiontar inár gcontae a uasmhéadú.”</i></p>
<p>Cumas Bonneagair</p>	<p><i>“A chinntiú go bhfuil ár mbonneagar fisiceach agus sóisialta forbartha go leor chun tacú le forbairt eacnamaíoch, agus chun cáilíocht ár beatha a fheabhsú.”</i></p>
<p>Cumas Eagrúcháin</p>	<p><i>“Acmhainn eagraíochtúil a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht oibríochta, bainistíocht airgeadais agus riosca agus forbairt ár bhFoireann agus ár gComhaltaí Tofa.”</i></p>

An Comhshaol
agus an
Oidhreacht a
Chosaint

“Ár dtimpeallacht, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na glúine atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht.”

Seirbhís
Ardchaighdeáin
do Chustaiméirí

“A chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid.”

Tá measúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos i bPlean Seachadta Seirbhíse 2020 ar leathanaigh **193** go **221** freisin, agus tá sonraí maidir lenar bhfeidhmíocht i gcoinne na dtáscairí feidhmíochta náisiúnta ar leathanaigh **184 go 192**.

Tabhair do d’aire: Féach le do thoil Buiséad Bliantúil 2021 Chomhairle Contae na Gaillimhe chun faisnéis bhreise a fháil faoin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Contae na Gaillimhe 2020 - 2024.

Is féidir breathnú ar na cáipéisí seo ag: -

<http://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/finance/annualbudgets/>



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA,
TUAITHE AGUS POBAIL**

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Cuireann an tAonad Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí riaracháin leanúnacha den scoth ar fáil do Chomhaltaí Tofa, don Chomhairle Iomlánach, don Bhainistíocht Shinsearach agus don phobal i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an Aonad íomhá chorparáideach dhearfach na Comhairle a fhorbairt go leanúnach, trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla éifeachtacha a chur ar fáil i bhfoirm Rúnaíochta Corparáidí don Chomhairle agus trína fo-struchtúr chomh maith le réimse leathan seirbhísí eile, lena n-áirítear, Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, Cur chun cinn na Gaeilge, Polasaithe Áineasa & Caithimh Aimsire, Seirbhísí do Chustaiméirí, Corrthrádáil, Polasaithe Corparáideacha, Líonra Oifigí na Comhairle a Bhainistiú agus a Sheirbhísí, Bainistiú Cartlann agus Taifead, Seirbhísí Leabharlainne, Iniúchadh Inmheánach agus Seirbhísí DLÍ

Tá an dul chun cinn agus an méid a bhain an tAonad amach sa bhliain 2020 curtha i láthair thíos chomh maith leis na tosaíochtaí straitéiseacha ábhartha atá i bPlean Corparáideach 2020 - 2024.

Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir leis an gcumas eagraíochtúil trí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht oibríochta, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca agus ar fhorbairt na Foirne agus na gComhaltaí Tofa

PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Bhí naoi gcinn de chruinnithe míosúla ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, ar a bhfuil 39 comhalta, sa bhliain 2020, chun tabhairt faoina gcuid feidhmeanna forchoimeáda agus chun saincheistanna sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir atá ríthábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe an Chontae i ag teacht le Tosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh. Chun srianta COVID-19, a bhí i bhfeidhm a chomhlíonadh cuireadh Cruinnithe Iomlánacha mhíonna an Mhárta agus an Aibreáin ar ceal.

Chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh treoirínite agus na riachtanais maidir le scaradh sóisialta COVID-19, chuathas ar chamchuairt leis na Cruinnithe Iomlánacha ó Bhealtaine go mí na Nollag. Tionóladh na cruinnithe sna hionaid seo a leanas le linn an ama sin:

- Ionad CLG Cill Tormóir, Cill Tormóir, Co. na Gaillimhe
- Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh
- Spórtlann Chor an Dola, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe

Tionóladh Cruinniú Bliantúil na Comhairle Iomlánaí an 16 Meitheamh 2020 in Ionad CLG Cill Tormóir, Cill Tormóir, Co. na Gaillimhe. Toghadh an Comhairleoir James Charity le teacht in áit an Chomhairleora Jimmy McClearn mar chathaoirleach. Ainmníodh an Comhairleoir Peter Roche chun a theacht in áit an Chomhairleora Gabe Cronnelly mar Leaschathaoirleach.

Thionóil an Chomhairle a Cruinniú Buiséid Reachtúil Bliantúil an 27 Samhain 2020 i Spórtlann Chor an Dola, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe chun Buiséad Ioncaim chomh maith leis an gClár Caipitil Trí Bliana a bhreithniú agus glacadh leis.



Toghadh an Comhairleoir James Charity mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe an 16 Meitheamh 2020.



Toghadh an Comhairleoir Peter Roche mar Leaschathaoirleach Chontae na Gaillimhe an 16 Meitheamh 2020.

CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Cruinnithe Míosúla na Comhairle	Cruinnithe
Gnáthchruinnithe Míosúla	9
Cruinnithe Speisialta	0
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1

An Grúpa Beartais Chorparáidigh (CPG)

Is iad na Seirbhísí Corparáideacha a eagraíonn agus a riarann an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis.

An Grúpa Beartais Chorparáidigh	Cruinnithe
An Grúpa Beartais Chorparáidigh	13 cruinniú

An Comhchoiste Póilíneachta (JPC)

De réir Alt 35(4) agus Alt 36(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005, feidhmíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhchoiste Póilíneachta (JPC) i gcomhar le bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána agus de réir na dTreoirínte JPC Athbhreithnithe a eisíodh sa bhliain 2014. Leagtar amach an fheidhm atá ag an gComhchoiste Póilíneachta in Alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána, ina luaitear: “*Is í feidhm an chomhchoiste póilíneachta freastal mar fhóram comhairliúcháin, plé, agus moltaí ar ábhair a bhaineann le póilíneacht limistéar riarachán údaráis áitiúil*”. Tá sé mar aidhm ag an gComhchoiste Póilíneachta comhchomhairliúchán, comhoibriú agus sinéirge níos mó a fhorbairt maidir le fadhbanna póilíneachta agus coiriúlachta idir an Garda Síochána, an tÚdarás Áitiúil, Ionadaithe Pobail agus na hIonadaithe Áitiúla Tofa. Le linn na bliana 2020, lean an JPC de chur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith a chuid oibre chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla i dteannta a chéile agus go straitéiseach.

Thionóil an JPC a chuid Gnáthchruinnithe JPC an 3 Feabhra, 15 Meitheamh, 14 Meán Fómhair agus 30 Samhain 2020. Níor tionóladh an Cruinniú Bliantúil Poiblí mar gheall ar shrianta COVID-19.

Thug obair leanúnach na dtrí fhochoiste an deis don JPC dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí straitéiseacha Phlean Straitéisigh 6 Bliana an Chomhchoiste Póilíneachta.

Comhaltas an JPC

Taispeántar sa tábla seo a leanas na huimhreacha a bhaineann le gach réimse comhaltais ar Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe.

Comhaltaí Tofa an Údaráis Áitiúil	Comhaltaí Oireachtais	Oifigigh Údaráis Áitiúil	An Garda Síochána	Ionadaithe Pobail/Deonacha
15	5	2	2	7

An 31 Eanáir thug an Leaschathaoirleach a bhí ann ag an am, an Comhairleoir Gabe Cronnolly agus Bríd Dooley, an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi thuras ar Rijeka mar chuid den toscaireacht ó Ghailimh 2020 do Shearmanas Oifigiúil Oscailte do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa Rijeka 2020.

D'fhreastail siad ar líon imeachtaí le linn a gcuarite a mhair ar feadh dhá lá. Rinne Ambasadóir na hÉireann chun na Cróite, Olive Hemenstall agus Tánaiste an Mhisin, Aisling Kearns óstach ar an ócáid agus cuireadh fíorchaoin fáilte rompu go Rijeka.



An Comhairleoir Gabe Cronnelly ag freastal ar Shearmanas Oifigiúil Oscailte do Phrómhchathair Chultúir na hEorpa Rijeka 2020



Ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Ghailimh 2020 mar chuid den toscaireacht a thug cuairt ar Rijeka

Thug an tAmbasadóir Laitviach, Jānis Kārklīņš, cuairt chúirtéise ar Áras an Chontae agus chás sé leis an gCathaoirleach an Comhairleoir James Charity an 31 Lúnasa 2020.



An tAmbasadóir Laitviach, Jānis Kārklīņš agus an Comhairleoir James Charity, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghtóirí do Chontae na Gaillimhe a chur i dtoll a chéile. (gan cheantar Chathair na Gaillimhe san áireamh).

Foilsíodh Clár na dToghtóirí do 2020/2021 an 1 Feabhra 2020.

B'ionann líon iomlán na dToghtóirí ar Chlár Toghtóirí 2019/2020 agus 141,017.

Rinneadh Dréacht-Chlár na dToghtóirí a ullmhú i mí na Samhna 2020 ag teacht leis na spriocdhátaí reachtúla. Thionóil Cláraitheoir an Chontae Cúirt Athbhreithnithe chun na críche éisteacht a thabhairt d'aon éilimh nó agóidí ó thaobh athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar Liostaí Vótálaithe in Áras an Chontae an Chéadaoin, an 3 Nollaig 2020.

SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 156 iarratas ar an iomlán le linn na bliana 2020 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Cinneadh	Líon
Iarratais a Ceadaíodh	62
Iarratais a Ceadaíodh i bPáirt	40
Iarratais a Diúltaíodh	35
Iarratais a Tharraingíodh Siar	8
Iarratais a Aistríodh	1
Iarratais a Ceadaíodh lasmuigh den FOI	8

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS MAIDIR LEIS AN gCOMHSHAOL

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 11 iarratas ar an iomlán le linn na bliana 2020 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007-2014.

Cinneadh	Líon
Iarratais a Ceadaíodh	8
Iarratais a Ceadaíodh i bPáirt	1
Iarratais a Diúltaíodh	2
Iarratais a Tharraingíodh Siar/ a Aistríodh	0

BAINISTIÚ SAORÁIDÍ - CÓIRÍOCHT OIFIGE AGUS LEABHARLANNA

- Thug Rannóg na Saoráidí faoi thionscadail spárála fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh atá faoi sheilbh Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Áirítear orthu seo, suiteáil soilse LED i Leabharlann an Taoibh Thiar agus fearais nua LED in áit na soilse oifige a bhí ann roimhe seo. Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin ar na Córais Bainistíochta Foirgníochta atá ann cheana féin in Oifig Cheantar Bardasach MD Thuama agus i bhfoirgnimh Leabharlainne agus Dánlainne Bhéal Átha na Sluaigne le linn na bliana 2020 freisin.
- Lean Rannóg na Saoráidí le seirbhísí airígh agus le seirbhísí bainistíochta saoráidí a chur ar fáil do líonra foirgnimh agus oifigí agus leabharlanna na Comhairle a bhfuil 26 acu faoi úinéireacht dhíreach Comhairle Chontae na Gaillimhe. I láthair na huairé tá 38 cineál difriúil de chonarthaí cothabhála coisctheacha pleanáilte i bhfeidhm agus mar thoradh air sin tá os cionn 1,500 cigireacht dhifriúil ar siúl ar fud an líonra foirgnimh seo.
- Sháraigh na leibhéil áitíochta i líon réimsí in Áras an Chontae an acmhainneacht atá ar fáil agus bhí gá le roinnt oibreacha athchóirithe a thabhairt chun críche ar an mbunurlár agus ar an gcéad urlár chun soláthar oifige breise agus cóiríocht do sheomra cruinnithe a éascú do na hAonaid Tithíochta agus Airgeadais.
- Lean Aonad na Saoráidí ag tabhairt faoi phróisis soláthair do raon conarthaí a bhaineann le bainistíocht saoráide chun a chinntiú go bhfuil cothabháil á dhéanamh ar luach ar airgead agus ar sheirbhísí atá ar ardchaighdeán.
- Cruthaíodh clár CCTV do na hOifigí agus do na Leabharlanna go léir chun riachtanais an GDPR a chomhlíonadh.
- Rinne Aonad na Saoráidí raon leathan oibreacha a sheachadadh freisin de réir Plean Gníomhaíochta COVID- 19 chun a chinntiú go raibh riachtanais sláinte phoiblí á gcomhlíonadh sna foirgnimh agus sna saoráidí go léir de réir na treorach náisiúnta agus earnála.

Tionscnaimh maidir le Bainistíocht Fuinnimh agus le Laghdú Fuinnimh

- Lean monatóireacht agus bainistíocht éifeachtúlacht fuinnimh de bheith mar fhócas tosaíochta in aonad na saoráidí. Tugadh Deimhnithe Fuinnimh Taispeána chun críche agus cuireadh ar taispeánt iad in 18 oifig agus leabharlann atá os cionn 250 méadar cearnach.
- Leanadh in Áras an Chontae le feabhas a chur ar an oibríocht Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER), agus baineadh B3 amach dá Dheimhniú Fuinnimh Taispeána don bhliain 2020.

Sláinte agus Sábháilteacht

- Lean an tAonad Seirbhísí Corparáideacha lena riachtanais a sheachadadh faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta i réimsí ar nós tástáil PAT, tástáil suiteála leictreachais agus measúnuithe VDU ar bhonn tréimhsiúil do na hOifigí agus do na Leabharlanna go léir.
- Leanadh ag tabhairt faoi Chigireacht Sláinte agus Sábháilteachta ar bhonn rialta ag teacht le Feidhmiú Plean Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle.
- Tugadh faoi thórdhreachú agus faoi chothabháil ar Pháirc Rinn Mhíl ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Scéim Fostaíochta Pobail Áitiúil.
- Saoráidí i gcomhar lenár n-aonad Acmhainní Daonna, tugadh faoi leathadh amach na hoiliúna don Mhaor Dóiteáin.

SEIRBHÍS NA MAOR POBAIL

Is seirbhís faoi éide de chuid an Údaráis Áitiúil iad na Maoir Phobail agus tá raon ról acu ar fud raon feidhmeanna Údaráis Áitiúil, lena n-áirítear:

- Forfheidhmiú - cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais madraí agus corrrhádáil;
- Monatóireacht - eastáit tithíochta, saoráidí poiblí ar nós ionaid athchúrsála, bainc ‘fág anseo’, páirceanna, trána agus áiteanna súgartha.
- Cabhair – do thurasóirí, do dhaoine scothaosta, do scoileanna, do phobail chomharsanachtaí, don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí stáit.
- Lean na Maoir Phobail ag tabhairt faoi Shuirbhéanna maidir le Truailiú ó Bhruscar/Láithreáin Tréigthe, agus rinneadh cigireacht rialta ar ionaid spraoi, ar Pháirceanna, Eastáit Údarás Áitiúil, Láithreáin Stad, céanna, trána, banc buidéal le linn na bliana 2020 agus tugadh cabhair le Glantacháin Phobail le linn na bliana.
- Tugadh faoi 1439 imscrúdú faoin reachtaíocht maidir le Truailiú Aeir, Bainistiú Uisce agus Truailiú Uisce.
- Thug Seirbhís na Maor Pobail faoi 236 suirbhé maidir le truailiú ó bhruscar de réir na dtáscairí Seirbhíse Náisiúnta.
- Lean na Maoir Phobail le Forfheidhmiú i leith cúrsaí Comhshaoil, lena n-áirítear, fíneáil maidir le bruscar agus fógraí faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoin Acht um Thruailiú Uisce a eisiúint. Eisiódh 109 fíneáil bruscair sa bhliain 2020.
- Lean na Maoir Phobail le cabhair a thabhairt le páirceáil ar tháille a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte ar fud an Chontae.
- Éilíonn an tAonad Tithíochta seirbhísí na Maor Pobail chun Acht um Rialú Capall 1996 a chur i bhfeidhm.
- Leanadh leis na feachtais chigireachta ar Cheadúnais Madraí ar feadh na bliana freisin.
- Cabhraigh na Maoir Phobail le feithiclí tréigthe a thabhairt chun siúil ar feadh na bliana faoi Acht na mBóithre 1993.



AN tSEIRBHÍS CHRÓINÉARA

Lean an Chomhairle le tacaíocht riaracháin a sholáthar i ndáil le próiseáil a dhéanamh ar íoc na dtáillí go léir i leith Seirbhís Chróinéara na Cathrach agus an Chontae. Íocann an Chomhairle as costas iomlán na Seirbhíse Cróinéara trína buiséad ioncaim gan aon mheicníocht ann chun aisíocaíocht a fháil.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Cuireadh Plean Iniúchta Inmheánaigh 2020 atá mar chuid den chlár oibre bliantúil Iniúchta Inmheánaigh le chéile i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, an Coiste Iniúchta agus Ceann na Foirne Iniúchta Inmheánaigh.

Bhí na 7 réimse seo a leanas sa phlean a bhí le hiniúchadh.

- Anailís ar Chuntas Innealra agus Gléasra 2019
- Scéim Feabhsúcháin Pobail 2019
- Athbhreithniú ar Ioncam Caiteachais agus Aisíoc
- Grinnsheiceálacha ar shampla de thionscadail Chaipitil agus Ioncaim mar chuid den Tuarascáil Dearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí 2019 chuig an gCoiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta
- Athbhreithniú ar chomhlíonadh Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
- Athbhreithniú ar Shocruithe Bainistíochta Riosca
- Comhlíonadh le Ceanglais Cláir SICAP 2019

Cuireadh na hiniúchtaí seo a leanas ó Chlár Oibre an Iniúchta Inmheánaigh 2020 i láthair an Choiste Iniúchta ag cruinnithe éagsúla a tionóladh ar feadh na bliana 2020

- Clár na nDeontas Tithíochta
- Deontais Oidhreachta agus Maoiniú Caomhantais 2018

Cuireadh na hiniúchtaí seo a leanas ó Chlár Oibre an Iniúchta Inmheánaigh 2020 i láthair an Choiste Iniúchta ag cruinnithe éagsúla a tionóladh ar feadh na bliana 2020.

- Anailís ar Chuntas Innealra agus Gléasra 2019
- Scéim Feabhsúcháin Pobail 2019
- Athbhreithniú ar Ioncam Caiteachais agus Aisíoc

SEIRBHÍSÍ MAIDIR LE COMHAIRLE DLÍ

- Chuir an Rannóg seirbhísí dlí agus comhairleacha ar fáil ar fud na réimsí cláir agus na Stiúrtóireachtaí go léir agus na bearta go léir á dtógáil san áireamh i dtéarmaí na ndúshlán bhreise a bhí á gcruthú ag Páindéim COVID- 19. San áireamh sna seirbhísí sin bhí, fáil agus díolachán réadmhaoine, agus cásanna dlí a raibh ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche, cásanna dlíthíochta sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach, lena n-áirítear cásanna a raibh Athbhreithniú Breithiúnach i gceist leo. Go háirithe, bhí Dlíthíocht sa Chúirt Dúiche (Rátaí, Ionchúisimh maidir le Forfheidhmiú Pleanála & Timpeallachta, Athbhreithniú Breithiúnach) ina réimsí lena bhain ualach mór oibre maidir le dlíthíocht go foriomlán. Bhí comhlánú fáil talún agus CPOanna ar bhealaí uirbeacha-tuaithe agus fáil aonaid chónaithe, ina réimsí lena bhain ualach mór oibre chomh maith don Aonad um Ghníomhaire Dlí in ainneoin na srianta a bhí á gcruthú ag COVID- 19.
- Táthar ag leanúint leis an gCóras Bainistíochta Cásanna, lena ndéantar éascú ar úsáid teimpléid chun sruthanna oibre a chruthú chun seirbhísí dlí a chur ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais, a thabhairt cothrom le dáta.
- Tá curtha againn leis an dul chun cinn atá riachtanach chun Clár na dTailte a thabhairt cothrom le dáta i gcomhar lenár gcomhpháirtithe in aonaid eile mar TF, Airgeadais agus Tithíocht. Is dóigh gur cruthaíodh an leibhéal is mó dul chun cinn sa réimse seo sa bhliain 2020.
- Díriú air agus leanúint lenár n-iarrachtaí chun seirbhísí dlí agus comhairleacha níos éifeachtaí a sholáthar do gach clár ar fud na heagraíochta.
- Táimid ag leanúint lenár n-iarrachtaí suntasacha chun na ceanglais a chomhlíonadh maidir leis na Rialacháin Cosanta Sonraí nua chun Léarscáiliú Sonraí agus Rialú Riosca a thabhairt san áireamh. Tá ionadaí ónár bhfoireann dlí, atá sonrach don GDPR agus don FoI ceaptha againn don aonad maidir leis sin.
- Leanfar le sruthanna oibre don Chóras Bainistíochta Cásanna a chruthú, ag cur tuilleadh feabhais ar sheachadadh agus ar acmhainneacht. Déanfaimid iarracht cur an méid is fearr is féidir le hinniúlacht an Chórais Bainistíochta Cásanna trí leas a bhaint as uasdátú córais atá ar fáil anois ón dearthóir bogearraí.
- Bainfidh an fhoireann leas as modúil/cúrsaí CPD agus oiliúna cianda, sa chás gur cuí, lena chinttiú go gcoinníonn an fhoireann cothrom le dáta le forbairtí leanúnacha ó thaobh Dlí Údaráis Áitiúil agus Bainistiú Oifige in ainneoin na srianta reatha ó thaobh gnáthfhreastal ar chomhdhálacha agus ar chúrsaí oiliúna.
- Beidh an obair leanúnach ar Chlár na dTailte fós mar réimse tosaíochta ag súil le taifid na Comhairle a thabhairt cothrom le dáta.

Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir le forbairt leanúnach agus inbhuanaithe geilleagrach agus fiontraíochta an chontae.

CUR I bhFEIDHM CEADÚNAIS MARGAÍ, CORRTHRÁDÁLA AGUS SCANNÁN

Ritheann an bhliain Ceadúnais Corrrhrádála ón 1 Aibreán 2020 go dtí 31 Márta 2021. Eisítear ceadúnais ar bhonn bliantúil ar tháille a íoc do líon bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae ag teacht leis na Fodhlíthe Corrrhrádála.

Tá na bailte agus na sráidbhailte suite sna ceantair seo a leanas:

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Dún Mór
- An Gort
- Áth Cinn
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Tuaim

Eisítear Ceadúnais d’Imeachtaí Speisialta d’fhéilte agus d’aontaí éagsúla a bhíonn ar siúl ar feadh na bliana. Mar sin féin, le teacht chun cinn COVID- 19 le linn na bliana 2020, agus srianta forchurtha a bhí ag gabháil leis an ngalar, ní dheachaigh ceachtar de na féilte ar aghaidh.

BÁNNA CORRTHRÁDÁLA

Ceadúnais Bhliantúla	
Ceantar	Líon na gCeadúnas a Eisíodh
Baile Átha an Rí	4
Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Mhuire)	8
An Clochán	5
Dún Mór	1
An Gort	6
Áth Cinn	1
Baile Locha Riach	1
An Creagán	2
Tuaim	2

Eisíodh Ceadúnais Nollag do na bailte seo a leanas nuair a fuarthas réidh leis na srianta i mí na Nollag 2020:

- 1 cheadúnas i dTuaim
- 2 cheadúnas i mBaile Átha na Sluaighe

CEADÚNAIS SCANNÁN

Le linn na bliana 2020 fuair na Seirbhísí Corparáideacha 13 iarratas ó chomhlachtaí déanta scannán chun úsáid a bhaint as maoin phoiblí chun dul i mbun scannánaíochta. Aon lá amháin a bhí i gceist le roinnt de na hiarratais agus bhí roinnt laethanta i gceist le cuid eile.

Tosaíocht Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil forbairt leordhóthanach déanta ar an mbonneagar fisiciúil agus sóisialta chun tacú le forbairt gheilleagrach agus chun cur lenár gcaighdeán beatha.

ÁINEAS, TAITNEAMHACHT, PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Áiteanna Súgartha

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe le hinfheistíocht a dhéanamh i saoráidí súgartha sa Chontae trí árachas dliteanais shibhialta a sholáthar do roinnt áiteanna súgartha atá faoi bhainistíocht phobail mar chuid de chomhaontuithe foirmiúla cothabhála le grúpaí áitiúla, chomh maith le cothabháil dhíreach a dhéanamh ar áiteanna súgartha inár gcuid príomhbhailte. Cuireadh cabhair ar fáil, de réir tiomantais roimhe seo faoi Bheartas Súgartha na Comhairle, trí mhaoiniú díreach agus trí árachas a sholáthar. Suas go dtí seo, tá forbairt déanta ar 71 áit súgartha sa Chontae faoin mbeartas seo, rud a fhágann go bhfuil ceann de na gréasáin áiteanna súgartha is fairsinge dá bhfuil in aon Chontae ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí na bpríomhionad lonnaithe go léir agus sna príomhshuíomhanna turasoireachta.

Bhíothas ag leanúint le hÁiteanna Súgartha Saor ó Thobac sa bhliain 2020. Rinneadh comharthaí nua lena dtugtar le fios go bhfuil cosc ar thobac a chaitheamh, arna maoiniú trí chlár Éire Shláintiúil, a dhearadh agus a dháileadh ar gach áit súgartha sa Chontae.



Tá faisnéis faoi na láithreáin go léir ar fáil lena híoslódáil i dTreoir na Comhairle d'Áiteanna Súgartha – ‘Bímis ag Súgradh’, atá ar fáil ar www.galway.ie agus léarscáil idirghníomhach ann ar an roinn Mapzone ar an láithreán gréasáin.

Bhí an oiliúint maidir le cigireacht ar áiteanna súgartha a chuirtear ar fáil do Mhaoir Phobail na Comhairle agus do ghrúpaí áiteanna súgartha pobail, fós ábhartha don bhliain 2020. Chuir Oifigeach Ceadaithe de chuid ROSPA (An Cumann Ríoga um Chosc Tionóiscí) an cúrsa ar fáil. Faigheann rannpháirtithe a chríochnaíonn an cúrsa go rathúil oiliúint ROSPA le gur féidir leo iniúchtaí áiteanna súgartha a dhéanamh agus cuirtear Deimhniúchán 3 bliana ar fáil dóibh. Bhí cigireacht ROSPA maidir le hIonad Spraoi na Comhairle ar siúl i mí na Samhna 2020.

Bhí an ‘aip’ iniúchta ar líne fós ag obair go maith sa bhliain 2020 agus cabhraíonn sé sin le Maoir Phobail iniúchtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a gcuid fón cliste agus tuairiscí a chur ar fáil go huathoibríoch. Déantar tuairiscí a chomhdú go huathoibríoch agus soláthraítear taifead ar iniúchtaí seachtainiúla rud atá ag teastáil do chríocho cothabhála agus árachais.



An Clár Sábháilteachta Uisce



Bhí earcú 45 Garda Tarrthála i gceist leis an gClár Sábháilteachta Uisce chun seirbhísí a sholáthar i naoi láthair sa Chontae (lena n-áirítear cúig Thrá Brataí Goirme) agus i sé láthair faoi dhlínse Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus cuirtear beirt gharda tarrthála ar a laghad ar fáil ar fáil ag gach trá de réir Cónaidhm Idirnáisiúnta Gardaí Tarrthála na hEorpa (ILSE).

Cuirtear tús le hullmhú do shéasúr na ngardaí tarrthála i ndeireadh Feabhra, nuair a fhógraítear próiseas earcaíochta. Bhí tástálacha linn snámha agus agallaimh ar siúl i mí Aibreáin. Cuireadh tús le seirbhísí ar na tráanna an 30 Bealtaine 2020 agus leanadh leis na seirbhísí sin go dtí an 13 Meán Fómhair 2020.

Is próiseas leanúnach atá i gceist le huasghrádú trealamh agus le hathbhreithniú ar nósanna imeachta chomh maith le hullmhú botháin agus comhaontaíodh agus rinneadh seachadadh ar sceideal deisiúcháin/cothabhála agus cuireadh bothán nua ar fáil i mBaile Locha Riach.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hOifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce (WSDO) a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha. Cuimsítear sa ról, maoirseacht a dhéanamh ar Chlár na nGardaí Tarrthála/na Sábháilteachta Uisce, forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís agus, chomh maith leis sin, tuairimí a thabhairt faoi ghnéithe sábháilteachta uisce d'iarraais chuig Contae agus chuig Cathair na Gaillimhe araon i ndáil le himeachtaí a bhfuil úsáid uisce i gceist leo.

Le linn na bliana 2020 chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe €6,150.00 le Sábháilteacht Uisce in Éirinn.



Linnte Snámha / Ionaid Fóillíochta (Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe)

Tá Ionaid Fóillíochta, ina gcuimsítear linnte snámha, giomnásiam agus saoráidí seomra stiúideo i bhFearann an Pháláis, Tuaim, agus ar Bhóthar an tSairséalaigh i mBéal Átha na Sluaighe faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Lean Coral Leisure Ltd le bainistíocht agus feidhmiú na nIonad Fóillíochta le linn na bliana 2020 tar éis síneadh a chur leis an gComhaontú Ceadúnais.

Bhí tionchar díobhálach suntasach ag paindéim COVID-19 ar an dá Ionad Fóillíochta le titim ar chúrsaí freastail agus ioncaim mar gheall a bheith dúnta ar feadh tréimhsí fada. Bhí tionchar aige sin ar chumas an oibrítheora leanúint leis na hIonaid Fóillíochta a bhainistiú laistigh de chomhaontú ceadúnais.

Mar aitheantas ar thábhacht na nIonad Fóillíochta mar phríomhshaoráidí áineasa, aclaíochta, sláinte, folláine agus fostaíochtaí, cuireadh maoiniú breise ar fáil chun tacú le feidhmiú leanúnach an dá Ionad Fóillíochta le linn na bliana 2020 de réir srianta COVID-19 agus treoirlíne sláinte poiblí.



Ionad Fóillíochta Thuama

Páirc Rinn Mhíl, Meáraí, Órán Mór

Tá Páirc Rinn Mhíl ar cheann de na páirceanna is mó sa Chontae, le gréasán siúlóidí, áit súgartha agus giomnásiam amuigh faoin aer. Tá bainistíocht a dhéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Pháirc Rinn Mhíl agus tá sí faoi chomhúinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is ionad ainmnithe é ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin'. Baineann cónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, amhail Grúpaí Gasógaíochta, úsáid mhór as an bpáirc.

D'fhostaigh an Chomhairle Feighlí séasúrach ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair. Leanadh de lamháltas a dheonú chun sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl i rith na tréimhse ó Mhárta go Meán Fómhair. Leanadh den Chlár Cothabhála Páirceanna a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh córas aontreo i bhfeidhm i bPáirc Rinn Mhíl agus crochadh comharthaíocht treorach ag teacht leis na srianta a bhí i bhfeidhm ag an am.



Suíocháin le haghaidh picnicí i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór



Tá córas aontreo i bhfeidhm i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór mar gheall ar shrianta COVID- 19

Fearann an Pháláis, Tuaim

Cuireadh tacaíocht ar fáil do limistéar Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim agus chuir Oifig Cheantar Bardasach Thuama clár cothabhála i bhfeidhm i gcomhar le Scéim Fostaíochta Pobail (CE) ar chuir an Chomhairle urraíocht ar fáil ina leith. Tá Cúirt Leadóige Thuama suite laistigh d’Fhearann an Pháláis agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun bainistíochta.



Raon Lúchleasaíochta Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe

Is taitneamhacht luachmhar do phobal Bhéal Átha na Sluaighe agus do réigiún na Gaillimhe Thoir atá i gceist le Raon Lúthchleasaíochta Dhún Leo atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí tionchar ag na srianta a bhain le COVID- 19 ar fheidhmiú agus ar fháil na saoráide le linn tréimhsí ar feadh na bliana 2020.

Admhaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tacaíocht atá á fháil ó chlár TUS trína soláthraítear seirbhísí ag an tsaoráid. Tacaíonn na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil faoin Scéim le feidhmiú na saoráide agus cinntíonn gur féidir na saoráidí a chur ar fáil lena n-úsáid chun tairbhe don phobal áitiúil agus do chlubanna áitiúla. Cuirtear Sceideal ar fáil ar www.galway.ie ina léirítear amanna poiblí a mbíonn an tsaoráid ar fáil agus áirithintí le clubanna áitiúla.



Raon Lúthchleasaíochta Dhún Leo

Páirc Uile-Aimseartha Thuama

Leanadh le Páirc Uile-Aimseartha Thuama a oibriú faoi Chomhaontú Ceadúnais a cuireadh i bhfeidhm le Club Peile Tuam Celtic. Cuireadh scoileanna agus grúpaí óige áitiúla ar an eolas maidir le fáil a bheith ar na páirceanna saor in aisce ag amanna sonraithe, agus rinneadh soláthar d'úsáid 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine saor in aisce. Bhí tionchar ag srianta COVID- 19 ar fáil a bheith ar an bPáirc Uile-Aimseartha le linn na bliana 2020.

CLÁR FORBARTHA NA SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Lean Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe le seirbhís luachmhar a sholáthar don phobal agus do dhaoine aonair sa bhliain 2020. Leanann na Leabharlanna lena bheith mar acmhainn thábhachtach do leanaí, do dhaoine fásta agus do theaghlaigh Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

Cuimsíonn gréasán Leabharlanna Chontae na Gaillimhe an méid seo a leanas:

- 29 Leabharlann Brainse
- Seirbhís Leabharlainne Shoghluaiste
- Seirbhís Scoile do Bhunscoileanna
- Clos-Seirbhís do Dhaoine Lagamhairc
- Seirbhís Staire Áitiúil
- Cartlann

B'ionann comhaltas cláraithe Leabharlanna na Gaillimhe agus **48,307** sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2020, tugadh **164,797** cuairt ar phointí seirbhíse Leabharlanna na Gaillimhe. Eisíodh **435,010** mír.

Tháinig ardú sa bhliain 2020, go 206,537 ar úsáid acmhainní ar líne i gcomparáid le 78,667 sa bhliain 2019. Léirítear leis sin an ról ríthábhachtach a bhí ag acmhainní ar líne na leabharlainne le linn na paindéime. Bhain an pobal leas as raon ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, cúrsaí **ar líne**, ríomhnuachtáin agus ríomhirisí.

Braitheadh ráigeanna de phaindéim COVID- 19 sa tír i Márta 2020, agus dúnadh leabharlanna, scoileanna agus gnólachtaí go léir d'aon iarraidh amháin. B'éigean pleananna don bhliain 2020 a chur ar leataobh agus bhí an phaindéim ag cur isteach ar an uile ní ar feadh na bliana, bhliain a bhí thar a bheith dúshlánach. D'fhreagair Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe do riachtanais Chontae agus Chathair na Gaillimhe nuair a d'aistrigh siad a gcuid imeachtaí go léir go hardáin ar líne. Bhí am scéalaíochta, seisiúin cheardaíochta, Éire Shláintiúil; agus cainteanna gan ach beagán a lua, ina ngnéithe rialta ar Facebook. Tháinig ardú as cuimse ar an Éileamh ar Acmhainní ar Líne, lena n-áirítear, ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair agus cúrsaí ar líne, agus chiallaigh sé sin go raibh an gá le hinfheistíocht bhreise a dhéanamh chun acmhainní breise a cheannach. Tuigean Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe go rímhaith an deighilt dhigiteach laistigh dár gcuid pobal agus tá iarracht á dhéanamh againn físeáin shimplí a sholáthar chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis an mbealach leis na hacmhainní a úsáid. Bhí an fhoireann sna leabharlanna brainse ar fáil chun aon cheisteanna a fhreagairt agus cúnaimh a thabhairt.

Seirbhís Teagmhála agus Bailithe:

Thug Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe isteach Seirbhís Teagmhála agus Bailithe ó mhí an Mheithimh 2020. Rinne lucht úsáidte na leabharlainne teagmháil lena leabharlann áitiúil chun leabhair éagsúla a ordú. Tugadh dhá leabhar dhéag do leanaí a bhí ag glacadh páirt i gclár léitheoireachta Réalta an tSamhraidh, ina raibh raon leathan ábhar léitheoireachta, lena n-áirítear, leabhar Gaeilge a bhí roghnaithe ag foireann na Leabharlainne.

Tugadh dáta agus am bailithe do lucht úsáidte na leabharlainne. Pacáladh na leabhair i málaí in-athúsáidte, a bhí réidh do lucht úsáidte na leabharlainne lena mbailiú. Bhí an-tóir ar an tseirbhís seo le

linn srianta sláinte phoiblí COVID-19 a bheith i bhfeidhm. Leanadh leis an tSeirbhís Teagmhála agus Bailithe nuair a osclaíodh na leabharlanna do brabhsáil.

Leabhair a thabhairt chomh fada le daoine scothaosta agus daoine den phobal a bhí ag cocúnú mar gheall ar an bpaindéim:

Bhí seirbhís seachadta leabhar ar fáil do shaoránaigh a bhí ag cocúnú mar gheall ar an bpaindéim ó Aibreán 2020. Bhí an tionscnamh á bhainistiú ag Leabharlanna Chathair na Gaillimhe i gcomhar le hIonad Oibríthe Deonacha na Gaillimhe. Roghnaigh an fhoireann dhá leabhar dhéag, bunaithe ar rogha an lucht úsáidte agus rinne Ionad Oibríthe Deonacha na Gaillimhe boscaí leabhair a sheachadadh chuig tithe cónaithe.

Rinne an leabharlann soghluaiste agus veaineanna leabharlainne boscaí a sheachadadh do lucht úsáidte na leabharlainne ar fud an chontae freisin.



Athoscailt na Leabharlainne:

Bhíothas fíor-chúramach agus na leabharlanna á n-oscailt arís de réir a chéile chun sábháilteacht an phobail agus na foirne a chinntiú. D'oibrigh Bainistíocht na Leabharlainne i gcomhar le ranna Saoráidí agus Sláinte agus Sábháilteachta Comhairle Chontae na Gaillimhe. Suiteáladh painéil ghardála sraothartach ar na deasca go léir a bhí ag freastal ar an bpobal, suiteáladh saigheada treoracha ar an urlár leis an bpobal a chur ar an eolas maidir leis an áit cheart le seasamh. Suiteáladh stáisiúin sláinteachais ag na bealaí isteach agus ar fud an fhoirgnimh. Coinneoidh chomh híseal agus ab fhéidir líon na daoine a bhí ag teacht isteach san fhoirgneamh. D'oibrigh an fhoireann go crua le monatóireacht a dhéanamh ar fhoirgneamh na leabharlainne ar mhaithe le sábháilteacht an phobail a chinntiú i gcónaí.



Suiteáladh bogearraí sealbhaithe i leabharlanna Chathair na Gaillimhe, an Taoibh Thiar agus sa Spidéal. Cuidíonn na bogearraí seo le sábháilteacht an phobail a chinntiú trí líon na ndaoine atá ag dul isteach san fhoirgneamh ag am ar bith a rialú. Suiteáladh na bogearraí i leabharlann an Chlocháin sa bhliain 2021.

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE D'IMEACHTAÍ OIDEACHAIS AGUS CULTÚIR

Tionscnaimh Náisiúnta inár seirbhís leabharlainne poiblí:

Éire Shláintiúil ag do Leabharlanna:

Déanann Leabharlanna Poiblí ar fud na tíre, agus iad ag feidhmiú i gcomhar leis an Roinn Sláinte, seachadadh ar Chlár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, lena gcruthaítear gur foinse luachmhar iad na leabharlanna ó thaobh faisnéise faoi shláinte phoiblí.

Díríonn Clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann ar chúig phríomhréimse:

1. Óige agus Tuismitheoireacht Shláintiúil
2. Bia Sláintiúil agus Saol Gníomhach
3. Folláine agus Meabhairshláinte
4. Aosú Dearfach
5. Alcól agus Tobac

Cuireann an clár leis an fhaisnéis maidir le cúrsaí sláinte atá i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe i láthair na huaire trí bhailiúchán cuimsitheach leabhar, ríomhleabhar, ríomh-chlosleabhar, ríomhírisí

ábhartha agus cúrsaí ar líne maidir le sláinte agus folláine a chur ar fáil. Déantar comhlánú ar stoc leabhar agus ar ríomh-acmhainn Éire Shláintiúil trí chlár ar líne agus cainteanna sna brainsí maidir le cúrsaí sláinte.

I dtús na bliana 2020, bhí ocht gcinn (8) d'imeachtaí maidir le hÉire Shláintiúil ar siúl sna leabharlanna brainse. Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí COVID-19 tionóladh imeachtaí Éire Shláintiúil i do Leabharlann ar líne ó lár mhí an Mhárta 2020.

Áirítear an méid seo a leanas sna hábhair a clúdaíodh:

- Ag Déileáil le Strus agus ag Cur le Teacht Aniar
- Ag Tabhairt Aire do do Chuid Meabhairshláinte
- Oiliúint CPR
- Feasacht ar Néaltrú
- Codladh
- Ag Déileáil le Strus agus le Traochadh
- Sláinte Craicinn agus Cúram Craicinn
- Ag Bainistiú Ailléirgí
- Na Buntáistí a Chuireann Rith le Meabhairshláinte
- An Dúshlán a bhaineann le Dul ar Scor
- Spraoi Teiripeach
- Tuismitheoireacht Dhearfach
- Feasacht maidir le Diaibéiteas
- Na Buntáistí a Chuireann Siúl leis an tSláinte

Áiríodh ar chainteanna i nGaeilge:

- Codladh, Bia Sláintiúil & Bainistíocht Meáchain
- Sláinte Craiceann

Rinne an tOllamh John Sharry óstáil ar Sheimineár Gréasáin dar teideal “Ag Déileáil le Tuirse Shíceolaíoch le linn ghéarchéim COVID-19”.

Bhí lucht de 19,133 lucht leanúna ar na meáin shóisialta ag imeachtaí Éire Shláintiúil i do Leabharlann.

Work Matters:

Is ionann *Work Matters* agus seirbhís chun tacaíocht a thabhairt (i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla) do dhaoine atá ag lorg fostaíochta, scileanna breise nó ag forbairt gnólachtaí beaga. Áirítear air sin:

- Spásanna ar leith atá brandáilte ina bhfuil ríomhairí, leathanbhanda wi-fi agus saoráidí clódóireachta agus scanta;
- Stoc leabhar agus acmhainní ar líne chun tacú le gníomhaíochtaí fostaíochta agus gnó;
- Saineolas fhoireann na leabharlainne a chuireann tacaíocht ar fáil trína hacmhainní ábhartha;
- Imeachtaí agus cláir a bhaineann le cúrsaí gnó agus oibre;
- Rinneadh forbairt ar bhróisiúr maidir le Work Matters agus Acmhainní Ar Líne.




Limistéar *Work Matters* i Leabharlann an Chlocháin

An Ceart chun Léitheoireachta:

Leabhair agus Léitheoireacht – I gcoirlár a bhfuil idir lámha againn

Teastaíonn ó Leabharlanna na Gaillimhe tacú le daoine a bhfuil cion acu ar leabhair agus atá ag tóraíocht eolais. Cuirtear réimse leathan agus éagsúil leabhar agus míreanna eile ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí a bhaineann le gach ábhar litríochta agus léinn. Tapaíonn an tSeirbhís Leabharlainne gach deis chun leabhair agus léitheoireacht a chur chun cinn.




Seirbhísí do Leanaí:

Tá cuidiú a thabhairt do leanaí leis an aoibhneas a bhaineann le léitheoireacht a fháil amach ar cheann de na nithe is tábhachtaí atá idir lámha againn i Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe. Téitear i gcion ar na leanaí trí leabhar amháin a léamh ag an am agus cuirimid gach cineál spreagadh agus ugach ar fáil.

- **Imeachtaí do Leanaí** – rinneadh *Spring into Storytime* a sheachadadh trí sheisiúin scéalaíochta ar líne le linn mhí Aibreáin.

Féile na Leabhar do Leanaí 2020 - Bookit! raon d'imeachtaí fíorúla a bhí i gceist anseo lenar clúdaíodh ealaín, stair, eolaíocht, fiadhúlra, oidhreacht, scríbhneoireacht agus scéalaíocht a ndearna éascitheoirí éagsúlacha seachadadh orthu, lena n-áirítear, seanchaithe, maisitheoirí agus scríbhneoirí. Seoladh bróisiúr

de na himeachtaí, lena n-áirítear, imeachtaí fíorúla, ar ríomhphost chuig na scoileanna go léir i gContae agus i gCathair na Gaillimhe. Cuireadh naisc ar fáil do na scoileanna a thug an deis dóibh féachaint ar na seisiúin ina n-am féin.



Reáchtáladh **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh** le linn mhíonna Iúil agus Lúnasa. Roghnaigh foireann na leabharlainne leabhair do leanaí den uile aois i mbliana, lena n-áirítear, leabhar amháin i nGaeilge. Bailigh na tuismitheoirí na málaí leabhar óna leabharlann áitiúil.



Sa phictiúr tá Patrica Forde, údar as Gaillimh, ag Scoil Náisiúnta Naomh Agaistín, Cluain Tuaiscirt, d'ócáid seolta an leabhair a scríobh sí do leanaí 'To The Island'. Is iad Gaillimh 2020, a rinne coimisiúnú ar an leabhar agus is iad Little Island a d'fhoilsigh an leabhar i gcomhar le Gaillimh 2020 agus le Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe. Tugadh cóip den leabhar mar bhronntanas don gach naíonán sóisearach a bhí ag dul ar scoil den chéad i Meán Fómhair 2020, mar cheiliúradh ar Ghailimh, Príomhchathair Chultúir na hEorpa.



Bhí gníomhaíochtaí *Family Time at your Library* ar siúl go fíorúil le linn mhí na Nollag 2020. Tá sé mar aidhm le *Family Time at your Library* tacú le cur chuige atá dírithe ar an teaghlach ó thaobh léitheoireacht le leanaí mar chuid den chlár náisiúnta an Ceart chun Léitheoireachta agus chun cur le feasacht ar na buntáistí a bhaineann leis an léitheoireacht agus chun léitheoireacht a chur chun cinn mar ghníomhaíocht lena mbaineann spraoi agus caitheamh aimsire do leanaí.

Tionscnamh Éire Ildánach

Is clár atá bunaithe ar chultúr atá i gceist le hÉire Ildánach atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Bhí ról ag Leabharlanna na Gaillimhe i roinnt imeachtaí de chuid Éire Ildánach a sheachadadh go háitiúil le linn na bliana 2020, lena n-áirítear:

Bhí ComicCon @ Home ar siúl go fíorúil an Satharn, 14 Samhain. San áireamh ann bhí líon ceardlann ó údair, maisitheoirí agus ealaíontóirí smididh, ar nós Barry Fitzgerald, Wayne O'Connor agus Alan Nolan.



Cruinniú na nÓg

Is tionscnamh náisiúnta bliantúil é Cruinniú na nÓg lena ndéantar ceiliúradh ar acmhainn cruthaitheachta leanaí agus daoine óga.

Rinneadh Cruinniú na nÓg a cheiliúradh an Satharn 13 Meitheamh 2020.

Bhí an ócáid éascaithe ag Éire Ildánach agus rinneadh óstach ar líne trí Leathanach Facebook Leabharlanna na Gaillimhe



Ciste na gCuntas Díomhaoin:

Rinne Leabharlanna na Gaillimhe roinnt iarratais rathúla chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin.



Cruthaíodh seomra ilchéadfach i Leabharlann an Taoibh Thiar. Beidh an seomra seo ar fáil do thuismitheoirí/cúramóirí lena chur in áirithint nuair a chuirfear deireadh le srianta COVID- 19. Tá an tsaoráid seo deartha go sonrath chun cuidiú le daoine aonair le riachtanais bhreise trína mothúcháin a spreagadh trí ghnéithe tarraingteacha fuaime agus solais atá ann chun tacú le spreagadh agus measúnú amhairc, chomh maith le deiseanna le haghaidh súgartha roinnte agus idirghníomhaíochta.



Ceannaíodh boscaí bréagáin céadfacha agus beidh siad seo ar fáil i ngach ceann de na 29 brainse. Spreagfaidh siad iad siúd le riachtanais bhreise, a chiallóidh go mbeidh a dtaithe ar an leabharlann i bhfad níos taitneamhaí.

Is cúis áthais do Sheirbhís Leabharlainne na Gaillimhe a fhógairt go bhfuil rochtain saor in aisce á chur ar fáil againn do Tadhallchlóscríobh Léigh & Litriugh (TTRS). Glacann an TTRS le cur chuige ilchéadfach i leith foghlama. Trí chur chuige ilchéadfach, éistean an t-úsáideoir leis an fhocal labhartha, feiceann sé an focal ar an scáileán agus moltar dó na méara cearta a úsáid ag baint úsáide as an méarchlár ar an scáileán. Tá Tadhallchlóscríobh Léigh & Litriugh úsáideach go háirithe dóibh siúd a bhfuil Disléicse, Diospraicse, ASD agus ADHD orthu. Tá Tadhallchlóscríobh Léigh & Litriugh thar a bheith tairbheach d'aon duine a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta, scríbhneoireachta agus litrithe aige nó aici. Tá an TTRS bunaithe ar fhoghlaim féinluais agus is féidir é a chur in oiriúint do riachtanais gach foghlaimeoir. Tacaíonn an clár gréasán-bhunaithe seo le foghlaim féinluais agus is féidir teacht air ó do bhaile féin, am ar bith ar do ghaires féin.

Maoinithe ag Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe trí Chiste na gCuntas Díomhaoin arna sholáthar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

**Uniquely Wonderful:
An intro to Autism
for Parents**



Delivered by Galway Autism Partnership via Zoom
Free to Attend
Suitable for parents and carers of autistic and neurodiverse children and young people
Funded by Galway County Council and Galway City and County Library Services


Session 1 Intro to Autism: Tuesday 12th January @ 7 pm
Session 2 Supporting Behaviours that Challenge: Tuesday 19th January @ 7 pm



- **One Book One Town** - Ghlac Leabharlann Thuama agus Leabharlann Chathair na Gaillimhe araon páirt san imeacht seo sa bhliain 2020. Rinne an tionscnamh seo i gcomhar leis an fhoireann Caidrimh Baile/Scoile spreagadh ar an uile dhuine an leabhar céanna a léamh.

Imeachtaí do Dhaoine Fásta sna Leabharlanna agus sna hEalaíona

Is moil bhríomhara agus cruthaitheacha iad na leabharlanna, áit a ndéantar cothú ar chruthaitheacht agus ar smaointe. Tugtar na healaíona chomh fada leis na daoine trína Leabharlann Áitiúil.




Leanadh le clár Léamh Mór na Gaillimhe sa bhliain 2020, atá á mhaoiniú ag Éire Ildánach. Imeachtaí fíorúla ar fad a bhí i gceist agus is féidir iad a fheiceáil ar chainéal Youtube Leabharlanna na Gaillimhe.

Ba í Eilís Dillon a bhí faoi chaibidil sa bhliain 2020, chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom lá breithe a scríbhneora. Bhí sí ar dhuine de mhór-scríbhneoirí na Gaillimhe agus d'fhoilsigh 50 leabhar idir na blianta 1948 agus 1992, do leanaí agus do dhaoine fásta araon.

Bhí téamaí na leabhar fadréimseach ó shaol ar Oileán ar Chósta an Atlantaigh go heolas agus grá an údair don teanga agus do sheanchas na ndaoine.

Áiríodh sa chlár fíorúil: club leabhar ar líne, lena dtugtar cuireadh don léitheoir chuig samhlaíocht thuirisciúil Eilís Dillon; seimineáir éagsúla ar líne a fhiosraíonn dúchas Gaillimheach an scríbhneora agus a háit i stair na hÉireann; dhá choimisiún nua ina léirítear an grá a bhí aici don ealaín agus don cheol – saothar ealaíne fíorúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar a saol agus ar a chuid oibre agus píosa ceoil mar aitheantas ar cheann den na píosaí is fearr aithne agus atá aistriú, Caoineadh Airt Uí Laoghair; agus turas draíochtúil do leanaí maidir lenár 'One Author, 5 Islands' feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin.



Leantar le héascú a dhéanamh ar líon imeachtaí fóirúla trí Ionaid Europe Direct i mBéal Átha na Sluaighe agus ar an gCeathrú Rua.

Bogadh Imeacht Bliantúil Cainte (Soapbox) ar líne. Ar an ábhar a bhí faoi chaibidil i mbliana bhí, ‘tá an uile dhuine ag iarraidh filleadh ar an mbealach a raibh an saol roimh COVID- 19’. Bhí an líon ba mhó iontrálaithe riamh i gceist – 46 rannpháirtí.

- Iarradh ar rannpháirtithe óráid réamhthairfeadta a sheoladh isteach agus gan dul thar 3 nóiméad, a bhí ar son nó i gcoinne an rúin.
- Rinne painéal moltóirí measúnú ar na taifeadtaí go léir agus bronnadh marcanna comhionann d’ábhar, don chur i láthair, don struchtúr agus don tionchar foriomlán.
- Tá ocht gcinn (8) d’Ionaid Europe Direct in Éirinn agus chuir gach ionad buaiteoir chun cinn ó gach aon chatagóir aoise chuig an gcomórtas ceannais náisiúnta an 9 Nollaig. Rinne painéal moltóirí athbhreithniú ar na hiontrálacha buacacha réigiúnacha agus cuireadh na buaiteoirí i láthair beo le linn an imeachta.
 - Bronnadh iPad ar na buaiteoirí réigiúnacha.



- Tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin i roinnt Leabharlanna Brainse, lena n-áirítear, Cathair na Gaillimhe, an Taobh Thiar, an Spidéal agus an Clochán.
 - Suiteáladh bogearraí áitíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhí ag dul isteach sna foirgnimh leabharlainne seo, rud a chiallaigh go raibh siad ina n-áiteanna níos sábháilte don phobal ó thaobh cuairt a thabhairt orthu.
 - Baineadh creidiúnú ISO45001 amach don tSeirbhís Leabharlainne mar chuid den phróiseas creidiúnaithe foriomlán.

Mic léinn leabharlainne

Thug an tacaíocht a fuarthas ó Mhic Léinn Leabharlainne ón nGearmáin cúnamh mór d’fhoireann na leabharlann sa bhliain 2020. D’oibrigh siad i leabharlanna an Taoibh Thiar agus Chathair na Gaillimhe.

- Leanfar leis an obair, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, le cothabháil a dhéanamh agus le feabhas a chur, sa chás go bhfuil sé sin indéanta, ar Sheirbhísí Leabharlann na Gaillimhe de réir Chlár Forbartha Leabharlann na Gaillimhe 2016-2021.
- Leanfar leis an obair chun Leabharlann Pobail/Cultúir nua na Gaillimhe a chur chun cinn.


- Leanfar le feachtais Éire Shláintiúil, Work Matters agus an Ceart chun Léitheoireachta a leathadh amach ar fud líonra na mbrainsí leabharlainne, ag baint leasa as sruthanna maoinithe, agus é mar aidhm raon seirbhísí i mbrainsí tuaithe agus uirbeacha araon a chinntiú.
- Leanfar le hiarrachtaí le feabhas a chur ar úsáid na teicneolaíochta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí féinseirbhíse, agus déanfar seachadadh ar thuilleadh dul chun cinn maidir leis an bpacáiste acmhainní ar líne.
- Leanfar le ríomhairiú a dhéanamh ar na leabharlanna brainse i seirbhís leabharlann na Gaillimhe, faoi réir ag leibhéil foirne agus ag acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.
- Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe le forbairt a dhéanamh ar an gclár imeachtaí, ag déanamh teagmhála le daoine aonair agus le pobail trínár gcuid brainsí, ag baint leasa as deiseanna maoinithe náisiúnta, sa chás é sin a bheith indéanta, lena n-áirítear Éire Ildánach, ag oibriú ag an am céanna laistigh de na srianta maoinithe áitiúla.

CARTLANNA AGUS BAINISTIÚ TAIFEAD

Baineann tábhacht thar na bearta le comhchuidimhne mhuintir na Gaillimhe chun céannacht chultúrtha a chaomhnú, ó thaobh nasc a chruthú idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair agus ár dtodhchaí a mhúnlú. Is cuid mhór den chomhchuidimhne sin an oidhreacht dhoiciméadach atá i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus a thugann léargas ar an éagsúlacht a bhaineann le daoine, le stair agus le cultúr an chontae. Déantar iarracht ar bhonn leanúnach ó thaobh na Cartlainne, an chuidimhne sin a chaomhnú, a bhainistiú agus iad a bheith inrochtana don uile dhuine. Tugtar faoi rochtain úsáideora bona fide a chur ar fáil maidir leis na cartlanna atá ag teacht le riachtanais caomhnaithe agus atá laistigh de shrianta na n-acmhainní atá ar fáil. Cuireann an tAonad comhairle maidir le beartas ar fáil don Chomhairle maidir le cúram agus bainistíocht a dhéanamh ar thaifid na Comhairle.

- ❖ Leanadh le rochtain a chuir ar fáil ó thaobh faisnéise maidir le bailiúcháin cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe trína liostaí léiriúcháin agus an chatalóg idirlín atá inchuadaithe go hiomlán, agus trí thairseacha éagsúla cartlainne agus trí phostálacha ar na meáin shóisialta.
- ❖ Leanadh leis an mbailiúchán cartlainne a phróiseáil².

²Áirítear ar bhailiúcháin/míreanna a próiseáladh agus a chuireann leis an gcatálog ar líne, Cumann Croise Deirge na hÉireann, Trófaíthe Sábháilteachta Uisce, GS20/01; Foireann Forbartha Chontae na Gaillimhe CDT/, 1965-1975; Bord Fiontar Chathair agus Chontae na Gaillimhe, CCEB/, 1992-1998 ; Bailiúchán Mack / Warren Thompson, GP11/, 1825-1991; Clár Cúirte Baile Bhaile Locha Riach (Cionta Núise), 1878-1883, GS20/02; Mórleabhar Conraitheora O'Brien, Joseph, 1850-1864, GS20/03; Banc-Aontas Éireann (AIB), Doiciméid agus Mapaí Teidil, 1852-1994, GS20/04; fabhrúithe éagsúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear, an tsraith d'Aontaí agus do Mhargáí (GC/CC/151/) agus Céanna agus Calafóirt (GC/CSO/002/).



Míreanna ó bhailiúchán cartlainne Mack / Warren Thompson, GP11/, sular próiseáladh an bailiúchán

- ❖ Leanadh den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil de na bailiúcháin. Áiríodh ar mhíreanna i gclár na bliana 2020, Aontas Dlí na mBocht, Baile Locha Riach (13 imleabhar, GPL2/); Miontuairiscí Choiste Leabharlainne Chontae na Gaillimhe, G01/5, Coimisinéirí Baile, Béal Átha na Sluaighe, BT1/ (3 imleabhar) agus Údarás Sláintíochta Calafóirt, GPSA/1, (1 imleabhar), agus imleabhair Orduithe Bainisteora Chomhairle Chontae na Gaillimhe (1960-1979)
- ❖ Cé gur cuireadh rochtain ar bhailiúcháin ar an láthair oibre do chríocha taighde ar fionraí ar feadh formhór na bliana 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19, leanadh le cúnaimh a thabhairt maidir le fiosrúcháin taighde agus le comhairle agus treoir thaighde a sholáthar go fíorúil.
- ❖ Rinneadh monatóireacht maidir leis an riocht ina bhfuil an t-ábhar cartlainne agus féachadh lena chinntiú go raibh an t-ábhar á chumhdach agus á chaomhnú agus á bhainistiú in ainneoin nach bhfuil na háiseanna stórála ag teacht leis na caighdeáin caomhnaithe a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.



Cumann Croise Deirge na hÉireann, Trófaíthe Sábháilteachta Uisce, (GS20/01), 1954-1963, curtha leis an mbailiúchán Cartlainne sa bhliain 2020

- ❖ Rinneadh laghdú ar ghníomhaíochtaí for-rochtana ar feadh na bliana ach áiríodh:
 - Léacht ar Chartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de chlár 2020, Cainteanna an Earraigh NUIG i Halla na Cathrach, i mí Mhárta, díreach roimh dhianghlasáil a thabhairt isteach.
 - Bhí ócáid chomórtha thoghcháin áitiúla na bliana 1920 ar siúl sa bhliain 2020, a bhí ríthábhachtach i stair an Rialtais Áitiúil in Éirinn. Mar chuid den ghrúpa Bainisteoirí Taifead an Rialtais Áitiúil (LGARM) oibríodh le foilseachán ['Democracy and Change: the 1920 Local Elections in Ireland'](#) a chur le chéile agus a chur ar fáil, fuarthas maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.
 - Eisíodh go leor phostálacha ar na meáin shóisialta ag léiriú an bhailiúcháin cartlainne.
 - Airteagail i *JOTS* maidir le Nótaí Waldron (GS12/10).

- ❖ Cuireadh comhairle ar fáil d'Aonaid maidir le dea-chleachtas bainistíochta taifead agus cuireadh cúnamh ar fáil, de réir mar a bhí riachtanach.

- ❖ Leanadh de bhainistiú a dhéanamh ar thaifid neamhreacha a chur i dtaisce (thart ar 7,152 bosca d'ábhar bainistithe i stór tráchtála i láthair na huaire), rinneadh próiseáil ar 1,068 iarratas aisghabhála sa bhliain 2020. Bhí díreach os cionn 129,000 iontráil ar ArcLink i ndeireadh na bliana 2020, an bunachar bainistíochta sonraí.

Tosaíocht Straitéiseach

Ár dtimpeallacht, cultúr, oidhreacht agus teanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an ghlúin atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht.

CUR CHUN CINN NA GAEILGE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta feabhas a chur ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus leanúint lena hoibleagáidí ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh agus Scéim Teanga a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin déanann an Chomhairle iarracht tacú leis an nGaeilge, agus leis an nGaeilge a chur chun cinn, ar fud an Chontae. Áirítear ar roinnt de na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa bhliain 2020:

Lá na Gaeilge

Eagraíodh ‘Lá na Gaeilge’, le linn Seachtain na Gaeilge (1-17 Márta 2020) i mí an Mhárta, atá ina imeacht bliantúil anois, lena dtugtar an deis do dhaoine den phobal, do ghnólachtaí, do ghrúpaí pobail agus mar sin de, a dhéanann a ghnó trí Ghaeilge, a gcuid oibre a chur ar taispeántas don phobal i gcoitinne i rith an lae in Áras an Chontae. Eagraíodh taispeántas ceoil le linn an ama sin, agus chuir grúpa bun scoile ó Chontae na Gaillimhe taispeántas ceoil i láthair don fhoireann agus don phobal i gcoitinne. Reáchtáladh an t-imeacht seo sular thug an Rialtas srianta COVID- 19 isteach.



An Leaschathaoirleach, an Comhairleoir Gabriel Cronnelly ag cur fáilte roimh Scoil Cheapaigh an tSeagail go hÁras an Chontae do Lá na Gaeilge, Déardaoin 12 Márta, 2020



Taispeántas ceoil in Áras an Chontae



Spraoi agus gníomhaíochtaí ar Lá na Gaeilge, le ceardlanna déanamh puipéad agus seó do leanaí agus taispeántais don phobal i gcoitinne agus d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ard-Fheis na nÓg, Ros Muc, Conamara

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cómhaoiniú agus thacaigh le himeacht Ard-Fheis na nÓg, a bhí á eagrú ag Conradh na Gaeilge. Reáchtáladh an Ard-Fheis i Ros Muc thar thréimhse dhá lá, an 12 agus 13 Feabhra 2020, i gcroílár Ghaeltacht Chonamara (sular cuireadh tús le srianta COVID-19). Tháinig daltaí meánscoile ó gach cearn den tír, chomh maith le scoileanna áitiúla ó Chonamara agus ó cheantair Ghaeltachta na Gaillimhe chuig an Ard-Fheis.

Thug an t-imeacht deis iontach do na daltaí aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge. Chuir an imeacht ardán poiblí ar fáil do na daltaí freisin agus rinneadh spreagadh ar ghuth na ndaoine óga ó thaobh a gcuid tuairimí a léiriú maidir le raon ábhar a bhaineann lena saol.



Ó chlé: Máirín Ní Choistealbha Seoighe; Úna Ní Eidhin, Comhairle Chontae na Gaillimhe; an Leaschathaoirleach, an Comhairleoir Gabriel Cronnelly, Caitlín Nic Aoidh, Peadar Mac Fhlannacha, Conradh na Gaeilge, Geraldine Healy, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Briocán Bairéad



An grúpa daltaí a d'fhreastail ar Ard-Fheis na nÓg i Ros Muc





Ag cur chun cinn na Gaeilge trí imeachtaí agus trí ghníomhaíochtaí ag Ard-Fheis na nÓg #Gaeilge

Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2020

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2020 ar fáil arís i mbliana i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh i gConamara. Cuireadh 12 scoláireacht ar an iomlán ar fáil do dhaltaí dara leibhéal i gContae na Gaillimhe chun freastal ar Chúrsaí Samhraidh Gaeltachta. Faraor, mar gheall ar shrianta COVID-19, b'éigean na cúrsaí féin a chur siar go Samhraidh na bliana 2021.

Tacaíocht Pobail

Cuireadh an Ghaeilge san áireamh go sonrach mar chatagóir sa Scéim Tacaíochta Pobail sa bhliain 2020. Ceadaíodh deontais ar scála beag ina raibh €8,490.00 ar an iomlán do thionscadail in Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha chun tacú le cur chun cinn agus cur le húsáid na Gaeilge.

An Ghaeilge a chur chun cinn

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe le tacaíocht a thabhairt agus leis an nGaeilge a chur chun cinn i bpobail ar fud an Chontae trí urraíocht a dhéanamh ar Ghradam Ghlór na nGael, a bronnadh ar Chraobh Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe, i mí Feabhra 2020.

Leantar leis an seoladh ríomhphoist gaeilge@cocogaillimh.ie a chur chun cinn ó thaobh custaiméirí mar chuid den seachadadh seirbhíse feabhsaithe.

Eagraíodh ranganna Gaeilge (tosaitheoirí agus foghlaimoirí meánleibhéil) d'fhoireann an údaráis áitiúil agus cuireadh ranganna ar fáil do Chomhairleoirí freisin a léirigh spéis sa Ghaeilge. Lorgaíodh roghanna do thumchúrsaí do Chomhairleoirí agus don Fhoireann freisin.

Leantar le faisnéis agus comhairliúchán a chur ar fáil d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil an dátheangachas ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, ag teacht lenár scéim teanga.

Leantar le trealamh d'aistriúcháin comhuaineach a chur ar fáil do chruinnithe na Comhairle nó d'aon chruinnithe eile ina mbíonn gá le haistriúchán.


Oifig an Choimisinéara Teanga

Lean an Chomhairle ag comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga chun déileáil le saincheistean a bhí ardaithe ag daoine den phobal maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus maidir le reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeilge.


DEICH mBLIANA NA gCUIMHNEACHÁN 2013 – 2023

Deich mBliaana na gCuimhneachán

Cuireadh dhá fhoilseachán nua ar fáil sa bhliain 2020, *Defying Terror: Jeremiah Mee, Glenamaddy and the Listowel Mutiny, 1920*, a bhí mar theideal ar an gcéad cheann acu sin.



Cuireadh an leabhar seo ar fáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar Cheannairc Lios Tuathail, faoi cheannas an Ghaillimhigh, Jeremiah Mee, agus a chomrádaithe i mBeairic RIC Lios Tuathail a d'éirigh as na póilíní seachas an bheairic a thabhairt ar lámh d'Fhórsaí na Corónach i mí an Mheithimh 1920.



The Life & Death of the Loughnane Brother, an Bheitheach, Contae na Gaillimhe, an teideal atá ar an dara foilseachán. Bhí fuadach agus dúnmharú na nÓglach, Harry agus Patrick Loughnane as Seaneaglais, Deisceart na Gaillimhe ar cheann de na himeachtaí ba bhrúidiúla le linn Chogadh na Saoire. Déantar scrúdú sa staidéar gearr seo ar na himeachtaí maidir leis na dúnmharuithe, an tuairim áitiúil sa cheantar agus na gníomhartha níos leithne idir na hÓglaigh agus Fórsaí na Corónach i nDeisceart na Gaillimhe le linn na tréimhse seo.


Láithreán Gréasáin Dheich mBliana na gCuimhneachán

Cuireadh tuilleadh faisnéise le láithreán gréasáin dháttheangach Dheich mBliana na gCuimhneachán i gcomhpháirtíocht le Staidéar Oidhreachta an GMT.

‘Changing Times’ Comhdháil Fíorúil Ghrúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach

Is iad Comhairle Chontae na Gaillimhe a d’eagraigh an chomhdháil seo i gcomhpháirtíocht le Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach. Fuarthas tacaíocht don chomhdháil seo ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Shraith Phobail chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Is gníomh de chuid Straitéis Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 atá i gceist leis seo. Baineann na hábhair a chlúdaítear leis an méid seo a leanas: *Galway Soldiers who defied the Crown, James Daly and the Indian Mutiny of the Connaught Rangers; Treating ‘trauma’: Galway’s female revolutionary doctors; Connacht in the Military Service (1916 – 1923) Pensions Collection and Terror in County Galway: The Life and Death of the Loughnane Brothers of Beagh, 1920.*

D’fhéach os cionn 5,000 duine ar na léachtaí ar líne go dtí seo.



Tosaíocht Straitéiseach

Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís custaiméara atá ar ardchaighdeán i gcroílár a bhfuil idir lámha againn.

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Tá an seoldh ríomhphoist, customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie ina lárphointe rochtana i gcónaí chuig faisnéis don Fhoireann agus do Chustaiméirí araon. Iarrtar ar an fhoireann faisnéis a chur ar fáil maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha srl., ionas gur féidir leis an Fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir a bheith ar an eolas faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud na Comhairle agus oiread eolais agus is féidir acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le lucht fiosrúcháin. Is féidir le daoine den phobal teachtaireachtaí ríomhphoist a chur chuig na seoltaí sin má bhíonn fiosruithe ginearálta acu agus tugtar admháil á rá go bhfuarthas

fiosruithe agus cuirtear chuig na rannóga iomchuí iad de réir mar is gá le go dtabharfar aird orthu agus le go dtabharfar freagra díreach orthu.

- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir (CSOG) lena gcruinnithe le linn na bliana 2020. Cuimsíonn an CSOG ionadaithe foirne ó na príomhréimsí seirbhíse go léir.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir den bhainistíocht agus den phróiseáil ar chásanna Deisigh Do Shráid agus den mhonatóireacht ar chásanna gan réiteach in éineacht leis na rannóga ábhartha. Clár náisiúnta is ea Deisigh Do Shráid agus is fóram ar líne é trínar féidir saincheistanna faoi ionaid ar leith a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ábhartha.
- Leanadh le linn na bliana 2020 leis an gcóras lárnach d’Fhógraí Poiblí trína gcuirtear feabhas ar ár nÍomhá Chomparáideach sna Meáin Chlóite chun sábháil airgid a chruthú trí úsáid a bhaint as spás comhroinnte fógraíochta chun ár gceanglais a chomhlíonadh faoin gCreat Náisiúnta Soláthair. Sula bhfoilsítear fógraí poiblí sna nuachtáin éagsúla, déantar réamhchóipeanna díobh a chur ar taispeáint ar na Meáin Shóisialta agus a sheoladh chuig na Comhaltaí Tofa agus na sonraí comhfhreagrais iomchuí teagmhála san áireamh.
- Tá Seirbhísí do Chustaiméirí mar lárphointe teagmhála thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe i leith thairseach nua an rialtais le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir le cothabháil a dhéanamh ar chóras athfhormáidiú foirmeacha iarratais nua agus le foirmeacha atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta nuair a éilítear sin. Tá 292 foirm agus meamram ar an iomlán sa chóras códaithe/cláraithe, atá le fáil anois trínár láithreán gréasáin.
- Leanann Seirbhísí don Chustaiméir de chártaí don chóras rochtana dorais agus le fadhbanna carrchlóis a eisiúint agus le cothabháil a dhéanamh orthu.

Deasc Seirbhíse don Chustaiméir agus Lárionad Cumarsáide

- Leantar den Deasc Seirbhíse don Chustaiméir a oibriú agus de chóras éifeachtúil atreoraithe/láimhseála ceistanna a chur ar fáil do chustaiméirí ar a dteacht isteach in Áras an Chontae dóibh. Tá an tseirbhís teileafóin á hoibriú i gcónaí ó Lárionad Cumarsáide na Seirbhísí don Chustaiméir ar an gcéad urlár d’Áras an Chontae.
- Déantar daoine den fhoireann Seirbhísí Corparáide atá ag obair le Seirbhísí do Chustaiméirí a shannadh chun cúnamh a thabhairt maidir le Beartas Fón Póca na heagraíochta agus maidir leis an riarachán laethúil ar an gcuntas ó lá go lá.

Cumarsáid agus na Meáin Shóisialta

- Tá níos mó úsáide a bhaint as na Meáin Shóisialta (Twitter, FB) le 12,784 de lucht leanúna ar Facebook agus 15,100 de lucht leanúna ar Twitter amhail deireadh mhí na Nollag 2020 agus tá fás ag teacht air sin ar bhonn laethúil.
- Rinneadh na Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Fógraíocht agus le Feachtais Phoiblíochta eile de chuid na Comhairle agus tugadh aird faoi leith ar úsáid a bhaint as na Meáin Shóisialta nuair a tharla eachtraí drochaimsire le linn an gheimhridh. Tháinig méadú maidir leis an ábhar atá á

phostáil thar ceann dhaoine den fhoireann agus béim ar Oibreacha Bóthair, ar Chur Isteach ar an tSeirbhís Uisce agus ar nithe eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae.

- Bhí an fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir rannpháirteach san fheachtas náisiúnta twitter ‘Your Council Day’ arna chomhordú ag an LGMA an 1 Iúil 2020.



#YourCouncilDay #DoLáSaChomhairle

Dé Céadaoin 1 Iúil 2020
Wednesday 1st July 2020



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

☎ : 091-509000

✉ : customerservices@galwaycoco.ie

🌐 : www.galway.ie

📍 : Áras an Chontae, Prospect Hill,
Galway H91 H6KX



#YourCouncilDay/Do Lá sa Chomhairle Chomhairle Chontae na Gaillimhe



Lean an tSeirbhís Dóiteáin, fiú agus iad faoi bhrú mar gheall ar COVID- 19 leis an obair fíor-thábhachtach den scoth, chomh maith le hoiliúint agus sábháilteacht dóiteáin ag #YourCouncilDay/Do Lá sa Chomhairle a chur chun cinn




An fhoireann ag ullmhú agus ag seachadadh Pacaí COVID- 19 do ghrúpa atá bainteach le #Galway County COVID-19 Fóram Freagartha Pobail #YourCouncilDay/Do Lá sa Chomhairle



An Fhoireann Freagartha Drochaimsire le linn cruinniú de #YourCouncilDay/Do Lá sa Chomhairle

Reáchtáladh coinní mar chuid den Pháipéar Saincheisteanna maidir leis an gComhairliúchán don Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae #YourCouncilDay/Do Lá sa Chomhairle



Na Maoir Phobail ag cuidiú le cothabháil a dhéanamh ar scaradh sóisialta in Áras an Chontae #YourCouncilDay/Do Lá sa Chomhairle

FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL

Tá freagracht ar an Aonad Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail i ndáil le comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí rialtais áitiúil atá á gcur ar fáil don earnáil phobail, don earnáil fiontraíochta, don earnáil chultúir agus don earnáil spóirt. Oibríonn an Rannóg le pobail áitiúla chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gceantair áitiúla agus, chomh maith leis sin, oibríonn sé le gnólachtaí áitiúla agus le fiontair áitiúla chun fostaíocht a chruthú i gContae na Gaillimhe. Feidhmíonn an Rannóg thar raon leathan réimsí, lena n-áirítear, spóirt agus cultúr, cruthú fostaíochta agus feabhsú fisiciúil ceantar áitiúil, agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche a aimsiú agus Leas a bhaint as na féidearthachtaí a ghabhann lenár gcuid acmhainní nádúrtha agus, trí fhorbairt inbhuanaithe, feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála agus ar dheiseanna fostaíochta do gach uile shaoránach i gContae na Gaillimhe.

Galway County COVID-19 Community Response Forum



Fóram Freagartha Pobail COVID-19 Chontae na Gaillimhe

Scríobh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy T.D., chuig Príomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil go léir an Aoine, 27 Márta 2020, ag éileamh orthu Creat Ardleibhéil Freagartha Pobail Údarás Áitiúil a fheidhmiú chun dul i ngleic le COVID-19, chun a chinntiú go raibh tacaíochtaí agus seirbhísí i bhfeidhm chun freagairt do riachtanais daoine aonair a raibh éileamh déanta orthu cocúnú a dhéanamh mar thoradh ar bhearta sláinte phoiblí a tugadh isteach le linn an chéad bhabhta dianghlasála. Cuireadh de chúram ar an Aonad Forbartha Pobail comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chreata seo a raibh na struchtúir seo a leanas lena gcur i bhfeidhm ina leith faoin Luan 30 Márta:

- Fóram Freagartha Pobail i leith COVID-19 a chuimsigh na páirtithe leasmhara go léir ar mhaithe lena chinntiú gur aithníodh agus gur tugadh tacaíocht do dhaoine aonair leochaileacha chomh maith le feachtas agus faisnéis a chur chun cinn maidir leis na bearta agus leis na treoirlínte sláinte phoiblí is deireanaí chun srianadh a dhéanamh ar leathadh COVID-19. Bunaíodh Fóram inar cuimsíodh ionadaithe ó ghníomhaireachtaí poiblí eile, lena n-áirítear, an Garda Síochána, an HSE, an Roinn Leasa Shóisialaigh, an Post, Tusla, Údarás na Gaeltachta, chomh maith le soláthróirí eile seirbhíse ar nós, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, an IFA, CLG, Comhlachtaí Forbartha Pobail Áitiúla, Ionad d'Oibríthe Deonacha na Gaillimhe, Nasc Áitiúil, Seirbhísí Oibríthe Deonacha Otharchairr, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus ionadaí ó Chomhaontas Aoisbhá Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Cuireadh liosta tiomnaithe de Ghrúpaí Pobail agus d'Eagraíochtaí Deonacha seirbhísí bailiúcháin agus seachadta ar fáil ag leibhéal áitiúil. Bhí an t-ádh orainn go raibh sé ar ár gcumas an liosta seo maidir le Glao Pobail a chur le chéile ag an luathchéim mar go raibh tacaíochtaí á gcur ar fáil ag roinnt de na Comhaltaí Tofa agus ag Grúpa pobail ina gcuid

ceantar féin, buanaigh CLG ceangal le Supervalu agus le Centra trí “Club Together”, agus rinne an PPN fógraíocht agus cumarsáid ina leith sin trína gcomhaltas leathan ar fud an Chontae chun a gcion a chur leis an bpróiseas maidir le struchtúir a bhunú leis na ceantair go léir a chlúdach.

- Bhí gá le Líne Chabhrach Freagartha Pobail tiomnaithe agus seoladh ríomhphoist, chomh maith le Lárionad Glaonna a bhunú chun logáil a dhéanamh air agus chun déileáil leis na héilimh go léir ar chúnamh chomh maith le comhairle a chur ar fáil agus na seirbhísí eile go léir a fhógairt.

Díríodh iarrachtaí na Rannóige, sna luathchéimeanna, ar na struchtúir riachtanacha tacaíochta agus riaracháin a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh ar chumas Líne Cabhrach Freagartha Pobail agus an Fhóram oibriú go héifeachtach, mar shampla, Córas Bainistíochta Cáis a bhunú chun logáil agus monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar chúnamh, léarscáil de na Grúpaí Glao Pobail a foilsíodh ar an láithreán gréasáin, Lámhleabhar Nósanna Imeachta chun cur ar ár gcumas freagairt do raon leathan cásanna, Litir Údaraithe chun taisteal don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha go léir a bhí bainteach leis an nGlao Pobail, agus Prótacal d’Oibrithe Deonacha chun cur ar a gcumas déileáil le hiarratais de réir bearta sláinte phoiblí, cosaint sonraí agus na héilimh náisiúnta go léir chun déileáil le seachadadh siopadóireacht, béilí, oidis, pinsin agus aon seirbhísí eile a bhí ag teastáil. Sa bhreis air sin, bhí an tIonad d’Oibrithe Deonacha na Gaillimhe lárnach ó thaobh próisis a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndearnadh Grinnfhíosrúchán ar na hoibrithe deonacha go léir a raibh baint acu le Glao Pobail. Rinneadh na tacaíochtaí praiticiúla seo a eagrú i gcomhar le feachtas feasacha trí chomhpháirtithe an Fhóram Freagartha Pobail agus na meáin áitiúla chomh maith le feachtas náisiúnta meáin.

Chuir beagnach 2,000 duine aonair a n-ainm síos le bheith mar oibrithe deonacha sa Chontae, tríd an Ionad d’Oibrithe Deonacha na Gaillimhe nó leis na 110 Eagraíocht agus Grúpa Deonach a bhí sásta a bheith mar chuid den Ghlaob Pobail, a thugann fianaise ar an spiorad pobail den scoth a bhí le feiceáil ar feadh na paidéime ar fud na bpobal go léir. Dhéileáil an Líne Chabhrach Freagartha Pobail le 580 glao. I dtús báire, bhain thart ar 25% de na glaonna seo le tacaíochtaí praiticiúla ar nós, bailiú agus seachadadh siopadóireachta agus cógais leighis, mar sin féin, mar gheall go raibh daoine aonair nasctha le grúpaí a bhí ag feidmiú ag leibhéal áitiúil, tháinig laghdú ar líon na nglaonna do thacaíochtaí praiticiúla, agus bhain formhór de ghlaonna le treoir chuig seirbhísí agus faisnéis eile.

Bhí cruinnithe rialta agus an Fhóram Freagartha Pobail ar feadh na bliana chun faisnéis a chomhroinnt maidir leis na gníomhaíochtaí a raibh gach eagraíocht comhpháirtíochta ag tabhairt fúthu agus le plé a dhéanamh ar réimsí riachtanais a bhí ag teacht chun cinn ag leibhéal áitiúil. Bhí folláine meabhairshláinte ar cheann de na réimsí a aithníodh mar shaincheist leanúnach mar gheall ar uaigneas agus ar aonrú sóisialta agus thug Comhaltaí an Fhóram líon tionscnaimh isteach chun Céim 2 de Fhreagra Pobail a chur i bhfeidhm a bhí dírithe ar chuidiú le Pobail agus le Daoine Aonair chun aire a thabhairt don fholláine:

- Chuir an Rannóg Tithíochta Pacaí Cúraim ar fáil do theaghlaigh go léir an Lucht Siúil a bhí ina gcónaí i gcóiríocht a bhí sonrach don Lucht Siúil.
- Rinne an tSeirbhís Leabharlainne teagmháil teileafóin le tionóntaí breacaosta nó leis na tionóntaí leochaileacha go léir i dtithíocht na Comhairle chun seiceáil a dhéanamh orthu ó thaobh cúrsaí sláinte agus iad a nascadh leis an Líne Chabhrach Freagartha Pobail sa chás gá

a bheith leis. Chomh maith leis sin, chuir na Leabharlanna raon cainteanna ar líne maidir le meabhairshláinte, meicníochtaí déileála, seisiúin scéalaíochta ar líne i dteangacha éagsúla, moltaí maidir le léitheoireacht le linn na dianghlasála agus clárú leasaithe a bhí níos éasca do sheirbhísí leabharlainne ar fáil.

- Rinne Comhlachtaí Forbartha Áitiúla agus Údarás na Gaeltachta teagmháil lena gcuid cliant go léir agus d'oibrigh siad le grúpaí éagsúla chun liosta siopaí agus cógaslanna a scaipeadh maidir le socruithe seachadta áitiúla agus rinneadh athleithdháileadh ar Mhaoirseoirí RSS agus TUS chun oibriú le daoine aonair a raibh tacaíochtaí leanúnacha ag teastáil uathu.
- Chuaigh an Garda Síochána i dteagmháil leis na grúpaí Pobal ar Aire go léir agus le daoine aonair leochaileacht ar Chlár na nDaoine Leochaileacha chun tacaíochtaí praiticiúla agus sóisialta a sholáthar.
- Chomhroinn Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe físeáin aclaíochta ar bhonn laethúil ó Aostacht agus Deiseanna agus rinneadh DVD agus leabhar aclaíochta le déanamh sa bhaile a scaipeadh ar dhaoine níos sine nach raibh ceangal idirlín acu. Chomh maith leis sin, rinne Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe raon seisiúin aclaíochta ar líne a sheachadadh ar a nasc meáin shóisialta féin, chomh maith le Dúshlán Gníomhach Obair Bhaile do Theaghlaigh.
- Rinne Gaillimh Shláintiúil Bileog Aclaíochta a fhorbairt a bhí deartha i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Fisió an HSE agus a chuimsigh ocht gcinn (8) de chleachtaí sínte aclaíocht bhog do dhaoine breacaosta agus scaipeadh iad seo trína grúpaí Glao Pobail.
- Thug an Oifig Oidhreachta cuireadh do phobail ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht a gceantar áitiúil trí thionscnaimh ar nós Bailte Slachtmhara Fíorúla Galway Beo.
- Ullmhaíodh agus scaipeadh Leabhrán Folláine ina raibh faisnéis agus comhairle maidir le folláine fisiciúil agus meabhairshláinte, chomh maith le gníomhaíochtaí agus le dúshlán chomh maith le Pacáiste Gníomhaíochta a chur ar fáil do 3,000 duine breacaosta.



Gach duine ag cuidiú chun Pacaí Cúraim a chur le chéile agus a scaipeadh ar dhaoine aonair a bhí ag cocúinú

Agus srianta Dianghlasála Leibhéal 5 á bhfógairt ag meán oíche, an Chéadaoin, 21 Deireadh Fómhair 2020, rinne an Rialtas ról an Fhórait Freagartha Pobail a leathadh amach chun teacht aniar an phobail a chur chun cinn trí thionscnaimh for-rochtana agus réamhghníomhacha ar

mhaithe le cuidiú le daoine aonair a theacht slán. D'eisigh an Príomhfheidhmeannach Preasráiteas ag cur fáil na Líne Chabhraigh Freagartha Pobail agus Glaonna Pobail chun cinn agus cé go raibh na hiarratais ar chúnamh ó Líne Chabhrach Freagartha Pobail íseal le linn srianta Leibhéal 5, níor thóg sé seo san áireamh daoine aonair a bhí nasctha cheana féin leis na tacaíochtaí áitiúla agus a bhí ag fáil cúnach leanúnach trína struchtúir ríthábhachtacha seo. Rinneadh Ciste maidir le Teacht Aniar Pobail de €67,225 a leithdháileadh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus rinne an Rannóg Pobail comhordú le hAonaid eile agus leis an Fhóram Freagartha Pobail ar mhaithe le clár imeachtaí a chur i bhfeidhm a bheadh ar siúl thar thréimhse 2020 agus 2021 go príomha faoi théamaí “Ag Coinneáil i dTeagmháil” agus “Switching Off agus ag Éirigh Cruthaitheach”. Ar roinnt de na himeachtaí a bhí ar siúl sa bhliain 2020 faoin Fheachtas “Coinnigh Folláin” bhí:

- Acmhainn ar Líne láithreán gréasáin na Comhairle a chuimsigh leideanna agus cleasa ar fud 5 théama (Ag Coinneáil Gníomhach, ag Coinneáil i dTeagmháil, Switching Off agus ag Éirigh Cruthaitheach, ag Ithe go Maith, Minding Your Mood) agus treoir chuig acmhainní agus seirbhísí breise.
- Rinneadh forbairt ar leabhrán “Coinnigh Folláin” mar thoradh ar chomhoibriú idir an Rannóg Pobail agus an HSE ina bhfuil comhairle agus faisnéis do dhaoine breacaosta maidir leis an mbealach le cothabháil a dhéanamh ar fholláine fisiciúil, meabhrach agus mothúchánach agus chruthaigh gairmithe an HSE a bhí ag feidhmiú i ngach réimse staidéir físeáin chun dul leis an leabhrán. Scaipeadh os cionn 6,000 leabhrán trí Líonra HSE agus Glao Pobail ar fud an Chontae.
- Comhoibriú idir an Rannóg Pobail agus an PPN chun sraith gníomhaíochtaí agus Pacaí Cúraim a chruthú chun freastal ar dhaoine leochaileachta sa phobal le linn na Nollag.
- Imeacht Amhránaíochta Traidisiúnta chun cuidiú le ceangal a chruthú idir teaghlaigh le linn na Nollag.
- An tionscnamh maidir leis an gCathaoirleach ar Ghlaó trína seolfadh an Cathaoirleach Cársa Nollag pearsanta ar iarratas chuig daoine a bheadh leo féin nó i dTithe Altranais faoin Nollaig.
- Tugadh ar ais arís Glao Laochra CLG a raibh an-tóir níos tús sa bhliain, trína gcuirfeadh Laoch CLG, sa Pheil nó san Iománaíocht, glaoch ar dhuine aonair chun comhrá a bheith acu leis/léi.
- Treoir chuig cúrsaí ar líne an HSE maidir le “Rialú Struis”, “Ag Tabhairt Aire don Fholláine” agus ag “Maireachtáil go Sláintiúil” a bhí dírithe ar bhainistiú a dhéanamh fholláine an duine aonair le linn na géarchéime seo.

Maoiniú

Bhí tionchar díobhálach airgeadais ag paindéim COVID-19 ar gach earnáil, dá bhrí sin, bhí faisnéis a chur thart agus a dháileadh maidir le foinsí náisiúnta maoiné do na hearnálacha éagsúla mar fheidhm ríthábhachtach don Rannóg Tithíochta. Chomh maith le díriú ar scéimeanna maoinithe a bhí ann cheana féin chun freagairt do riachtanais áitiúla mar gheall ar phaindéim COVID-19, chuir an Roinn Tuaithe agus Pobail Ciste Éigeandála sonracha do COVID-19 ar fáil chun cur ar chumas an údaráis áitiúil maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí líne tosaigh agus freagairt do riachtanais áitiúla a bhí aitheanta i gcomhar leis an Fhóram Freagartha Pobail. Fuair Chomhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh de €85,789 a rinneadh a dháileadh mar seo a leanas:

- €12,100 do sheirbhísí líne tosaigh do dhearbháin mar aitheantas ar an gcruatan airgeadais a bhí le brath mar gheall ar an dianghlasáil, go háirithe do theaghlaigh.
- €16,650 do sheirbhísí Béilí ar Rothaí, mar aitheantas ar éilimh níos mó ar a gcuid seirbhísí agus tháinig dúbailt ar a bhformhór sin mar thoradh ar an bpaindéim.
- €9,300 d'Eagraíochtaí Deonacha agus do Charthanais d'áiseanna teicneolaíochta ar líne chun éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht leanúnach le daoine aonair agus le cliant leochaileacha.
- €36,726 do Threalamh PPE agus oiriúnú áitribh do sheirbhísí ar líne chun a chur ar a gcumas seirbhísí a sheachadadh go sábháilte.
- €7,000 do Ghrúpaí/Eagraíochtaí chun Pacaí Acmhainní a ullmhú agus a dáileadh ar dhaoine aonair leochaileacha ar mhaithe lena bhfolláine nó lena meabhairshláinte.
- Cuireadh an chuid eile den chiste i dtreo costais oibríthe deonacha agus chun ceannach Trealamh PPE i mbulc a chlúdach agus rinne Comhlachtaí Forbartha Áitiúla é seo a scaipeadh ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí deonacha a bhí ag seachadadh ina gceantar féin.

Tosaíocht Straitéiseach

Chun an rannpháirtíocht saoránach is leithne agus is féidir i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a gcuid pobal agus a gcontae a éascú.

AN COISTE um FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL CHONTAE NA GAILLIMHE (LCDC)

Tá 19 comhalta, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, ar Choiste Fhorbairt Pobail Áitiúil na Gaillimhe (LCDC). Tugann an comhaltas sin le chéile saineolas agus scileanna dhaoine atá i mbun oibre maidir leis an bhforbairt áitiúil agus leis an bhforbairt pobail, comhaltaí tofa agus oifigigh de chuid an údaráis áitiúil, agus na gníomhaireachtaí stáit, chun cur chuige comhtháite trasearnála a chur i bhfeidhm maidir le cláir forbartha áitiúla agus pobail.

Toghadh an Comhairleoir Noel Thomas mar Chathaoirleach an LCDC i mí na Samhna 2020, agus ceapadh Terry Keenan mar Leaschathaoirleach ag an gcruinniú sin. Bhí post an Phríomhoifigigh ag Kieran Coyne, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach ó mhí na Samhna 2020.



Tá maoirseacht agus freagracht dhíreach ag an LCDC as roinnt scéimeanna maoinithe chomh maith le leathadh amach agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh an SICAP (an Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail) atá ag teacht lena bpríomhaidhm do chur chuige níos straitéisí agus comhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail áitiúla. Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leasú ar na scéimeanna maoinithe seo mar fhreagra ar

phaindéim COVID-19 agus bhí an LCDC lárnach ó thaobh an phróisis riachtanais áitiúla a aithint agus caiteachas agus cláir a chur in oiriúint chun freastal ar na riachtanais sin.

SICAP (An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail) 2018-2022

Cuireann an SICAP (an Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail) maoiniú ar fáil chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le heisiamh sóisialta agus chun tacaíochtaí a thabhairt do phobail agus do dhaoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear, daoine atá dífhostaithe, daoine atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh tuismitheora aonair, daoine ar ioncam íseal, comhaltaí de phobal an Lucht Siúil agus na Romach agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste. Tar éis an chéad dianghlasála i Márta 2020, bhí riachtanais bhunúsacha an chliant mar thosaíocht, seachas fócas a bheith ar thacaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil agus ar an margadh saothair chun deiseanna fostaíochta a chur chun cinn. Cuireadh Plean Freagartha Contae le chéile chun na dúshláin a bhí ag teacht chun cinn mar gheall ar an dianghlasáil agus na freagraí a bhí riachtanach a aithint agus bunaithe ar an bPlean seo, bhí roinnt de na gníomhaíochtaí le linn na bliana 2020 mar a leanas:



- D'oibrigh CLG Forbartha na Gaillimhe le gníomhaireachtaí eile, go háirithe Líonraí Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh faoi stiúir Tusla chun daoine leochaileacha agus daoine atá scoite amach a aimsiú agus cuidiú leo agus cuidiú le daoine aonair freisin le foirmeacha leasa shóisialaigh a ullmhú. Bhí níos mó fócais ar fhaisnéis oifigiúil agus ar acmhainní úsáideacha a scaipeadh trí ardáin meáin shóisialta, agus tháinig ardú go beagnach 9,000 leantóir ar na hardáin seo, ardú faoi dheich ó cuireadh tús leis an gclár SICAP.
- Bhí géar-ghá le beartáin bia agus tacaíochtaí bia a sholáthar mar gheall ar an mbrú breise a bhí ar theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste ó leanaí a bheith sa bhaile go lánaimseartha. Chomh maith leis sin, cheadaigh LCDC beirt (2) comhaltaí foirne a athimlonnú chuig Néal Bia in Órán Mór chun cuidiú le soláthairtí bia a phacáil agus a thabhairt amach do na daoine siúd a bhí i ngéarghá.
- Rinneadh maoiniú a atreorú chuig deontais chun tacú le pobail agus tugadh amach €83,000 ar an iomlán do 38 grúpa pobail chun maoiniú a chur ar fáil do bhia, do PPE agus ábhair ó thaobh trealamh oideachais do ghníomhaíochtaí leanaí, srl., le fócas faoi leith ar chuidiú a thabhairt i gceantair a bhí faoi mhíbhuntáiste, d'Eagraíochtaí an Lucht Siúil agus d'Eagraíochtaí a thacaíonn le daoine atá faoi Mhíchumas.
- Rinneadh leithdháileadh de €9,000 ar an iomlán i dtreo deontais do dhaoine aonair ó thaobh foghlaim ar feadh an tsaoil agus uasoiliúint. B'ionann an meán deontas agus €350 agus áiríodh ar an raon cúrsaí a cuireadh ar fáil, cúram sóisialta, oiliúint do riachtanais speisialta agus cúrsaí gnó do mhná; agus cúrsaí do shábh slabhrach, forcardaitheoir agus sláinte agus sábháilteachta d'fhir. Cuireadh tuilleadh, ar feadh na bliana, leis an tsraith cúrsaí ar líne atá ann cheana féin, ar nós, Cúrsaí Deimhnithe HACCP, TEFL, Teoiric do Thiománaithe, Forbairt Phearsanta, srl.,
- D'oibrigh CLG Forbartha na Gaillimhe go dlúth le Fóram Freagartha Pobail COVID-19 agus eagraíodh 2 bhulc cheannach PPE le linn na bliana lena scaipeadh ar Ghrúpaí Pobail a bhí ag

tabhairt aire do dhaoine leochaileacha ina gceantar áitiúil. Chomh maith leis sin, cuireadh PPE ar fáil do Chúramóirí Teaghlaigh i gcomhpháirtíocht le hIonad d'Oibrithe Deonacha na Gaillimhe, a bhí ag eagrú oibrithe deonacha chun PPE a thabhairt amach ar fud an Chontae.

- Lean an SICAP ag tabhairt tacaíochta do Ghrúpaí Pobail nua do Mhná agus tugadh trealamh digiteach ar iasacht dóibh le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i gníomhaíochtaí grúpa ar líne.

In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh COVID-19, d'fhreagair an SICAP do na riachtanais a bhí ag athrú ag leibhéal áitiúil mar ghné ríthábhachtach d'iarrachtaí Freagartha Pobail COVID-19 ag leibhéal Pobail. Chomh maith leis sin, cuireadh an clár in oiriúint go tapa do sheachadadh tacaíochta ar líne agus ar theileafón agus mar thoradh air sin baineadh amach an dá KPI do bhliain a bhí thar a bheith deacair. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil le linn na bliana 2020 agus na saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn, roghnaigh an LCDC "Daoine Breacaosta" mar an grúpa le riachtanais a bhí ag teacht chun cinn do thacaíochtaí SICAP don bhliain 2021, go háirithe maidir le saincheisteanna a léiríodh le linn na dianghlasála, m.sh. easpa scileanna ar líne agus gairis dhigiteacha, uaigneas agus aonrú sóisialta, agus díreofar ar thionscnaimh agus ar thacaíochtaí a chur i bhfeidhm chun gníomhú in aghaidh na saincheisteanna seo. Ullmhaítear Cas-Staidéar SICAP gach aon bhliain chun tionchar an Chláir a léiriú agus don bhliain 2020, roghnaíodh deontais SICAP agus rinneadh forbairt ar Scéal Físeáin chun fairsinge na dtacaíochtaí a léiriú agus an tionchar atá acu seo ar thairbhíthe.

CISTE ÉIRE SHLÁINTIÚIL

Tionscnamh faoi stiúir an Rialtais atá i gceist le hÉire Shláintiúil lena ndéantar iarracht le sochaí Éireannach mar seo a leanas a chruthú áit inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiciúil agus meabhairshláinte, agus áit a bhfuil luach ar fholláine agus go dtacaítear leis ar gach leibhéal den tsochaí.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, ní raibh sé indéanta tús a chur le rannpháirtíocht agus le seisiúin faisnéise pobail in ionaid ar fud an Chontae mar a bhí samhlaithe. Dá bhrí sin, cuireadh Clár Oibre leasaithe faoi bhráid Pobal a bhí dírithe ar níos mó gníomhaíochtaí a chur ar fáil ar líne agus coigilteas a leithdháileadh chuig gníomhaíochtaí breise. Ceadaíodh na leasuithe seo, chomh maith le hairgead leithdháilte a aistriú ó Bhliain 1 go Bliain 2 den Chlár a samhlaítear go gcuirfear síneadh leis go dtí mí na Nollag 2021.

Fuair LCDC Chontae na Gaillimhe leithdháileadh de €30,000 do Chiste Deontais Bheaga do Mheabhairshláinte Pobail idir €2,000 - €5,000, agus rinneadh é seo a leithdháileadh ar fud 6 thionscadal a chuimsigh gníomhaíochtaí folláine, gníomhaíochtaí cruthaitheacha, tionscnamh píolótach maidir le hoideasú sóisialta agus clár ar líne eile chun folláine pobail a chur chun cinn.



CLÁR um FHEABHSÚ POBAIL 2020

Cuireann an Clár um Fheabhsú Pobail (CEP) maoiniú ar fáil don phobal chun saoráidí a fheabhsú i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste nó le cuimsiú grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn. Tá sé á mhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus á riaradh ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDCnna) i ngach ceantar Údaráis Áitiúil. Fuarthas dhá bhabhta maoinithe faoin gclár seo le linn na bliana 2020, agus bhí an dá chlár dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla ag an am:

- Fuarthas €63,249 ar an iomlán i mBabhta 1 den Chlár um Fheabhsú Pobail agus bhí an príomhfhócas ar athoscailt saoráidí pobail tar éis den chéad dianghlasáil a bheith tugtha chun críche. Ceadafodh 44 deontas ar an iomlán, go príomha ar mhaithe le hoiriúnú agus/nó PPE i Saoráidí Pobail chomh maith le raon deontais ar scála beag faoi €1,000 do threalamh agus oibreacha taitneamhacha.
- Fuarthas €159,940 ar an iomlán i mBabhta 2 den Chlár um Fheabhsú Pobail agus bhí an príomhfhócas ar dheontais chaipitil i dtreo cothabháil, feabhsúchán ionaid pobail agus saoráidí pobail. Bronnadh 65 deontas suas go dtí €10,000, go príomha i dtreo oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh in Ionaid Pobail.

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL (LECP)

Is é cuspóir an LECP na cuspóirí agus gníomhartha atá riachtanach do thréimhse 6 bliana a leagan amach chun forbairt gheilleagrach agus pobail a chur chun cinn sa Chontae agus tacú leis an fhorbairt sin i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara socheacnamaíocha eile. Tá an LCDC freagrach as gnéithe pobail den LECP a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu, ach tá an SPC maidir le Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar freagrach as gnéithe geilleagracha den LECP a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Ar feadh na bliana, rinneadh na gníomhartha tosaíochta san LECP a spriocdhíriú faoi scéimeanna maoinithe LCDC agus chomh maith leis sin, fuair an LCDC cur i láthair ar ghnéithe eile den LECP, lena n-áirítear, maoiniú tuaithe, Pointí Ceangailte Leathanbhanda (BCPanna), Clár Music Generation, Clár Uisce Údaráis Áitiúil (LAWPRO) agus forbairt Straitéis maidir le Comhtháthú Imircigh. Táthar ag súil leis na Treoirínte Roinne ó thaobh athbhreithniú iomlán ar an LECP sa bhliain 2021, mar sin féin, in easnamh an mhéid sin, leanann an LCDC le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí tosaíochta ar fud an raoin cláir agus tacaíochtaí ar fud na ngníomhaireachtaí go léir.

LÍONRA RANPHÁIRTÍOCHTA POBAIL (PPN) CHONTAE NA GAILLIMHE

Is ionann Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae na Gaillimhe agus líonra atá oscailte do na grúpaí pobail agus deonacha go léir atá lonnaithe sa Chontae. Is é cuspóir an PPN cead cainte a thabhairt do na grúpaí seo laistigh de struchtúir foirmiúla cinnteoireachta na Comhairle agus tá an PPN ar an bpríomhnasc lena gceanglaíonn an Chomhairle le grúpaí atá gníomhach ar fud an Chontae. Le linn na bliana ceapadh Charlotte May ar Oibrí Tacaíochta PPN ar dtús i mí Feabhra agus ceapadh



Charlotte ina dhiaidh sin mar Oibrí Acmhainní Gníomhach PPN i mí an Mheithimh 2020, agus i mí Meán Fómhair 2020, ceapadh Mary Mullen sa ról mar Oibrí Tacaíochta PPN. In ainneoin na n-athruithe seo i gcúrsaí foirne agus na dúshláin shuntasacha a bhí a gcruthú ag paindéim COVID-19 i ndeireadh na bliana 2020, bhain an PPN buaicphointe suntasach amach de 1,000 Grúpa Comhaltais, a chiallaigh go bhfuil sé ar cheann de na PPNanna is mó sa tír

Cé go bhfuil gníomhaíochtaí an PPN mar a leagtar amach sa Phlean Oibre bunaidh agus go raibh Buiséad srianta go mór mar gheall ar COVID-19, bhí ról ríthábhachtach ag an PPN i bhfóram Freagartha Pobail COVID-19 ar tugadh breac-chuntas ina leith níos túisce, go príomha i dtéarmaí cur le líon na ngrúpaí sa Ghlaio Pobail agus ag feidhmiú mar mhol faisnéise chun faisnéis a scaipeadh maidir le bearta sláinte phoiblí agus comhairle eile do phobail. Is achoimre atá sa mhéid seo a leanas de ghníomhaíochtaí an PPN faoina 3 chatagóir gníomhaíochtaí:

Comhroinnt Faisnéise agus Cumarsáid:

Bhí Grúpaí Comhaltais a choinneal ar an eolas is deireanaí maidir le bearta sláinte phoiblí agus treoir a thabhairt chuig tacaíochtaí agus acmhainní mar fhócas suntasach ag an PPN mar chuid dá ról i bhfóram Freagartha Pobail COVID-19. Bunaíodh Aonad COVID-19 ar láithreán gréasáin an PPN agus chomh maith leis sin scaipeadh nuachtlitreacha agus bileoga tiomnaithe ar na Comhaltaí. Bhí obair mhór ar siúl freisin ar láithreán gréasáin an PPN ag súil le faisnéis ó Ionadaithe an PPN ar Choistí a chomhroinnt níos fearr. Mar gheall ar an tábhacht níos mó a bhain le scéimeanna do Ghrúpaí Pobail agus Deonacha, eagraíodh sraith Seimineáir Gréasáin le linn na bliana chun faisnéis a sholáthar maidir le scéimeanna maoinithe tuaithe, an Clár um Fheabhsú an Phobail, lena n-áirítear, comhairle spriocdhírthe do Ghrúpaí Pobail maidir leis an mbealach lena gcuid saoráidí a athoscailt agus iad ag comhlíonadh riachtanais sláinte phoiblí.

Cur le hAcmhainneacht an PPN chun cur lena gceantar áitiúil:

Bhí gá le leasú suntasach a dhéanamh, mar gheall ar phaindéim COVID-19, ar an bplean oibre bunaidh inar tugadh breac-chuntas ar oiliúint agus ar fhorbairt don bhliain, le fócas athbhreithnithe ar oiliúint ar líne a sheachadadh i réimsí a bhí aitheanta ag Comhaltaí PPN trí shuirbhé ar riachtanais oiliúna ar tugadh faoi i mí na Bealtaine. Is trí shraith Oiliúna na Máirt a rinneadh seachadadh ar roinnt cúrsaí ar líne mar thoradh ar an suirbhé, lena n-áirítear, “Conas Iarratas ar Mhaoiniú a Scríobh”, “Ag Dearadh Láithreán Gréasáin don Ghrúpa”, “Ag Cur le Láithreachtaí ar Líne do Ghrúpa”. Dhírigh sraith níos deireanaí de Cheardlanna na Céadaoin ar “Shocrú Suas Córais don Ghrúpa”, “Pleanáil Straitéiseach don Ghrúpa” agus reáchtáladh Ceardlanna freisin ar Spriocanna maidir le Forbairt Inbhuanaithe ar feadh na bliana. Chomh maith leis sin, i bhfianaise an lín grúpaí PPN a bhí bainteach le tacaíochtaí sheachadadh ar leibhéal áitiúil, bhí fócas faoi leith ar an sraith seimineáir gréasáin maidir le hOibríthe Deonacha na hÉireann a chomhroinnt, a bhí dírithe ar bhainistíocht a dhéanamh ar oibríthe deonacha le linn COVID-19.

Rannpháirtíocht i gCinnteoireacht agus in Ionadaíocht a Éascú:

Líonadh 2 fholúntas Rúnaíochta le linn na bliana, agus sa bhreis air sin, ainmníodh ionadaí amháin (1) ar Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, ainmníodh ainmní ionaid ar SPC Athrú Aeráide agus Bithéagsúlachta. Comhlánaíodh na próisis ainmniúcháin agus na toghcháin go léir ar líne. I bhfianaise ról an PPN ó thaobh ionadaíochta a dhéanamh ar ghuth an phobail, bhí fócas faoi leith sa bhliain 2020 ar ghuth grúpa a bhí i mbaol nach bhfaigheadh éisteacht murach sin. Go háirithe, shínigh PPN Chontae na Gaillimhe, in éineacht le heagraíochtaí eile, “Comhráiteas

ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas le linn COVID-19” a mholann líon gníomhartha chun rochtain chuig faisnéis, seirbhísí sláinte agus tacaíochtaí atá dírithe ar an duine a chinntiú. Ar mhaithe le ról ionadaíocht an PPN a neartú, bunaíodh líon Grúpaí Nasctha le linn na bliana – ar cheann acu sin bhí Fóram Míchumais na Gaillimhe a chuir aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste um Nithe a bhaineann le Míchumas. Rinne Grúpa Oibre maidir le hAthshlánú Glas glao freisin maidir le cosc a chur ar dhíol na gCeirtíní Taise i litir oscailte chuig an Aire Eamon Ryan. Ar mhaithe le hionadaíocht na bpobal mionlaigh a neartú, bunaíodh Fóram Idirchultúrtha laistigh den PPN, agus bunaíodh go foirmiúil freisin laistigh de struchtúir an PPN, an Chomhairle um Dhaoine Breacaosta, a dhéanann ionadaíocht ar ghuth daoine breacaosta. D’eagraigh an PPN imeacht comhairliúcháin lena ghrúpaí comhaltais agus chuir Aighneacht chuig Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe le chéile thar cheann a chuid comhaltáí agus pobail. Rinne an PPN comhordú agus eagrú freisin ar Lá Fág an Bealach 2020 i gcomhar le Comhairle agus le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas.

CUIMSIÚ SÓISIALTA

Tá ról ag an Udarás Áitiúil agus ag an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) araon ó thaobh ionadaíocht grúpaí atá eisiata go sóisialta nó grúpaí mionlaigh a chinntiú chomh maith lena chinntiú go n-éistear lena nglór. Cé gur thart ar chuimsiú sóisialta a bhí formhór Freagra Pobail COVID-19 bhí roinnt den obair bhreise a rinne an tAonad Forbartha Pobail sa réimse seo mar a leanas:

- Comhoibriú leis an Aonad Tithíochta chun ceiliúradh a dhéanamh ar an Lá Náisiúnta Spraoi an 4 Iúil trí Phacaí Spraoi a sholáthar agus a scaipeadh ar theaghlaigh i gceantair le rátaí arda bochtaineacht.
- Reáchtáladh an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta go fíorúil ón 19 go dtí an 25 Deireadh Fómhair agus cuireadh maoiniú ar scála beag ar fáil do 12 imeacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar rannpháirtíocht, ar chomhionannas agus ar chuimsiú.
- Rinneadh comhordú ar 3 chruinniú le Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil chun cur i bhfeidhm an Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach a phlé.
- Lean Comhairle na nÓg ag teacht le chéile go fíorúil ar líne agus bhí siad thar a bheith réamhghníomhach ó thaobh freagairt do phaindéim COVID-19 trí leabhrán maidir leis “Leideanna is Fearr a Thabhairt le linn na Dianghlasála” a bhí dírithe go sonrath ar dhaoine óga ó thaobh aire a thabhairt dá gcuid sláinte le linn na paindéime. Meabhairshláinte a bhí roghnaithe mar ábhar acu sa bhliain 2020 agus thug comhaltáí na Comhairle faoi shuirbhé trí scoileanna dara leibhéil maidir le stádas meabhairshláinte daoine óga le linn COVID-19, agus cuireadh ceardlanna ar mheabhairshláinte freisin mar chuid dá gCruinniú Cinn Bhliana ar líne. Roghnaíodh mar ábhar don bhliain 2021 ag an AGM, “Dearfacht Coirp agus Féinmhuinín” agus sa bhreis air sin beartaíodh Suirbhé Meabhairshláinte agus Fógraíocht Raidió agus Feachtas maidir le Meabhairshláinte a sheoladh in éineacht leis.

Thionóil an Comhaontas Aoisbhá 2 chruinniú le linn na bliana ach bhí ionadaíocht á dhéanamh ar go leor de na gníomhaireachtaí cheana féin ar an Fhóram Freagartha Pobail agus iad ag tabhairt faoi thacaíochtaí agus faoi sheirbhísí a bhí dírithe ar dhaoine breacaosta. Cuireadh an t-uasdátú iomlán maidir leis an maoiniú agus na gníomhaíochtaí go léir a tionscnaíodh tríd an Fhóram

Freagartha Pobail ar fáil don Chomhaontas Aoisbhá ag a gCruinniú i mí na Nollag agus tionóladh 4 chruinniú den Choiste Feidhmiúcháin um Chomhairle do Dhaoine Breacaosta le linn na bliana lena dtabhairt cothrom le dáta maidir le forbairtí agus chun fanacht i dteagmháil le linn na paindéime.

SPÓIRT

Tá príomhról ag Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) i ndáil le deiseanna spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla a chur ar fáil do phobail na Gaillimhe, agus áiríodh ar na príomhghníomhaíochtaí ar feadh na bliana 2020:

- Aimsíodh agus fuarthas maoiniú leordhóthanach ó fhoinsí a bhí ar fáil – Spóirt Éireann, Cuntais Dhíomhaoin, Údaráis Áitiúla, an HSE agus Ranna Rialtais chun maoiniú a dhéanamh ar Oibríochtaí Chomhpháirtíochta Spóirt na Gaillimhe sa bhliain 2020. Fuarthas maoiniú ó Spóirt Éireann, Cistí Cuntas Díomhaoin an HSE agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun gach clár a rith sa bhliain 2020.
- Trealamh moil do Mhol Spóirt Bhéal Átha na Sluaighe – fuarthas maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Fuarthas maoiniú do agus rinneadh maoirseacht ar fheidhmiú Cláir Spóirt Éireann agus ar chlár eile inár bPlean Straitéiseach 2016 – 2020 chúig bliana, le béim faoi leith ar ar phríomhghrúpaí sprice GSP. Áiríodh ar Chláir, Eachtraíocht Lasmuigh, Mná ar an Uisce, an clár Daoine Óga i mBaol, Peil Siúil do Dhaoine Fásta níos Sine, Rásaí do Dhaoine Aosta, Cairde agus Bugaithe, Sacar ag Meán Oíche, Buail agus Traenáil.



Fuarthas maoiniú agus cuireadh cláir i bhfeidhm. Tá cuid den na cláir sin críochnaithe agus bhí cláir eile fós idir lámha go deireadh na bliana.

- Bunaíodh Grúpaí Nasctha Spóirt i gcomhairle le PPN an chontae. Táthar ag leanúint leis seo.
- Eagraíodh siúlóidí pobail mar chuid de Operation Transformation i gcomhar le pobail áitiúla ar fud na Gaillimhe – eagraíodh 14 siúlóid, ghlac 2052 duine ar an iomlán páirt ar fud na Gaillimhe.
- Tháinig ardú ar an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla, trí Mhaoiniú Clár GSP. Cláir ghníomhaíochta - Mná ar an Uisce, Youth @ Risk, Rásaí do Dhaoine Aosta – eagraíodh iad sin go léir, tá cuid den na cláir sin críochnaithe agus bhí cláir eile fós idir lámha go deireadh na bliana. Féach thíos freisin faoi chlár atá maoinithe ag an HSE, cláir scoile agus cláir do dhaoine faoi mhíchumas.
- Rinneadh Seachadadh ar Chláir Oiliúna – Slánchumhdach 1, 2 agus 3, Treoraí Gníomhaíochta, Garchabhair, Treoraí Siúil, Traenáil Rothaíochta, Traenáil i ndáil le hUilechuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, Traenáil i ndáil le Feasacht ar Dhaoine faoi Mhíchumas, Ceardlanna Cóitseála Leanáí.
- Tá formhór na gclár oideachais agus oiliúna á reáchtáil ar líne anois mar gheall ar shrianta Covid-19.
- Cuireadh cláir shonraithe Mhíchumais ar fáil - boccia, peil siúil, learn 2 cycle, táthar ag leanúint le boccia, tá an clár foghlaim le rothaíocht á chur ar fáil i Scoil Náisiúnta na Toirbhirte.

- Rinneadh cláir siúil, cláir snámha, cláir Men on the Move agus cláir Couch 2 5K a chur ar fáil ar fud na Gaillimhe. Cláir maoinithe ag an HSE - 3 chlár Men on the Move, 4 chlár Couch 2 5K, 8 gclár Buggy Buddies, tugadh clár Snámha do Dhaoine faoi Mhíchumas chun críche.
- Rinneadh seachadadh ar chlár Be Active After Schools agus an Mile Walk do bhunscoileanna ar fud na Gaillimhe. Rinneadh na cláir seo go léir a sheachadadh agus a thabhairt chun críche.
- Eagraíodh agus éascaíodh cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha GSP agus na grúpaí oibre ábhartha ar feadh na bliana 2020. Reáchtáladh cruinniú amháin ar líne agus tá ceardlanna beartaithe don chuid eile den bhliain.
- Rinneadh iarratas agus fuarthas maoiniú DTT&S i dtreo imeachtaí agus cláir don tSeachtain Rothar. Tionóladh 25 imeacht ar an iomlán, bhí 11 imeacht ar siúl sa chontae mar chuid de cheiliúradh don tSeachtain Rothar lena raibh baint ag 702 duine ar an iomlán, idir dhaoine fásta agus leanaí.
- Eagraíodh agus cuireadh cláir gníomhaíochta fisiciúla do dhaoine breacaosta ar fáil mar chuid d'Fhéile na Bealtaine 2020. Priontáladh agus scaipeadh bileoga aclaíochta ar dhaoine breacaosta ar fud an chontae.



Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir le forbairt leanúnach agus inbhuanaithe geilleagrach agus fiontraíochta an chontae

TIONSCNAIMH MAIDIR LE FORBAIRT GHEILLEAGRACH

- Oibríodh leis an Oifigeach Leathanbhanda agus le páirtithe leasmhara eile ar ullmhú Straitéis Dhigiteach do Chontae na Gaillimhe agus chuidigh le láithreacha a aithint do Phointí Ceangailte Leathanbhanda.
- Cuireadh na gníomhartha ábhartha faoi Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair go dtí 2020 chun cinn agus bhíothas rannpháirteach ag leibhéal Coiste.
- Oibríodh leis an WDC agus le Íonra Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh (AEC) ar thionscadail réigiúnacha, lena n-áirítear, moil a fhorbairt feadh an AEC agus rinneadh forbairt ar ábhar don fheachtas ‘More to Life’ agus ar Uirlis Tallainne a fhorbairt.
- Rinneadh Scéim For-Rochtana Mol a riaradh agus cuidiú le moil nua a chur chun cinn trí mhaoiniú agus comhairle.
- Leanadh ag obair leis an GRD maidir le maoiniú agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an gCiste Ceardaíochta trí bliana.
- Forbairt déanta ar thionscadail oidhreachta ERG ar nós na sraithe Discover Galway a leanfar leo ón mbliain 2020 ar aghaidh.
- Cuireadh chun cinn agus rinneadh forbairt ar an gCampas Nuálaíochta Bia (atá ag an gcéim thógála i láthair na huairé) Bia Iarthar Éireann agus Mol Nuálaíochta Fhorbairt na Tuaithe i gcomhar leis an CLG agus le comhpháirtithe eile. Leanadh le ceannaireacht straitéiseach a sholáthair i gcáil chomhairleach agus ag Leibhéal Stiúrthóra ar an mBord agus cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil, lena n-áirítear, cuidiú le hiarratais ar dheontais agus le riarachán. Cuireadh moill ar an tionscadal mar go raibh tionchar ag COVID- 19 ar chúrsaí tógála agus leanann na páirtithe go léir ag obair i gcomhpháirtíocht chun seachadadh an tionscadal a chinntiú. Rinneadh athrú ar ghnéithe den tionscadal chun an timpeallacht nua agus oibreacha amach anseo a thógáil san áireamh. Beidh an tionscadal agus é críochnaithe mar acmhainn shuntasach sa réigiún agus cuideoidh sé le téarnamh agus le fostaíocht a chruthú.



Foinse na hÍomhá: Doiciméid tairisceana BIA



- Leanadh leis an obair scóipeála ar an acmhainneacht maidir le Straitéis Bia na Gaillimhe a fhorbairt i gcomhar leis an gCampas Nuálaíochta BIA agus an LEO.
- Ról leanúnach maidir le bainistíocht suíomh an Aerfoirt, lena n-áirítear, an bhainistíocht maidir le léas/ceadúnas gearrthéarmach ar nós an Galway Flying Club. Oibríodh leis an Aonad Pleanála agus bhíothas rannpháirteach le líon páirtithe leasmhara maidir le roghanna forbartha fadtéarmacha do sheansuíomh Aerfort na Gaillimhe ar an gCarn Mór chun an tairbhe eacnamaíochta is fearr is féidir a bhaint amach do réigiún na Gaillimhe.
- Éascaíodh comhaontú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cuid den Réadmhaoin ag suíomh an aerfoirt a úsáid mar shaoráid tástála i ndáil leis an gCoróinvíreas, paindéim (COVID-19).
- Éascaíodh mór-choimisiún Gaillimh 2020 le Branar “Sruth na Teanga” Téatar do Pháistí ag suíomh an aerfoirt.
- Éascaíodh Cuairt Ríoga a thuirling ag Suíomh an Aerfoirt, idirchaidreamh leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Ambasáid na Breataine, an RAF, leis an nGarda Síochána, leis an Arm, leis an Aerchór agus leis an Aonad Freagartha faoi Airm.

TURASÓIREACHT

- Cuireadh an obair a bhí déanta roimhe seo ar an Straitéis Turasóireachta chun cinn chun fíis láidir fadtéarmach a chruthú don turasóireacht trí Straitéis Turasóireachta atá bunaithe go soiléir ar fhianaise taighde a mheallann infheistíocht shuntasach don Chontae. Cuirfear tús leis an bpróiseas sa bhliain 2021 tar éis an scriosta a rinneadh ar an Tionscal Turasóireachta sa bhliain 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19.
- Leagadh amach togra tionscadail agus bainistiú maoiniú Infheistíochta Chaipitil do Bhailte Ceann Scríbe, tráth a gcuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le gradam Fáilte Éireann; le ciste iomlán de €666k chun tacaíocht a thabhairt d’fheabhsúcháin a dhéanamh ar líon lár bailte, lena n-áirítear, straitéis do chomharthaíocht atá ar aghaidh cuairteoirí agus feabhsúcháin ar an réimse poiblí sa Chlochán.
- Tugadh tacaíocht d’iarratas RRDF don Chlochán a fuair os cionn €700k le cur ar chumas Comhairle Chontae na Gaillimhe máistirphlean a fhorbairt don Chlochán agus tá feabhsúcháin beartaithe don réimse poiblí i lár an bhaile, do Bhóthar na Trá agus tograí le forbairt a dhéanamh ar Pháirc an Chalafoirt, taitneamhacht ríthábhachtach don bhaile. Tá sé beartaithe freisin go dtacóidh mol cianoibre le hardú a chur ar ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroílár Chonamara.
- Cumasóidh an meascán maoinithe seo le forbairt idirghníomhaíochtaí a chuirfidh le fuinneamh an Chlocháin mar cheann scríbe turasóireachta agus mar mhol ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus cuirfidh go mór le tarraingteacht an Chlocháin mar áit le cuairt a thabhairt air, le cónaí ann agus le hinfeistíocht a dhéanamh ann.
- Rinneadh forbairt ar ghrúpa stiúrtha páirtithe leasmhara ilghníomhaireachta chun oibriú as lámha a chéile chun treallús a chur faoi chumas Phort Omna stádas a bhaint amach mar Cheann Scríbe Turasóireachta ag cur le branda Chroíthailte Ceilte na hÉireann, le Máistirphlean na Sionainne, agus le Plean Forbartha Eispéireas Cuairteora Loch Deirgeirt. D’oibrigh an tOifigeach Turasóireachta agus an Fhoireann Athnuachana ar na gnéithe turasóireachta de na hiarratais don RRDF ar fud líon bailte sa chontae; i bPort Omna; rinneadh €1.2 milliún a leithdháileadh ón Rannóg áit a n-áireoidh na tionscadail oibreacha réamhforbartha chun Teach Cúirte Phort Omna

a athchóiriú agus é a chaomhnú agus é a bheith in ard a réime arís chun tús a chur le ré nua mar mhol do na healaíona pobail, don fhiontraíocht agus don turasóireacht, chomh maith le pleananna chun feabhas a chur ar an réimse poiblí agus ar an sráid-dreach i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla. Cuirfear béim láidir sa tionscadal ar threorchomharthaíocht agus ar léirmhíniú chun beocht a chur in eispéireas cuairteora atá ag dul i méid laistigh den bhaile le pleananna le hacmhainní uathúla oidhreachta Phort Omna laistigh de Pháirc Fhoraoise Port Omna agus de Loch Deirgeirt a chomhtháthú.

- Rinneadh forbairt ar threoir do bhrandaíl, do chomharthaíocht agus do threorchomharthaíocht do Bhaile Átha an Rí chun an leas is fearr is féidir a bhaint as maoiniú RRDF trí fheabhsúcháin a chur ar fáil ar bhonneagar turasóireachta an réimse poiblí. Táthar ag leanúint leis an tionscadal atá le seachadadh sa bhliain 2021.
- Rinneadh deiseanna a fhorbairt don Earnáil Agrathurasóireachta, ag cur leis an maoiniú a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a chuidigh le líon níos mó 40 táirgeoir áitiúil i gContae na Gaillimhe tríd an tsraith Discover Galway; áiríodh ar ghníomhartha, clár oiliúna a chruthú do tháirgeoirí ar mian leo leathadh amach go tionscadail turasóireachta trí, cheardlanna ar líne agus ar leithligh, straitéis mhargaíochta a chur ar fáil chun an sár-bhia atá le fáil sa réigiún a chur chun cinn agus cur leis.
- Rinneadh táirge nua turasóireachta a phleanáil agus a fhorbairt sa réigiún do tháirgeoirí bia, a rinne forbairt ar dhá cheann déag de thograí eispéireas cuairteora ar an fheirm agus ar bhróisiúr fáilteachais atá le leathadh amach sa bhliain 2021
- Rinneadh forbairt ar bhanc suntasach grianghrafadóireachta nuair a rinneadh coimisiúnú ar cheathrar (4) grianghrafadóirí chun grianghraif a thógáil de na stíleanna difriúla íomhá ar mhaithe le cur chun cinn na turasóireachta, do chaidreamh poiblí, do mhargaíocht agus d'fheachtais meáin shóisialta.
- Rinneadh meastóireacht agus cuireadh deontais ar fáil do bhreis is 45 féile agus imeacht; cuidíodh le féilte, imeachtaí agus eispéireas nua chun forbairt a dhéanamh agus cuireadh meantóireacht agus tacaíochtaí ar fáil chun féilte a athshamlú chun feidhmiú go fíorúil agus srianta sláinte phoiblí an rialtais ag teacht chun cinn.
- Tugadh tacaíocht chun tús a chur le straitéis mhargaíochta dírithe ar an gcuariteoir a thóg san áireamh próifíl meáin shóisialta a shocrú suas ar Twitter, Instagram agus Facebook agus athbhreithniú a dhéanamh ar láithreán gréasáin Discover Galway ag súil le láithreán gréasáin tomhaltóra a sheachadadh chun faisnéis a chur ar fáil agus leis an gcuariteoir a spreagadh.
- Rinneadh meastóireacht agus tugadh tacaíocht d'fhorbairt agus d'athnuachan láithreán gréasáin Loch Deirgeirt ag teacht le treoirlínte sábháilteachta an Rialtais.
- Cuireadh tús le hathfhorbairt a dhéanamh ar láithreán gréasáin Connemara.ie, lena n-áirítear, comhaontú seirbhíse nua a bhunú lena úsáid leis an CGCA; tacaíocht tugtha don CGCA ó thaobh maoiniú LEADER ar mhaithe le hathfhorbairt a dhéanamh. Aimsíodh maoiniú do Bhailte agus Sráidbhailte chun straitéis mhargaíochta céaduaire a fhorbairt do Chonamara agus do na hOileáin; lena n-áirítear, PR; straitéis maidir leis na meáin shóisialta; grianghrafadóireacht agus seisiúin rannpháirtíochta páirtithe leasmhara.
- Rannpháirtíocht i Líonra Turasóireachta Chonamara agus Árann (CAITN) ó thaobh leathadh amach a dhéanamh ar Phlean Forbartha ar Eispéireas an Chuariteora ar Chonamara
- Tacaíocht tugtha do Chósta Gaelach Conamara agus Árann i gcomhpháirtíocht le CAITN, FLAG West agus Údarás na Gaeltachta ionas gur féidir Oifigeach Turasóireachta a fhostú agus tionscnaimh turasóireachta a leathadh amach do Chonamara.

- Rannpháirtíocht maidir le agus cúnamh tugtha do Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgirt agus tús curtha le plé le líon príomhchomhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla maidir le forbairt a dhéanamh ar cheann scríbe turasóireachta agus infheistíocht i bhforbairt táirgí agus i gcúnamh tacaíochta gnó.
- Tugadh tacaíocht do chur chun cinn agus d'fhorbairt Ghlasbhealach Chonamara, agus do thionscadail caitheamh aimsire lasmuigh do chuairteoirí, lena n-áirítear, iarratas do Shlí an Iarthair agus do Dhoire Abhra.
- Tugadh tacaíocht do chomhpháirtithe Ghlasbhealach Bhaile Átha Luain go Gaillimh, lena n-áirítear, próiseas comhairliúcháin poiblí.
- Leanadh le caidreamh láidir oibre a chothú le Fáilte Éireann chun tacú le forbairt agus le leathadh amach brandaí ceann scríbe Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Slí an Atlantaigh Fhiáin, lena n-áirítear, obair scóipeála ar phríomhdheiseanna in oirthear an Chontae do bhanda Chroíthailte Ceilte na hÉireann, tionscnamh breise a bhfuil fáilte mhór roimhe trína ndéanfar soláthar d'infheistíocht agus d'fhás sa réigiún seo. Leibhéal láidir rannpháirtíochta le 3 Thascfhórsa Téarnaimh na Turasóireachta sa Chontae.
- Bhí comhaltas foireann Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe bainteach le leabhar turasóireacht filíochta agus íomhánna a fhorbairt a dhéanfar a fhoilsiú sa bhliain 2021.



Caisleán Bhaile Átha an Rí

Tosaíocht Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil forbairt leordhóthanach déanta ar an mbonneagar fisiciúil agus sóisialta chun tacú le forbairt gheilleagrach agus chun cur lenár gcaighdeán beatha

Tugann an Roinn Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail tacaíocht d'athbheochan bailte agus sráidbhailte chun feabhas a chur ar thimpeallacht maireachtála agus oibre a gcuid pobal agus cur lena n-acmhainneacht ó thaobh tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht gheilleagrach bhreise san am atá romhainn.

FEABHSÚ SRÁID-DREACHA

Rinne an Rannóg forbairt ar dhá (2) Scéim Feabhsúcháin Sráid-Dreacha Píolótach do Bhaile Átha an Rí agus do Bhéal Átha na Sluaighe agus tá na scéimeanna seo á gcur i bhfeidhm i láthair na huaire.

AN CISTE um ATHGHINIÚINT agus FORBAIRT TUAITHE

Tá ceadanna maoinithe á leathadh amach ag an Rannóg faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) do na ceantair seo a leanas;

Baile Átha an Rí:

Cuireadh leithdháileadh €3,554,000 ar fáil do Bhaile Bhaile Átha an Rí agus don Champas Nuálaíochta Bia. Déanfaidh an tionscadal seo soláthar d'athnuachan suntasach i mBaile Bhaile Átha an Rí, le líon feabhsúcháin le déanamh ar Lár an Bhaile agus cuirfear leibhéal suntasach maoinithe ar fáil chun seachadadh Campas Nuálaíochta Bia, Nuálaíocht Bia Iarthar Éireann agus Mol Cothaithe Fiontar ar Champas Teagasc ar imeall an bhaile a chumasú. Tá comhoibriú le raon leathan comhpháirtithe i gceist leis an tionscadal Nuálaíochta Bia atá faoi stiúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Teagasc, GRETB, Fiontair SCCUL, an WDC agus Comhairle Pobail Bhaile Átha an Rí agus cuirfidh an tionscadal bonneagar ríthábhachtach agus éiceachóras saindeartha ar fáil chun tacú le bia, agraibhia, forbairt tuaithe agus turasóireacht tuaithe. Bainfidh na hoibreacha ar lár an bhaile feabhsúcháin fhisiciúla agus réimse poiblí feabhsaithe, feabhsúcháin ar aghaidh siopaí agus forbairt Páirc an Bhaile i mBaile Átha an Rí amach. Déanfar na hoibreacha a sheachadadh i gcomhar le raon comhpháirtithe, lena n-áirítear, an oifig ceantair áitiúil, Comhairle Pobail Bhaile Átha an Rí, Bailte Slachtmhara Bhaile Átha an Rí, Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, an pobal gnó agus an grúpa áitiúil fiontair shóisialta.

Tuaim:

Tá leithdháileadh €175,000 curtha ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar Straitéis chuimsitheach Forbartha Athnuachana Thuama. Bronnadh an conradh don fhorbairt ar Mháistirphlean Thuama ar Chomhlacht Paul Hogarts i dtús na bliana 2020 agus d'oibrigh siad go dlúth leis an Fhoireann Athnuachana chun seachadadh an phlean a chur chun cinn. Bhí an chéad chomhairliúchán poiblí ar siúl díreach roimh an dianghlásáil agus rinne an fhoireann athrú ar theagmháil chun dul in oiriúint do na cúinsí sláinte phoiblí a bhí ann, agus bhunaigh siad foireann baile ar a raibh na príomhpháirtithe leasmhara chun oibriú leo. Bhí an próiseas seo thar a bheith fiúntach agus bhí aiseolas agus ceannach isteach óna páirtithe leasmhara difriúla thar a bheith dearfach. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an bplean le linn na bliana agus táthar ag súil é a bheith tugtha chun críche sa bhliain 2021.

Baile Locha Riach:

Déanfaidh an tionscadal seo athnuachan ar Halla an Bhaile i mBaile Locha Riach, foirgneamh oidhreacht a lár an bhaile atá tréigthe, chun mol cultúrtha, fiontraíochta agus turasóireachta a chur ar fáil. Cuideoidh an tionscadal seo le treallús a chur faoi fhás i mBaile Locha Riach agus acmhainn stairiúil a thabhairt ar ais go lár an bhaile, foirgneamh a bheidh úsáideach ar bhonn laethúil. Tá €1,628,879.00 ceadaithe agus tá €125,000 de sin a chur i dtreo oibreacha atá beartaithe don réimse poiblí ar Shráid na Beairice de réir na haighneachta bunaidh.

An Dún Mór:

Tá leithdháileadh de €960,909 curtha ar fáil chun cuidiú le hathnuachan a dhéanamh ar an Dún Mór. Cuirfidh an maoiniú ar chumas na Comhairle forbairt a dhéanamh ar an dearadh mionsonraithe chun fáil réidh leis an réadmhaoin tréigthe atá sa Dún Mór, cuma níos fearr a chur ar Shráid an Droichid agus feabhas a chur ar na foirgnimh atá fágtha i dtéarmaí inrochtaineachta agus infheictheachta a fheabhsú.

Cinn Mhara:

Cuireadh leithdháileadh €124,781 ar fáil do Chlárchosán agus do Shiúlbhealach Chinn Mhara. Tá nasc a chruthú idir Chinn Mhara agus Caisleán Dhún Guaire i gceist leis seo a chruthóidh nascacht níos fearr agus a chuirfidh le hacmhainneacht turasóireachta an bhaile agus Chaisleán Dhún Guaire agus Slí an Atlantaigh Fhiáin. Cumasóidh an maoiniú forbairt agus dearadh mionsonraithe agus tabharfar an chlárchosán agus an Siúlbhealach chomh fada leis an gcéim phleanála agus cuirfear bealach sábháilte do choisithe ar fáil ón sráidbhaile go dtí an láithreán oidhreacht náisiúnta seo agus suas go dtí oibreacha uasghrádaithe an N67 atá ar tairiscint.

Port Omna:

D'aimsigh an Rannóg €1,192,855 de mhaoiniú ón RRDF le gairid d'oibreacha feabhsúcháin, lena n-áirítear, an Réimse Poiblí, Sráid-Dreach, Páirc Dhealbhóireachta agus Ealaín Phoiblí, Creat Deartha Uirbeach (Ceapach Bhurgáiste), agus forbairt Sráid na Mainistreach. D'ullmhaigh an Rannóg réamhdhearadh agus Cuid 8 freisin do Theach Cúirte Phort Omna

An Clochán:

D'aimsigh an Rannóg maoiniú €792,030 freisin ón RRDF don Chlochán d'oibreacha feabhsúcháin, lena n-áirítear, an Réimse Poiblí, Páirc an Chalafoirt agus mol d'obair chomhionaid an Chlocháin.

SCÉIMEANNA MAOINITHE TUAITHE EILE

Bhí an leithdháileadh a fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe do na Scéimeanna Maoinithe Tuaithe sa bhliain 2020, ar an infheistíocht is mó sna scéimeanna seo ón mbliain 2016. Ceadáíodh faoin gClár Bailte agus Sráidbhailte agus CLÁR 29 tionscadal nua le 7 mBaile agus Sráidbhaile ceadaithe sa bhliain 2019, ar cuireadh tús leo ag deireadh na bliana 2020 tar éis moill a bheith curtha orthu mar gheall ar shrianta sláinte poiblí ar thógáil. Táthar ag leanúint leis an gclár seo ina n-áirítear 36 tionscadal i 36 pobal trasna an Chontae agus is ionann an clár agus infheistíocht de €2.167m. Léirítear leis na scéimeanna casadh i dtreo tacú le pobail chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann mar thoradh ar dhul i dtáthí ar COVID-19 le tacaíocht

do Phointí Ceangailte Leathanbhanda, moil bheaga, bonneagar tuaithe agus bailte, taitneamhachtaí agus ceantair sa Chontae a chur chun cinn, lena n-áirítear, siopadóireacht i mBéal Átha na Sluaighe, Connemara.ie agus miondíoltóirí agus lucht deartha áitiúil faoin eolaire Déanta i nGaillimh / Déan do Chuid Siopadóireacht go hÁitiúil. Thug an tAonad faoi shraith Seimineáir Gréasáin agus iad ag dul in oiriúint d'oibriú go cianda, i gcomhar leis an PPN chun comhairle a sholáthar maidir le Scéimeanna Tuaithe le os cionn 90 ionadaí pobail. I mí Iúil, fuair an Chomhairle 109 Léiriú Spéise. Sa tréimhse ó Iúil go Meán Fómhair, aimsíodh €415k do 15 pobal ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi 3 bhabhta de Bhearta Luathaithe nua do Bhailte agus Sráidbhailte. Ceadaíodh €690k eile do 7 gceantar faoin bPríomhchlár do Bhailte agus Sráidbhailte agus fuarthas €262k do 7 gceantar faoi chlár CLÁR. Sa bhliain 2020, cuireadh moill ar an bPríomhchlár do Bhailte agus Sráidbhailte don bhliain 2019 (€800k) mar gheall ar na srianta tógála ach cuireadh tús leis roimh dheireadh na bliana.

AN SCÉIM um BONNEAGAIR CAITHIMH AIMSIRE LASMUIGH

Thug an Rannóg tacú do phobail chun maoiniú a fháil faoin Scéim um Bonneagair Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS), scéim atá i gceist léi seo chun bonneagar caitheamh aimsir lasmuigh a chuireann le stíl mhaireachtála ghníomhach a fhorbairt agus a thacaíonn le hacmhainneacht gheilleagrach agus turasóireachta na n-ionad do phobail áitiúla agus do chuartheoirí/turasóirí araon.

Ainm an Tionscadail	Cur Síos ar an Tionscadal	Láthair	Ceadaithe:
Slí Chonamara & Bealach EuroVelo	Uasghrádú ar an gconair siúil 10km. Athsholáthar 2 dhroichead feadh Shlí an Iarthair. Uasghrádú bealach an rothar shléibhe atá i nDoire Eabhra in Uachtar Ard agus comharthaíocht ar bhealach rothaíochta Eurovelo ó teorainn Mhaigh Eo sa Líonán go teorainn an Chláir i gCinn Mhara	Bealach Cheapach Chuais, Droichid Shlí an Iarthair Uachtar Ard agus an Líonán, bealach an rothar shléibhe Dhoire Eabhra in Uachtar Ard, Bealach Eurovelo, an Líonán go Cinn Mhara	€500,000
An Tionscadal Siúil	Leanadh le hathnuachan a dhéanamh ar Shiúlóidí, 3 chuid go sonrach, a ndéanfar deisiú/athchóiriú orthu ón gcasadh san abhainn go dtí an bruach.	Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe	€200,000
Tionscadal Chonair Fhoroais Aughrane - Céim 1	Forbairt agus feabhsú na conaire.	Foraois Aughrane, an Baile Gearr, Co. na Gaillimhe	€17,685
Siúlóidí Lúibe Ghleann na Madadh Céim 1	Mion uasghrádú ar bhóthar an phortaigh atá ann cheana féin agus uasghrádú ar an gcarrchlós atá ann cheana féin.	Portach Clooncon, Gleann na Madadh Co. na Gaillimhe	€18,000

Clárchosán Lios Maine an Choill Mhór	Athsholáthar/Uasghrádú clárchosán agus ardán féachana	Portach Lios Maine na Coille Móire, Lawrencetown, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe	€20,000
Conair Lios Maine an Choill Mhór	Uasghrádú na conaire	Portach Lios Maine na Coille Móire, Lawrencetown, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe	€20,000
Conairí Siúlóide agus Rothaíochta na Fairche (Cothabháil)	Cothabháil na conaire	Coillte na Fairche, an Fhairche, Co. na Gaillimhe	€18,000

SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA POBAIL

Tá na Scéimeanna Tacaíochta Forbartha Pobail á maoiniú go hiomlán ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus cuireann an Chomhairle tacaíocht maoinithe ar fáil ar fud 3 scéim thacaíochta sonracha – forbairt gheilleagrach, forbairt pobail agus forbairt chultúrtha. Faraor, mar gheall ar shrianta COVID-19 a bheith i bhfeidhm, ní raibh sé indéanta go leor de na féilte, imeachtaí agus ghníomhaíochtaí a reáchtáil ar feadh na bliana 2020, mar sin féin, d'oibrigh an Rannóg leis na hiarratasóirí go léir chun a chinntiú gur glacadh le cur chuige solúbtha chun athleithdháileadh a chumasú i leith oiliúint, trealamh nó gníomhaíochtaí eile a chuireann le hacmhainneacht a d'fhéadfadh Grúpaí Pobail a choinneáil ag imeacht amach anseo. Cuireadh maoiniú ar fáil do bhreis is 40 grúpa chun tabhairt faoi oibreacha taitneamhachta, lena n-áirítear, Grúpaí na mBailte Slachtmhara, a bhfuil moladh ag dul dóibh as tabhairt faoi oibreacha agus maoiniú a tharraingt anuas in ainneoin Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara a bheith curtha ar ceal, agus as a bheith rannpháirteach i dtionscadal fíorúil na mBailte Slachtmhara chun teagmháil a dhéanamh lena gcuid pobal le linn na bliana, bhliain a bhí thar a bheith deacair. Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú ar fáil chun uasghrádú a dhéanamh ar Fhoirgnimh Pobail, agus rinneadh forlíonadh ar an maoiniú sin trí scéimeanna maoinithe éagsúla na Rannóige, agus cuidíodh le feighlithe na saoráidí tábhachtacha seo chun costais reatha leanúnacha a laghdú atá thar a bheith tábhachtach i bhfianaise cumas bailithe airgid agus ioncam ó ghníomhaíochtaí a bheith cailte.

Tosaíocht Straitéiseach

Ár dtimpeallacht, cultúr, oidhreacht agus teanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an ghlúin atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht

NA hEALAÍONA

Lean an Oifig Ealaíon leis na gnéithe go léir a bhaineann le saol na healaíne a chur chun cinn, agus tacaíocht á thabhairt d'éiteas na rannpháirtíochta, na hinrochtaineachta agus an uilechuimsitheacht i gcúrsaí ealaíne gan aon damáiste a dhéanamh don chaighdeán. Tá rannpháirtíocht i gcúrsaí ealaíne láidir sa Chontae; tá borradh faoin éileamh ar sheirbhísí cultúir agus ar thacaíochtaí agus tá líon mór ealaíontóirí ag cur fúthu agus ag saothrú sa chontae. Áirítear ar phríomhthionscnaimh:

- *Deontais Ealaíne Comhairle Chontae na Gaillimhe*: rinneadh seachadadh ar Dheontais Ealaíne trí Scéim Tacaíochta Pobail 2020.
- *An Clár Údair Athraithe*: lean Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag stiúradh agus ag cur seachadadh an Tionscadal réigiúnach seo ar mhórsála na Comhairle Ealaíon chun cinn, clár taighde gníomhaíochta chun acmhainní a fhorbairt le féilte agus léiritheoirí ceannródaíochta Chontae agus Cathair na Gaillimhe agus Ros Comáin i gcomhair le Foras Amharclannaíochta na hÉireann, Drámaíocht in OÉG, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae Ros Comáin. Áirítear ar Fhéilte/Eagraíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh: Féile Shorelines, Féile Ealaíne an Chlocháin, Traidphicnic, Tionscadal Lása Áth Cinn, Interface Inagh agus Áras Éanna.
- Cuireadh seirbhís fhaisnéise agus comhairleach maidir le healaín ghairmiúil ar fáil do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí aonair, d'fhéilte sa chontae agus seirbhís chomhairleach maidir le dul in oiriúint do shrianta COVID-19.
- Cuireadh chun cinn *Dréachtphlean Ealaíon Comhairle Chontae na Gaillimhe 2020 -2024* a bhí ceadaithe ag an gComhairle Iomlánach i mí na Nollag. Leagtar síos sa doiciméad fíis straitéiseach d'fhorbairt leanúnach cúrsaí Ealaíne sa Chontae suas go dtí an bhliain 2024.
- Sparánachtaí d'Ealaíontóirí: Leanadh le sparánachtaí a thairiscint d'ealaíontóir agus cinntíodh barr feabhais agus críochnúlacht ar phainéil measúnaithe piara do na dámhachtainí go léir. Táthar tiomanta do ráiteas beartais a fhorbairt a thacaíonn le luach saothair cothrom d'ealaíontóirí.
- Rinneadh forbairt ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha i gcomhar leis an ITI, VAI, Tulca, ISACS. D'oibríomar go díreach sa bhliain 2020 le TULCA agus le Tionscadal Damhsa na Gaillimhe ar chlár CPD d'ealaíontóirí.
- Clár Chónaitheachta d'Ealaíontóirí 2020: Tugadh tacaíocht do chlár chónaitheachta in Áras Éanna, Ionad Tyrone Guthrie agus in Ionad Cultúrtha Irlandais Paris. Díriodh ar thacaíocht a thabhairt do chónaitheacht agus d'ionaid ealaíona áitiúla chun Interface Inagh agus Gairdín Bhríde a thabhairt san áireamh. Tugadh tacaíocht do comhpháirtithe cónaitheachta atá ann cheana féin chun fíor-Chónaitheacht a thairiscint sa chás é sin a bheith indéanta go sábháilte ach cónaitheacht "in absentia" in Áras Éanna le linn na dianghlasála.

- Cuireadh **Beartas maidir le hEalaín Phoiblí Comhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024** nua chun cinn a ceadáíodh ag an gComhairle Iomlánach i mí na Nollag 2020.
- **COIMISIÚN NÁISIÚNTA NUA:** Thacaigh Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe le agus ghlac ceannas ar ghnéithe tionscadal PLATFORM 31; scéim forbartha náisiúnta ar fud na tíre faoi stiúir na 31 Oifig Ealaíon de chuid na nÚdarás Áitiúil i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon. Is ionann PLATFORM 31 – agus deis náisiúnta d’ealaíontóirí lena gcleachtas a fhorbairt agus smaointe nua maidir le comhoibriú, taighde, forbairt lucht féachana, comhfhorbairt áite agus comhroinnt a gcuid oibre a thástáil. Tá PLATFORM 31 deartha chun tacú leis agus deis maidir le forbairt ghairme do 31 ealaíontóir atá ag teacht chun cinn nó i lár a ngairm bheatha (ealaíontóir amháin do gach aon cheann de na 31 údarás áitiúil ar fud na hÉireann), faigheann ealaíontóirí atá rannpháirteach sparánacht de €8,000 chun é a infheistiú iontu féin agus ina gcleachtas, chomh maith le rannpháirtíocht i gcreat comhairleach agus forbartha agus i líonra piaraí ar fud na tíre.
- Ealaíontóirí i Socrúcháin Oideachais: Tugadh an deis do 6 scoil páirt a ghlacadh i gClár Ealaíontóirí sna Scoileanna agus cruthaíodh líon cláir eile ealaíne do scoileanna ag oibriú le cláir luathfhágálaithe scoile an GRETB, seirbhísí Ógtheagmhála agus líonraí Scoileanna Cruthaitheacha. Cuireadh an clár scoile siar sa Mhárta ach cuireadh tús le hobair leis na scoileanna arís i bhfómhar na bliana 2020. Cruthaíodh clár oiliúna nua d’ealaíontóirí atá ag obair sna scoileanna ó thaobh réamhchúraimí maidir le COVID- 19 agus cuireadh ceardlanna ar líne/zúmáil ar fáil mar thacaíocht bhreise.
- Leanadh le leathadh amach a dhéanamh ar **Fhéile Leabhar na Leanaí “Book It”** i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne. Tá sé beartaithe leagan ar líne a chur ar fáil sa bhliain 2020 agus clár hibride (ar líne/go pearsanta) don bhliain 2021.
- **Clár Ealaíne don Óige:** Leanadh leis an obair le Sorcas Pobail na Gaillimhe chun an rannpháirtíocht leis an ngrúpa daoine óga ón nGort a neartú. Comhoibríodh agus cuireadh síneadh ar an gclár d’fheidhmiú ealaín sráide le Macnas i mBaile Átha an Rí. Tugadh tacaíocht do Ghrúpa Gliondair Bhaile Átha an Rí, a oibríonn le déagóirí, ó thaobh oiliúint agus léiriú amharclann suíomhoiriúnaithe. Tugadh tacaíocht do Mhuintearas Óg, ar mhalartú léiriúcháin le hOllscoil Pontio i Bangor, na Breataine Bige, tá sé seo curtha siar i láthair na huaire agus rachaidh sé chun cinn chomh luath is a bheidh sé indéanta, seachas sin, cuirfear socrú malartach i bhfeidhm chun é a chomhlánú ar líne.
- Leanadh le cláir agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe gairmiúla: Baboró, an Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíona do Leanaí, Branar Téatre do Pháistí, Tulca, Galway Music Residency, Fleadh Scannánaíochta Sóisearach na Gaillimhe agus Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe a dhéanann léiriú agus a thugann camchuairt ar an gcontae.
- Oibríodh i gcomhpháirtíocht le **Music Generation Chontae na Gaillimhe** chun tacú leis an gClár Oideachais Ceoil i gcomhar leis an GRETB.
- **Na hEalaíona agus Míchumas:** Tugadh tacaíocht do Chompántas Amharclannaíochta an Blue Teapot, tionscadal amharclainne agus scannánaíochta sa Chontae le roinnt dá gcomhaltaí ID. Tá Compántas Amharclannaíochta an Blue Teapot tiomanta taighde gníomhaíochtaí a dhéanamh i roinnt láithreacha sa chontae sna 6-12 mí atá amach romhainn in éineacht leis an gcomhlacht Gaillimheach an Speckled Egg i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Ealaíne. Thugamar tacaíocht do cheardlanna scannánaíochta agus beochana leis an Blue Teapot in dhá láthair i mBéal Átha na Sluaighe agus i dTuaim sa bhliain 2020 a mbeadh an BIG DAY OUT mar bhuaicphointe air mar chuid d’Fhéile Crossing the Line a bhí le bheith ar siúl i mí na Bealtaine 2020 ach a cuireadh ar ceal mar gheall ar COVID-19.

- **Fócas ar na hEalaíona do Dhaoine atá amach sna blianta do 2020:** Oibríodh leis an Ealaíontóir Damhsa, Bernadette Divilly i mBéal Átha na Sluaighe ar thionscadal damhsa do mhná níos sine a bhí ar siúl roimh an dianghlasáil agus a leanann ar aghaidh i spás lasmuigh i mBéal Átha na Sluaighe nuair a cheadaíonn comhairle sláinte phoiblí a leithéid.
- Cuireadh tús le taighde ar moil chultúir a chruthú sa chontae atá mar ghníomh aitheanta sa Phlean Ealaíne 2020-2024.
- Glacadh le hinbhuanaitheacht timpeallachta trí thionchair timpeallachta a chur isteach i maoiniú d’eagraíochtaí cruthaitheacha agus le feasacht timpeallachta agus oiliúint inbhuanaitheachta a sholáthar d’fhéilte agus d’imeachtaí pobail.
- **Tionscnamh Thuama maidir le hÁiteanna Cruthaitheacha:** Tá an tionscnamh seo ag teacht leis an bPlean Ealaíne agus tá an príomhról tacaíochta ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Beidh acmhainneacht cultúrtha mar thoradh ar an gclár seo i gceantar Thuama a bheidh i bhfad níos mó le linn saolré an chláir phíolótaigh seo a rachaidh chun leasa do cheantair eile chomh maith le Tuaim agus níos faide ó bhaile. Bunaíodh tionscnaimh tríd an gclár seo sa bhliain 2020 agus tá deiseanna eile cruthaithe ag an gclár don Oifig Ealaíon ó thaobh caidreamh a fhorbairt le healaíontóirí agus le pobail i réimse atá níos leithne ná an tionscadal.
- **An Oíche Chultúir 2020:** Rinneadh seachadadh ar chlár rathúil don Oíche Chultúir a chuimsigh 34 imeacht ina raibh go leor coimisiúin agus imeachtaí nua san áireamh ann a bhí ar siúl ar líne agus as líne.



An Oíche Chultúir, Baile an Doirín - Róisín Curé - Ealaíontóir

- **Príomhthionscadail Pobail a fuair tacaíocht:** Thacaíomar le príomhthionscadail/pobail chruthaitheacha i mbliana trínár gclár ealaíne agus i roinnt cásanna a raibh sé infheidhme, i gcomhpháirtíocht le hÉire Ildánach leis an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh: **An Dianghlasáil ar Inis Bó Finne** leis an déantóir clár faisnéise, Kieran Concannon i gcomhar le pobal Inis Bó Finne. **Tionscadal Láca Átha Cinn, The Space Between;** rian amharc-ealaíne maidir le freagra ealaíontóirí agus foilsíú na hoibre a chruthaíodh. **Carrying the Songs:** Tionscadail síl Interface Inagh agus **Áiteanna Cruthaitheach Thuama.**

- Tugadh tacaíocht do Choimisiún Scáileáin an Iarthair, Cathair Scannánaíochta UNESCO agus Ciste Wrap.
- Tugadh tacaíocht d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr).
- Oibríodh i gcomhar le Gaillimh 2020 chun tacú le cláir a sheachadadh laistigh den chontae.
- Tá Ról Comhordaitheora ag an Oifig Ealaíon do **Chlár Éire Ildánach Comhairle Chontae na Gaillimhe**. Rinne an Oifig Ealaíon stiúradh, bainistíocht agus riaradh ar Chlár Éire Ildánach 2020 agus bhí siad i mbun coimeádaíochta go díreach agus rinne pleanáil ar Chlár Chruinniú na nÓg 2020 (an lá náisiúnta cruthaitheach do leanaí) i gContae na Gaillimhe. Sa bhliain 2020 thugamar tacaíocht dhíreach do Branar chun véarsaí nua a fhorbairt do leanaí a bhí fuinniúil agus a bhí le feiceáil ar RTÉ mar chuid den chlár náisiúnta.
- **Erasmus+**: Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de 6 chomhpháirtí san iarratas Culture UP 2020-2022 rathúil Erasmus+. Leagtar amach i dtionscadal "CULTURE UP", lena gcuirfidh Forais Chultúrtha agus Údaráis Áitiúla le hacmhainn an phobail a fhorbairt i gceantair neamhuirbeacha agus i gceantair atá ar an imeall" an bealach ina ndéanfar faisnéis a chomhroinnt agus a mhalartú agus na cleachtais maidir le forbairt chultúrtha ar fud na hearnála pobail, príobháidigh agus sibhialta sna 5 cheantar Eorpacha neamhuirbeacha agus imeallacha. Tá sé mar thosaíocht deiseanna foghlama a éascú chun forais chultúrtha agus údaráis áitiúla i gceantair thuaithe a uasoiliúint agus a spreagadh lena n-acmhainneacht forbartha a threisiú chun leasa pobail áitiúla. Díreofar sa tionscadal ar ghnáthrialachas agus ar rialachas laethúil an chultúir i gceantair thuaithe. Beidh páirt á ghlacadh ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Áras Éanna sa chlár malartaithe gairmiúil seo a mbeidh tús á chur leis go luath sa bhliain 2021.



Éire Ildánach Leitir Mealláin

Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir leis an gcumas eagraíochtúil trí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht oibríochta, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca agus ar fhorbairt na Foirne agus na gComhaltaí Tofa

Sa bhliain 2020, rinneadh na tacaíochtaí/deontais phobail go léir a bhí á soláthar ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a riaradh ar bhealach comhordaithe. Bhí scéimeanna deontais oidhreachta, scéimeanna deontais pobail agus scéimeanna deontais ealaíon i gceist anseo.

Tá an t-aonad ag dul faoi athbhreithniú maidir le leithdháileadh oibre de réir mar a ghlacann sé cláir agus scéimeanna nua faoina chúram. Tá an tAonad ag obair ar chláir éagsúla i gcomhar le haonaid eile na Comhairle a dtugtar breac-chuntas ina leith thuas agus leanfar ar aghaidh leis sin.

Tosaíocht Straitéiseach

A chinntiú go mbíonn seirbhís do chustaiméirí atá ar ardchaighdeán i gcroílár gach ní atá idir lámha againn

Lean Seirbhísí Corparáideacha le gníomhaíochtaí seirbhísí do chustaiméirí sa Chomhairle a chomhordú agus leis an idirchaidreamh leis na haonaid seirbhíse chun cuidiú le cumarsáid teachtaireachtaí agus le seachadadh seirbhíse. Agus muid faoi dhúshlán ó thaobh acmhainne agus ó thaobh tionchar COVID- 19, bhí ról lárnach ag an aonad maidir lena chinntiú gur cuireadh na dúshlán a rabhamar ag tabhairt aghaidh orthu agus na bealaí nua le gnó a dhéanamh in iúl don phobal, agus gníomhaíocht ar líne, ar an teileafón agus trí úsáid a bhaint as ICT de réir mar a bhí cuí, á stiúradh againn. Bhí socrú suas tapa Tionscnamh Freagartha Pobail COVID-19, comhoibriú leis an PPN i dtéarmaí faisnéise a scaipeadh, seachadadh Seimineáir Gréasáin maidir le scéimeanna maoinithe agus na samhlacha nua teagmhála agus úsáid á bhaint as ardáin ar líne, mar shamplaí den obair atá idir lámha ag an aonad chun an tosaíocht straitéiseach seo a sheachadadh.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

TITHÍOCHT

AONAD TITHÍOCHTA Tithe a Sheachadadh - Pobail a Thógáil

Atógáil Éireann

Atógáil Éireann - Sa Phlean Gníomhaíochta ar Thithíocht agus Easpa Dídine a seoladh i mí Iúil, 2016 leagtar amach mapa bóthair, d'Údaráis Áitiúla chomh maith leis na hEarnálacha Deonacha agus Príobháideacha, maidir le soláthar Tithíocht Shóisialta trí roinnt gníomhartha nithiúla, amlínte agus, níos tábhachtaí arís, acmhainní airgeadais. chun aonaid nua tithíochta sóisialta a sheachadadh.

Is plean cuimsitheach atá ann agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar gach gné den chóras tithíochta faoi chúig philéar mar seo a leanas:

Piléar 1: Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine

Piléar 2: Luas a chur faoi Thithíocht Shóisialta

Piléar 3: Níos mó Tithe a Thógáil

Piléar 4: Feabhas a chur ar an Earnáil Cíosa a fheabhsú

Piléar 5: Úsáid a bhaint as an Tithíocht atá ann cheana féin



Chuir Aonad Tithíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe líon suntasach tithe ar fáil trí chláir éagsúla sa bhliain 2020:

Tugadh 149 teach nua isteach i stoc gníomhach tithíochta sóisialta trí chláir thógála, éadálacha agus léasaithe sa bhliain 2020. Tá an uimhir seo comhdhéanta de -

- 115 a tógadh
- 13 éadálacha
- 21 ar léas

In ainneoin timpeallacht an-dúshlánach Covid-19, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe 60 teaghais a athchóiriú faoina clár Voids in 2020.

Tá 605 aonad tithíochta sóisialta nua-thógtha anois ag céimeanna éagsúla den fhormheas le seachadadh go díreach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhlachtaí Tithíochta Formheasta ar 27 láithreán.

Thacaigh an Chomhairle le 328 teaghlach breise freastal ar a riachtanas tithíochta tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ag cur ar chumas daoine oibriú agus neamhspleáchas a bheith acu maidir le suíomh agus an cineál cóiríochta a roghnú, ag brath ar a rogha féin. Chláraigh níos mó ná 1,859 faighteoir leis an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta go dtí seo.

Tugadh tacaíocht do 68 teaghlach breise chun a riachtanais tithíochta a chomhlíonadh tríd an Scéim Cóiríochta ar Cíos, 4 i réadmhaoín faoi úinéireacht phríobháideach agus 64 in ionaid réadmhaoine de chuid an Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta.

Chomh maith le tacaíochtaí nua tithíochta sóisialta a sheachadadh, bhronn Comhairle Chontae na Gaillimhe 160 deontas oiriúnaithe tithíochta (63 deontas oiriúnaithe agus 97 deontas cúnamh soghluaisteachta) in 2020 chun tacú le daoine aonair fanacht ina dtithe féin.

Cuireadh cóiríocht ar fáil do 71 teaghlach in 2020 faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil, agus tá sé beartaithe cóiríocht a thabhairt do 111 teaghlach san iomlán thar an tréimhse 2019 - 2024.

In earnáil tithíochta agus cíosa atá an-dúshlánach, agus deiseanna teoranta ó thaobh tithíocht ar léas, seachadadh 21 teach trí léasú díreach agus scéimeanna léasúcháin fadtéarmacha.

Chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun oibreacha móra athchóirithe i Scéimeanna Tithíochta Grúpa Sonracha éagsúla ag Láithreáin Stad Cheapaigh Oighre agus Creachmhaoil, Bóthar na Canálach, Béal Átha na Sluaighe, Cnocán na Gainimhe, Páirc Chill Mhuire agus Pháirc Moyne, Mainistir Chnoc Muaidhe. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar thógáil 6 theach agus 2 bhá láithreán stad ar an Scéim nua Tithíochta do Ghrúpaí Sonracha don Lucht Siúil ag Cluain Órtha, Creachmhaoil.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe 4 theach a athchóiriú agus a fheistiú chun críocha leithlis laistigh de thréimhse ama docht d'aon teaghlach leochaileach mar a shainithin Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Cuireadh tithíocht níos sábháilte agus comhlíontach le COVID-19 ar fáil do gach teaghlach a raibh cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála le tacaíocht agus comhoibriú ó eagraíochtaí eile. Cuireadh seirbhísí breise mar uisce reatha, portaloona agus glantacháin ar fáil do theaghlaigh atá ag stopadh an láithreáin agus dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu ar thaobh an bhóthair. Lean an Chomhairle ag obair le teaghlaigh ar thaobh an bhóthair chun tithíocht a shainithint a bheadh oiriúnach dá riachtanais sna ceantair is fearr leo.

Sprioc Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil ár mbonneagar fisiceach agus sóisialta forbartha go leor chun tacú le forbairt eacnamaíoch, agus chun caighdeán ár mbeatha a fheabhsú.

Déanann Aonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe a dhícheall seirbhís a sholáthar do na daoine aonair agus na pobail sin a dteastaíonn cúnamh uathu i réimsí mar sholáthar tithíochta sóisialta, tionóntacht tithíochta sóisialta agus bainistíocht eastáit, oiriúnú/athrú tithíochta, cuidiú le daoine gan dídean, rialáil caighdeán earnáil ar cíos príobháideach agus rialú capaill. Déanann an t-aonad tithíochta a ghníomhaíochtaí laistigh de chreataí rialachais earnáil na n-údarás áitiúil.

Gníomhaíocht Chuid V

In ainneoin an Phaindéim Covid-19 agus an dianghlasáil san earnáil Foirgníochta go náisiúnta, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 15 aonad san iomlán faoi Chuid V den tAcht um Pleanáil agus Forbairt sa bhliain 2020. Ba chomhaontuithe stairiúla Cuid V iad go leor de na haonaid Chuid V seo atá curtha i gcrích anois.

Gníomhaíocht Tógála Tithíochta

Ag croílár sheachadadh tithíochta sóisialta tá Clár Tógála na nÚdarás Áitiúil agus is anseo atá formhór na n-oibreacha lárnacha maidir le seachadadh tithíochta dírithe. Tá fás mór tagtha ar an saineolas inmheánach agus tá torthaí le feiceáil de réir mar atá níos mó agus níos mó tionscadail tógála na nÚdarás Áitiúil ag teacht tríd an gcóras pleanála agus ag dul i mbun tógála.

- **Gort na gCloch, Hospital Road, An Clochán (26 aonad)** - Cuireadh tús leis an obair thógála ar an bhforbairt seo i Ráithe 3 lena n-áirítear móroibreacha caomhnaithear dhá dhéanamhais cosanta (iar-scoil thionsclaíoch agus foirgneamh níocháin), agus athchóiriú á dhéanamh orthu mar 8 n-árasán.
- **Plás an Iarla, Sráid na Beairice, Baile Locha Riach (5 aonad)** – Cuireadh tús leis an obair thógála tar éis dianghlasáil Covid-19 a scaoileadh agus athoscailt na hearnála tógála. Cuirfear an obair i gcrích go luath sa bhliain 2021.



- **Fána Bhuí, Tuaim (49 aonad)** - Cuireadh tús le hoibreacha i Ráithe 4 ar an bhforbairt nua seo suite amach ó bhóthar Cloontooa. Críochnófar aonaid i gcéimeanna ó dheireadh 2021 go tús 2022.



Fána Bhuí, Tuaim – obair thógála ar bun

- **Cnoc na Carraige, Cloch na Rón (14 aonad)** - Bhí oibreacha ar siúl i gcónaí Ar an bhforbraíocht seo, seachas tréimhse nuair a dúnadh an láithreán mar gheall ar Bhearta freagartha na paindéime Covid-19. Críochnaíodh 8 n-aonad faoi dheireadh na bliana, agus tá an 6 cinn eile le bheith críochnaithe go luath in 2021.



Cnoc na Carraige, Cloch na Rón – obair thógála ar bun

Gníomhaíocht Dearaidh & Pleanála

- **Cúirt an Droichid, Áth Eascrach (18 aonad)** - taisceadh iarratas pleanála leis an mBord Pleanála chun 10 n-aonad atá ann cheana a scartáil, athchóiriú a dhéanamh ar 6 aonad atá ann cheana agus 12 aonad nua a thógáil. Tá an cinneadh dlite R1 2021.
- **Gort Ui Lochlainn, Maigh Cuilinn (31 aonad)** - lean an obair dhearaidh agus suirbhéireachta ar aghaidh i rith na bliana i dtreo cháipéisíocht iarratas pleanála a ullmhú le haghaidh 31 aonad a fhorbairt.
- **Caisleán Raithlín, Ard Raithin (12 aonad)** - leanadh den obair dhearaidh agus suirbhéireacht hidrigeolaíoch ar an tionscadal seo agus beidh iarratas pleanála mar thoradh air go luath in 2021 le haghaidh 12 aonad nua.



Caisleán Raithlín, Ard Raithin

- **An Cartún, Cinn Mhara (10 n-aonad)** - tar éis cead pleanála Chuid 8 a fháil, ullmhaíodh doiciméid tairisceana sa dara leath den bhliain le haghaidh forbairt 10 n-aonad nua. Foilseofar sonraí na tairisceana agus seolfar an Conradh tógála in 2021.

- **Áitribh tuaithe aonair (9 n-aonad)** - Cuireadh críoch le doiciméadú maidir le iarratais pleanála ar leithligh faoi Chuid 8
Le linn R4 le haghaidh 6 aonad ag láithreacha éagsúla ar fud na tuaithe i gContae na Gaillimhe. Cuireadh 3 aonad eile comhchosúla ar aghaidh le haghaidh cead pleanála freisin.
- Thosaigh saineolaithe laistigh den aonad tithíochta ag ullmhú cáipéisí tairisceana chun 2 Chreat Ailtirí Chomhairle Contae na Gaillimhe a athlánú a bhí le dul in éag an 31 Nollaig. Ceapfar foirne dearaidh iomlána ó na creataí luacha is airde agus is ísle le tionscadail tosaigh go luath in 2021 comhdhéanta de:
- Droim na Gaoithe, Baile Chláir (suíomh 7 n-acra)
- Béal Átha Mó, Co. na Gaillimhe (suíomh 0.5 acra)

Ceannach Tí

Faoi Phlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann cheannaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhlachtaí Tithíochta Formheasta 13 réadmhaoin in 2020.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Is éard atá in Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ná tacaíocht tithíochta sóisialta atá i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó mhí na Samhna 2015. Tá HAP ar fáil do dhuine ar bith a bhfuil riachtanas tithíochta sóisialta deimhnithe aige. Ciallaíonn tabhairt isteach HAP gur féidir le húdaráis tithíochta cúnaimh tithíochta a sholáthar anois do go leor teaghlach eile a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu, lena n-áirítear go leor faighteoírí fadtéarmacha forlíonta cíosa.

Déanfaidh HAP foráil maidir le haistriú freagrachta d'fhaighteoírí Forlíonadh Cíosa le riachtanas tithíochta fadtéarmach ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chuig údaráis tithíochta agus soláthróidh sé cur chuige nua maidir le freagairt do theaghlaigh le riachtanas sóisialta.

Murab ionann agus faighteoírí Forlíonadh Cíosa, áfach, is féidir le faighteoírí HAP oibriú go lánaimseartha agus a dtacaíocht HAP a choinneáil - agus ar an gcaoi sin déantar bacainn ar fhostaíocht a bhaint. Déanfaidh faighteoírí HAP a gcóiríocht féin a aimsiú sa mhargadh ar cíos príobháideach agus déanfaidh siad comhaontú tionóntachta le tiarna talún na réadmhaoine.

Is iad na teaghlaigh atá incháilithe le haghaidh HAP:

- Aon teaghlach a cháilíonn le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta;
- Aon faighteoírí Forlíonta Cíosa reatha a cháilíonn le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta.

D'fhonn cúnaimh breise a thabhairt do theaghlaigh gan dídean cóiríocht éigeandála a fhágáil, tá an tSeirbhís Aimsitheoir Áite do Dhaoine gan Dídean ar fáil i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Is tacaíocht spriodhírthe í do theaghlaigh gan dídean a bhfuil deacrachtaí acu tionóntachtaí HAP a fháil. Soláthraíonn sé tacaíochtaí airgeadais agus gaolmhara breise do thionóntaí agus do thiarnaí talún.

Thacaigh an Chomhairle le 328 teaghlach breise chun freastal ar a riachtanas tithíochta tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta in 2020, a chuir ar chumas daoine oibriú agus neamhspleáchas a bheith acu freisin maidir le suíomh agus cineál na cóiríochta a roghnú, ag brath ar a rogha féin. Tá níos mó ná 1,859 faighteoir tar éis clárú leis an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta go dtí seo.

Tosaíocht Straitéiseach

An rannpháirtíocht is leithne is féidir le saoránaigh a éascú ó thaobh déanamh cinntí áitiúla de agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.

Tuairisc ar Theaghlaigh Cháilithe (Liosta Feithimh Tithíochta)

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú ar riachtanas tithíochta i gcóir in 2020. Rinneadh iarratais 1,580 teaghlach, nach ndearnadh athbhreithniú orthu ón Achoimre roimhe seo ar an Measúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta in 2019, a athbhreithniú agus a mheasúnú chun a fháil amach an raibh siad fós cáilithe le haghaidh tacaíochtaí tithíochta sóisialta. Rinneadh an measúnú ar riachtanas tithíochta faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Cóiríocht Tithíochta a sholáthar ina limistéar feidhme do dhaoine a dteastaíonn cóiríocht uathu ó Chomhairle Contae na Gaillimhe agus a bhfuil cóiríocht den sórt sin de dhíth orthu i dtuairim na Comhairle Contae agus nach bhfuil siad in ann é a sholáthar óna gcuid acmhainní féin.
2. Páirceanna Carbhán Cónaithe a sholáthar do bhaill an Phobail Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae do dhaoine a bhfuil an chosúlacht air go mbeidh siad ag iarraidh láithreáin ón gComhairle Contae agus gan iad in ann iad a sholáthar óna gcuid acmhainní féin.

Iarratais ó dhaoine atá incháilithe le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta agus a bhfuil gá acu leis agus atá cáilithe don tacaíocht sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Ioncam;
2. Stádas Cónaithe;
3. Infhaighteacht cóiríochta;
4. Riaráistí Cíosa.

Ba é líon iomlán na n-iarratasóirí bailí tithíochta a fuarthas le linn 2020 ná 600.

Ba é líon iomlán na dtairiscintí tithíochta sóisialta a eisíodh d'iarratasóirí ná 240, glacadh le 150 díobh sin agus díúltaíodh do 73 agus tá 17 fós amuigh ag deireadh na bliana.

Ba é líon iomlán na nIarratasóirí Tithíochta ar an Liosta Tithíochta an 31 Nollaig 2020 ná 3,634

Scéim Cóiríochta Cíos (RAS) / Léasú Gearrthéarmach

Tá maoiniú leithdháilte ag an Rialtas d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe chun réadmhaoin chónaithe príobháideacha a léasú nó a ligean ar cíos d'iarratasóirí ar an liosta tithíochta. Go traidisiúnta bíonn RAS dírithe ar dhaoine a fhaigheann forlíonadh cíos ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go gcomhlíontar a riachtanas tithíochta le haon iarratasóir tithíochta atá i gcóiríocht de chineál RAS.

Feidhmítear an (RAS) / Léasú ar bhonn tionóntachta de réir tionóntachta agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh socruithe den sórt sin, le tiarnaí talún príobháideacha, ó 2007 i leith. Tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar na comhaontuithe reatha RAS agus Léasaithe a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha.

Cur síos	Contae na Gaillimhe Deireadh R4 2020
Líon na nIarratasóirí a bhfuil cóiríocht acu i gcóiríocht príobháideach ar cíos trí chonarthaí a comhaontaíodh le tiarnaí talún príobháideacha	165
Líon na nIarratasóirí a ndéantar cóiríocht orthu faoi láthair trí chonarthaí a comhaontaíodh le eagraíochtaí deonacha	185
Líon na nIarratasóirí a ndéantar cóiríocht orthu faoi láthair trí chonarthaí léasaithe gearrthéarmacha	23

Tábla 1: Comhaontuithe RAS agus Léasaithe a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha

Íoschaighdeáin maidir le Cóiríocht ar Cíos

Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi thart ar 890 iniúchadh in 2020, chun a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin do thithe ar cíos. Cuimsíonn sé seo thart ar 859 céad iniúchadh, agus

rinneadh 31 athchigireacht eile. Fuarthas nach raibh thart ar 616 nó 99.51% de na teaghaisí a ndearnadh iniúchadh orthu ag comhlíonadh na Rialachán riachtanach.

Chomhlíon 83 réadmhaoín tar éis an athchigireachta / na n-athchigireachtaí.

Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe

Is príomhghníomhaíocht í an scéim seo faoi Cholún 5 de Phlean Gníomhaíochta Atógáil na hÉireann um Thithíocht agus Easpa Dídine, atá dírithe ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana. Tá na tithe a ndíreofar orthu faoi RLS i gceantair riachtanas sóisialta i lár na mbailte, i gceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe ar fud na tíre. Caithfidh réadmhaoine a bheith folamh ar feadh bliana ar a laghad, agus caithfidh úinéirí réadmhaoine agus conraitheoirí atá fostaithe faoin scéim a thaispeáint go bhfuil siad comhlíontach ó thaobh cánach trí dheimhnithe imréitigh cánach a sholáthar arna iarraidh sin.

Teastóidh leibhéal íseal infheistíochta ó na haonaid idéalach a ndíreofar orthu faoin RLS chun iad a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach le haghaidh cíosa. Níor chóir go mbeadh costas deisiúcháin caipitil ar aonad amháin níos mó ná €60,000 (CBL san áireamh).

Caithfidh gach léas díreach a bheith idir 5-20 bliana. Ní bheidh aon téarmaí níos giorra incháilithe. Déanfar costas na ndeisiúcháin a chur i gcoinne na híocaíochta cíosa comhaontaithe go dtí go n-aisíofar luach na n-oibreacha.

Áirítear i measc buntáistí an SDD i dteannta leis an socrú léasa fadtéarmach d'úinéir na réadmhaoine -

- Cíos ráthaithe ar mhaoín nach raibh ag giniúint ioncaim;
- Uasghrádú ar mhaoín a d'fhéadfadh a bheith tréigthe murach sin;
- Ní chaillfear aon chíos le linn tréimhsí a mbeidh an réadmhaoín folamh;
- Ní bheidh gá déileáil le tionóntaí agus le cothabháil ó lá go lá;
- Ní bheidh gá cíos a bhailiú ná tionónta nua a aimsiú;
- Seachnaítear costais fógraíochta;
- Tabharfar an réadmhaoín ar ais don úinéir ag deireadh an téarma in ord agus i ndea-riocht deisiúcháin, seachas gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt.

In 2020, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt léirithe spéise. Tá réadmhaoín amháin beagnach críochnaithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

As an 50,000 teach tithíochta sóisialta atá le seachadadh faoi Atógáil Éireann, dírithe ar 10,000 a sheachadadh ag baint úsáide as teaghlaim de na socrúithe léasaithe tithíochta sóisialta faoi Cholún 2 - "Tithíocht Shóisialta Luathaithe".

Scéim Morgáiste go Cíos

Is scéim rialtais í an scéim Morgáiste go Cíos (MTR) a tugadh isteach in 2012 chun cabhrú le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh de bharr riaráistí morgáiste. Ligeann sé d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí

morgáiste acu athrú ó bheith ina húinéir ar a dteach go dtí a dteach a ligean ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Is rogha tithíochta sóisialta í an scéim MTR nach bhfuil ar fáil ach má tá duine incháilithe le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta agus mura bhfuil an morgáiste neamh-inbhuanaithe. Chun a bheith cáilithe don scéim caithfidh úinéir na réadmhaoine a bheith rannpháirteach i bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (MARP) an iasachtóra, próiseas a chaithfidh an t-iasachtóir agus an t-úinéir a ghlacadh chun iarracht a dhéanamh a gcuid deacrachtaí airgeadais a réiteach.

Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh ar a dteach a ghéilleadh go deonach dá n-iasachtóir morgáiste a dhíolann é láithreach le cumann tithíochta a thabharfaidh ar ais ar cíos ansin don teaghlach é. Rachaidh na fáiltas ó dhíol na réadmhaoine leis an gcumann tithíochta i dtreo na bhfiach mhorgáiste agus déanann an t-iarratasóir socrú lena iasachtóir le haghaidh aon íocaíochtaí atá dlite, más ann dóibh. Tá an fhéidearthacht ann an teach a cheannach ar ais tar éis tréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh.

Fuarthas 11 iarratas in 2020 agus ceadaíodh 14 iarratas.

Iasacht Baile Atógáil Éireann

Is morgáiste nua le tacaíocht ón Rialtas é Iasacht Baile Atógáil Éireann do cheannaitheoirí céaduaire. Cuireadh ar fáil é an 1 Feabhra 2018.

Mar cheannaitheoir céaduaire, is féidir iarratas a dhéanamh ar Iasacht Baile Atógáil Éireann chun maoin nua nó athlámhe a cheannach, nó chun teach a thógáil. Is gnáth-mhorgáiste Caipitil agus Úis í an iasacht a aisíoctar trí dhochar díreach ar bhonn míosúil.

- Is é uasluachanna margaidh na maoine is féidir a cheannach nó a thógáil féin ná €320,000.
- Féadfaidh iarratasóirí ceadaithe suas le 90% de luach margaidh na maoine a fháil ar iasacht.
- Cuireann sé seo teorainn leis an méid is féidir a fháil ar iasacht go dtí €288,000.

Fuarthas 71 iarratas le linn 2020 agus ceadaíodh 23 iarratas. Ba é an meán-iasacht a ceadaíodh ná €175,000.



An Cartún, Cinn Mhara

Tithíocht Dheonach

Is áis í an CALF (Saoráid Léasaithe Réamhchaipitil) atá ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Formheasta chun cabhrú leo rochtain a fháil ar mhaoiniú na Gníomhaireachta Airgeadais Príobháidí nó Tithíochta chun aonaid a cheannach nó a thógáil. Cuirtear na haonaid ar fáil go heisiach chun críocha tithíochta sóisialta faoi chomhaontú léasaithe ar feadh tréimhse áirithe ama, 20 bliain de ghnáth.

Seachadadh 23 aonad in 2020 faoin Scéim Cúnaimh Caipitil agus seachadadh 26 aonad eile faoin scéim CALF.

Aithníodh roinnt aonad féideartha agus tá comhaontuithe á mbreithniú go gníomhach lena gcur san áireamh faoin dá scéim sa todhchaí.

Tá 43 aonad idir lámha faoin scéim CAS agus 58 aonad idir lámha faoin Scéim CALF.

Ceannach ag Tionóntaí

Le linn 2016 tháinig an Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) Tionóntaí 2016 i bhfeidhm agus tháinig an scéim in áit Scéim Ceannaigh Tionóntaí 1995 a cuireadh deireadh leis an 30 Meitheamh 2014. Faoin scéim seo, is féidir le tionóntaí incháilithe údaráis áitiúil iarratas a dhéanamh chun teach a n-údaráis áitiúil a cheannach, ar ráta lascainithe bunaithe ar ioncam an iarratasóra. Má cheadaítear é, caithfidh an ceannaitheoir leanúint de bheith ina chónaí sa teach fad is atá sé aige. Cuirtear muirear ceannaigh incriminteach ar an teach a bheidh cothrom leis an lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar phraghas ceannaigh an tí. Fanfaidh an muirear i bhfeidhm ar feadh 20, 25 nó 30 bliain (ag brath ar an lascaine a thugtar). Beidh an ceannaitheoir in ann an teach a athdhíol tráth ar bith má aontaíonn an t-údarás áitiúil. Mar sin féin, má dhíolann an ceannaitheoir an teach roimh dheireadh an 20, 25 nó 30 bliain, beidh air luach an mhuirir gan íoc ar an teach a íoc ar ais leis an údarás áitiúil.

Le linn 2020, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 21 iarratas bailí ó thionóntaí údaráis áitiúil chun a dteach a cheannach agus d'eisigh siad 19 tairiscint ceannaigh tí, agus tugadh 16 acu chun críche.



Áit chónaithe tuaithe aonair ag Cor an Dola

Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanann an deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ag soláthar maoinithe do dhaoine faoi bhun 66 bliana d'aois in imthosca áirithe ag brath ar a riocht sláinte, a ndálaí tithíochta reatha agus a gcumas cabhrú leo féin. Teastaíonn cáipéisíocht tacaíochta má tá an t-iarratasóir ag lua riachtanais mhíochaine. Cuireadh cúnamh ar fáil freisin i gcásanna nár measadh go raibh an teach i ndroch-chaoi, ach go gcuirfeadh na hoibreacha, trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh, feabhas ar chaighdeán beatha daoine scothaosta.

- Fuarthas 256 iarratas bailí ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta le linn 2020
- Fuarthas 333 iarratas bailí ar Chúnamh Soghluaisteachta agus Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas i rith 2020 .

Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Thithe Údaráis Áitiúil

Cuirtear an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, atá ina gcónaí i dTithe Údaráis Áitiúil, ar fáil chun cabhrú le hoibreacha a dhéanamh atá riachtanach go réasúnach chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí do chóiríocht do dhuine a bhfuil lagú sláinte coirp, céadfach, meabhrach nó intleachtúil buan aige. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag measúnú iarratais faoin scéim seo agus ag tabhairt tosaíochta dóibh siúd is mó gá.

Críochnaíodh oibreacha oiriúnaithe tithíochta le haghaidh 27 teach údaráis áitiúil le linn 2020, lena n-áirítear 2 réadmhaoin ar críochnaíodh síntí orthu. Caitheadh an leithdháileadh iomlán €274,000 le haghaidh Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPGanna) agus do Shíneadh Tithíochta ina iomláine in 2020.

Cothabháil Tithe

Bhí stoc tithíochta 2,598 réadmhaoin ag an gComhairle an 31 Nollaig 2020. Tá clár suntasach oibreacha cothabhála ar siúl sna réadmhaoin seo.

Fuarthas 2798 iarratas deisiúcháin in 2020, is é sin méadú de 1161 iarratas ón dáta céanna in 2018 agus is ionann é agus méadú 70.9% ar iarratais chothabhála logáilte isteach i 2 bhliain. Mheas an fhoireann theicniúil gur iarratais bhailí 1233 de na hiarrataí deisiúcháin seo.

Le linn mhí na Nollag 2020, sheol an tAonad Cothabhála córas Iarratas ar Dheisiúchán Logála Ar Líne a chuireann ar chumas tionóntaí a n-iarratais ar dheisiúchán tithíochta a logáil ar líne. Is féidir na hiarratais seo a logáil trí Report It de chuid www.galway.ie nó tríd an nasc <https://gccapps.galwaycoco.ie/RepairRequest/>. Tá leibhéal mór spéise curtha ag ár dtionóntaí ann agus chonaic siad gur córas an-éasca le húsáid é. Is é buntáiste an chórais nua ná go ndéantar tionóntaí a nuashonrú de réir mar a théann an fhoireann cothabhála ar aghaidh lena n-iarratas ar dheisiúchán.

Caitheadh glanchaiteachas €1,879,336 ó acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin ar chothabháil stoc tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2020.

Rinneadh oibreacha móra athchóirithe ar 60 áitreabh folamh rud a d'éascaigh tionóntachtaí nua a chumasú.

An Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh & Iarfheistiú (EERP)

Cuireadh tús le hobair i gContae na Gaillimhe faoin gClár Iarfheistiú Fuinnimh Lár Tíre in 2020, inar eisíodh tairiscintí le haghaidh sraith oibreacha feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar 72 réadmhaoin, lena n-áirítear 21 i bPortumna, 16 i nDún an Uchta, 19 i mBéal Átha na Sluaighe, 10 i gCill na Móna agus 6 i dTíne. Meastar go dtosóidh na hoibreacha seo go luath in 2021, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí a fuarthas.

Leithdháileadh maoiniú €98,000 faoin gClár Iarfheistiú Fuinnimh Lár Tíre ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2020.



Seachadadh tithíochta inbhuanaithe: Gort an Chláir, Tuaim

Easpa Dídine

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de Réigiún an Iarthair le haghaidh Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean mar aon le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairlí Contae Mhaigh Eo agus Ros Comáin. Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe an príomhghníomhaireacht agus déantar an maoiniú go léir a sheoladh tríd an gComhairle Cathrach. Déanann Stiúrthóir Seirbhísí i dTithíocht ó na ceithre Údarás suas an Grúpa Bainistíochta do Dhaoine gan Dídean i Réigiún an Iarthair agus tá sé de fhreagracht air maoiniú a shannadh.

Is príomhthosaíocht do Chomhairle Contae na Gaillimhe dul i ngleic le heaspa dídine. Tugadh méadú breise ar an éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean faoi deara in 2020 lena n-áirítear líon na dteaghlach a bhí i láthair mar aon le méadú suntasach le déanaí ar líon na ndaoine singil a bhí i láthair gan dídean le linn 2020.

Is é an aidhm atá againn bealaí amach as easpa dídine a aithint do na daoine aonair agus na teaghlaigh sin atá i gcóiríocht éigeandála chomh tapa agus is féidir.

Tháinig Oifigeach um Choithabháil Tionóntachta agus Oibrí For-rochtana do Dhaoine gan Dídean isteach san Aonad do Dhaoine gan Dídean ag deireadh 2020 agus tá an dá phost á maoiniú ag an Roinn faoi Alt 10 Maoiniú do Dhaoine gan Dídean. Déanfaidh na poist seo tacaíocht riachtanach a sholáthar inár bplean foriomlán chun cabhrú le daoine atá gan dídean, atá i mbaol easpa dídine nó a bhfuil deacrachtaí acu tionóntachtaí a chothú.

Bhí 12 iarratasóir nua in aghaidh na seachtaine ar an meán ag teacht i láthair mar dhaoine gan dídean in 2020. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cóiríocht do 11 theaghlach in aghaidh na seachtaine ar

an gCóiríocht Shealadach Éigeandála do 2020. Bhí 27 duine singil ar an meán i gcóiríocht do dhaoine gan dídean ag am ar bith in 2020. Faoi láthair, tá 9 dteach idirthréimhseacha sa Chontae, lonnaithe i dTuaim, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach, agus Béal Átha na Sluaighe. Thairg Comhairle Chontae na Gaillimhe tionóntacht bhuan do 28 iarratasóir a measadh a bheith gan dídean le linn 2020.

Seirbhís Aimsitheoir Áit do Dhaoine gan Dídean

Bhí ról suntasach ag ceapachán Aimsitheoir Áit HAP do Dhaoine gan Dídean i mí na Samhna 2018 maidir le líon na ndaoine gan dídean a laghdú i gContae na Gaillimhe. In 2020, tugadh cúnamh do thart ar 92 teaghlach le leanaí, lánúineacha agus daoine singil chun réadmhaoine HAP a fháil, agus bhí an chuid is mó díobh seo ina ndaoine gan dídean fadtéarmach a bhí ina gcónaí roimhe seo i gCóiríocht Éigeandála. I measc na ndaoine eile a fuair cúnamh faoin gclár an-rathúil tá daoine ar seirbheáladh Fógraí Scoir orthu óna gcóiríocht, daoine a fhágann an t-ospidéal nó institiúidí eile tar éis cúraim fhadtéarmaigh agus iad siúd ó Sholáthar Díreach.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

Ceanglaítear leis an Acht um Thithíocht (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 go nglacfaidh gach Údarás Tithíochta Clár Cóiríochta Taistealaithe dá limistéar feidhme.

Tugann an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, a glacadh i Meán Fómhair 2019, breac-chuntas ar riachtanais chóiríochta Phobal an Lucht Siúil thar thréimhse cúig bliana ó 2019 - 2024. Tá an líon is mó Lucht Siúil sa tír i gContae na Gaillimhe le 2,647 den Lucht Siúil ina gcónaí sa Chontae.

Agus an Clár seo á fhorbairt, cuireadh béim láidir ar chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear údarais áitiúla tadhlaacha, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, eagraíochtaí áitiúla den Lucht Siúil, Lucht Taistil aonair, an Coiste Comhairleach Áitiúil don Lucht Siúil (LTACC) agus an pobal i gcoitinne. Rinneadh an comhairliúchán forleathan seo chun a chinntiú go mbreithneofaí leasanna gach duine a raibh baint acu le tograí le haghaidh cóiríochta don Lucht Siúil nó a ndeachaigh sé i bhfeidhm orthu agus chun freagairt phleanáilte chuimsitheach ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil a éascú.



Cóiríocht Sonrach don Lucht Siúil á forbairt ag Cluain Órtha, Creachmhaoil

Agus an Clár seo á ullmhú, chomhaontaigh Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe agus an Coiste Comhairleach um Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil ráiteas combhionannais agus cearta daonna a fhorbairt chun ár dtiomantas do chomhionannas agus do chearta an duine a léiriú.

Pléann sé ár n-oibleagáidí, faoin Acht um Chomhionannas agus Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn, aird a thabhairt ar an ngá le hidirdhealú a dhíchur, combhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint agus ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn.

Tá ár dtiomantas don chomhionannas agus do chearta an duine spreagtha ag sraith áirithe luachanna, a bunaíodh mar chomhluachanna chun obair Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe a spreagadh. Is iad na luachanna seo **Dínit, Éagsúlacht agus Rannpháirtíocht.**



Mór-oibreacha athchóirithe curtha i gcrích ag cóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil ag Céide na Canálach, Béal Átha na Sluaighe

De réir Alt 9 d’Acht na dTithe 1988, arna leasú, agus Alt 6 den Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú agus sainaitheint ar riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta na dteaghlach Lucht Siúil le linn thréimhse an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2019–2024. Aithníodh sa Chlár riachtanas de 111 aonad cóiríochta chun freastal ar an riachtanas reatha agus réamh-mheasta, comhdhéanta de riachtanas reatha de 71 agus riachtanas réamh-mheasta a mheastar a bheith 40 aonad.

Cineál Cóiríochta	2019	2020	2021	2022	2024	Iomlán
Scéim Tithíochta Grúpa - Reatha	1	1	1	1	1	5
Scéim Tithíochta Grúpa Nua	0	6	0	0	0	6
Bloc Seirbhíse Láithreán Stad Buan - Reatha	1	3	1	1	1	7
Gnáth-thithíocht Údarás Áitiúil	7	9	11	11	11	49
Ar Cíos Scéim Cóiríochta / Léasú Fadtéarmach	1	0	1	0	1	3
Tithíocht Dheonach	2	2	3	2	3	12
Ceannach ag an Lucht Siúil		1		1		2

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta / Cíos Príobháideach Cóiríocht le / gan Forlíonadh Cíosa	5	7	5	5	5	27
Iomlán	17	29	22	21	22	111

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 Spriocanna

Is é an Riachtanas Réamh-mheasta an Chláir Cóiríochta seo thar thréimhse 5 bliana ná 40 teaghlach, a chuireann leis an riachtanas atá ann cheana, a thugann riachtanas measta iomlán de 111 teach.

Tábla 2: Spriocanna & Seachadadh 2019-2024

De réir cleachtadh athbhreithnithe agus fíoraithe a rinne saineolaithe neamhspleácha in 2019, maidir leis na roghanna a d'aithin an Lucht Siúil ina n-iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta, glacadh gurb é an rogha cóiríochta sainráite atá ag tromlach na n-iarratasóirí ar thithíocht don Lucht Taistil ná caighdeán áitiúil tithíocht údaráis nó cóiríocht príobháideach ar cíos. Dá réir sin, táthar ag súil go gcomhlíonfar an riachtanas foriomlán tithíochta thar thréimhse an Chláir Chóiríochta seo go príomha trí Thithíocht chaighdeánach Údaráis Áitiúil a sholáthar agus trí Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP).

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tabhairt tosaíochta do shuiteáil agus athsholáthar trealamh sábháilteachta dóiteáin, comharthaíocht ina láithreán stad i rith 2020.

Léiríonn an tosaíocht seo freagrachtaí na Comhairle agus freagrachtaí chónaitheoirí cóiríochta an Lucht Siúil caighdeán sábháilteachta dóiteáin atá ceart agus riachtanach a fheabhsú agus a choinneáil.



Spóil Píobáin Dóiteáin Suiteáilte ar Láithreán Stad Thuama

In 2020, chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun oibreacha fairsinge trí shraith tionscadal le haghaidh cóiríocht don Lucht Siúil. Chuimsigh sé seo forbairt agus uasghrádú cóiríochta a bhaineann go sonrach le baill den Lucht Siúil ag láithreacha éagsúla, lena n-áirítear:

- Oibreacha feabhsúcháin ar shaoráidí seirbhíse a chríochnú ar Láithreán Stad Capira;
- Críochnú suntasach ar athchóiriú 4 réadmhaoín faoi scéim thithíochta grúpa ar leith don Lucht Siúil ag Céide na Canálach;
- Dul chun cinn mór-athchóirithe ar 3 réadmhaoín ar scéim tithíochta grúpa do thaistealaithe ar leith ag Sandymount, Cill Iomair;
- Tógáil láithreán stad sealadach comhlíontach COVID-19 ag Páirc Dún Coillín, Creachmhaoil;
- Dul chun cinn suntasach ar thógáil 6 bungaló scoite agus 2 bhá láithreán stad ar Chluain Órtha, Creachmhaoil

Bhí gá le roinnt teaghlach móra a athlonnú ar bhonn sealadach chun go bhféadfadh na hoibreacha tosú ar na réadmhaoine thuas.

D'aithin an Chomhairle, trí thaithí agus trí chomhairliúchán, tithíocht chaighdeánach mar an rogha cóiríochta is fearr le haghaidh fhorhóir mór na dteaghlach Lucht Siúil. Soláthraíonn tithíocht chaighdeánach, lena n-áirítear HAP, RAS agus Cóiríocht ar Cíos Príobháideach, an Lucht Siúil a áireamh i gcláir phríomhshrutha tithíochta agus cuidíonn sé le comhtháthú an Lucht Siúil sa phobal.

Cuireadh cóiríocht ar fáil do 71 teaghlach den Lucht Siúil in 2020 i dtithíocht chaighdeánach Údarás Áitiúil, i dTithíocht Scéim Ghrúpa Sonrach don Lucht Siúil agus faoi na Cláir HAP. In áit nach bhfuil aitheantóir eitneach ar fáil táthar ag brath ar eolas áitiúil agus stairiúil na foirne maidir le daoine aonair a aithint mar bhaill den Lucht Siúil.

Straitéis do Dhaoine faoi Mhíchumas

Rinneadh fis an “*An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016*”, a leathnú go 2020 agus is éard atá ann ná rochtain chomhionann, deis agus rogha, maidir le tithíocht agus tacaíochtaí, do dhaoine faoi mhíchumas. Is é an chéad tosaíocht cóiríocht sa phobal a thairiscint do dhaoine atá ina gcónaí i láthair chomhchónaithe. Le comhoibriú idirghníomhaireachta tá obair shuntasach déanta cheana féin sa réimse seo le 2 -3 bliana anuas sa Chontae. Clúdaíonn an straitéis gach duine faoi mhíchumas agus is iad na catagóirí dá dtagraítear sa Straitéis: (a) míchumas céadfach (b) míchumas sláinte meabhrach (c) míchumas coirp agus (d) míchumas intleachtúil.

I gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Formheasta, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe daoine faoin straitéis míchumais i dtithíocht chomhroinnte, le tacaíochtaí i mBaile Locha Riach agus Béal Átha na Sluaigne. Leanann an Chomhairle ag tairiscint níos mó solúbthachta do dhaoine faoi mhíchumas maidir le tithíocht chomhroinnte a sholáthar le seirbhísí tacaíochta, a d'fhéadfadh seirbhísí cuairte nó seirbhísí cónaithe a sholáthar.



Críochnú Aonaid Rochtana Míchumais - Esker Fields, Béal Átha na Sluaighe

Bainistíocht Tionóntachta agus Eastáit

Bunaíodh an tAonad Bainistíochta Tionóntachta & Eastáit in 2013 laistigh d'Aonad Tithíochta Chomhairle Contae na Gaillimhe chun tiomantas na Comhairle tithe sábháilte marthanacha a sholáthar agus an cúram agus an tacaíocht chun pobail chobhsaí inbhuanaithe a fhorbairt, cosc a chur ar bhriseadh síos tionóntachtaí agus easpa dídine a d'fhéadfadh a bheith ann,

Rinneadh athbhreithniú, nuashonrú ar an Straitéis um Chothabháil Tionóntachtaí don Chontae in 2020 agus glacadh leis, agus leagadh amach ann na hidirghabhálacha agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú lenár dtionóntaí a dtionóntacht a chothú agus cur go dearfach lena gcomharsanacht agus lena bpobal.

Glacann an tAonad Tithíochta agus a chomhpháirtithe cur chuige idir-rannach agus idirghníomhaireachta, mar iarracht cáilíocht na beatha do chónaitheoirí inár n-eastáit tithíochta a fheabhsú. Reáchtáil baill foirne ón Aonad Tithíochta cruinnithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus na Gardaí i rith na bliana agus d'oibrigh siad le chéile chun tacaíochtaí a sholáthar dár dtionóntaí.

Rinneadh Straitéis um Iompar Frithshóisialta Chomhairle Contae na Gaillimhe a athbhreithniú, a leasú agus a nuashonrú i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus ghlac an Chomhairle leis an Straitéis in 2020. Aithnítear gur féidir le hiompar frithshóisialta drochthionchar a imirt ar cháilíocht beatha ár dtionóntaí agus ar chobhsaíocht agus inbhuanaitheacht na bpobal. Aithnítear sa Straitéis um Iompar Frithshóisialta an tábhacht a bhaineann le cur chuige ilghníomhaireachta chun cásanna iompraíochta frithshóisialta a chosc agus a laghdú.

Tugtar breac-chuntas sa Straitéis seo ar fhreagrachtaí agus ar rannchuidiú na Comhairle agus na dtionóntaí i bhforbairt pobail inbhuanaithe. Leagtar amach ann freisin an próiseas chun gearáin a imscrúdú agus chun déileáil leo lena n-áirítear na gníomhaíochtaí is féidir leis an gComhairle a

dhéanamh maidir leo sin a leagan amach. Airítear leis seo úsáid na gcóras CCTV, de réir Beartais Cosanta Sonraí agus CCTV Chomhairle Contae na Gaillimhe. Suiteáladh córais CCTV in 8 láthair sa Choiléar Bán, Baile Átha an Rí; Gortbride, Baile Locha Riach; Bridgecourt, Áth Eascrach; Sráid Crowe, An Gort; Bóthar Gilmartin, Tuaim; Láithreán Stad, Tuaim; An Tír Bhuí, Tuaim agus An Pháirc Mhór, Tuaim.



Gort an Chláir, Tuaim



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, TIMPEALLACHTA AGUS
ÉIGEANDÁLA**

AN tAONAD PLEANÁLA

Sa bhliain 2020 lean an tAonad Pleanála leis an fhorbairt laistigh den chontae a chur chun cinn agus tacú leis an obair sin ionas gur féidir lenár gcustaiméirí maireachtáil i bpobail bhríomhara, áit a gcuirtear luach air agus a spreagtar difríochtaí cultúrtha, áit inar féidir le gach duine a bheith páirteach sa saol gilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, agus ina bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

Tosaíocht Straitéiseach

Chun rannpháirtíocht saoránach is leithne agus is féidir a éascú i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a gcuid pobal agus a gcontae.

COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH

Seirbhísí Pleanála, Timpeallachta, Talmhaíochta agus Éigeandála Coiste Beartais Straitéisigh
Seirbhísí Timpeallachta, Talmhaíochta agus Éigeandála
Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Beartais Straitéisigh sa bhliain 2020.

San áireamh sna príomhshaincheisteanna beartais a pléadh le linn na bliana:-

- Próiseas Plean Forbartha Contae (C.D.P)
- Cur i láthair Fodhlíthe Dramhaíola
- Plean Bainistíochta Abhantraí

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Cuir an méid is fearr is féidir le forbairt leanúnach agus inbhuanaithe eacnamaíochta agus fiontraíochta an chontae.

Chun a chinntiú go bhfuil forbairt leordhóthanach déanta ar an mbonneagar fisiciúil agus sóisialta chun tacú le forbairt eacnamaíochta lenár gcaighdeán saoil a fheabhsú.

PLEANÁIL CHUN CINN

- Leanúint le próiseas ullmhúcháin Plean Forbartha an Chontae 2022-2028 agus leis na pleananna agus straitéisí tacaíochta:
 - a) Straitéisí Croíláir,
 - b) Measúnacht Saintréithe Tírdhreacha,
 - c) Straitéis Fhuinnimh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil (LARS),
 - d) Straitéis Iompair,
 - e) Measúnacht ar an Éileamh ar Riachtanas Tithíochta,
 - f) Na Creataí maidir le Dearadh Uirbeach,
 - g) Tuarascálacha SEA/AA/SFRA.
- Ullmhú líon pleananna lonnaíochta lena gcur san áireamh i bPlean Forbartha an Chontae
- Iarratas Maoinithe ullmhaithe faoin URDF/Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide sa chás gur cuí
- Aighneachtaí ullmhaithe do dhoiciméid náisiúnta, m.sh. an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí agus Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta
- Tuairisceáin seolta chuig Ranna Rialtais maidir le Táscairí Feidhmíochta Éagsúla
- Soláthraíodh ionchur pleanála i nGrúpaí Stiúrtha atá ábhartha don Chontae
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh náisiúnta ríomhphleanála
- Rannpháirtíocht sa tionscnamh Píolótach Pleanála maidir le Gabháil Sonraí Spásúla leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Eagraíodh agus rinneadh bainistíocht ar aistriú na mbeartas nua go léir de réir na Scéime Teanga.

AN RANNÓG BAINISTITHE FORBARTHA

- Cuireadh 2067 Iarratas Pleanála faoi bhráid na hOifige Pleanála sa bhliain 2020.
- Rinneadh 1,635 cinneadh pleanála sa bhliain 2020.
- Fuarthas €805,655.81 i dTáillí Pleanála sa bhliain 2020.

- Cuireadh 90 Iarratas ar Dhearbhú maidir le Forbairt Dhíolmhaithe faoi bhráid na hOifige Pleanála sa bhliain 2020.
- Tithíocht Straitéiseach: 5 comhairliúchán réamhphleanála céim 1 le forbróirí, 2 comhairliúchán réamhphleanála céim 2 leis an mBord Pleanála, 1 chinneadh déanta ag an mBord Pleanála.

BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

An líon gearán a fuarthas sa bhliain 2020	281
An líon Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh	330
An líon Fógraí Forfheidhmithe a seirbheáladh	85
An líon cásanna nua a tarchuireadh chuig an nGníomhaire Dlí agus chuig Aturnaetha Seachtracha i gcomhar Imeachtaí Achoimre	30

Is é beartas Comhairle Chontae na Gaillimhe comhlíonadh le Cead Pleanála a bhaint amach agus cosc a chur ar Fhorbairt Neamhúdaraithé de réir na gceanglas reachtúil atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Tugann foireann an aonaid Rialaithe Foirgníochta faoi na dualgais seo a leanas i gcomhar le Comhlachtaí Reachtúla eile.

- Fógraí Tosaithe/Fógraí 7 Lá a bhailíochtú agus a chlárú tríd an gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta,
- Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus ar Dheimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas a phróiseáil tríd an tSeirbhís Dóiteáin,
- Comhairle a thabhairt do Dhearthóirí/Dheimhnitheoirí Sannta i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta 1997,
- An Deimhniú maidir le Comhlíontacht tráth Críochnaithe a bhailíochtú agus a chlárú,
- An Clár Reachtúil a chothabháil,
- Iníúchadh a dhéanamh ar oibreacha tógála atá ar siúl lena chinntiú go bhfuil na Rialacháin Foirgníochta 1997 á gcomhlíonadh agus forfheidhmiúchán á chur i gcrích más gá.

- g) Comhlíonadh le Táirgí Tógála ag teacht le Rialacháin (Táirgí Tógála) an AE 2013 (Uimh. I.R. 225 de 2013) a chinntiú.
- h) Comhlíonadh le Teastais Rátála Fuinnimh Foirgnimh ag teacht le Rialacha (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (Uimh. I.R. 243 de 2012) a chinntiú.

Fógraí Tosaithe don bhliain 2020

An Líon	Stádas ar an BCMS
740	Stádas ‘Críochnaithe’ fógraí tosaithe ar an BCMS: (732 Fógra Tosaithe Bailí agus 8 bhFógra Tosaithe Neamhbhailí)
85	‘Faisnéis Athbhreithnithe’ maidir le Fógra Tosaithe ar an BCMS

OIDHREACTH

Le linn na bliana 2020, lean Oifig Oidhreachta na Comhairle Contae lena cuid oibre le feasacht, agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn. Tá an tOifigeach Oidhreachta i mbun oibre chun spéis, oideachas, eolas agus mórtas in oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na tionscadaí a tugadh fúthu sa bhliain 2020:



Seoladh *Treoir Mhaisithe d'Oidhreacht Eaglasta Chontae na Gaillimhe*/Illustrated Guide to the Ecclesiastical Heritage of the County of Galway i Leabharlann Bhaile Locha Riach

Sheol an Comhairleoir Gabe Cronnolly, Leas-Chathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe an foilseachán dhá theangach dar teideal *Treoir Mhaisithe d'Oidhreacht Eaglasta Contae na Gaillimhe*. Baintear leas, san fhoilseachán ina bhfuil 187 leathanach, as tuarascálacha iniúchta, ar cartlann fótagrafaíochta agus as torthaí doiciméid atá ag eascirt as 6 bliana de chomhairliúchán pobail, taighde deisce agus cuairteanna láithreán chuig 140 séipéal i gContae na Gaillimhe. Bhí fótagrafaíocht agus taifeadadh a dhéanamh ar shaothair ealaíne, troscán agus feistis aitheanta chomh maith le comhairliúchán le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear, cléir eaglasta, feighlithe, pobail áitiúla agus ealaíontóirí éagsúla a bhaineann leis na saothair ealaíne i gceist leis an iniúchadh sé bliana seo. Chuathas i gcomhairle freisin le láithreáin gréasáin agus le bunachair sonraí ar líne le heolas a fháil maidir le healaíontóirí agus ailtirí atá ag obair i réimse ealaíne agus ailtireachta eaglasta in Éirinn. San áireamh bhí láithreáin thiomanta do chleachtóirí gairmiúla, láithreáin gréasáin pearsanta ealaíontóirí, dánlanna ar líne agus láithreáin gréasáin ginearálta, ar nós láithreáin gréasáin pobal-bhunaithe áitiúla agus láithreán gréasáin Oidhreacht Phobail na Gaillimhe www.galwaycommunityheritage.org. Bailíodh agus cuireadh eolas le chéile maidir le hailtireacht séipéil chomh maith leis na hailtirí agus na dearthóirí a bhí bainteach le tógáil agus le dearadh na séipéal. Chruthaigh láithreáin gréasáin agus foilseacháin pobail áitiúla a bheith ina bhfoinse luachmhar eolais i líon cásanna.

Tá doimhneacht an iniúchta le tabhairt faoi deara go soiléir san fhoilseachán seo agus tugann léargas iontach ar thábhacht seandálaíochta, stairiúil, ailtireachta, ealaíonta agus amhairc na hacmhainne oidhreachta eaglasta inár gcontae.

Cuireann an leabhar na sócmhainní oidhreachta eaglasta atá sa chontae i láthair. Tugann sé blaiseadh don phobal, do chomhairlí tréadacha, don chléir, do riarthóirí, do lucht acadúil, d'ealaíontóirí agus do dhaoine a bhfuil spéis acu in oidhreacht, ar shaibhreas na hoidhreachta eaglasta i gContae na Gaillimhe.



Sa ghrianghraf ó chlé go deas: Joe Loughmane, Clare Doyle agus Christy Kelly

Tionscadal Oidhreachta Geolaíochta



Radharc ó Bhinn Chuanna ó thuaidh os cionn Loch Muc, le Leithinis Ros Rua, an Caoláire Rua agus Cnoc Maol Réidh le feiceáil uait.

Tá sé mar aidhm leis an tionscadal treoir maidir le hacmhainn geolaíochta a fhorbairt do Dhaltáí an Teastais Shóisearaigh. Ag glacadh leis gur tugadh an tIníúchadh Oidhreachta Geolaíochta do Ghaillimh chun críche i ndeireadh na bliana 2019, agus go raibh an t-amhábhair ansin chun líon acmhainní litríochta agus eolais ginearálta a fhorbairt don chontae, agus gurbh í an chéim tosaigh leabhar saothair do scoileanna a chruthú agus a fhorbairt maidir le hoidhreacht geolaíochta Chontae na Gaillimhe. Gabhann buntáistí oideachais fada agus iomráiteacha le leabhar saothair ar ábhair eolaíochta atá casta ar nós na geolaíochta. Cuireann siad an deis ar fáil do leanaí oibriú go neamhspleách nó i ngrúpaí. Cuireann siad díospóireacht spéisiúil agus anailís mhion ar fáil ar an ábhar atá idir lámha. Tá siad tarraingteach agus cuireann siad oideachas maith ar fáil maidir leis an ábhar mar go bhfuil na fíricí ceart. Déanann siad scileanna smaointeoireachta ríthábhachtacha a mhúineadh, agus thar aon rud eile díríonn siad ar cheantar an duine féin. Líonann siad bearnaí san oideachas a bhí mar shaincheist a bheag nó a mhór i gcónaí ó thaobh na geolaíochta de.

Áirítear sa leabhar saothair, gnáth-achóimre Béarla maidir le stair gheolaíochta Chontae na Gaillimhe agus áirítear ann, léaráidí líonmhara atá dréachtaithe go sonracha chun roinnt de na smaointe atá níos casta atá taobh thiar de stair gheolaíochta na gloch atá sa chontae a léiriú. Tugtar achoimrí réigiúnacha maidir

le stair na buncharraige, agus a oiread agus is féidir, déantar cur síos agus tugtar breac-chuntas ar láithreáin a bhfuil cáil mhór orthu ó thaobh gnéithe sonracha geolaíochta ar fud an chontae. Tá go leor grianghraif daite atá ar ardchaighdeán sa téacs agus cuidíonn quizeanna agus ceisteanna chun cuidiú le nádúr fiosracha an leabhair saothair a fheidhmiú i gcónaí. Déantar iarracht in alt suntasach ag an deireadh maidir leis an ngeolaíocht sa saol laethúil i nGaillimh acmhainní Cruinne an chontae a cheangal le gnéithe talmhaíochta, tionsclaíochta agus oidhreachta an Contae. Chomh maith leis sin, cuireadh físeáin Geo-Oidhreachta ar líne maidir le Geolaíocht na Gaillimhe ar fáil do Sheachtain na hOidhreachta. Tá sé i gceist an téacs a aistriú go Gaeilge sa bhliain 2021 agus an leabhar saothair a phriontáil agus a dhearadh.

Tionscadal Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair

Tá sé mar aidhm leis an tionscadal geopháirc a fhorbairt sa cheantar thimpeall ar Dhúiche Sheoigheach agus ar theorainn na Gaillimhe Mhaigh Eo, Loch Measca, Loch Cearra, agus Loch Coirib, agus é i gceist iarratas a dhéanamh ar stádas iomlán Geopháirc Domhanda UNESCO. Is ionann geopháirceanna agus áiteanna lena mbaineann tábhacht geolaíochta idirnáisiúnta atá á mbainistiú de réir coincheap iomlánaíoch ó thaobh cosanta agus oideachais agus forbairt gheilleagrach. Níl aon stádas dlíthiúil nó srianta pleanála breise maidir le reachtaíocht áitiúil, náisiúnta nó AE ag gabháil le Geopháirc UNESCO ó thaobh geopháirceanna atá ann cheana féin. Tá an tOifigeach Oidhreachta mar chomhalta den ghrúpa Stiúrtha agus freastalaíonn ar chruinnithe. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach:



<https://joycecountrygeoparkproject.ie/en/>

Tionscadail Oidhreachta Gastranamaíochta Iarthar na Gaillimhe 2020

Lean an Oifig Oidhreachta lena cuid oibre le pobail agus le heagraíochtaí áitiúla chun faisnéis a bhailiú maidir le hoidhrecht gastranamaíochta an chontae agus maidir le haschur i scríbhinn, clos-aschur agus fíis-aschur a ullmhú don láithreán gréasáin.

Alcock agus Brown

Rinneadh dhá leabhar saothair maidir le Alcock agus Brown a dhearadh agus a phriontáil do na Ranganna Sóisearach agus Sinsearach sna Bunscoileanna. Scaipfear na leabhair saothair ar bhunscoileanna i gContae na Gaillimhe.



An Scéim Deontas Oidhreachta mar chuid den Scéim Deontais Pobail:


Rinneadh measúnú ar dheontais, rinneadh coinníollacha a shannadh agus cuireadh cúnaimh ar fáil do ghrúpaí agus do scoileanna agus rinneadh íocaíochtaí deontais a phróiseáil.

Baile Múrtha Meánaoiseach Bhaile Átha an Rí: Leabhrán maidir leis an Am atá Caite agus leis an Am i Láthair



Grianghraf: Mainistir na nDoiminiceach, Baile Átha an Rí



Cuireann an foilseachán seo léargas éasca ar fáil maidir le hoidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Átha an Rí. Leagtar amach san fhoilseachán freisin an obair chaomhnaithe atá déanta le 13 bliain anuas agus liostaítear freisin na hacmhainní a cuireadh ar fáil a bhfuil spéis ag daoine éagsúla iontu, lena n-áirítear, scoileanna agus gnólachtaí agus iad siúd a bhfuil spéis acu i stair agus in oidhreacht áitiúil agus ag cuairteoirí chuig Baile Átha an Rí. Léirítear sa leabhrán freisin an comhoibriú leis an gcoiste, leis an bpobal áitiúil, le Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Chomhairle Oidhreachta agus leis an IWTN maidir le caomhnú, bainistiú agus cur chun cinn an acmhainn oidhreachta meánaoiseach dochreidte seo Bhaile Átha an Rí agus lena ghnéithe oidhreachta éagsúla, ar nós, an Gheata Thuaidh, Mainistir na nDoiminiceach, an Caisleán srl. Chun an leagan ar líne den fhoilseachán seo a fheiceáil, téigh go dtí <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/heritage-publications/athenry-medieval-walled-town-2>







Lá Fíorúil Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí

ATHENRY VIRTUAL 2020 LEARNING FROM OUR HERITAGE
 WALLED TOWNS DAY SUNDAY 16th AUGUST
 ONLINE ACTIVITIES FOR ALL AGES

A VIRTUAL MÆDIEVAL EXPERIENCE OF...
 CRAFTS • MUSIC • WEAPONRY • ART • HERITAGE TALKS & WALKS •
 MÆDIEVAL FOOD & MUCH MUCH MORE!!
FOR THE VIRTUAL EXPERIENCE LOG ONTO...

Galway County Heritage Office  <https://rb.gy/tnbj8f>
 Athenry Heritage Centre  <https://rb.gy/mfzay8>

PROJECT DEVELOPED BY GALWAY COUNTY COUNCIL AND ATHENRY ARTS & HERITAGE CENTRE
 FUNDED BY GALWAY COUNTY COUNCIL AND THE HERITAGE COUNCIL

Reáchtáladh an lá spraoi seo don teaghlach an Domhnach, 16 Lúnasa 2020 agus ‘Ag Foghlaim ónár nOidhreacht’ a bhí mar théama. Bhí na himeachtaí leagtha amach chun freastal ar ghrúpaí den uile aois agus bhí téama láidir ó thaobh cur le hoideachas agus le feasacht ag gabháil leo. Bogadh Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí go hardán fíorúil i mbliana mar gheall ar COVID- 19 agus ‘Ag Foghlaim ónár nOidhreacht’ a bhí mar théama le himeachtaí na bliana seo. Bhí Lá Fíorúil Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí 2020 leagtha amach lena bheith ionchuimsitheach, inrochtana agus saor in aisce don uile dhuine lena fheiceáil ar ár láithreán gréasáin agus ar na hardáin mheáin shóisialta. Léirítear sa chlár, stair mheánaiseach Bhaile Átha an Rí agus tá sé ar ardán ar líne chun ceardaíocht, bia, ceol agus sócmhainní oidhreachta shaibhir an bhaile a thaispeáint. Taispeántar sna 39 físeán, podchraoladh agus doiciméad saibhreas na hoidhreachta tógtha agus cultúrtha i mbaile meánaiseach Bhaile Átha an Rí. Rinneadh é seo a sheachadadh ar líne ar Galway Beo Facebook agus ar <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/athenry-virtual-walled-town-day>


Féile Fhíorúil Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach



Mar gheall ar Covid-19 b'éigean Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a bhogadh chuig ardán ar líne. 'Foghlaim, Ceangail agus Déan Ceiliúradh ar an tSeanaimsir Mheánaoiseach'. Rinneadh forbairt ar os cionn 40 físeán, gníomhaíocht agus podchraoladh agus rinneadh iad a dhearadh lena bheith ionchuimsitheach, inrochtana agus saor in aisce don uile dhuine lena fheiceáil ar ár láithreán gréasáin agus ar na hardáin mheáin shóisialta. Cuireadh an t-imeacht amach ar leathanach Facebook Galway Beo an 23 Lúnasa agus ar an láithreán gréasáin

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/loughrea-virtual-medieval-festival>


Rinneadh forbairt ar Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach i gcompháirtíocht le Coiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach agus fuarthas maoiniú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ón gComhairle Oidhreachta. Rinneadh 41 físeán, scannán, podchraoladh agus doiciméid a uaslódáil ar an láithreán gréasáin agus tá siad ar fáil saor in aisce don uile dhuine le taitneamh a bhaint astu agus tuiscint níos fearr a fhail ar oidhreacht mheánaoiseach Bhaile Locha Riach.

Baile Meánaoiseach Bhaile Locha Riach: Leabhrán maidir leis an Am atá Caite agus leis an Am i Láthair

Déantar iarracht le *Baile Meánaoiseach Bhaile Locha Riach: San Am atá Caite agus san Am i Láthair*, tuiscint, eolas agus mórtas a chruthú in oidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Locha Riach agus beidh bainistíocht agus caomhnú níos fearr ar an acmhainn oidhreachta tábhachtach seo mar thoradh air sin. Cuirtear breac-chuntas ar fáil sa leabhrán seo ar an stair maidir leis an mbaile meánaoiseach agus léirítear na príomhfhoirgnimh, struchtúir agus doiciméid atá ar fáil chun cuidiú leis an duine áitiúil agus leis an gcuairteoir tuiscint níos leithne a fháil ar ghnéithe meánaoiseacha an bhaile. Tugtar léiriú freisin ar obair Choiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach, Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an IWTN agus na Comhairle Oidhreachta ón mbliain 2014 go dtí an lá atá inniu ann.

Éire Ildánach:

Rinne an Oifig Oidhreachta seachadadh ar na tionscadail seo a leanas mar chuid de thionscnamh Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2020:




Tugann ‘Golden Wings’ léargas ar dhomhan rúnda Scréachóg Reilige na hÉireann

Leanann ‘Golden Wings’ aistear na Scréachóige Reilige baineann ó théann sí ar gor go dtagann na héin bheaga amach agus go mbíonn a hál féin aici, agus an méid a thiteann amach idir an dá linn. Féachann an léitheoir ar an domhan trí shúile ‘Golden Wings’, a sholáthraíonn tuiscint uathúil ar shaol na Scréachóga Reilige agus na dúshláin atá i ndán dóibh i gceantar tuaithe nua-aimseartha na hÉireann.

Ar nós cuid mhaith éanlaithe talaimh feirme in Éirinn, tá acmhainní atá ag dul i léig agus easpa gnáthóga oiriúnacha mar thoradh ar an tírdhreach talmhaíochta atá ag athrú agus atá ar fáil don Scréachóg Reilige. Tá laghdú tagtha ar dhaonra na Scréachóige Reilige agus cé nach bhfaca formhór na ndaoine Scréachóg Reilige san fhiántas riamh, tá siad ar cheann de na héin is mó a bhfuil aithne againn orthu agus ar cheann de na héin is mó a bhfuil cion againn orthu. Tugann ‘Golden Wings’ leo go paiteanta an spéis nádúrtha atá ag leaná sa Scréachóg Reilige agus déantar iniúchadh ar roinnt de na cúiseanna go bhfuil siad chomh neamhchoitianta faoin tuath in Éirinn ar bhealach atá inrochtana agus mealltach do leaná.

Is iad Cairde Éanlaith Éireann agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chuir an leabhar ar fáil agus is gníomh atá ann de chuid Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022 agus Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2018-2022. Fuarthas maoiniú don leabhar ó Éire Ildánach agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ag Léamh Tírdhreacha: Tionscadal an Chreagáin



Sa bhliain 2020, bhí cur ar fáil eolaí póca i ndáil le hOidhreacht an Chreagáin mar thoradh ar an tionscadal seo. Déantar cur síos sa leabhrán, trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Líonra Turasóireachta Oidhreachta an Chreagáin, ar 28 láithreán oidhreachta thart timpeall air agus laistigh de bhaile an Chreagáin. D'oibrigh Zena Hoctor, Comhairleoir Oidhreachta leis an ngrúpa áitiúil oidhreachta agus turasóireachta sa Chreagán a thug faoi 'Reading the Landscape' 'ag Léamh Tírdhreacha' chun an leabhrán seo a chur i gcló. Tríd is tríd, cuireadh 5000 leabhrán ar an iomlán ar fáil agus tá siad á scaipeadh go háitiúil.

GlanFest

Tugadh cúnamh do Ghrúpa Oidhreachta Ghleann na Madadh Bhuíbheanach chun GlanFest a fhorbairt, féile oidhreachta ar líne don diaspóra. Le tuilleadh faisnéise a fháil féach:

<https://www.glenamaddyheritage.com/events/>

Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma

D'oibrigh an tOifigeach Oidhreachta i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha ó thaobh forbairt a dhéanamh ar acmhainní oideachais d'Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma.

Tionscadal Bithéagsúlachta

Cuireadh comhairle agus treoir ar fáil maidir le gnéithe éagsúla den bithéagsúlacht, lena n-áirítear, plandáil crainn, déileáil le speicis ionracha agus pleananna i leith pailneoirí, do lucht na mBailte Slachmhara, do Ghrúpaí Pobail agus do Scoileanna ar fud an chontae.

Buzz na Gaillimhe!

Bhí Lá Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta ar siúl an 22 Bealtaine agus é mar aidhm leis ceiliúradh a dhéanamh ar luach na bithéagsúlachta dár saol laethúil. ‘Tá na freagraí ar fáil sa nádúr’ a bhí mar théama sa bhliain 2020, a léiríonn an cumas úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar an nádúr chun feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil agus ar an domhan nádúrtha a bhfuilimid ag brath air.

THE GALWAY

BUZZ!

Celebrating National Biodiversity Week in the County of Galway 22nd to 29th May 2020
Ceiliúradh ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe, 22 - 29 Bealtaine 2020

Competition

Send us in a short video, photograph or drawing on any aspect of the wonderful biodiversity that is on your doorstep or what you are doing for pollinators in your garden or community. For some inspiration see <https://pollinators.ie/resources/local-communities/>

We have some wonderful prizes for children and adults for the winning entries. Closing date for receipt of entries is Friday 29th May 2020. Please email your entries to thegalwaybuzz@gmail.com

Comórtas

Seol fiseán gearr, grianghraf nó liníocht chugainn ar aon ghné den bithéagsúlacht álainn atá ar leac an dorais agat nó ar atá ar siúl agat ar mhaithe leis na pailneoirí i do gharraí nó i do cheantar féin. Féach ar an nasc seo a leanas chun ábhar inspioráide a fháil <https://pollinators.ie/resources/local-communities/>

Tá duaiseanna iontacha againn do leanaí agus do dhaoine fásta a n-éireoidh leo an comórtas a bhuachan. Dé hAoine an 29 Bealtaine 2020 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol bhur gcuid lontrálacha ar ríomhphost chuig thegalwaybuzz@gmail.com

Connecting people with nature

An ceangal a chothú idir an duine agus an dúlra

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

A member of
GALWAY COUNTY HERITAGE

people & culture

ALDEASH
COMMUNITY
PARTNERSHIP
SOCIETY

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta agus ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta go fíorúil trí ‘Buzz na Gaillimhe’. Bhí téama éagsúil a bhain leis an mbithéagsúlacht i gceist gach uile lá de Buzz na Gaillimhe, lena n-áirítear, díriú ar éin, ar fhálta sceach agus ar chrainn, ar obair Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara, ar uisce agus ar an fhiadhúlra, ar phailneoirí, ar thionscadail bithéagsúlachta pobal-bhunaithe, ar acmhainní do scoileanna agus do leanaí agus ar deireadh, an bealach lena bheith i do chosantóir bithéagsúlachta.

Bhí sé i gceist le Buzz na Gaillimhe freisin daoine a cheangal leis an nádúr agus iad a spreagadh leis an domhan nádúrtha ar a bhfuilimid go léir ag brath a chosaint.

Oibríonn go leor grúpaí pobail, grúpaí Bailte Slachtmhara agus scoileanna i nGaillimh gan sos gan scíth lenár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú agus chuir Buzz na Gaillimhe roinnt dá gcuid oibre ar taispeáint agus chuir siad acmhainní ar fáil do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí amach anseo. Reáchtáladh comórtais ar feadh na seachtaine freisin i gcomhpháirtíocht le Galway Bay FM agus iarradh ar dhaoine a ngrianghraif bithéagsúlachta agus fiadhúlra a chomhroinnt agus tugadh duaiseanna amach gach aon lá.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscnamh seo féach:

<https://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/>

<https://www.facebook.com/peopleandnature/>

https://www.youtube.com/channel/UC_bWW4CrzofP-4HIMwjTMfg

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe mar chomhpháirtí i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí



Síniú foirmiúil an Phlean um Pailneoirí, ó chlé, an Comhairleoir James Charity, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe agus Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tá ról ceannasach ag Comhairlí le háit a dhéanamh d'oileán na hÉireann ina mbeidh pailneoirí in ann maireachtáil agus borradh a bheith fúthu agus dá bhrí sin cláraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí i mí Meán Fómhair 2020.

Físeán agus Acmhainní Oideachais Cheathrú na gCapall



Físeán le Cairde Éanlaith Éireann agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe, maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht) ar a dtugtar ‘an Saol ar an bPortach’; taispeántar i bhfíseán bithéagsúlacht shaibhir Cheathrú na gCapall, an fiadhúlra atá ag teacht ar ais go mall arís ar an bportach agus na hiarrachtaí atá faoi bhealach leis an láithreán speisialta seo a chur ar ais ina cheart arís. Taispeánadh an físeán ar nuacht RTE agus rinneadh tagairt dó sa phreas áitiúil agus náisiúnta freisin. Chomh maith leis an fhíseán, cuireadh acmhainní eile oideachais ar fáil a bhaineann le ‘Portach Beo na Gaillimhe’. Le tuilleadh faisnéis a fháil féach:

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/carrownagappul-bog>

Ginealas na Gaillimhe

Insítear dúinn i dtaifid na staire a bhaineann leis an teaghlach, faoinár sinsir agus tugtar léargas dúinn ar an saol a bhí acu. Tá gach uile theaghlach difriúil agus ach tá an próiseas chun tuilleadh faisnéise a fháil fúthu mar an gcéanna agus tá díriú ar dhaoine, ar áit agus ar am, i gceist leis. Cuireadh sraith de 9 gcinn de ranganna teagaisc ar fáil chun cuidiú le daoine tuiscint a fháil ar na foinsí taifid atá ar fáil agus ar an mbealach le ciall a bhaint astu. Téann a raon ó Leabhair Ceapoinnt na nDeachúna, Luacháil Uí Ghríofa, taifid an tséipéil paróiste, breitheanna, básanna agus póstaí agus taifid de thras-scríbhinn cloch cinn reilige. Is féidir leat, ag tosaigh leis an fhaisnéis atá agat maidir leat féin, oibriú siar agus tuilleadh a fhoghlaim maidir leis na glúnta a chuaigh romhat. Tá ar chumas na dtaifead faisnéis a thabhairt do dhaoine maidir leis an mbaile ach is iad na daoine atá i gcoirílár an scéil. Chun féachaint ar na hacmhainní sin: <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/your-galway-genealogy>

Bailte Slachtmhara Fíorúla na Gaillimhe

Tionscadal Bhailte Slachtmhara Fíorúla Chontae na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Grúpaí Bailte Slachtmhara ag obair le chéile agus ag fanacht ceangailte.

Fad atá gach duine ag fanacht slán sa bhaile agus ag fanacht óna chéile, tá daoine fós ag déanamh nithe go leor mar ag bearradh gairdíní (cuimhnigh áiteanna a fhágáil gan bearradh do phailneoirí), ag cur bláthanna is maith leis na beacha sa ghairdín, ag beathú na n-éan, an dramhail a chosc, a scagadh agus a laghdú, múirín a dhéanamh srl. Smaoinigh ar na meáin shóisialta a úsáid chun a bhfuil ar bun agat sa bhaile agus sa ghairdín a roinnt leis an bpobal ar mhaithe leis an bpobal agus an timpeallacht.

Ar an tsí chéanna, má bhíonn tú amuigh ag siúl gar don teach, ach ag fanacht amach ó dhaoine ag an am céanna, seol grianghraf nó pictiúr d'aon nithe sa dúlra, sa bhfadhúra nó a bhaineann leis an oidhreacht chuig do ghrúpa áitiúil Bailte Slachtmhara ar Facebook le roinnt daoine eile nó bunaigh leathanach Bailte Slachtmhara fíorúil do do cheantarsa. Chun moltaí agus noda a fháil, féach leathanach Facebook Bailte Slachtmhara Fíorúla Chontae na Gaillimhe nó seol ríomhphost chuig Galwayvirtuaitt@gmail.com <https://galwaycommunityheritage.org/>

COUNTY OF GALWAY Virtual Tidy Towns Project

Galway County Council and Tidy Towns Groups working together and staying connected.

Tháinig grúpaí Bailte Slachtmhara ar fud Chontae na Gaillimhe le chéile go fíorúil chun fanacht nasctha agus fanacht sábháilte le linn ráigeanna Covid-19. Ghlac grúpa Bhailte Slachtmhara Bhaile Liam an stiúir trí ghrúpa fíorúil Bailte Slachtmhara a bhunú dá gceantar, chun ardán a thabhairt do dhaoine maidir leis an méid atá idir lámha acu ina gceantar féin le linn tréimhse atá thar a bheith dúshlánach dá gcuid teaghlach, dá bpobal agus don timpeallacht agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht agus ar an mbithéagsúlacht áitiúil. Cé go bhfuil an uile dhuine ag fanacht sa bhaile agus ag coinneáil le scaradh sóisialta, tá daoine fós ag tabhairt faoi nithe ar nós, an féar a ghearradh (agus iad ag fágáil áiteanna gan ghearradh ar mhaithe le pailneoirí!), ag cur bláthanna atá fabhrach do na beacha, ag beathú éin, ag cosc, ag laghdú agus ag deighilt a gcuid dramhaíola, ag déanamh múirín, srl. Spreag Bailte Slachtmhara Fíorúla Bhaile Liam daoine le grianghraf nó cur síos a sheoladh isteach maidir leis an méid atá idir lámha acu chun an méid sin a chomhroinnt le daoine eile sa sráidbhaile agus chun fanacht nasctha. Rinneadh daoine a spreagadh chun dul ar shiúlóid ghearr ina aice lena gcuid tithe cónaithe (ag coinneáil le scaradh sóisialta ag an am céanna), rinneadh daoine a spreagadh chun grianghraf, píosa filíochta, scéal nó pictiúr a sheoladh chuig leathanach Facebook Grúpa na mBailte Slachtmhara chun iad sin a chomhroinnt le daoine eile.

Neadú dea-chleachtas i gComhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an mbithéagsúlacht agus le pailneoirí



Reáchtáladh seisiúin oiliúna agus comhairliúcháin ar líne leis an fhoireann sna príomhranna i gComhairle Chontae na Gaillimhe ar mhaithe le réimsí a aithint i bpleananna agus i gcláir oibre na Comhairle a bhfuil an acmhainneacht acu tionchar dearfach agus diúltach a bheith acu ar an mbithéagsúlacht.

Is é a bhí mar phríomhaidhm leis na seisiúin seo cur chuige dea-chleachtais a neadú chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a chaomhnú i ngach oibríocht de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe agus riachtanais bhreise oiliúna agus treorach a aithint chun cuidiú leis an fhoireann ó thaobh a gcuid oibre.

Cuireadh na seisiúin oiliúna agus comhairliúcháin in oiriúint do ranna difriúla na Comhairle agus clúdaigh siad raon leathan ábhar, lena n-áirítear, speicis ionracha, bainistíocht féaraigh do phailneoirí, cáilíocht an uisce a chosaint, an creat dlíthiúil a thugann cosaint don bhithéagsúlacht, tionscadail pobail, cur crann agus ag bainistiú crann, srl. Cuireadh na scannáin ghearra a bhí ag gabháil le, ag Obair in aice le hUisce agus ag Obair le hOidhreacht chun cinn arís le linn Seachtain na Bithéagsúlachta 2020 agus le linn Seachtain na hOidhreachta 2020 (<https://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/content/new-contributions/water-and-wetlands>).

Cruthaíodh bunachar Excel maidir le Bithéagsúlacht foilsithe agus neamhfhoilsithe agus tuarascálacha agus foilseacháin a bhain le Gaillimh. Tugadh faoi chuardach chuimsitheach ar an idirlíon chun foilseacháin agus naisc ábhartha a aithint. Bhíothas i dteagmháil freisin le foireann agus le mic léinn NUI, Gaillimh agus an GMIT, le saineolaithe agus le heagraíochtaí áitiúla le haghaidh aighneachtaí a chur isteach. Ba chóir gur acmhainn úsáideach a bheidh sa bhunachar d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus dóibh siúd atá ag obair ar thionscadail bithéagsúlachta agus oidhreachta sa chontae.

Grúpa Oibre maidir le Speicis Ionracha

Cuimsíonn comhaltaí an Ghrúpa Oibre maidir le Speicis Ionracha comhaltaí ó Rannóg na mBóithre, na Maoir Phobail, ón Rannóg Timpeallachta, Oifig na nUiscí Poiblí agus ón Rannóg IT. Déileálann an Grúpa Oibre maidir le Speicis Ionracha le fiosruithe ó dhaoine den phobal maidir le speicis ionracha ar thailte poiblí agus le fiosruithe ón bpobal. Cuireadh uirlis thacaíochta do chinntí maidir le speicis ionracha ar fáil d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2020. Chomh maith leis sin rinneadh cóireáil ar líon beag láithreacha roghnaithe a raibh foirgeacht ó thaobh Gunnaire agus Glúineach Bhiorach le fáil iontu.

Uirlis Thacaíochta do Chinntí maidir le Speicis Ionracha

Tá forbairt déanta ar uirlis thacaíochta do chinntí maidir le speicis ionracha d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, déileálann an uirlis thacaíochta leis na hábhair seo a leanas:

Cad is speiceas ionrach ann?

Conas a aithneoidh mé speiceas ionrach?

Creat Dlíthiúil

Cén tionchar eacnamaíoch a bhíonn ag speicis ionracha?

Cén cur chuige atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe?

Cé dó a dtabharfaidh mé fógra maidir le speicis ionracha?

Cad ba chóir dom a dhéanamh sa chás speicis ionracha a bheith i suíomh oibre reatha nó i suíomh oibre féideartha? (m.sh. ciumhais bóthair, páirc phoiblí, maoin atá faoi úinéireacht na Comhairle)

a. Glúineach Bhiorach

b. Gunnaire

c. Balsam Himiléach

d. Ollfheabhrán

Cén bealach a dtabharfaidh mé faoi chlár rialaithe?

Cad nach mór dom a bhreithniú agus mé ag cur speiceas ionrach faoi smacht ar shuíomh?

Cad iad na modhanna rialaithe do speicis ionracha?

Breithnithe maidir le tosaíocht a thabhairt do speiceas lena rialú

Comhairle sonracha d'oibreacha áirithe

Bearradh fáil

Oibreacha bóthair


Úsáid luibhicíde mar chuid de chlár rialaithe maidir le speicis ionracha

Bearradh féir


Tuilleadh Faisnéise

Deich mBliana na gCuimhneachán

Cuireadh dhá fhoilseachán nua ar fáil sa bhliain 2020, *Defying Terror: Jeremiah Mee, Glenamaddy and the Listowel Mutiny, 1920*, a bhí mar theideal ar an gcéad cheann acu sin.



Cuireadh an leabhar seo ar fáil chun ceiliúradh a dhéanamh ar Cheannairc Lios Tuathail, faoi cheannas an Ghaillimhigh, Jeremiah Mee, agus a chomrádaithe i mBeairic RIC Lios Tuathail a d'éirigh as na póilíní seachas an bheairic a thabhairt ar lámh d'Fhórsaí na Corónach i mí an Mheithimh 1920.




The Life & Death of the Loughnane Brothers, an Bheitheach, Contae na Gaillimhe, an teideal atá ar an dara foilseachán. Bhí fuadach agus dúnmharú na nÓglach, Harry agus Patrick Loughnane as Seaneaglais, Deisceart na Gaillimhe ar cheann de na himeachtaí ba bhrúidiúla le linn Chogadh na Saoire. Déantar scrúdú sa staidéar gearr seo ar na himeachtaí maidir leis na dúnmharuithe, an tuairim áitiúil sa cheantar agus na gníomhartha níos leithne idir na hÓglaigh agus Fórsaí na Corónach i nDeisceart na Gaillimhe le linn na tréimhse seo.

Cuireadh tuilleadh faisnéise le láithreán gréasáin dhátteangach Dheich mBliana na gCuimhneachán i gcomhpháirtíocht le Staidéar Oidhreachta an GMT.

‘Changing Times’ Comhdháil Fíorúil Ghrúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach

Is iad Comhairle Chontae na Gaillimhe a d’eagraigh an chomhdháil seo i gcomhpháirtíocht le Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach. Fuarthas tacaíocht don chomhdháil seo ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Shraith Pobail chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Is gníomh de chuid Straitéis Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 atá i gceist leis seo. Baineann na hábhair a chlúdaítear leis an méid seo a leanas: *Galway Soldiers who defied the Crown, James Daly and the Indian Mutiny of the Connaught Rangers; Treating 'trauma': Galway's female revolutionary doctors; Connacht in the Military Service (1916 – 1923) Pensions Collection and Terror in County Galway: The Life and Death of the Loughnane Brothers of Beagh, 1920.*

D'fhéach os cionn 5,000 duine ar na léachtaí ar líne go dtí seo.



Tionscadail maidir le hEisimirce agus maidir leis an Diaspóra

Tionscadal *Scéim Eisimirce Tuke*

Lean an Oifig Oidhreachta ag obair ar an tionscadal seo le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard agus le hIonad Cuimhneacháin na nÍmirceach Carna. Rinneadh forbairt agus cuireadh faisnéis ar líne ar fáil maidir le heisimirce agus leis an diaspóra. Féach nasc <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galway-emigration-and-diaspora-connections>

ICAN – Láithreán Gréasáin Oidhreachta Pobail

Lean an Oifig Oidhreachta ag obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla chun tuilleadh forbartha dhéanamh ar an láithreán seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oiliúint oidhreachta araon ar fáil do na grúpaí ar feadh na bliana.

Féile na gCloch 2020 go Fíorúil

féile na gCloch
INIS OÍRR

2020
FÉILE FHÍORÚIL

SRUTHÚ BEO:
Dé hAoine agus Dé Sathairn an 18 agus 19 Meán Fómhair
ag 1pm ar
<https://tinyurl.com/yxjmsfo4>

TÓGÁIL BALLAÍ • PÁBHÁIL • SNOÍODÓIREACHT CHLOICHE • SCEITSEÁIL

**Dé hAoine agus Dé Sathairn
an 18 agus 19 Meán Fómhair 2020**

Téigh agus fiosraigh an cheird a bhaineann le ballaí cloiche a thógáil, litreoireacht, a bheith ag obair le haoil, sceitseáil agus go leor eile...ó Inis Oírr, ó cheantair éagsúla ar fud na tíre agus ar fud an domhain.

Comórtais

Cuir isteach ar ár gcomórtais iontach agus téigh ar thuras fíorúil chuig Inis Oírr.

Chun sult a bhaint as an eispéireas fíorúil seo logáil isteach ar:

Galway Beo <https://tinyurl.com/yxjmsfo4>
Láithreán Gréasáin: <https://tinyurl.com/y3gwfb7>

Cuireadh an chéad léiriú, trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Comhar Chaomhán Teo agus le Drystone Walling Association of Ireland, Tír Chonail Stone Wall Fest, Stein und Wein (Austria) agus Stone Carvers ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, den fhéile fíorúil amach ar Galway Beo an Aoine 18 agus an Sathairn 19 Meán Fómhair 2020. Tá 63 físeán, scannán agus airteagal ar fáil anois a bhaineann le tógáil ballaí, le litreoireacht, snoíodóireacht, pábháil, sceitseáil agus taispeántas maidir le haol te ó gach cearn den domhan, lena n-áirítear, Éire, Inis Oírr, an Ostair, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Chóiré, an Eilvéis agus an Astráil agus tá an físeán le feiceáil ar an láithreán gréasáin

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/feile-na-gloch>



Comórtas Claíocha Beaga a Thógáil
Bain sult as an gceird a bhaineann le claíocha cloiche a thógáil agus tu ar do chompost na bialaí trí tarraice a dhéanamh ar ar gnomantas claíocha cloiche beaga a thógáil. Is féidir na claíocha seo a thógáil trí uaid a bhaint as na príomabail chomra a uaidéar chun gnáth-ghaíoch a thógáil. Bain uaid as ar dhéanamh ar líne chun do chár a íreáil. Tá sé seo a thógáil. D'fhéadfadh an teaghlach ar fad sult a bhaint as an togra seo.

Comórtas idirnáisiúnta atá ann seo agus is féidir le daoine ó gach áite agus áiteanna a dhéanamh. Chun go gcuirfead d'ealain san áireamh inár bhéic agus agus seans agat roinnt duaiseanna a bhaint. Is cinnte agus do ghriangraif nó físeán a chur ar líne ag uaid na haischbheanna.

#FeileagCloch #DrawstoneWalls #Eiteanewall
No seoíompost chugainn ar eiteanewall agus cuirfidimid do chuid saothair cloiche ar fad suas ar láithreán gréasáin agus ar aráin meán shóisialta. Fhille na gCloch iad ar fad.

Dé hAoine an 25 Meán Fómhair 2020 an dáta deiridh a nglactar le harratais. Ar na duaiseanna beith. T-éirte agus gearnaithe cothlacha na féile, eirte DSWAI agus rios mó.

IMEACHT CLAÍOCHA CLOICHE BEAGA A THÓGÁIL
<https://www.dswai.ie/manature-walling-festival>



Chun sult a bhaint as an eispéreas fíorúil seo logáil isteach ar:
Galway Beo  <https://tinyurl.com/yjym5fo4>
Website: <https://tinyurl.com/yj9wfb7>



Scitseáil
Cuidigh linn áilleacht chlaíocha cloiche agus taobh na Inis Oírr a roinnt trí pháirt a ghlacadh inár n-imeacht sceitseála. Comórtas idirnáisiúnta atá ann seo agus is féidir le daoine ó gach áite agus áiteanna a dhéanamh. Chun go gcuirfead d'ealain san áireamh inár bhéic agus agus seans agat roinnt duaiseanna a bhaint. Is cinnte agus do ghriangraif nó físeán a chur ar líne ag uaid na haischbheanna.

#FeileagCloch #DrawstoneWalls #Eiteanewall
No seoíompost chugainn ar eiteanewall agus cuirfidimid do chuid saothair cloiche ar fad suas ar láithreán gréasáin agus ar aráin meán shóisialta. Fhille na gCloch iad ar fad.

Dé hAoine an 25 Meán Fómhair 2020 an dáta deiridh a nglactar le harratais. Ar na duaiseanna beith. T-éirte agus gearnaithe cothlacha na féile, eirte DSWAI agus rios mó.

IMEACHT SCEITSEÁLA CLAÍOCHA CLOICHE
<https://www.dswai.ie/draw-stone-walls>



Chun sult a bhaint as an eispéreas fíorúil seo logáil isteach ar:
Galway Beo  <https://tinyurl.com/yjym5fo4>
Website: <https://tinyurl.com/yj9wfb7>

D'éirigh thar barr leis na mion-chomórtais maidir le tógáil ballaí agus le sceitseáil agus bhí líon mór iontrálaithe ó gach cearn den domhan rannpháirteach, lena n-áirítear, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Ostair

Galway Beo



Galway BEO!
Connecting with Our Heritage



Galway BEO!
Nasc a dhéanamh lenár nOidhreacht

Our heritage is everywhere around us in old buildings and graveyards, streets and country lanes, rivers and coastlines, hedgerows and gardens, stories and songs. Let's highlight and share the rich heritage of the County of Galway.

Please send in a photograph, drawing, poem or story to help celebrate the wonderful heritage of the County of Galway. We will upload as much as possible to www.heritage.galwaycommunityheritage.org to share with all.

Tá an oidhreacht le brath i ngach uile áit, sna seanhoirgnimh agus reiligi, ar na sráideanna agus bóthrínní faoin tuath, in albhneacha agus le cósta, sna fáilte sceach agus gairdíní atá thimpeall orainn agus leis na scéalta agus amhráin atá againn.

Seol griangraif, líníocht, dán nó scéal chugainn chun cuidiú linn oidhreacht iontach chontae na Gaillimhe a cheiliúradh. Cuirfidimid an oiread agus is féidir linn ar www.heritage.galwaycommunityheritage.org chun iad a roinnt leis an bpobal.



Email your contribution to GalwayBeo@gmail.com

An initiative of the Heritage Office, Galway County Council and the communities of the County of Galway





Seol d'ábhar féin ar aghaidh chuig GalwayBeo@gmail.com

Tionscnamh de chuid na hOifige Oidhreacht, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus pobail Chontae na Gaillimhe



Bunaíodh Tionscadal Galway Beo i Márta na bliana 2020 mar thoradh ar shrianta Covid-19. Iarradh ar dhaoine grianghraif, líníocht, filíocht nó scéal a sheoladh isteach chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht iontach Chontae na Gaillimhe.



Grianghraf: Teachín Muilleora, Teampall an Tóchair, Baile Liam, le Leo Finnegan



Grianghraf: Cloigíní Gorma, Aughrane Wood, Béal Átha Ghártha le Paul Connolly



Buirnéad sébhallach, Inis Oírr le Paddy Crowe

Socraíodh suas leathanach Facebook, léarscáil idirghníomhach, láithreán gréasáin agus cainéal YouTube. Cruthaíodh físeáin ar feadh líon seachtainí de ghrianghraif agus de phéintéireacht a sheoladh chuig <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/places/galway-beo-project/galway-beo-video-01> Tá go leor ábhar á chur faoi bhráid don tionscnamh seo, le os cionn 1000 grianghraf, péintéireacht, filíocht, físeáin agus scéalta atá á sheoladh isteach ag muintir Chontae na Gaillimhe

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/galway-beo-project> agus leathanach Facebook Galway Beo

Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna

Tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht freisin do líon mór grúpa Bailte Slachtmhara, Grúpaí Oidhreachta Pobail agus do ghrúpaí scoileanna sa bhliain 2020 agus áiríodh ansin, comhairle agus treoir ar fhoilseacháin oidhreachta, forbairt bealaí oidhreachta, taifeadadh oidhreachta béil, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta, reiligí, bithéagsúlacht, séadchomharthaí, músaeim, bealaí oidhreachta agus comharthaíocht, oiliúint oidhreachta, agus comhdhálacha agus seimineáir iomchuí a bhain le hoidhreacht áitiúil srl.

Mapáil Dhigiteach na Reiligí sa Chontae

Lean an Oifig Oidhreachta agus Rannóg GIS Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag obair le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus le grúpaí pobail agus déanfar inscríbhinní cuimhneacháin a thairfeadh agus a uaslódáil chuig www.galway.ie. Faoi láthair táimid ag obair ar chóras nua mapála leis an Rannóg GIS chun úsáid dróin a chuimsiú i Suirbhé 123. Chomh maith leis sin, rinneadh acmhainní a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe chun cuidiú le grúpaí a gcuid reiligí a bhainistiú, a chosaint agus inscríbhinní cuimhneacháin a dhigitiú. Féach nasc:

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/care-recording-and-conservation-of-graveyards>

Táthar ag leanúint leis an **Tionscadal Scoile Beo** le INSIGHT, NUIG agus Ionaid Oideachais na Gaillimhe. Réachtáladh feachtas ar líne ag lorg grianghraif srl., le linn na bliana agus d'éirigh thar barr leis. Thug Brendan Smith, INSIGHT, NUIG faoi sheisiúin oiliúna ar líne le pobail áitiúla maidir le sean-ghrianghraif a dhathú.

Iniúchadh ar Thoibreacha Beannaithe Céim 1

**TOIBREACHA
BEANNAITHE
NA GAILLIMHE**

Déan ceiliúradh
ar Lá Náisiúnta
na dToibreacha
Beannaithe ar
an 14 Meitheamh
2020

INIÚCHADH LE DÉANAMH AR THOIBREACHA
BEANNAITHE i gCONTAE NA GAILLIMHE

- An bhfuil tobar beannaithe i do cheantarsa?
- An mbíonn lá pátrúin ar siúl gach bliain ag an tobar?
- An bhfuil aon seanchas agat faoin tobar?

Táimid ag iarraidh an oiread eolais agus is féidir a bhailiú faoi gach gné a bhaineann le toibreacha beannaithe an Chontae.
Ba mhór againn dá ndéanfadh sibhse an t-eolas sin a roinnt linn.
Seolaigí bhur gcuid scéalta, taithí agus grianghraf ar ríomhphost chuig
galwayholywells@gmail.com

Tionscadal arna mhaoiniú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an gComhairle Oidhreachta



Cuireadh tús leis an Iniúchadh ar Thoibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe ar mhaithe leis an méid faisnéise agus is féidir a bhailiú agus a chur le chéile maidir leis an ngné luachmhar seo dár n-oidhreacht dholáimhsithe.

Tá baol ann go gcaillfear an fhaisnéis maidir lenár dtoibreacha beannaithe mar gheall air, den chuid is mó, bunachar faisnéise na glúine níos sine agus brú forbartha, lena n-áirítear, glanadh talún. Tá sé beartaithe tabhairt faoi Iniúchadh Chontae na Gaillimhe i sraith céimeanna, mar gheall ar raon geografach an Chontae (Taifid maidir le Séadchomharthaí agus Áiteanna – Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta) agus líon na dtoibreacha beannaithe a d'fhéadfadh a bheith gan taifeadadh faoi láthair. Tugadh faoi Chéim a hAon idir mhí na Bealtaine agus Mí Deireadh Fómhair 2020.

Bhí an fócas le linn na céime seo air: • pleanáil agus forbairt modheolaíochta réimse sonraí digiteacha agus bunachar sonraí inchoardaithe atá cuimsitheach agus a sheasfaidh an aimsir chun faisnéis a stóráil agus a scaipeadh • bailiú faisnéis bhunlíne de thoibreacha beannaithe sa Chontae a bhfuil taifeadadh déanta orthu, trí thaighde deisce agus comhairliúchán poiblí • cur le feachtas maidir leis an Iniúchadh agus rannpháirtíocht an phobail sa bhailiúchán sonraí a éascú.



Tobar Beannaithe Doire Chraige

Chuimsigh aschur: • forbairt a dhéanamh ar shamhail bailiúchán, stórála agus scaipeadh cuimsitheach sonraí (aip soghluaiste agus ardán gréasánbhunaithe) atá réidh lena úsáid do bhailiúchán réimse sonraí le linn céimeanna ina dhiaidh seo den Iniúchadh agus tá sé inaistrithe chuig Contaetha eile chun na gcríoch céanna • uaslódáil taighde deisce agus sonraí cúlra atá faighte ón bpobal maidir le gach aon cheann de na toibreacha beannaithe laistigh den Chontae a bhfuil taighde déanta orthu chuig leathanach EXCEL • clár comhairliúchán pobail a raibh cur le feasacht chuimsitheach mar thoradh air agus próiseas idirghníomhach sóisialta bailiúchán is féidir a dhéanamh arís le linn céimeanna den Iniúchadh ina dhiaidh seo.

Cuireadh dhá fhíseán ar fáil freisin, ceann amháin do Lá Náisiúnta na dToibreacha Beannaithe agus cheann eile do Sheachtain na hOidhreachta. Le tuilleadh faisnéis a fháil, féach

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/holy-wells-of-the-county-of-galway>

Clár an tSeandálaí Pobail

D'oibrigh an Seandálaí Pobail le go leor grúpaí sa chontae ó thaobh comhairle agus treoir a sholáthar maidir lenár n-oidhrecht seandálaíochta. Mar gheall ar Covid- 19, bhí gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar obair an tSeandálaí Pobail agus é a athrú chun aitheantas a thabhairt don bhealach ina bhfuil cúrsaí. Ag

tús Covid- 19 chiallaigh obair an tSeandálaí Pobail go leor ama a chaitheamh ag cruthú acmhainní ar líne agus i gcumarsáid le pobail agus le daoine ar bhealach fíorúil. Nuair a tháinig na srianta chun críche bhí an seandálaí in ann tabhairt faoi chuirteanna láithreáin ach tógadh treoirlínte Covid-19 san áireamh. D'oibrigh an chur chuige seo go maith agus tá bunachar mór faisnéise ar fáil don uile dhuine lena n-úsáid, lena n-áirítear, do Sheandálaíocht agus do na Bailte Slachtmhara agus Comhairle Maoinithe maidir le Ciste na Séadchomharthaí Pobail. Chuir an seandálaí comhairle ar fáil freisin do líon grúpaí pobail maidir le Ciste na Séadchomharthaí Pobail. Chun féachaint ar na hacmhainní seo, féach, le do thoil <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/>



Bernie Doherty, Seandálaí Pobail Chontae na Gaillimhe ag tabhairt chuairt ar Thionscadal ar Ghairdín Múrtha an Chreagáin

GALWAY COMMUNITY ARCHAEOLOGIST



The Galway Community Archaeologist provides advice and support relating to archaeological monuments in the community. She is available to answer your queries on maintenance, preservation, education and promotion of our diverse range of archaeology which spans over ten thousand years. Now available to liaise with educators, community groups, farmers, individuals and custodians of Galway's archaeological heritage.

- Contact:** Bernadette Doherty
Carra, Bullaun, Loughrea, Co. Galway
- Mobile:** 086 100 3888
- Website:** <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/>
- Email:** g.c.archaeology@gmail.com
- Facebook:** Galway Community Archaeology

This project is funded by Galway County Council and The Heritage Council



Ag Léamh Tírdhreacha**(Baineann an grianghraf le cúrsa roimhe seo – níor tógadh an grianghraf sa bhliain 2020)**

Is éard a bhí mar aidhm le tionscadal 2020 an téacs agus na híomhánna fhoilseachán a thabhairt cothrom le dáta, *Ag Léamh do Thírdhreach Áitiúil – Uirlis Iniúchta Oidhreachta do Ghrúpaí Pobail Áitiúil* chun acmhainní agus foinsí faisnéise nua a thabhairt san áireamh atá tagtha ar líne ó dháta an tsuirbhé bunaidh agus na modhanna suirbhé a bhfuil forbairt déanta orthu/tugtha cothrom le dáta ón mbliain 2015. Chomh maith leis sin, rinneadh cúrsa ar líne a fhorbairt agus d'fhreastail 30 duine ar an gcúrsa. Déileáladh sa chúrsa leis na hábhair seo a leanas: Cur i Láthair an Chúrsa agus na bunscoilleana maidir le suirbhé Baile Fearainn, Cruth an Tírdhreacha, Cur i Láthair na Seandálaíochta, na bunscoilleana maidir le Dearadh Ailtireachta, Glórtha ón Am atá Caite: Cuir i Láthair Traidisiún Béil agus Stairsheanchas agus Aschur Digiteach: Forléargas.

Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta:

Cuir an Oifig Oidhreachta comhairle agus cúnaimh ar fáil do roinnt grúpaí sa chontae maidir le himeachtaí digiteacha/ar líne Sheachtain na hOidhreachta a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, reáchtáladh na himeachtaí seo a leanas le linn Seachtain na hOidhreachta:

Ceardlann Amhráin Traidisiúnta ar Líne do Leanaí, Seachtain na hOidhreachta 2020

Rinne an tAmhránaí Traidisiúnta, Rachel Uí Fhaoláin clár ar líne maidir le Ceardlann Amhráin Traidisiúnta do Leanaí a sheachadadh le linn Seachtain na hOidhreachta 2020 d'Oifig Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe. Rinneadh na ranganna teagaisc seo ar líne maidir le hamhráin traidisiúnta a sheachadadh an 17, 19 agus 21 Lúnasa trí Zoom ón 10am -11am. Díríodh sa cheardlann ar an bpróiseas maidir le hamhráin a scríobh ar an stíl traidisiúnta agus foinn áitiúla atá ann cheana féin ón traidisiún agus ón nGaeilge á n-úsáid.

Gaillimh agus an Diaspóra

An Aoine, an 14 Lúnasa, thionóil Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Galway Bay FM díospóireacht bheo ar 'Galway Talks' maidir le stair fhada na heisirce.

OIDREACT na hIMIRCE GAILLIMH AGUS A DIASPÓRA

Tionólaídh Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Galway Bay FM plé beo ar an gclár

'GALWAY TALKS'

ar

DÉ HAoine AN 14 LÚNasa AG 10.10AM

nuair a phléidh an láithreoir **Sally Ann Barrett** gnéithe den stair fhada imirce atá againn leis an **Dr Gerard Moran, Ulltan Cowley, Máirtín Davy Ó Coisdealbha agus Máirtín Ó Catháin.**

Chun tuilleadh eolais a fháil, bí ag áisteacht le Galway Bay FM, féach ar

www.heritageweek.ie agus

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galway-emigration-and-diaspora-connections>

Photo: Tea break on the M1, England, 1963
Image credit: John Laing & Son (via ag.tradisiún.ie)

Tionscnamh de chuid na hOifige Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe & Galway Bay FM Radio

GALWAY AND ITS DIASPORA OIDREACT na hIMIRCE

Galway County Council, Heritage Office, working in partnership with Galway Bay FM, will be holding a live discussion on Galway Bay FM's programme

'GALWAY TALKS'

on

Friday 14th August at 10.10am

when presenter **Sally Ann Barrett** will discuss aspects of our long history of emigration with **Dr Gerard Moran, Ulltan Cowley, Máirtín Davy Ó Coisdealbha and Máirtín Ó Catháin.**

For more information please tune into Galway Bay FM, and visit

www.heritageweek.ie or

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galway-emigration-and-diaspora-connections>

Photo: Tea break on the M1, England, 1963
Photo credit: John Laing & Son (via ag.tradisiún.ie)

An Initiative of the Heritage Office, Galway County Council & Galway Bay FM Radio

Taighde faoi Bhailte Fearainn

Ag obair le hOidhreachta Pobail na Gaillimhe, le Fóram Chonamara, le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach Carna agus Chorr na Móna maidir le taighde faoi stair bailte fearainn a thairfeadh agus a dhoiciméadú.

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/townlands-of-county-galway>

Seo a leanas naisc chun na hoibre seo atá sonrath do cheantair sa chontae:

Taighde maidir le Bailte Fearainn Chonamara: Tá taifeadh agus doiciméadú déanta anois ar 360 baile fearainn, féach: <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/connemara-roots-nw-connemara-heritage>

Ceantar Dhúiche Sheoigheach: Tá taifeadadh agus doiciméadú déanta anois ar 87 baile fearainn, féach: <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/joyce-country-places/joyce-country>

Taighde maidir le Bailte Fearainn Oirthear na Gaillimhe: á taifeadadh agus doiciméadú déanta anois ar 190 baile fearainn, féach:

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/galway-east-townland-research>

Cuireadh *Féilire an Mhíle Órga* ar fáil i mí na Nollag 2020 i gcomhpháirtíocht le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe

Oiliúint Scileanna Digiteacha don Oidhreacht

Reáchtáladh an cúrsa ar líne 4 sheisiún seo i míonna Deireadh Fómhair agus na Samhna 2020.

Déileáiltear sa chúrsa leis an mbealach le fón póca a úsáid chun físeán a dhéanamh, úsáid a bhaint as YouTube, Zoom, Facebook, foilsiú físeán agus físchomhdháil.

Amhránaíocht Traidisiúnta do Theaghlaigh

Rinne an t-amhránaí traidisiúnta Rachel Uí Fhaoláin clár ar líne d'Amhránaíocht Thraidisiúnta a sheachadadh do Theaghlaigh. Bhí Oifig Oidhreachta Comhairle Chontae na Gaillimhe, clár Chomhaontas Aoisbhá Chontae na Gaillimhe agus Éire Shláintiúil: Ag fanacht folláin i do phobal, bainteach leis an tionscnamh seo. Rinneadh an clár amhráin traidisiúnta ar líne seo a sheachadadh an 17 Nollaig trí Zoom. Is bailiúchán fíorúil speisialta a bhí sa cheardlann tráth ar thug Rachel, leanaí, a gcuid tuismitheoirí agus seantuismitheoirí, cairde agus an teaghlach sínte sa bhaile agus thar lear le chéile chun amhráin traidisiúnta i mBéarla agus i nGaeilge a chomhroinnt agus bhain siad taitneamh as an tráthnóna speisialta i bhforchur a chéile do Nollaig na bliana 2020.

Stay connected
Keep Well
this Christmas

Ceol Mo Chroí & Traditional Archive Channel present
Traditional Singing for Families
le Rachel Uí Fhaoláin agus a clann

A special Christmas virtual gathering for children, parents, grandparents, friends & extended family at home or abroad

Thursday the 17th of Dec at 6.30pm - 8.00pm

Contact Rachel by emailing ceolmochroi@gmail.com or phone 087 2988473 to join us on Zoom for Nollaig 2020!

Le tacaíocht ó hOifig na hOidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe

"My father played the melodion outside at our gate; There were stars in the morning east and they danced to his music....."
A Christmas Childhood by Patrick Kavanagh

GALWAY AGE-FRIENDLY PROGRAMME
KEEP WELL IN YOUR COMMUNITY
Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council
Traditional Archive Channel

Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2020

Bunaíodh Ciste na Séadchomharthaí Pobail mar chuid den €1.4m caipiteal breise atá curtha i leataobh do shéadchomharthaí náisiúnta faoin bPlean Spreagthach. Is é a bhí mar phríomhchuspóir le Ciste na Séadchomharthaí Pobail tacú le caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí áitiúla agus láithreáin stairiúla. Bhí líon bearta difriúla sa chiste a bhí dírithe ar oibreacha caomhnaithe a chumasú do shéadchomharthaí a meastar a bheith tábhachtach agus i ngá le tacaíocht ar bhonn práinne, chun rochtain chuig séadchomharthaí a spreagadh agus a gcur i láthair a fheabhsú agus chun cur le teacht aniar na séadchomharthaí freisin chun cur ar a gcumas tionchar athrú aeráide a sheasamh. Bhí Seandálaí Pobail na Gaillimhe agus an tOifigeach Oidhreachta i mbun oibre le líon grúpaí pobail sa chontae agus fuair na ceithre thionscadal seo a leanas maoiniú sa bhliain 2020:

Séadchomhartha Taifeadta Mhainistir Ó gCormacáin agus an Reilig GA107:002

An obair atá idir lámha, Mainistir Ó gCormacáin, B.Doherty 2020

D'éirigh le Coiste Reilige Mhainistir Ó gCormacáin ina n-iarratas ar mhaoiniú d'oibreacha caomhnaithe ar bhalla meánaoiseach laistigh den reilig a bhí tar éis titim. Bhí an balla seo mar chuid den mhainistir mheánaoiseach. Tugadh faoina hoibreacha seo a leanas sa bhliain 2020:

- Deisiúcháin riachtanacha ar bhallaí córlainne na mainistreach, lena n-áirítear, fáil réidh le crainn agus le heidhneán
- Fáil réidh le heidhneán ón mballa meánlainne, ón séipéal croslainne agus ón tuama
- Plean Bainistíochta Caomhantais, lena n-áirítear, ionchur ó sheandálaí, ó innealtóir struchtúr, ón Oifigeach Oidhreachta, ón seandálaí pobail agus ón bpobal
- Taifead fótagraiméadracht 3D de bhalla na córlainne agus an linn ionnalta
- Monatóireacht, taifeadadh agus tuairisciú seandálaíochta, lena n-áirítear, imlíníocht bheartaithe d'atógáil linn ionnalta na córlainne (faoi réir ag maoiniú amach anseo)

Séadchomhartha Taifeadta Shéadchomhartha Meigiliteach agus Reilig na Leanaí Bhaile na Staice GA006:005

Ag féachaint ó dheas ar leac mhullaigh an tuama agus ar na marcóirí reilige le Bernie Doherty

Tá Séadchomhartha Meigiliteach agus Reilig na Leanaí Bhaile na Staice ar thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach. Tá tuiscint ag an úinéir ar an tábhacht a bhaineann le cead a thabhairt don phobal cuairt a thabhairt ar an láithreán seo. Bhí cead a fháil ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus mairseacht seandálaíochta riachtanach chun cothabháil a dhéanamh ar an séadchomhartha taifeadta. Bhí na hoibreacha seo a leanas faoi réir ag glantachán agus fáil réidh leis an iomarca fáis ag Séadchomhartha Taifeadta GA006:005 (Tuama Meigiliteach agus Reilig na Leanaí), faoi mhonatóireacht Seandálaí Comhairleach agus rinneadh taifeadadh ar an obair agus úsáid á bhaint as fótagraiméadracht 3D. Rinneadh scannán gearr a thaispeáin an buntáiste atá ag gabháil le Maoiniú Séadchomharthaí Pobail d'úinéir na talún, do chaomhnóir an tSéadchomhartha Taifeadta agus don phobal níos leithne.

Túrtheach Chill Chluaine

Tá Túrtheach Chill Chluaine ar cheann de na seaniarsmaí is suntasaí i mBaile an Mhuilinn. Bhí an túrtheach seo, atá ina fothrach anois, ar a dtugtar Caisleán Chill Chluaine go háitiúil, mar bhardscoil uair amháin. Tá an Túrtheach leath bealaigh idir Tuaim agus Clár Chlainne Mhuiris, tamall beag ón N17. Thug an t-ailtire caomhantais faoina hoibreacha seo a leanas faoin bplean bainistíochta caomhantais, le hionchur seandálaíochta agus innealtóireacht struchtúir ó ghairmithe ceadaithe. Ceannaíodh agus suiteáladh fálú chun an struchtúr a chosaint.



Plé maidir le tábhacht Túrtheach Chill Chluaine mar shócmhainn cultúrtha laistigh de cheantar Bhaile an Mhuilinn/Thuama le Bernie Doherty



**Túrtheach an
Laighdeacháin, Chill
Tartan**

Is túrtheach ar thailte atá ina aice le turlach atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe é Caisleán an Laighdeacháin. Áiríodh i measc na n-oibreacha Phlean Bainistíochta Caomhantais, (lena n-áirítear, Ionchur Seandálaíochta). Oibreacha riachtanacha ar an tuama laistigh den túrtheach. Dearadh, déantúsaíocht agus suiteáil, monatóireacht seandálaíochta agus tuairisciú.



Turas allamuigh le Rondelez chun scrúdú a dhéanamh ar fhoirnéis soinneáin Shliabh Eachtaí

AN TIMPEALLACHT

Tá sé mar ról ag an Rannóg Timpeallachta an Timpeallacht i gContae na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le caighdeán beatha, forbairt eacnamaíochta agus comhlíonadh rialachán. Tá an méid sin le baint amach trí líon mór pleananna, beart agus clár atá le cur i bhfeidhm ar fud an Aonaid ina iomláine.

Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir le forbairt leanúnach agus inbhuanaithe geilleagrach agus fiontraíochta an chontae

Feasacht Timpeallachta

- Lean an fhoireann feasachta lena rannpháirtíocht leis na hearnálacha tís agus tráchtála i ndáil le feasacht ar an gcomhshaol a chur chun cinn.
- Bhí imeachtaí feasachta timpeallachta ar siúl suas go dtí Márta 2020 agus díriodh na himeachtaí seo ar bhainistiú dramhaíola, ar chosc dramhaíola, ar dhramhbhia, ar mhúiríníú baile, ar dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, ar chaomhnú fuinnimh agus ar chaomhnú uisce

- Cuireadh faisnéis ar fáil maidir le gníomhaíochtaí feasachta agus timpeallachta trína meáin áitiúla, trína meáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha srl.
- Bhí rannpháirtíocht leanúnach ann le grúpaí Bailte Slachtmhara.
- Leanadh le clár na Scoileanna Glasa a bhfuil os cionn 90% de scoileanna an chontae páirteach ann.
- Rinneadh maoiniú ar líon tionscnaimh Frithbhruscair.
- Tugadh deontais do phobail a dhéanann cothabháil ar bhainc fág anseo agus ar reiligí.
- Seachadadh déanta ar Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh, Tionscnaimh maidir le Glanadh Suas Pobail, Seachtain Náisiúnta na gCrann agus Bailiúchán Crann Nollag.
- Lean Líonra an Údaráis Áitiúil ar Bhearta Coiscthe dá chuid oibre i ndáil le gníomhaíochtaí a shainaitheint sna hearnálacha pobail, gnó agus poiblí le haghaidh réimsí ar nós cosc dramhaíola, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce, oiliúint agus feasacht.



Tosaíocht Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil forbairt leordhóthanach déanta ar an mbonneagar fisiciúil agus sóisialta chun tacú le forbairt gheilleagrach agus chun cur lenár gcaighdeán beatha

Seirbhísí Dramhaíola

- Cuireadh an Conradh d’oibriú na Láithreán Conláiste Cathartha (CAS) sa Chlochán, Béal Átha na Sluaighe agus Tuaim amach ar tairiscint agus roghnaíodh Barna Recycling agus beidh siadsan i mbun an chonartha nua a oibriú ar feadh téarma trí bliana ag tosaigh sa bhliain 2021. Aithníodh láithreán do CAS breise do Ghailimh Theas agus comhaontaíodh le comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh an t-iarratas pleanála a chur chun cinn. Tionóladh cainteanna le húinéir talún do láithreán CAS i nGaillimh agus tá dóchas ag an gComhairle tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis seo an bhliain seo chugainn. Rinneadh an

conradh maidir leis na seirbhísí dramhaíola ar Inis Bó Finne a athnuachan do théarma dhá bhliain agus bhí Rehab Glassco rathúil ó thaobh a gconradh do sheirbhísí bailiúcháin banc buidéil a athnuachan ar feadh téarma dhá bhliain freisin. Crochadh comharthaíocht nua do chustaiméirí ag líon láithreán banc buidéil.

Bhain os cionn 28,000 custaiméir leas as saoráidí na Láithreán Conláiste Cathartha le linn na bliana agus bailíodh 5035 tonna gloine ónar líonra láithreán banc buidéil.

- Tháinig deireadh leis na hoibríochtaí maidir le glacadh dramhaíola i Saoráid Chill Chonaill sa Mhárta. Tugadh an chuid deiridh de bharrchaidhpeáil an láithreáin líonta chun críche i mí Deireadh Fómhair agus tá na hoibreacha feabhsúcháin ar an láithreán críochnaithe den chuid is mó. Tá garspriocanna an tionscadail a comhaontaíodh leis an DECC don Phlean Réiteach Láithreáin bainte amach agus cuirfear tús leis an gcéim iarchúraim ar an láithreán an bhliain seo chugainn.

Thug an Chomhairle, mar fhreagra ar na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Deimhniú Gníomhaíocht Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola Neamhcheadúnaithe Stairiúil) 2008 (IR 524/2008), faoi mheasúnuithe riosca ag Líonadh Talún Dúnta sa Chlochán, sa Chnoc Breac, sa Ghort, i dTuaim agus i nGleann na Madadh. Táthar ag súil go dtabharfar na tuarascálacha ar na measúnuithe chun críche an bhliain seo chugainn agus go gcuirfear iarratais ar Dheimhniúcháin Údaraithe faoi bhráid an EPA ina dhiaidh seo.



Tosaíocht Straitéiseach

Ár dtimpeallacht, cultúr, oidhreacht agus teanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an ghlúin atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht.

- Rinneadh athbhreithniú ar 210 iarratas pleanála lenar bhain riosca suntasach timpeallachta agus cuireadh moltaí agus comhairle ar fáil sa chás gá a bheith leis.
- Tugadh faoi 107 cigireacht dabhach shéarachais nó córais chóireála fuíolluisce baile faoin bplean cigireachta náisiúnta.
- Tugadh faoi 21 cigireacht faoin gclár cigireachta feirme.
- Tugadh na cláir mhonatóireachta sceidealaithe d'aibhneacha, lochanna, ceadúnais scardaidh, uiscí snámha agus soláthairtí príobháideacha uisce le hól chun críche go hiomlán.
- Tugadh faoi 110 cigireacht ar láithreáin le ceadúnais scardaidh. Tugadh faoi ghníomh forfheidhmiúcháin leantach sa chás gá a bheith leis.

Tránna

Bhain na 6 thrá seo a leanas stádas na Brataí Goirme amach sa bhliain 2020:

- Trá an Dóilín, an Cheathrú Rua
- Trácht, Cinn Mhara
- Loch Bhaile Locha Riach
- An Trá Mhór, Indreabhán
- Cill Mhuirbhigh, Inis Mór
- Limistéar Snámha Phort Omna



An Trá Mhór, Indreabhán

Bhain na 6 thrá seo a leanas stádas Gradam Cósta Glas amach sa bhliain 2020:

- Trá Inis Oírr (an Phríomhthrá)
- An Aill Bhreac, Baile Chonaola
- An Ceann Thoir, Inis Bó Finne
- Dumhach, Inis Bó Finne

- Trá Rinn Mhaoile (*Whitestrاند Beach*)
- Trá Poll na gCaorach, Formna, Inis Oírr

Glacadh gníomhartha chun sláinte phoiblí a chosaint trí leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce snámha agus prótacail neamhchomhlíonta a chur i bhfeidhm ag 26 trá le linn an tséasúir snámha. Tugadh cosaint do shláinte phoiblí freisin trí SLA Uisce Éireann a chur i bhfeidhm d'uisce le hól agus do shaoráidí fuíolluisce.

Tugadh faoi imscrúduithe mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas ón líne Náisiúnta Dumpála Neamhdhleathaí, ón bpobal i gcoitinne agus ó fhoireann na comhairle agus mar fhreagra ar ábhar a fuarthas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ag teacht le tosaíochtaí náisiúnta agus laistigh den sceideal atá leagtha sa Bheartas Forfheidhmithe de réir mar is féidir.

Tugadh faoi chigireacht forfheidhmithe dramhaíola maidir le saoráidí dramhaíola, áitreabh tráchtála atá ceadaithe agus deimhnithe, bailitheoirí dramhaíola a bhfuil ceadúnas acu agus bailitheoirí dramhaíola nach bailitheoirí údaraithe iad, dumpáil mhídhleathach agus láithreáin C&D.

Ceadaíodh iarratas ar dheontas de €126,000 chun Tionscnamh Frithdhumpála a leathadh amach sa bhliain 2020. Tugadh líon tionscadail chun críche agus úsáid á bhaint as an maoiniú seo, lena n-áirítear, glanadh suas áiteanna ina raibh fadhb mhór maidir le bruscar iontu, Bailiúcháin Earraí Móra, an tionscadal Rothair don Afraic agus feachtas feasachta pobail.

Leagfar amach na mionsonraí iomlána maidir le gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe sna réimsí dramhaíola, uisce, aeir agus torann i dtuairisceáin an RMCEI don bhliain 2020.

Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir leis an gcumas eagraíochtúil trí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht oibríochta, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca agus ar fhorbairt na Foirne agus na gComhaltaí Tofa

Reiligí

Tá 233 reilig liostaithe i gclár reiligí na Comhairle. Tugadh roinnt méaduithe chun críche nó rinneadh dul chun cinn ina leith, le linn na bliana agus le rannpháirtíocht go leor coistí áitiúla reiligí tugadh faoi oibreacha feabhsúcháin agus cothabhála ar fud an chontae. Soláthraíodh deontas bliantúil idir €300-€600 do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantair féin agus bronnadh deontas ar 148 coiste.

Seirbhísí Tréidliachta

Cuireann an Chomhairle Seirbhís Chigireachta um Shláinte Phoiblí Tréidliachta ar fáil i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe araon. Déanann an tseirbhís seo comhlánú ar théarmaí an chonartha seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Cuireann beirt thréidlia lánaimseartha seirbhís ar fáil. Tá 11 seamlas le tréachur íseal sa chontae ina maraítear eallach, caoirigh, muca agus éanlaith agus ina ndéantar feoil géime fiáin a phróiseáil. Déanann an Chomhairle maoirseacht freisin ar 14 áitreabh ceadaithe agus cláraithe próiseála feola sa chathair agus sa chontae araon. Deonaíodh cead CE do sheamlas nua amháin le tréachur íseal sa bhliain 2020. Tá ról comhairleach freisin ag Seirbhís Tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le hoibreoirí gnólachtaí feola atá ann cheana féin agus d'oibreoirí ionchasacha ag an gcéim thionscnaimh agus tá an tSeirbhís Tréidliachta bainteach ag leibhéal stiúrtha le forbairt an Champais Nuálaithe BIA i mBaile Átha an Rí.

Rialú Madraí

- Leanann an bheirt mhaor madraí lánaimseartha le rialú madraí agus le húinéireacht madraí atá freagrach a chur chun cinn sa Chontae agus le monatóireacht a dhéanamh air agus úsáid á bhaint as 2 shaoráid coinneála madraí. Cé nach raibh an feachtas gan ceadúnas madra a bheith ag úinéir an madra indéanta ó Mhárta ar aghaidh mar gheall ar phaindéim Covid-19 tá líon na gceadúnas madraí inchurtha a bheag nó a mhór leis an mbliain 2019. Leantar le logáil a dhéanamh ar na gearáin go léir atá á bhfáil ag an maor madraí agus freagraíodh na gearáin sin le linn na bliana 2020. Eisíodh 35 fíneáil maidir le sárúithe ó thaobh an Achta um Rialú Madraí le linn na bliana 2020. Fuarthas úinéir nua sa bhliain 2020 do thart ar 90% de na madraí a tháinig isteach go córas póna madraí an Údaráis Áitiúil.
- Cuireann an Chomhairle saoráid mhór Póna Ainmhithe ar fáil i mBéal Átha na Sluaighe. Cuireann seirbhís tréidliachta na Comhairle cúnaimh agus comhairle ar fáil don Aonad Tithíochta chun an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh oiliúint ar fáil do na Maor Madraí agus do Phearsanra Tréidliachta maidir le prótacal Maor Madraí comhaontaithe an Gharda Síochána/an Údaráis Áitiúil. Rachaidh an Chomhairle i mbun plé le hionadaithe ainmnithe ó Chigireacht an Gharda Síochána sa chás seirbhís an mhaor madraí a bheith ag teastáil chun cuidiú leis na Gardaí agus iad i mbun a gcuid dualgas. Cuireadh póraitheoir amháin le Clár na bPóraitheoirí Madraí le linn na bliana 2020. Tá naoi gcinn de DBEanna cláraithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus déantar cigireacht orthu seo agus déantar measúnú ó thaobh riosca orthu de réir reachtaíocht an DBE.
- Leanann Seirbhís Tréidliachta Comhairle Chontae na Gaillimhe lena rannpháirtíocht le Coiste trasghníomhaireachta an Iarthair um Zónóis, leis an HSE agus an DAFM. Rinneadh cásanna maidir le Leas Ainmhithe/Mamaigh Mhara a logáil agus sa chás gur cuí, rinneadh imscrúdú orthu.

Tosaíocht Straitéiseach

Chun rannpháirtíocht saoránach is leithne agus is féidir a éascú i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a gcuid pobal agus a gcontae.

Tionscnaimh Ghlasa

- Rinneadh cruinnithe agus ceardlanna faisnéise maidir le cosc dramhaíola, cosc dramhbhia, múiríniú baile, caomhnú fuinnimh agus caomhnú uisce a sheachadadh ar fud Chontae na Gaillimhe i gcomhair le grúpaí pobail, le grúpaí deonacha agus le coistí bailte slachtmhara suas go dtí tús an Mhárta 2021.
- Táthar ag leanúint le cur i bhfeidhm Clár na Scoileanna Glasa agus tá an clár thar a bheith rathúil agus bronnadh an Bratach Glas ar 183 scoil sa Chontae.
- Rinneadh Tionscnaimh Frithbhruscair, ar nós Glantachán Earraigh Náisiúnta, Feachtas na Gaillimhe i gcoinne Salachar Madraí a chur i bhfeidhm ar fud an chontae.



Feachtas na Gaillimhe i gcoinne Salachar Madraí

Tosaíocht Straitéiseach

A chinntiú go mbíonn seirbhís do chustaiméirí atá ar ardchaighdeán i gcroílár gach ní atá idir lámha againn

Soláthraíonn Aonad Timpeallachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe líon seirbhísí don phobal, lena n-áirítear, Bainistiú Dramháíola, Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiúchán Timpeallachta, Feasacht ar an Timpeallacht, Reiligí agus Seirbhísí Tréidliachta agus Rialú Madraí.

SEIRBHÍS ÉIGEANDÁLA

Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe agus Cosaint Shibhialta na Gaillimhe

Réamhrá

Tá na freagrachtaí seo a leanas ar sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS):

- Gníomhaíonn sí chun déileáil le dóiteáin agus, chomh maith leis sin, chun déileáil le timpistí trácta bóthair, le teagmhais a bhaineann le hábhair ghuaiseacha, le tarrtháil uisce, le tuile agus le mórghuaiseacha mar gheall ar thimpistí;
- Déanann an tseirbhís iarracht le héigeandálaí a chosc trí raon oibríochtaí coiscthe dóiteáin agus oibríochtaí teicniúla sábháilteachta dóiteáin a chur i gcrích sa Chontae agus sa Chathair agus trí thionscnaimh phobail éagsúla maidir le sábháilteacht dóiteáin.
- Is í Príomhsheirbhís Éigeandála (PES) an Údaráis Áitiúil í i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe agus, ina gcáil mar Údaráis Áitiúla, is iad na comhairlí sin a fheidhmíonn mar Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA) i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta maidir le Móréigeandálaí a Bhainistiú 2006.

Faoi láthair, tá 11 stáisiún ann atá ag freastal ar Chontae na Gaillimhe ina bhfuil daonra de 179,048 duine agus do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil daonra de 79,504 duine (de réir staitisticí CSO 2016) mar a thaispeántar i bhFíor 1.



Fíor 1: Suíomhanna Stáisiúin Dóiteáin GFRS

Tá Stáisiún Dóiteáin lonnaithe sna háiteanna seo a leanas:

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Cathair na Gaillimhe (Ceanncheathrú)
- An Gort
- Inis Mór
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Port Omna
- Tuaim
- An Cheathrú Rua

Chuaigh an Cheathrú Rua i mbun oibre i mí Feabhra 2016 mar an 11ú Stáisiún Dóiteáin de chuid an chontae. Tá 167 duine fostaithe ag an gComhairle anois mar phearsanra comhraicthe dóiteáin i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála na Gaillimhe, lena n-áirítear, comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus comhraiceoir dóiteáin ar áirithíocht sa Chathair agus sa Chontae, oifigigh shinsearacha dóiteáin, meicneoir briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta. Chomh maith leis sin, tá 4 comhalta foirne in FRS na Gaillimhe a fheidhmíonn mar fhoireann shibhialtach tacaíochta riaracháin agus mar fhoireann Cheanncheathrún atá lonnaithe i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, thosaigh an stáisiún dóiteáin nua agus an t-ionad oiliúna i dTuaim ag oibriú (féach Fíor 2). Tógadh é ar chostas €2.4 milliún, lena n-áirítear, costais láithreáin agus foireann dearthóireachta, agus cuirfidh an stáisiún feabhas suntasach ar shábháilteacht don chriú, ar chúrsaí oiliúna agus ar na seirbhísí a sholáthraítear i gConamara Thuaidh.



Fíor 2: Stáisiún Dóiteáin Nua i dTuaim i mbun oibre ó mhí Deireadh Fómhair 2018

COVID-19

Ar nós an uile dhuine ar fud shoचाई na hÉireann, bhí tionchar thar na bearta ag COVID-19 ar sholáthar seirbhíse na Briogáide Dóiteáin. Breithnítear seirbhísí dóiteáin mar sheirbhís riachtanach agus táthar faoi oibleagáid cothabháil a dhéanamh ar an tseirbhís le linn paindéime. Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe Plean Leanúnachais Gnó cuimsitheach agus tréan a fhorbairt a bhí sonrach don phaindéim le leanúnachas gnó a chinntiú. Ar fud na coda seo den tuarascáil bhliantúil, déanfar tagairt do COVID-19 sa chás tionchar a bheith ag an bpaindéim ar Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe ó thaobh seirbhís a sholáthar.

Tosaíocht Straitéiseach

“Ár dtimpeallacht, cultúr, oidhreacht agus teanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an ghluín atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht.”

POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE – CREAT DO SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN IN ÉIRINN

D’fhoilsigh an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála (NDFEM) “Pobail a Choinneáil Sábháilte”, toradh an athbhreithnithe ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar Shábháilteacht Dóiteáin in Éirinn, i mí Feabhra 2013. Is ionann “Pobail a Choinneáil Sábháilte” (KCS) agus treoirphlean comhtháite maidir le forbairt na ról riachtanach sábháilteachta pobail a chomhlíonann na Seirbhísí Dóiteáin, atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2013-2015, trína ndéanfar rioscaí a bhainistiú trí aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le feabhsú sábháilteachta poiblí, le laghdú teagmhas, le caighdeáin freagartha agus le struchtúir soláthair seirbhíse sna deich mbliana atá romhainn.

Tá dréacht-aicmiú na rioscaí i limistéar (ARC) gach Stáisiúin Dóiteáin i nGaillimh tugtha chun críche agus cuireadh faoi bhráid NDFEM é i samhradh na bliana 2015 mar chuid den lú tuarascáil ón nGrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh Náisiúnta (EVG), de réir mar a éilíodh i gCiorclán NDEM 05/2015. D’eisigh NDFEM tuarascáil náisiúnta EVG 1 sa bhliain 2016. Bhí an dara babhta de chuairteanna EVG ar na bacáin don bhliain 2020.

Mar gheall ar an bpaindéim, ní raibh ar chumas NDFEM tabhairt faoi chuairt bheartaithe EVG II sa bhliain 2020. Ina áit sin, rinne an NDFEM “Athbhreithniú Cumais” ar na seirbhísí dóiteáin go léir chun a fháil amach cén bealach ar thug na seirbhísí siúd faoi phleanáil agus stiúradh a ngnó le linn na paindéime. D’eisigh “an bord athbhreithnithe cumais” a thuarascáil i mí Deireadh Fómhair 2020. D’éirigh go maith le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála na Gaillimhe sa tuarascáil agus tugadh mar shampla iad ó thaobh úsáid a bhaint as ArcGIS chun faisnéis a thaifeadh agus a bhainistiú sa réimse Sábháilteachta Dóiteáin Pobail agus Bainistíocht Éigeandála maidir le Drochaimsir.

CAMP WEST (RIALÚ DÓITEÁIN AN RÉIGIÚN THIAR)

Lean FRS na Gaillimhe den triail slógtha CAMP Next Generation a reáchtáil agus a phíolótú i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe mar chuid de sholáthar trealaimh nua seachstáisiúin i Stáisiún Dóiteáin réigiún an Iarthair mar chuid de thionscadal Camp C_{Trí}. Tugadh faoi obair theicniúil ullmhúcháin sa bhliain 2018 agus 2019 i ngach stáisiún dóiteáin chun an t-aistriú chuig an gcóras digiteach náisiúnta raidió (TETRA) i bhfeithiclí agus i Stáisiún Dóiteáin na Ceannteathrún uile a chumasú agus tá an obair sin tugtha chun críche anois. Tháinig an córas seo in áit an ghréasáin VHF atá ann faoi láthair agus, ina dhiaidh sin, beidh córas comhchoiteann uasghrádaithe ceannais agus rialaithe ann sna hionaid chumarsáide dóiteáin go léir sa bhliain 2021.

BAINISTÍOCHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta FRS na Gaillimhe le fáil i Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tugann lámhleabhar sábháilteachta na Comhairle atá curtha in oiriúint do FRS na Gaillimhe, aghaidh ar na timpeallachtaí oibre a dtéann an tSeirbhís Dóiteáin i ngleic leo, atá mar ghné den bhainistíocht seirbhíse le fada an lá a thugann riachtanas, riosca agus acmhainní le chéile i raon leathan cásanna. Leagtar amach Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe an cur chuige atá glactha ag an Údarás Dóiteáin seo i ndáil le sábháilteacht a bhainistiú agus, go háirithe, i ndáil lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

ISO 45001: SLÁINTE CHEIRDE AGUS CÓRAS BAINISTÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

Tar éis creidiúnú i leith chóras bainistíochta sábháilteachta OHSAS 18001 a bhaint amach i mí na Nollag 2016 bhí coinneáil an chreidiúnú seo agus an chláir bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta ag cur treallús faoi fhorhóir ghníomhaíochtaí Sláinte agus Sábháilteachta na seirbhíse dóiteáin sa bhliain 2020. Tá achoimre maidir leis na hábhair sin mar a leanas: -

- **ISO 45001:** Bhain FRS na Gaillimhe amach creidiúnú an Údaráis nua um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) maidir le Córas Bainistíochta Sábháilteachta ISO 45001 i mí Deireadh Fómhair 2018. Tá ról tábhachtach ag na hiniúchtaí faireachais a dhéanann an comhlacht creidiúnaithe (NSAI sa chás seo) i gcóras ISO 45001 chun a chinntiú go ndéantar córais bhainistíochta sábháilteachta a chothabháil de shíor agus go bhfeabhsaítear iad ar bhonn comhsheasmhach de réir cheanglais an chóid cleachtais. Maidir leis sin, fuair FRS na Gaillimhe pas sa dá iniúchadh faireachais a bhí ar siúl i míonna an Mheithimh agus na Samhna 2020 agus beidh na chéad iniúchtaí eile ar siúl i mí an Mheithimh 2021.



Fíor 3: Cur i láthair maidir le OHSAS 18001 sa bhliain 2018

- **Seiceálacha Sábháilteachta i Stáisiúin Dóiteáin:** Cuireadh tús le tionscnamh nua sa bhliain 2017, is é sin, seiceálacha sábháilteachta a dhéanamh go tráthrialta i stáisiúin dóiteáin. Is é a bhí mar chuspóir leis na seiceálacha seo, a dhéantar ar bhonn sé mhí i gcás stáisiúin dóiteáin áirithinte agus ar bhonn ráithiúil i gcás stáisiúin dóiteáin Chathair na Gaillimhe, ná forlónadh a dhéanamh ar shraith measúnachtaí rioscaí statacha i leith ár gcuid stáisiúin dóiteáin (a ndéantar athbhreithniú ina leith ar bhonn trí bliana). Cuireann siad an deis ar fáil freisin chun guaiseacha ionchasach sna stáisiúin dóiteáin a shainathint ag luath-chéim agus, ar an dóigh sin, is féidir bearta cuí rialaithe agus gníomhartha ceartaitheacha a chur i bhfeidhm. Tugadh faoi 20 ar an iomlán den chineál sin seiceálacha sa bhliain 2020 ar fud gach stáisiúin dóiteán GFRS.
- **Cruinnithe / Comhairliúcháin:** Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe ag teacht le chéile ar bhonn rialta sa bhliain 2020. Tionóladh formhór cruinnithe den sórt sin trí ardán Foinne MS mar gheall ar phaindéim Covid-19. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar stiúradh chruinnithe an Ghrúpa Oibríochta Sláinte agus Sábháilteachta do phearsanra na Cathrach agus do phearsanra áirithinte na Cathrach agus de na cruinnithe ar leithligh do phearsanra áirithinte an Chontae mar

go raibh an fhéidearthacht cruinnithe den sórt a thionól ar shuíomh an-teoranta. Mar sin féin, bhí líon laghdaithe cruinnithe den sórt sin ar siúl sa bhliain 2020. Tá sé beartaithe, trí tháibléid/gairis nua a thabhairt isteach i stáisiúin dóiteáin go luath sa bhliain 2021, go mbeifear in ann na cruinnithe seo a thionóil ar mhiniúocht níos rialta de gach dhá mhí.

- **Iniúchtaí:** Mar a luaitear thuas, thug an NSAI faoin iniúchadh faireachais ISO 45001 deiridh i mí an Mheithimh agus na Samhna 2020. Mar gheall ar shrianta Covid-19 rinneadh na hiniúchtaí trí Fhoirne MS agus roghnaíodh stáisiúin dóiteáin an Chlocháin (Meitheamh) agus Baile Locha Riach (mí na Samhna) mar shuíomhanna le haghaidh na n-iniúchtaí. Rinne pearsanra na seirbhíse dóiteáin sa dá shuíomh sin iarrachtaí suntasacha chun a chinntiú go raibh a stáisiún dóiteáin á gcur i láthair go maith. Chinn NSAI nach raibh aon ábhar inní ann ba chúis le tarraingt siar an deimhniúcháin agus d'éirigh leis an tseirbhís an deimhniúchán nua, ISO 45001, a bhaint amach. Beidh na chéad iniúchtaí eile ar siúil i mí an Mheithimh 2021.
- **Rialú Legionella:** Tar éis na measúnachtaí riosca legionella a rinneadh ar na stáisiúin dóiteáin sa bhliain 2016, rinneadh Clár Legionella a fhorbairt agus cuireadh tús leis sa bhliain 2017. Tá sé i gceist leis an gclár faireachán míosúil a dhéanamh ar an mbonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin, le conraitheoir speisialtóireachta. I gcomhar leis an gclár áirithe seo cuireadh tús le clár ar leithligh i leith oibreacha feabhais a dhéanamh ar bhonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a sainaitníodh sna measúnachtaí riosca legionella. Tugadh formhór na n-oibreacha seo chun críche i mí na Nollag 2017. Leanadh leis an fhaireachán maidir le legionella sa bhliain 2020 ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar rátáil an riosca maidir le legionella i stáisiúin dóiteáin.
- **Foghrúpa Sláinteachais:** Tar éis taighde idirnáisiúnta ar fhéidearthacht ó thaobh iarmhairtí sláinte maidir le nochtadh comhraiceoirí dóiteáin do tháirgí dócháin agus mar fhreagra ar an díospóireacht a reáchtáladh le linn cruinnithe an Ghrúpa Oibríochta Sláinte agus Sábháilteachta, bunaíodh Foghrúpa Sláinteachais, a chuimsíonn ionadaithe ó bhainistíocht seirbhíse dóiteáin agus comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht agus comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha. Tá an grúpa seo ag féachaint ar thaighde náisiúnta agus ar thaighde idirnáisiúnta agus tá dréacht-thuarascáil curtha ar fáil acu ina bhfuil na bearta rialaithe féideartha atá le breithniú ó thaobh laghdú a dhéanamh ar aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.
- **Doiciméid Sláinte agus Sábháilteachta:** Rinneadh líon doiciméad a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a athbhreithniú agus tugadh cothrom le dáta iad sa bhliain 2020 gus eisíodh cóipeanna den ábhar sin chuig stáisiúin dóiteáin. Leanamar de dhoiciméid a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a uaslódáil chuig feidhm na Leabharlainne maidir le córas bogearraí agus táibléid fearais dóiteáin an tSeomra Rialaithe Teagmhas. Tá sé beartaithe na doiciméid Sláinte & Sábháilteachta go léir den sórt sin a choimeád ar an modh seo á chinntiú go mbeidh na doiciméid is cothroime le dáta ar fáil gach tráth do na criúna dóiteáin go léir. Déantar gach treoir oibríochtúil a scaipeadh ar an mbealach céanna.
- **Tuairisciú Teagmhais:** Tuairiscíodh 22 teagmhas sa bhliain 2020 agus tá briseadh síos déanta orthu mar a leanas:

- 5 Eachtra Contúirteach
- 13 Timpiste
- 4 Neasteagmhas


Cé go bhfuil ardú ar theagmhais agus ar eachtraí contúirteacha a tuairiscíodh i gcomparáid leis an bhliain seo caite, ó dhearcadh eagraíochtúil, breithnítear leibhéal níos airde tuairisciú teagmhais a bheith tairbheach chun eachtraí amach anseo a chosc.

- **Covid-19:** chiallaigh teacht chun cinn Covid-19 maoirseacht/róil bhreise Sláinte agus Sábháilteacht, nósanna imeachta nua, cleachtais agus feidhmeanna riaracháin ar fud gach réimse den na seirbhísí dóiteáin. Samhlaítear go mbeidh an rud céanna ag tarlú ar feadh na bliana 2021.

OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN (FREAGAIRT)


Ba 1531 (1388 teagmhas) le 604 ag Seirbhís Dóiteáin Chathair na Gaillimhe agus 927 freagairt éigeandála sa chuid eile de Chontae na Gaillimhe, an líon iomlán freagairt éigeandála do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) sa bhliain 2020. Tá an ráta foriomlán glaonna beagnach comhionann leis an mbliain 2019 le hardú de thart ar 40 glao sa Chathair agus laghdú comhfhreagrach sa Chontae. Taispeántar i bhFíor 4 na treochtaí maidir le teagmhais/freagairtí ó 2010 – 2020 do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe. Bhí titim shuntasach, tar éis ardú ar líon na dteagmhais/freagairtí a freastalaíodh orthu sna blianta 2017 agus 2018, ar líon na dteagmhais a freastalaíodh orthu sna blianta 2019 agus 2020. Taispeántar i bhFíor 5 treochtaí na dteagmhais/freagairtí i limistéar dóiteáin Chathair agus Chontae na Gaillimhe faoi seach ó 2010 -2020.

Slógaí/Teagmhais Iomlána GFRS 2010-2020




Fíor 4: Treochtaí maidir le Teagmhais do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe 2010 – 2020

Glaonna Éigeandála GFRS Chathair/Chontae na Gaillimhe 2010-2020



Fíor 5: Treochtaí maidir le Teagmhais i Limistéir Dhóiteáin na Cathrach & an Chontae 2010-2020


Slógaí in aghaidh an Stáisiúin 2020



Fíor 6: Briseadh síos ar Shlógaí in aghaidh an Stáisiúin sa bhliain 2020

Tugtar briseadh síos i bhFíoracha 6 & 7 ar an slógadh in aghaidh an stáisiúin agus teagmhais de réir limistéar stáisiún don bhliain 2020. Tá na leibhéil gníomhaíochta foriomlána mar an gcéanna le leibhéil 2019 agus tá an céatadán gníomhaíochta de réir stáisiúin measartha seasmhach i gcónaí.

Teagmhais in aghaidh Limistéar Stáisiúin don bhliain 2020



Fíor 7: Briseadh síos ar Theagmhais de réir Limistéar Stáisiúin sa bhliain 2020

Básanna mar gheall ar Dhóiteán

Is cúis aiféala go bhfuair duine amháin bás mar gheall ar dhóiteáin a tharla de thimpiste sa bhliain 2020 i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe

BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLA (MEM)

Lean an Coiste Forbartha Mórigeandála (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do Bhainistíocht Mórigeandála (MEM) dá chuid oibre. Cuireadh Plean Mórigeandála Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi bhráid na Foirne Feidhmiúcháin lena chríochnú chomh maith le Fhophleananna Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Drochaimsir agus Freagairt i leith Tuile.

Mar gheall ar phaindéim Covid-19 d'ullmhaigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) Plean Bainistíochta Básmaireachta agus cuireadh an plan i bhfeidhm le linn cleachtadh idirghníomhaireachta a bhí ar siúl an 3 Iúil. Cruthaigh Oifigeach GIS Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an GFRS córas bogearraí GEMMS (Córas Bainistíocht Éigeandála Básmaireachta na Gaillimhe) (Fíor 8) chun bainistiú a dhéanamh sa chás go mbeadh go leor daoine ag fáil bháis. Rinneadh an córas a leasú ó SWEMS (Córas Bainistíochta Eachtra Drochaimsire) laistigh de thréimhse ama an-ghearr. Rinneadh an córas a thástáil freisin le linn an chleachtaidh agus is féidir é a úsáid mar uirlis idirghníomhaireachta chun

gach bás a rianú. Chun cur le teacht aniar agus cur le hacmhainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun coirp a stóráil ceannaigh an GFRS 2 fheithicil cuisnithe dochta (Fíoracha 9 & 10). Bhí seilfeanna i ngach aon fheithicil le hacmhainn stórála do 24 corp. Chuir an GFRS éileamh faoi bhráid NDFEM chun costas na bhfeithicilí a fháil ar ais.

Mar chuid den phleanáil don Drochaimsir, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt a dhéanamh ar Chóras Mapála Eachtra Drochaimsire (SWEMS) mar a thaispeántar i bhFíor 11. Is féidir an córas a úsáid chun suíomhanna agus teagmhais gach eachtra maidir le tuile i gceantar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe a thuairisciú agus a taifeadh ar mhapa beo ARC GIS. Tá an córas nasctha go huathoibríoch leis an Mapa maidir le Dúnadh Bóithre a bhaineann leis an Aimsir Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Láithreán Gréasáin Chomhairle Contae na Gaillimhe, le MapAlerter agus le leathanach Twitter Chomhairle Contae na Gaillimhe, a chuireann an deis ar fáil le huath-nuashonrúcháin a sholáthar don phobal le linn eachtra drochaimsire. Rinne an GFRS clár oiliúna SWEMS a leathadh amach chuig gach ceantar bardasach agus tugadh an oiliúint don fhoireann go léir chun críche i mí na Nollag 2020.

Go háitiúil, lean coiste MEM dá gcuid oibre ar athbhreithniú Pleananna Éigeandála Seachtraí (EEP) do Láithreán Shraith Uachtarach Seveso (faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2015). Faoi na Rialacháin sin, ní mór do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRAanna), ar a dtugtar Údaráis Áitiúla Inniúla (LCAanna), athbhreithniú a dhéanamh ar EEPanna uair amháin gach trí bliana, lena n-áirítear, cleachtaí a réachtáil. I measc na ngníomhaireachtaí (LCAanna), áirítear Comhairle Chontae na Gaillimhe (lena n-áirítear, Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe mar PES), Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána, HSE Thiar (lena n-áirítear an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta (NAS) agus an t-oibreoir láithreáin eile agus gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear, an tÚdarás Calafóirt, más infheidhme. Cé nár athbhreithníodh aon phleananna sa bhliain 2020 cuireadh tús le hobair ar Colas (Láithreán Shraith Uachtarach COMAH) EEP i mí na Nollag 2020 ag súil leis an bplean athbhreithnithe a bheith críochnaithe go luath sa bhliain 2021.

Reachtáladh na cleachtaí móréigeandála seo a leanas sa bhliain 2020;


- Cleachtadh Idirghníomhaireachta Bainistíochta Básmhaireachta Covid-19 an 3 Iúil 2020;
- Cleachtadh Idirghníomhaireachta Aerfort Indreabháin an 14 Nollaig 2020.

Mar chuid de na cleachtaí sin, lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe den Aonad Soghluaiste Comhordúcháin ar an Láthair (atá lonnaithe i stáisiún dóiteáin an Ghoirt), de réir mar a thaispeántar i bhFíor 14 agus den Lárionad Comhordúcháin Áitiúil, a neadú. Baineann gach aon cheann acu úsáid as an gcóras nua leictreonach i leith bainistíocht faisnéise (eIMS).

Lean foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe dá rannpháirtíocht i nGrúpa Stiúrtha MEM Réigiún an Iarthair agus i nGrúpaí Oibre MEM an Iarthair araon, grúpaí iad seo ina gcuimsítear comhaltaí de chuid na bPríomhsheirbhísí Éigeandála (PES) i Réigiún an Iarthair (Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil, Rannáin Áitiúla de chuid an Gharda Síochána agus Seirbhís Otharcharr HSE Thiar).

Leantar le Ceanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe a úsáid mar phríomhshuíomh do Lárionad Áitiúil Comhordúcháin (LCC) na dtrí Phríomhghníomhaireacht Freagartha sin (PRAanna), Comhairle Chontae na Gaillimhe, HSE an Iarthair agus Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána i gcás Móréigeandála i limistéar Chathair agus Chontae na Gaillimhe. I lár na bliana 2018 cuireadh cás faoi bhráid NDFEM le haghaidh maoiniú a fháil chun gineadóir cúltaca a chur ar fáil don LCC mar chuid de phlean leanúnachais gnó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Fuarthas an gineadóir agus rinneadh é a sheachadadh go luath sa bhliain 2020. Chuir an GFRS éileamh faoi bhráid NDFEM i lár na bliana 2020 chun costas an ghineadóra a fháil ar ais ó NDFEM.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe bainistíocht freisin ar an éileamh bliantúil réigiúnach thar ceann 8 PRAanna i Réigiún an Iarthair sa bhliain 2020 amhail blianta roimhe sin.




Fíor 8: Córas Mapála GEMMS



Fíor 9: Cleachtadh Bainistíochta Básmaireachta Covid 19



Fíor 10: Trucail Cuisnithe Corp GFRS MFU-01



Fíor 11: Córas Bainistíochta Eachtra Drochaimsire



Fíor 12: Aonad Cuisnithe Stórála Corp Fleximort



Fíor 13: Coimeádán Stórála Cuisnithe Corp



Fíor 14: Aonad Lárionad Comhordúcháin ar an Láthair (OSCC) MEM Réigiún na Gaillimhe

BAINISTÍOCHT STRUIS I GCÁS TEAGMHAS CRITICIÚIL

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar údarás conarthach do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an Iarthair le haghaidh CAMP de bhainistíocht a dhéanamh ar chonradh le Inspire Ltd chun seirbhísí CISM a sholáthar do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an Iarthair ó Dheireadh Fómhair 2017 go Meán Fómhair 2020. Baineadh leas as an rogha chun síneadh ar feadh bliain eile a chur leis an gconradh go Meán Fómhair 2021.

Tosaíocht Straitéiseach

Chun an rannpháirtíocht saoránach is leithne agus is féidir i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a gcuid pobal agus a gcontae a éascú.

SÁBHÁILTEACHT AGUS COSC DÓITEÁIN POBAIL

Leanadh leis an obair ar feadh na bliana 2020 sa Rannóg Coiscthe Dóiteáin agus Sábháilteachta Dóiteáin in ainneoin srianta COVID- 19.

Cigireacht


Thug an Rannóg Coiscthe Dóiteáin faoi 101 cigireacht ar áitribh sa bhliain 2020 mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981, faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2014, faoi na hAchtanna Ceadúnaithe, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha. Is ionann an figiúr seo agus laghdú de 67% ar chigireacht i gcomparáid le

cigireacht na bliana 2019. Is féidir an laghdú seo a chur síos do dhúnadh tithe ósta agus áiteanna eile a mbailíonn daoine le chéile mar gheall ar shrianta COVID-19. Chiollaigh na srianta ar ghluaiseacht agus an riachtanas le teagmháil phearsanta a íoslaghdú le linn tréimhse na paindéime, nach raibh na hOifigigh Dóiteáin in ann an méid céanna cigireachta a dhéanamh is a bheadh á dhéanamh acu d'oireasa na paindéime.

Iarratais ar Cheadúnais Poiblí


Fuair an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 166 iarratas agus próiseáladh 83 iarratas ar cheadúnais poiblí sa bhliain 2020. Taispeántar an ghníomhaíocht maidir le cheadúnais poiblí sna blianta ó 2008 go 2020 i bhFíor 15.

Iarratais ar Cheadúnais d'Áitribh 2008-2020




Fíor 15: Iarratais ar Cheadúnais Poiblí 2008- 2020

Achoimre maidir le Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin



Fíor 16: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) 2008- 2020

Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas



Fíor 17: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas 2010-2020


Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin

Dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 285 Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin de gach cineál faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, agus bhain 164 iarratas díobh sin le limistéar na Comhairle Contae agus bhain 139 iarratas díobh le limistéar na Comhairle Cathrach. Is ionann an líon foriomlán iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus laghdú 6.8% ón mbliain 2019. Tá an ghníomhaíocht i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin sna blianta ó 2008 go 2020 le feiceáil i bhFíor 16.

Léirítear sna figiúirí seo íslíú beag maidir le gníomhaíochtaí tógála tráchtála beartaithe i limistéar na Gaillimhe sa bhliain 2020. Mar sin féin, bhain líon níos airde iarratais le forbairtí casta nach bhfacamar le líon blianta. Ag tógáil srianta COVID-19 agus dúnadh suíomhanna ar feadh tréimhse fada san áireamh bheadh an tseirbhís dóiteáin ag súil le híslíú níos mó in iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin don bhliain 2020.

Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

Déileáladh le líon iomlán de 85 Deimhniú maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2020, laghdú de 23% ón mbliain 2019. Tá an ghníomhaíocht i leith Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas sna blianta ó 2010 go 2020 le feiceáil i bhFíor 17.



Fíor 18: Atreoruithe Pleanála 2008-2020

Atreoruithe Pleanála

Bhí ardú ar an líon atreoruithe pleanála sa bhliain 2020 agus fuarthas 25 atreorú pleanála don Chathair agus don Chontae sa bhliain 2020 agus taispeántar an ghníomhaíocht maidir le hatreorú pleanála ó 2008 go 2020 i bhFíor 18.

Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal


Fuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) 650 aláram deataigh neamhspleách ina bhfuil cadhnaí fadsaoil le linn na bliana 2020. Chomh maith leis an stoc atá ann faoi láthair, suiteáladh na haláram dheataigh seo i dtithe cónaithe ar fud na Gaillimhe agus bhí an príomhfhócas ar Ghaillimh Thiar agus ar na hoileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu, Inis Meáin, Inis Oírr agus Inis Bó Finne. Tugadh faoi Sheiceáil Sábháilteachta ó thaobh Dóiteáin freisin ar gach aon teach cónaithe le linn den aláram deataigh a bheith á suiteáil agus thug an GFRS faoi 679 Sheiceáil Sábháilteachta ó thaobh Dóiteáin ag Baile ar feadh na bliana 2020.

Chuidigh Fóram Chonamara leis an tionscadal agus chuir siadsan 150 aláram deataigh ar fáil agus shuiteáil an GFRS iad i gCeantar an Chlocháin.

Soláthraítear briseadh síos mionsonraithe i dTábla 1 thíos den na Seiceálacha Sábháilteachta ó thaobh Dóiteáin ag Baile a tugadh chun críche ar feadh na bliana 2020.

Seiceálacha Sábháilteachta ó thaobh Dóiteáin ag Baile 2020		
Ceantar	Comhlánaithe ag	Comhlánaithe
Inis Meáin	GFRS An Cheathrú Rua	119
Inis Oírr	GFRS Inis Mór	203
Inis Mór	GFRS Inis Mór	26
An Cheathrú Rua	GFRS An Cheathrú Rua	33
An Clochán	GFRS an Chlocháin	193
Inis Bó Finne	GFRS an Chlocháin	76
An Gort	GFRS an Ghoirt	1
Cathair na Gaillimhe	GFRS Chathair na Gaillimhe	2
Béal Átha na Sluaighe	GFRS Bhéal Átha na Sluaighe	26
	Iomlán	


Tábla 1: Seiceálacha Sábháilteachta ó thaobh Dóiteáin ag Baile 2020




Fíor19: Sliocht CRISP-P maidir le Seiceálacha Sábháilteachta ó thaobh Dóiteáin ag Baile



Fíor 20: GFRS an Chlocháin ag glacadh le haláiraim dheataigh ó Fhóram Chonamara





Galway Fire & Rescue Service
Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe



An Garda Síochána

Wildfire Information for Farmers & Landowners

- It is **illegal** to burn on open ground for the control of growing vegetation between February 28th and September 1st
- Farmers and landowners in breach risk prosecution and or penalties under the Dept. of Agriculture's support payments for farmers (Single Farm Payment, AEOS, REPS, Disadvantaged Area Scheme)
- Galway County Council will impose a charge on the owners or the beneficial occupiers of the land or property in relation to the attendance of the Fire Service

Wildfire Information for the Public

- Avoid lighting fires outdoors when there are high winds or high temperatures
- Do not discard cigarette ends – make sure they are extinguished completely
- Report anyone acting irresponsibly or carelessly with fire in the countryside

PLEASE REMEMBER!

Wildfires are a serious drain on Fire Service resources. Fire crews may be delayed in attending life threatening house fires or road traffic collisions when fighting wildfires.

Fíor 21: Feachtas Póstaeir maidir le Cosc Dóiteán Fiathalún



Fíor 22: Teachtaireacht Sábháilteachta Dóiteáin Pobail ar Fhearis Dóiteáin

Faraor, b'éigean don GFRS gach teagmháil neamhéigeandála leis an bpobal a chur siar mar gheall ar phaindéim Covid-19, ar nós cainteanna maidir le sábháilteacht ó thaobh dóiteáin, cuairteanna maidir le fearais dóiteáin ar scoileanna agus oscailt suas stáisiúin dóiteáin do mhuintir an phobail. Sa bhliain 2020, cuireadh siar freisin Clár na mBunscoileanna do leanaí sa 3ú rang.

Reáchtáil an GFRS feachtas fógraíochta (féach Fíor 21) i nuachtáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta chun iarracht a dhéanamh an líon dóiteán fiathalún a laghdú go háirithe i gConamara agus i nDeisceart an Chontae. Cuireadh na póstaer ar taispeáint i ngnóthaí móra sa cheantar freisin. Lean an GFRS lena theachtaireacht sábháilteachta pobail maidir le fearais dóiteáin ina léirítear an feachtas náisiúnta Cuir STOP le Dóiteáin.

Tosaíocht Straitéiseach

Cur an méid is fearr is féidir le cumas eagraíochtúil trí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht oibríochta, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca agus ar fhorbairt na Foirne agus na gComhaltaí Tofa

CAIPITEAL

Sa bhliain 2020, rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe iarratas ar aisíoc maoiniú caipitil de thart ar €300,000 ón Stiúrtóireacht Náisiúnta maidir le Bainistíú Dóiteán agus Éigeandálaí sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bhain an t-iarratas sin leis an méid seo a leanas;

- Íocaíochtaí conartha agus táillí gairmiúla i ndáil le Stáisiún Dóiteáin nua Thuama
- Fearas Dóiteáin Aicme B a fháil do Chathair na Gaillimhe
- Aláraim Dheataigh a sholáthar
- Aonaid Ilbhásmhaireachta
- Gineadóir cúltaca d'Fhoirgnimh an Chontae

Admhaímid an tacaíocht ríthábhachtach seo a fuair an Chomhairle, chun tacú le soláthar seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ag an gComhairle i limistéar na cathrach agus an chontae.

OILIÚINT

Trí chomparáid a dhéanamh leis na blianta roimhe seo tháinig laghdú suntasach ar an oiliúint a bhí idir lámha ag FRS na Gaillimhe sa bhliain 2020 mar thoradh ar theacht chun cinn phaindéim Covid-19. Cuireadh bloc mór oiliúna siar seachas líon beag de chúrsaí oiliúna atá luaite thíos.

Roimh Covid-19 rinneadh oiliúint a sheachadadh sna bealaí seo a leanas:

- Oiliúint oíche druileála i stáisiún áirithinte sa Chathair agus sa Chontae
- Oiliúint faire laethúla i stáisiún lánaimseartha Chathair na Gaillimhe
- Cúrsaí oiliúna lárraithe idir chúrsaí tosaigh agus chúrsaí athnuachana

mar sin féin, mar atá luaite, b'éigean formhór na hoiliúna a bhí le soláthar le linn na bliana 2020 a chur siar. Cuireadh tús arís leis an oiliúint maidir le hoíche druileála/faire laethúil i mí an Mheithimh 2020 agus leanadh ar aghaidh leis sin go deireadh na bliana 2020.

An Clár Oiliúna Oíche Druileála

Díríonn an oiliúint instáisiún ar chroíscileanna a chuireann oifigigh i ngach stáisiún ar fáil. Mar gheall ar Covid-19 cuireadh an oiliúint seo siar go dtí mí an Mheithimh 2020 nuair a cuireadh tús leis an oiliúint maidir le hoíche druileála leasaithe arís.

An Clár Oiliúna maidir le Faire Laethúil

Díríonn an oiliúint instáisiún ar chroíscileanna a chuireann oifigigh i ngach stáisiún ar fáil. Mar gheall ar Covid-19 cuireadh an oiliúint seo siar go dtí mí an Mheithimh 2020 nuair a cuireadh tús arís leis an oiliúint maidir le faire laethúil leasaithe.

Díríonn an oiliúint seo ar chroíscileanna a chuireann oifigigh i ngach stáisiún ar fáil. Tugadh faoi chothabháil scileanna do ról speisialtóireachta agus é bunaithe ar fhearais speisialtóireachta atá lonnaithe sa stáisiún, lena n-áirítear:

- An t-aonad ábhar guaiseach
- An t-aonad cuair
- Inneall éigeandála
- Ardán dréimire aerga (ALP)

Clár Oiliúna Lárraithe

Eagraíodh cúrsaí oiliúna tosaigh agus athnuachana go lánach mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, mar sin féin, mar gheall ar Covid-19 ní dheachaigh formhór na gcúrsaí oiliúna ar aghaidh. Áirítear ar na cúrsaí a cuireadh ar fáil:

- Gaireas Análaithe Caiteora Tosaigh
- Tarrtháil Téada
- Tarrtháil Uisce
- Cúrsa Athnuachana maidir le Láimhsiú

Oiliúint Náisiúnta Lárraithe

Bhí tionchar ollmhór ag paindéim COVID-19 ar an gclár maidir le hoiliúint náisiúnta lárraithe. Mar sin féin, chuir FRS na Gaillimhe mic léinn ar chúrsaí oiliúna náisiúnta lárraithe a bhí á stiúradh ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM) agus LASNTG in ionaid oiliúna éagsúla ar fud na tíre. Áirítear orthu seo:

- Gaireas Análaithe Caiteora Tosaigh
- Modúl 1 d'Oifigigh Sóisearacha
- Seimineáir maidir le hinnealtóireacht dóiteáin agus ceannasaíocht oibríochtúil d'oifigigh shinsearacha (ar líne)

Athfhorbairt Stáisiún Dóiteáin

Thosaigh stáisiún dóiteáin áirithe nua, ag a bhfuil 4 bhá, ag oibriú i dTuaim ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2018 tar éis conradh 10 mí a chur i gcrích agus osclaíodh go hoifigiúil é an 15 Aibreán 2019. Cuireadh meastóireacht chaipitiúil bhreise faoi bhráid na Stiúrthóireachta Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin agus Éigeandála i leith stáisiún dóiteáin Bhaile Átha an Rí agus Bhéal Átha na Sluaighe agus fuarthas cead maoinithe i mí Deireadh Fómhair 2019, agus cuireadh obair chun cinn freisin chun suíomh a fháil do Chathair na Gaillimhe

Fearas dóiteáin nua Aicme B

Tugadh na tairiscintí maidir le Fearas Dóiteáin nua Aicme B a chur ar fáil chun críche ar bhonn réigiúnach mar chuid den Phróiseas Fála Náisiúnta sa tréimhse ó 2018-2020 agus rinneadh an fearas nua a sheachadadh do stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe sa bhliain 2019.

Pearsanra

Is saincheist bhuan í líon foirne na gcúinn a choimeád sa tseirbhís áirithe agus ciallaíonn deacrachtaí le hearcaíocht go mbíonn deacracht le cothabháil a dhéanamh ar shocruithe maidir le hinfhaighteach. Táthar ag leanúint le hearcaíocht ar bhonn bliantúil.

COSAINT SHIBHIALTA

Bhí an chéad chuid den bhliain 2020 thar a bheith gnóthach do Chosaint Shibhialta na Gaillimhe trína 5 ionad oiliúna i gCathair na Gaillimhe, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCluain Bheirn. Faraor, mar gheall ar phaindéim Covid-19 b'éigean cruinnithe agus oiliúint a chur siar ag teacht le treoir phoiblí. Ní raibh ar siúl ach ath-dheimhniúcháin a bhí riachtanach. Cuireadh siar an oiliúint láraithe freisin sa Choláiste Cosanta Sibhialta.

Chuir comhaltaí clúdach otharchairr agus leighis ar fáil do shearmanais oscailte Gaillimh 2020 sa Chlochán, sa Spidéal, i dTuaim, Béal Átha na Sluaighe, Port Omna agus i mBaile Átha an Rí. Cuireadh an phríomhimeacht i gCathair na Gaillimhe ar ceal mar gheall ar Stoirm Ciara.

Chuir Cosaint Shibhialta na Gaillimhe a gcuid seirbhísí ar fáil don HSE chun cuidiú leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus le ranna Cúraim Sláinte Phobail an Iarthair le linn phaindéim Covid-19. D'iompar comhaltaí na Cosanta Sibhialta samplaí de mhaipíní Covid-19 chuig an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris i mBaile Átha Cliath agus chuig Saotharlanna Enfer sa Nás do Chúram Sláinte

Phobail an Iarthair agus don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna. Cuireadh tús leis an gcúram seo i ndeireadh an Mhárta agus leanadh ar aghaidh leis go dtí tús mhí an Mheithimh 2020.

Chuidigh comhaltaí le Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann ina gcuid clinicí a bhí á reáchtáil i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe.

Rinneadh láithreán nua ríomhfhoghlama a fhorbairt d'oibríthe deonacha. Is féidir na modúil agus an t-ábhar oiliúna go léir a rochtain ar an láithreán seo.

Táthar ag leanúint le clár oiliúna maidir le Céadfheagairt Chairdiach, Céadfheagróirí Garchabhrach agus Céadfheagairt Éigeandála i láthair na huaire trínar láithreán nua ríomhfhoghlama ar feadh 2020 agus 2021.

Rinneadh athdheimhniú ar gach Céadfheagairt Chairdiach, Céadfheagróirí Garchabhrach agus Céadfheagairt Éigeandála sa bhliain 2020. Mar sin féin mar gheall ar shrianta COVID-19 i mbliana tá teagascóirí bailí anois go dtí an bhliain 2022.

Cuireadh oiliúint sa bhliain 2020 ar Bhainisteoir Faisnéise MEM amháin (1). Rinne Coláiste na Cosanta Sibhialta óstáil ar an gcúrsa seo.

Rinneadh Terrafirma óstáil ar 2 chúrsa 4x4 easbhóthair i mí Feabhra 2020 chun ár dtiománaithe a ullmhú chun freagairt d'eachtraí drochaimsire. Cuireann sé seo leis an soláthar tiománaithe atá ar fáil dúinn.

Rinne Brainse Cosanta Sibhialta na Roinne Cosanta Ford Ranger amháin 4x4 a leithdháileadh do Chosaint Sibhialta na Gaillimhe i mí an Mheithimh 2020, le maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Beidh gach aonad ag freagairt arís ar iarratais ar chúnamh óna bpobail le linn imeachtaí pobail áitiúla ag cur clúdach garchabhrach, agus cúnamh eile a iarradh, ar fáil, sa chás é sin a bheith indéanta.

Rinne Rescue-3 na Ríochta Aontaithe athdheimhniú ar 3 Theagascóirí Freagróra Tuile i mí Feabhra 2020. Roghnaíodh Gaillimh mar ionad d'athdheimhniú teagascóirí ar bhonn náisiúnta.

Bhí Oifigeach na Cosanta Sibhialta rannpháirteach i bhfóram Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus thug comhaltaí na Cosanta Sibhialta faoi dhualgais maidir le daoine leochaileacha a aithníodh sna grúpaí fóraim.

Tugadh faoi oiliúint ionduchtúcháin Covid-19 do na comhaltaí go léir de réir beartas na Comhairle Contae.

Sa bhliain 2020 lean an Chosaint Sibhialta den úsáid a bhaineann siad as an gcóras ríomhghrinnfhiosrúcháin i leith comhaltaí nua agus comhaltaí reatha. Leanann an córas nua sin de bheith níos éifeachtúla ná mar a bhí roimhe seo agus faightear cinneadh faoi stádas grinnfhiosrúcháin laistigh d'amscála i bhfad níos giorra.



Fíor 23: Foireann Cosanta Sibhialta SUA ag tabhairt faoi chuardach duine atá ar iarraidh in aice le Calafort na Gaillimhe.

Tosaíocht Straitéiseach

Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís custaiméara atá ar ardchaighdeán i gcroílár a bhfuil idir lámha againn.

Seirbhís do Chustaiméirí

Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála na Gaillimhe próiseáil ar ghearáin maidir le cosc dóiteáin, agus thug siad aghaidh ar ghearáin den sórt sin, ar bhonn tosaíochta. Tá rannóg nua Seirbhísí do Chustaiméirí curtha san áireamh in Alt 26 den Dréachtphlean Oibríochtaí i gcás Dóiteáin nó Éigeandála.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

BONNEAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ

AN tAONAD BÓITHRE & IOMPAIR

Líonra iompair atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil chun daoine agus earraí a iompar laistigh de bheartais iompair inbhuanaithe agus lánpháirtithe.

Tá an tAonad Bóithre agus Iompair freagrach as Líonra Bóithre, Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an Chontae a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú agus tá an tAonad freagrach as Sábháilteacht ar bhóithre, as cúrsaí Muirí agus as Draenáil Artaireach.

Bhain an tAonad Bóithre & Iompair roinnt éachtaí suntasacha amach le linn na bliana 2020, lena n-áirítear:

- Thionóil an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal do Chuarbhóthar an N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) an 18 Feabhra 2020. Ar an drochuair mar gheall ar an bpaindéim, cuireadh an éisteacht ó bhéal ar fionraí an 12 Márta 2020. Ag an am sin, bhí Modúl 1 Éiceolaíocht / Hidrigeolaíocht críochnaithe. Éisteadh le cur isteach ceithre lá ar Mhodúl 2 - Measúnú Tionchair Timpeallachta sa chéad suí seo den éisteacht. Cuireadh tús leis an éisteacht arís trí MS Teams an 12 Deireadh Fómhair 2020 agus lean sé ar aghaidh beagnach ar feadh 11 lá thar thréimhse ceithre seachtaine. Éisteadh le sé lá eile maidir le Modúl 2 agus cúig lá eile ar Mhodúl 3 OCÉ. Éisteadh le ráitis dúnta na héisteachta maidir le N6 GCRR Dé Céadaoin an 4 Samhain 2020.
- Lean oibreacha tógála ar aghaidh ar Scéim an N59 ón Teach Dóite go Bun na Coille i rith 2020 agus tá dul chun cinn fós ar an gclár do R2, 2021. Tá an scéim thart ar 5.2km ar fhad.
- Lean oibreacha tógála ar aghaidh ar Scéim Bhaile an Doirín go Cinn Mhara i rith 2020 agus tá dul chun cinn fós ar an gclár do R2, 2021. Tá an scéim thart ar 3.2km ar fhad agus beidh rotharbhealach ann.
- Cuireadh an obair thógála ar an Scéim N59 siar ó Leitir Fraic i gerích i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá an bóthar seo oscailte do thrácht anois. Tá an scéim thart ar 0.5km ar fhad.

Spríoc Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil ár mbonneagar fisiceach agus sóisialta forbartha go leor chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus chun cáilíocht ár beatha a fheabhsú

CLÁR BÓITHRE 2020

Ullmhaíodh Clár Bóithre 2020 tar éis leithdháiltí €62,626,824 do thógáil, do dheisiú agus do chothabháil Bóithre Náisiúnta, agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, a fháil ó Bhoneagar Iompair Éireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus maoiniú ó Chomhairle Contae na Gaillimhe:

Bóithre Náisiúnta - €28,848,266
Bóithre nach bóithre náisiúnta iad - € 33,778,558

Ullmhaíodh an Clár Bóithre i gcomhairle leis na baill tofa, rinne gach Ceantar Bardasach athbhreithniú air agus glacadh leis.

Spríoc Straitéiseach

Forbairt eacnamaíoch agus fiontar leanúnach agus inbhuanaithe ár gcontae a uasmhéadú

B'ionann an deontas a leithdháil Bonneagar Iompair Éireann don Mhótarbhealach agus do na Bóithre Náisiúnta don bhliain 2020 agus €28,848,266.

Roinneadh an leithdháileadh don bhliain 2020 mar seo a leanas:

Oibreacha Feabhsúcháin	€27,140,985
Oibreacha Cothabhála	€1,072,281
Costais a bhaineann le PPP	€235,000
Féarbhealach	€400,000

Leanadh le maoiniú a sholáthar in 2020 chun dul chun cinn agus seachadadh leanúnach na Mórbhealaí Idir-Uirbeacha a éascú. Rinne Oifig Tionscadal Bóithre Náisiúnta na Gaillimhe bainistíocht ar na mórthionscadail/mionthionscadail seo a leanas agus aisíocadh na costais a bhaineann leis an gclár seo ina n-iomláine ó Bhoneagar Iompair Éireann:

M6	Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe	€2,000,000
-----------	------------------------------------	------------

N59	An Clochán go hUachtar Ard	€1,000,000
N59/BS	Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn	€1,000,000
N17	Ailíniú Bhaile an Mhuilinn go Gortnagunnad (Mion 2016)	€600,000
N59	An Teach Dóite go Bun an Choill	€10,000,000
N59	Leathnú siar ó Leitir Fraic (Mionbhóthar 2016)	€1,300,000
N63	Mainistir Chnoc Muaidhe go dtí An tEanach (Cuid de Líonra Iarmhair An Ghoirt/Tuaim)	€600,000
N63	Ailíniú ón Lios to dtí an Mainistir (Mionbhóthar 2016)	€250,000
N65	Crois Chill Mhian	€50,000
N67	Ailíniú Céim 2 Baile an Doirín go Cinn Mhara	€4,000,000
N84	Scéim Ailínithe Luimnigh	€50,000
N84	Gaillimh go dtí An Currach Mór	€50,000

CEANNACH TALÚN

- Lean ceannach talún ar aghaidh do Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn N59 agus ceapadh comhairleoirí sa bhliain 2018 agus tá sé beartaithe go rachaidh an scéim chun tairisceana sa bhliain 2021
- Lean ceannach talún ar aghaidh chun tionscadal bóthair N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go dtí Cnoc an tEanach a éascú
- Leanann ceannach talún ar aghaidh chun tionscadal bóthair Chéim 2 Ailíniú Baile an Doirín go Cinn Mhara a éascú
- Lean ceannach talún ar aghaidh do scéim N59 An Teach Dóite go hUachtar Ard idir An Teach Dóite agus Bun an Choill
- Lean ceannach talún ar aghaidh chun Scéim Sábháilteachta Cheathrú Mhuineach N63 (Twenty Minute Hill) a éascú

I measc na ngarspriocanna eile a baineadh amach maidir le Líonra Náisiúnta Príomhbhóithre & Bóithre Tánaisteacha le linn nab liana 2020 bhí:

- Críochnaíodh Scéim an N59 siar ó Leitir Fraic agus osclaíodh don trácht í. Tionscadal leathnú bóthair a bhí anseo a bhí níos faide ná 500m.
- Cuireadh próiseas tairisceana réamhcháilíochta i gcrích do Scéim Sheachród Maigh Cuilinn N59. Aithníodh leis seo na cúig phríomhchonraitheoir a dtabharfar cuireadh dóibh tairiscintí a dhéanamh ar na hoibreacha in 2021.
- Cuireadh tús le hoibreacha agus tá siad fós ar siúl ar Scéim N59 An Teach Dóite go Bun an Choill. Is éard atá anseo athailíniú 5.2km agus cuimsíonn sé carrbhealach aonair nua 7 go 8 méadar ar leithead a thógáil le 0.5 stiall chrua agus imeall.
- Cuireadh tús le hoibreacha agus leantar ar aghaidh leo ar Scéim N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara. Is athailíniú carrbhealaigh aonair é seo de 4km le rotharbhealach deighilte 2.5m.
- Leanadh le hoibreacha i rith 2020 ar chéim 0 go 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal Bonneagair Iompair na hÉireann (TII PMG) a sheachadadh (suas go dtí an próiseas pleanála reachtúil agus lena n-áirítear) do scéim athailíniú N63 ón Lios go dtí an Mainistir.
- Leanadh den obair i rith 2020 ar chéimeanna 0 go 4 de TII PMG a sheachadadh don scéim N17 Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide.
- Leanadh den obair i rith 2020 agus seachadadh céimeanna 0 go 4 de TII PMG do Scéim Tosaíochta Acomhal Chill Mhín N65.
- Chuir innealtóirí tionscadail Chomhairle Contae na Gaillimhe tús arís le Scéim N59 An Clochán go dtí An Teach Dóite.
- Tá innealtóirí tionscadail Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh dul chun cinn le Scéim Teorann Chathair na Gaillimhe go Cluain Bú.
- Tugadh céim a dó d'Oibreacha Feabhsúcháin ar Shráid Bhéal Átha Ghártha chun críche.
- Tugadh oibreacha ar chosán N59 chun críche sa nGabhlán Thiar, in Eadargúil agus i Maigh Ard chun cur leis na hoibreacha a rinneadh sa bhliain 2019.
- Tugadh oibreacha cosáin ar an N67 ó Chill Cholgáin i dtreo Bhaile an Doirín (1.2Km) chun críche.
- Tugadh oibreacha cosáin ar an N66, R380 roimhe seo, i gCill Chríost chun críche.

BÓITHRE RÉIGIÚNACH AGUS ÁITIÚLA

Is €33,778,558 an caiteachas a thabhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla le Maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2020 agus atá roinnte mar seo a leanas:

Oibreacha Feabhsúcháin	€ 28,944,058
Oibreacha Cothabhála	€ 4,834,500

Is féidir an caiteachas a rangú faoi na ceannteidil leathana seo a leanas:

Catagóir Deontais	2020
Deontas feabhsúcháin	€16,817,000
Deontas Cothabhála Athchóirithe	€4,834,500
Deontas Lánroghnach	€5,699,500
Deontais le haghaidh Deisiúcháin Shonracha	€750,000
Deontais Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€409,000
Clár Athshlánúcháin Droichid	€530,000
Luasteorainneacha in Eastáit Tithíochta	€7,875
Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla	€1,200,000
Oibreacha Draenála	€1,397,683
Oiliúint	€128,000
Scéim Rannpháirtíochta Pobail	€953,000
Iar-Bhóithre Náisiúnta	€1,000,000
PSCI - Tacaíocht Suirbhé	€52,000
Méid Foriomlán:	€33,778,558

Cothabháil Bóithre Áitiúla:

Ba é an méid a soláthraíodh ó acmhainní na Comhairle féin sa bhliain 2020 **€6,329,586**. Rinneadh **€2,779,586** a leithdháileadh le haghaidh Cothabháil Ginearálta na mBóithre Áitiúla, lena n-áirítear **€1,206,950** le haghaidh costais oibriúcháin leanúnacha.

Rinneadh €1,572,636 a leithdháileadh i measc na gCeantar Bardasach le haghaidh Cothabháil Bóithre Áitiúla mar seo a leanas:

Cothabháil Ghinearálta ar Bhóithre Áitiúla - Cistí na Comhairle		
Ceantar Bardasach	Fad an Bhóthair Bóithre Áitiúla KM	Leithdháileadh Iomlán
Baile Átha an Rí / Órán Mór	555.40	€155,611
Béal Átha na Sluaighe	1350.98	€378,513
Conamara	1142.68	€320,153
Baile Locha Riach	1626.50	€455,709
Tuaim	937.44	€262,650
Iomlán	5,613.00	€1,572,636

Déantar soláthar, leis an tsuim seo do gach cineál cothabhála lena n-áirítear Berradh Ciumhaise, Draenáil, Comharthaíocht a Athnuachan agus a Sholáthar, Cothabháil Droichead, agus Cothabháil Ghinearálta. Rinneadh €265,000 a leithdháileadh le haghaidh cothabháil Gheimhridh sa bhliain 2020, ón Deontas Cothabhála Lánroghnach a dhéanann an Roinn Iompair a leithdháileadh. Déantar maoiniú leis an leithdháileadh seo chun grean a leathadh ar bhealaí tosaíochta sa chontae de réir Phlean Seirbhíse Geimhridh 2020-2021.

CLÁR ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA 2020

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú €530,000 a leithdháileadh chun 9 ndroichead shonracha i gContae na Gaillimhe a athshlánú agus críochnófar na hoibreacha in 2020. Tugadh oibreacha ar ocht gcinn díobh chun críche agus tugadh droichead amháin * ar aghaidh go 2021.

Uimhir Bóthair	Ainm & Suíomh an Droichid	Caiteachas Beartaithe 2020 €
R328	Richmond, Cluain Bheirn	€75,000.00
L74011	Lios Gioba Thoir, Baile Mhic an Bhaird	€50,000.00
L7321	Poll na Brón, Mionlach	€50,000.00
R336	An Choilleach Mhór, Lónán	€50,000.00

L5377	Poll na Cloiche, Maigh Cuilinn	€60,000.00
L12053	Doire Fhada Thoir, Sraith Salach	€80,000.00
L85144	Droichead Coisithe An Doirín, An Gort	€60,000.00
L82652	Baile an Gharraí, Cill Chríost	€50,000.00
L61603	An Doirín, Mainistir Chnoc Muaidhe *	€55,000.00

€530,000



Droichead Chluain Dá Thiompar, Tuaim críochnaithe in 2020

Rinneadh maoiniú **€ 395,000** a leithdháileadh ón deontas Lánrognach chun Droichid Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a dheisiú:

Clár Deisiú Droichead				
Ceantar Bardasach	Uimh. an Bhóthair	Droichead	Leithdháileadh	Iomlán Ceantar Bardasach
Baile Átha an Rí / Órán Mór	L3120	Lána na Beairice, Baile Átha an Rí	€40,000	€60,000
	L72521	Baile an Bhogáin, Baile Átha an Rí	€20,000	

Béal Átha na Sluaghe	L7323	An Chrois Uachtair, Mionlach	€7,500	€75,000
	L7204	Cluain Coirinn, Muine Mheá	€10,000	
	L2233	Cluain Cat, Gleann na Madadh	€15,000	
	R339	Drehidaunable, Muine Mheá	€7,500	
	R339	Maigh Iúir (Glentane), Mionlach	€15,000	
	R364	Maigh Locha 1	€20,000	
Conamara	L11063	Manainn, Baile Conaola	€15,000	€90,000
	L13204	Droichead Coisithe An Spidéil	€20,000	
	L5324	An Chorr, An Mám	€30,000	
	L1204	Ros Muc	€15,000	
	R341	Béal Átha na Bá, An Clochán	€10,000	
Baile Locha Riach	L4209	Lisnagry (Limehill), Liatroim	€7,500	€70,000
	L3201	Cill Tulach	€10,000	
	L8770	Ráth Uí Chonchúir, Tíne,	€20,000	
	L4218	Soldiers Bridge, Cill Chríost	€12,500	
	R348	Ráth na Fulrachta, Cill Tulach	€10,000	
	R353	Droichead Kylemore, An Mhainistir	€10,000	
Tuaim	L62171	Caolchoill, Áth Cinn	€10,000	€45,000
	L2105	Weir Road, Tuaim	€10,000	
	L2128	An Mhainistir, Mainistir Chnoc Muaidhe	€10,000	
	R360	An Poll Liath, Dún Mór	€15,000	
Uile Uile		Dearadh & Sealbhú Talún	€30,000	€55,000
		Glanadh fásra & Cigireacht	€25,000	
			Iomlán	€395,000

Sprioc Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil ár mbonneagar fisiceach agus sóisialta forbartha go leor chun tacú le forbairt eacnamaíoch, agus chun cáilíocht ár mbeatha a fheabhsú.

COTHABHÁIL MARA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh athbhreithniú ar an gclár muirí agus cothabhála ag tabhairt tosaíochta d'oibreacha de réir mar a cheadaíonn an buiséad. Liostaíodh os cionn 180 cé laistigh den Chontae san athbhreithniú deiridh. Aithníodh liosta tosaíochta de 62 áit teacht i dtír roimhe seo ar mhaithe le clár deisiúcháin agus athsholáthar oibreacha riachtanacha maidir le dréimírí agus ráillí, fás algaí ar fhánáin a ghlanadh go rialta, agus feabhsúcháin sábháilteachta ar chéanna. Áirítear sa Chothabháil Muirí cothabháil áiteanna feistithe do chuariteoirí agus cothabháil soilse loingseoireachta atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

In 2020 rinneadh feabhsúcháin i mBealacarra, Droim & Baile na hAbhann. Deisíodh soilse in Inis Oírr, i mBearna, i gCill Chiaráin agus i gCill Rónáin.

Tá thart ar 60 áit feistithe scaipthe amach go dtí os cionn 8 láthair dhifriúil.

Mar chuid de chlár 2-3 bliana, rinneadh 26 díobh a athsholáthar sa bhliain 2020.

CUANTA STRAITÉISEACHA

Caladh Inis Oírr

Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe Punch Consulting chun céim an deartha agus na tógála i leith forbairt cuain a chur chun cinn. Cuireadh suirbhéireachtaí i gcrích chun tacú leis na doiciméid chonartha atá ullmhaithe don phróiseas tairisceana. Ullmhaíodh doiciméid maidir le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh chun freastal ar riachtanais na scéime. Ullmhaíodh cás gnó don tionscadal agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Forbartha Pobail agus Tuaithe é in 2020. Tá sé seo á mheas ag an Roinn faoi láthair.

Caladh Mór Inis Meáin

Thacaigh athbhreithniú ar staidéar féidearthachta ó 2009 leis an iarratas ar Phlean Gnó a cuireadh faoi bhráid Roinn na Gaeltachta lena bhreithniú. Tá coimisiúnú déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an gColáiste Náisiúnta Muirí i gCorcaigh chun tabhairt faoi shamhaltú chun eolas a chur

ar fáil do dhearadh na cé. Chríochnaigh an Coláiste Náisiúnta Muirí an tsamhail dhigiteach choimisiúnaithe i Meán Fómhair 2020.

Mar gheall ar shrianta a bhaineann le rochtain ar an gcoláiste Muirí, níorbh fhéidir an tsamhail a úsáid go dtí seo. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair leis an gColáiste Náisiúnta Muirí chun úsáid na samhla a eagrú sa bhliain 2021. Déanfar é seo de réir Srianta Taistil Covid-19 agus treoirlínte maidir le rochtain ar shuíomh an Choláiste Mhuirí. Táthar ag súil go soláthróidh na páirtithe leasmhara Mara ábhartha measúnú agus ionchur ar fhorbairt thionscadal na cé trí úsáid a bhaint as an tsamhail dhigiteach.

Spríoc Straitéiseach

Cumas eagraíochtúil a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochta, bainistíocht airgeadais agus riosca agus forbairt ár bhFoireann agus ár gComhaltaí Tofa.

OBAIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA

Glasbhealach Chonamara

Leis an maoiniú a fuarthas faoin Scéim Áineasa agus Bonneagair Allamuigh (2019) le haghaidh oibreacha chun cuid de Ghlasbhealach Chonamara a leathnú i mbaile fearainn Dhoire Mhic Reoin agus Baile na hInse, tugadh chun críche go hiomlán iad in 2020.

In ainneoin an mhoill a tharla mar gheall ar shrianta Covid-19, leanadh den obair ar chuid de Ghlasbhealach Chonamara ón Sraith Salach go dtí An Clochán i rith 2020, atá á mhaoiniú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Críochnaíodh 1km den bhóthar soir ón gClochán sa nGabhlán sa bhliain 2020 agus tá obair ar bun ar 2km eile sa gClochán agus glanadh láithreáin déanta ar stráice 1km siar ón Sraith Salach.



Glasbhealach Chonamara i nDoire Mhic Reoin & An Gabhlán



Glanadh láithreán ar Ghlasbhealach Chonamara i Sraith Salach & oibreacha sna Monga

SCÉIMEANNA FAOISIMH TUILTE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an OPW ag obair i gcomhpháirtíocht le Scéimeanna Faoisimh Tuilte (scéimeanna móra) agus Oibreacha Maolaithe Tuile (maolú áitiúil) a chur ar fáil. Déanann an OPW maoiniú ar gach mórscéim faoisimh tuile - cuireann an OPW scéimeanna i gcrích go díreach faoi na hAchtanna Draenála Artaireacha nó is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe iad a chur i gcrích faoi na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt. Cuireann an OPW 90% den mhaoiniú ar fáil freisin le haghaidh oibreacha áitiúla maolaithe tuile. Tagann grúpa stiúrtha le chéile go rialta lena chinntiú go ndéantar tograí a laghdóidh an riosca tuile amach anseo a chur i gcrích ar bhealach tráthúil.

Chomh maith leis sin cuireann an OPW comhairle agus cúnadh ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair a tharlaíonn eachtra tuile.

Scéim Faoisimh Tuilte Abhann Dhún Coillín & Sruthán an Agaird:

Tá oibreacha móra go léir na scéime, lena n-áirítear, na hoibreacha ar chúig dhroichead, ar dhoimhniú leaba abhann agus ar chiliméadar amháin de chainéal dhá chéim tugtha chun críche anois. Tabharfar oibreacha ar an dá lintéar atá fágtha (Sruthán an Agaird) agus suiteáil an chuntar éisc ar Abhainn Dhún Coillín chun críche sa bhliain 2021, mar aon le mionoibreacha cóirithe atá fós le réiteach.



Scéim Faoisimh Tuilte Abhainn Dhún Choillín & Sruthán Agaird - Oibreacha críochnaithe ag droichead Dhún Choillín

Scéim Faoisimh Tuilte na Gaillimhe Theas, Ísealchríocha an Ghoirt:

Tar éis taighde agus anailís fhorleathan, sainaitníodh scéim a d'fhéadfadh a bheith indéanta agus inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de chun éifeachtaí tuilte ar theaghlaigh, ar ghnólachtaí agus ar chomaitéirí i nGaillimh Theas a laghdú in 2020. Foilsíodh an Tuarascáil Féidearthachta i mí Feabhra 2021 agus cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an 'Scéim is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn' go gairid ina dhiaidh sin.

Tar éis aighneachtaí a fháil ón bpobal, tabharfar an 'Scéim is Fearr' chun críche agus beidh sí faoi réir athbhreithnithe comhshaoil (EIAR agus NIS). Má bhíonn an scéim inghlactha ó thaobh an chomhshaoil agus tairbheach ó thaobh costais de, socrófar Taispeántas Poiblí le linn Ráithe 4 2021 sula gcuirfeadh isteach é le haghaidh dearbhú ón Aire.

Scéim Faoisimh Tuile Bhéal Átha na Sluaighe:

Cuireadh tús le Comhairliúchán Poiblí i mí Márta 2020 agus é mar aidhm aige an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin Staidéar ar Shrianta agus réamhghnéithe maidir le Scéim Faoisimh Tuile Bhéal Átha na Sluaighe agus faisnéis a fháil faoi thuile nó faisnéis chomhshaoil ábhartha eile faoin Limistéar Staidéir a cuireadh i láthair. Bhí daoine leasmhara in ann na hábhair chomhairliúcháin a scrúdú, ceisteanna ábhartha a fhreagairt agus bróisiúr a

fháil a leagann amach an tionscadail le tagairt dó sa todhchaí. Shínigh ochtó dó duine a d'fhreastail ar an gcuinniú san iomlán an leabhar tinrimh ag an ócáid in Óstán Shearwater, Béal Átha na Sluaighe. Ba mhic léinn tíreolaíochta 5ú Bliain iad tríocha dó díobh ó Choláiste Garbally i mBéal Átha na Sluaighe. Cuireadh an t-ábhar go léir a úsáideadh ag an ócáid, lena n-áirítear an cur i láthair a tugadh do na comhairleoirí, ar fáil ar shuíomh idirlín Scéim Faoisimh Tuile Bhéal Átha na Sluaighe - <https://www.floodinfo.ie/frs/en/ballinasloe/project-info/public-engagement/>

Tionóladh an cheardlann chomhoibritheach tosaigh do Scéim Faoisimh Tuile Bhéal Átha na Sluaighe an 30 Iúil 2020. Ba í aidhm na ceardlainne teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara ó phríomhchomhlachtaí reachtúla agus aon saincheistean, srianta agus deiseanna ar leith a shainnithint agus a phlé a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi fhorbairt na Scéime, agus aon ghnéithe féideartha a d'fhéadfaí a mheas chun tacú le tairbhí áitiúla pobail chomh maith le Bainistíocht Riosca Tuile.

Scéim Faoisimh Tuilte an Chlocháin:

Sa bhliain 2019, thug an OPW maoiniú do Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun tionscadal faoisimh tuilte a chur i bhfeidhm sa Chlochán mar chuid den *“Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile - Iarratas ar Mhaoiniú Tionscadal Beag”*.

I mí na Nollag 2020 thug Comhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal agus scóip na n-oibreacha chun críche chun gnólacht Innealtóireachta Comhairlí a sholáthar chun na gnéithe Innealtóireachta agus Comhshaoil de Scéim Faoisimh Tuilte an Chlocháin a chur i gcrích.



Scéim Faoisimh Tuilte an Chlocháin - Uiscí Tuilte Cois Abhann, an Clochán Meán Fómhair 2020

Cosaint Maoine Aonair Cinn Mhara:

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe iarratas ar mhaoiniú chuig OPW i mí na Nollag 2019 faoi “*OPW - Iarratas ar Mhionoibreacha i ndáil le Tuile Cósta*”. Dheonaigh an OPW maoiniú € 40,500 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí Meán Fómhair 2020 le haghaidh cur chun feidhme iomlán na scéime faoi Ráithe 2, 2021.

OIBREACHA MAOLAITHE TUILTE

Rinne an Chomhairle oibreacha i 14 suíomh faoi Scéim Mionoibreacha Maolaithe Tuile & Cosanta Cósta an OPW sa bhliain 2019, le maoiniú iomlán de €385,067, a chlúdaíonn 90% den chostas iomlán leis an t-iarmhéid á mhaoiniú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá soláthar déanta le haghaidh €150,893 eile faoi Scéim Oibreacha Feabhais OPW.

Cheadaigh an OPW maoiniú €499,790 freisin chun oibreacha a dhéanamh ag 9 suíomh eile le cur i gcrích sa bhliain 2021 agus tá iarratais, a cuireadh isteach ar 15 suíomh eile, á mbreithniú faoi láthair ag an OPW.

Tá maoiniú €190,000 ceadaithe freisin le haghaidh oibreacha cosanta cósta sa Líonán agus táimid ag fanacht le ceadúnas urthrá. Tá iarratas curtha isteach freisin ar €220,000 le haghaidh cosaintí tuile breise sa sráidbhaile.

CEANTAIR DHRAENÁLA

Tá a cuid freagrachtaí reachtúla ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar oibreacha draenála áirithe sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus trí Oifigí Ceantair Bhardsaigh na Comhairle á chomhlíonadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá dhá cheann déag de Cheantair Dhraenála faoi chúram na Comhairle agus leanann an Chomhairle le maoiniú a leithdháileadh ar dhá Chomhcheantar Draenála a díscáileadh sa bhliain 2014. Chaith an Chomhairle €172,258 ar oibreacha Ceantair Draenála sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2020 tugadh faoi oibreacha cothabhála sna Ceantair Draenála seo a leanas: - Cnoc Óráin, Tuaim Catraí, Suck, Dún Choillín, Cill Chríost, Áth Eascrach, An Creagán, Míleac.

CLÓS INNEALRA

Is é an Clós Innealra a dhéanann bainistíocht ar sholáthar agus ar chothabháil Gléasra agus Innealra atá á úsáid ag an gComhairle. Tá an Chomhairle tiomanta i leith fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn

éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar ionas go ndéanfar cur i gerích Chláir Oibre na Comhairle a éascú.

Spríoc Straitéiseach

An rannpháirtíocht is leithne is féidir ó saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae a éascú.

CLÁR

I mí na Nollag 2020 fuair Contae na Gaillimhe leithdháileadh €212,500 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do 5 thionscadal faoi thionscadail Bheart 1 de chuid CLÁR - tacaíocht do scoileanna agus bearta sábháilteachta pobail i gceantair thuaithe. Áirítear i measc na tionscadail a ceadáíodh maoiniú dóibh cosáin, soilsiú poiblí, uasghrádú ar mharcanna bóthair, trasrianta síogacha agus saoráidí páirceála i limistéir ainmnithe CLÁR. I bhfianaise leithdháileadh déanach an mhaoinithe seo, tá na hoibreacha le bheith críochnaithe faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2021.

AN SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Le tacaíocht airgeadais a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt d'athbheochan bailte agus sráidbhailte chun cur lena n-acmhainneacht ar mhaithe leis na pobail atá iontu, leis an timpeallacht mhaireachtála atá iontu agus le forbairt fheabhsaithe eacnamaíochta. Mar gheall ar phaindéim Covid-19, tugadh síneadh ama do thionscadail a ceadáíodh go déanach in 2019 go dtí mí an Mheithimh 2021.

I measc na n-iarratas ón mbliain 2020 faoi Bhailte agus Sráidbhailte, bronnadh maoiniú ar cheithre thionscadal agus na hoibreacha le déanamh faoi Mheitheamh 2022.

SPREAGADH MHÍ IÚIL - MAOINIÚ ATHRÚ AERÁIDE & TAISTEAL GNÍOMHACH

D'fhógair an Rialtas Plean Spreagtha Post mhí Iúil an 23 Iúil 2020. Dearadh an pacáiste beart a fógraíodh chun téarnamh faoi stiúir poist a spreagadh agus muinín eacnamaíoch a thógáil agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag bainistiú tionchar Covid-19.

Faoi RW09/2020 - chuir an t-aonad Bonneagair & Oibríochtaí aighneacht chun tosaigh ag imlíniú 66 tionscadal faoin maoiniú Oiriúnaithe don Athrú Aeráide. An 31 Lúnasa 2020, bronnadh €1,005,000 ar Chomhairle Contae na Gaillimhe le haghaidh 23 tionscadal.

Mar chuid den Phlean Spreagtha, cuireadh leithdháileadh ar fáil freisin do Bhearta Taistil Ghníomhaigh. Faoi RW10 / 2020 - rinne an t-aonad Bonneagair & Oibríochta aighneacht uailmhianach faoin mbeart agus gnóthaíodh €2,688,095 le haghaidh 41 tionscadal faoin maoiniú deontais seo.

Mar gheall ar fhógairt dhéanach na leithdháiltí faoi bhearta um Athrú Aeráide agus Taisteal Gníomhach, cé gur tugadh faoi fhormhór an tionscadail in 2020, ceadaíodh liúntas roinnt maoinithe a aistriú ó thionscadail neamhchríochnaithe go 2021.

AN COISTE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE LE CHÉILE

Bhí cruinniú amháin den Choiste Sábháilteacht ar Bhóithre le Chéile ann sa bhliain 2020 – ag leanúint dá ról gníomhach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i gContae na Gaillimhe.

I measc na dtionscnamh sonrath sábháilteachta ar bhóithre a rinne an Chomhairle le linn 2020 bhí:

- Cur chun cinn an Chláir dar teideal ‘Drive for Life’ le haghaidh Scoileanna Iar-Bhunoideachais
- Tacú le hoibriú Scéim na Maor Scoile Sóisearach
- Maoiniú d’oiliúint Rothar do Scoileanna Náisiúnta

'Arrive Alive'

Chuir Comhairle Co. na Gaillimhe úsáid Chluasáin réaltachta fhíorúil Aviva chun cinn i mí Feabhra 2020, mar chuid dá ‘Seimineár Sláinte & Folláine’. D’éirigh le fostaithe na Comhairle na cluasáin a úsáid ina dtaispeántar timpiste insamhalta seacht nóiméad, agus an breathnóir ina phaisinéir suíochán tosaigh. Thug sé deis don fhoireann taithí a fháil ar thionchair uafásacha timpiste gluaisteáin. Tá na cluasáin urraithe ag Scoil Tiomána Aviva, agus táthar ag súil go n-ardóidh an tionscnamh seo feasacht ar na contúirtí a bhaineann le tiomáint chontúirteach agus go sábhálfaidh sé daoine.



C-D: Deirdre Caulfield, Oifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre, baill foirne Chomhairle Co. na Gaillimhe, Julianne Gavin, Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta agus Vera Kilgallon, Comhairleoir Sábháilteachta Cúnta

Bí Sábháilte, Bí le feiceáil!

Reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le Comhaltas na Mac Léinn in OÉ Gaillimh, feachtas feasachta sábháilteachta ar bhóithre ag spreagadh mic léinn a shiúlann nó a rothaíonn chuig an gcoláiste teacht ann go sábháilte. Dáileadh veisteanna ard-infheictheachta ar mhic léinn atá ag freastal ar an gcoláiste le linn na Seachtaine Sábháilteachta ar Bhóithre 2020, le caoinchead ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.



Reáchtáladh Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus d'ardaigh an Comhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i measc an phobail i gcoitinne trí bileoga eolais a scaipeadh maidir le luas, tiomáint ar meisce agus drugaí, tuirse tiománaithe, úsáid fón póca, úsáid cheart timpealláin, srl., Tugadh tairiscint ar Thástáil Súl Saor in Aisce don phobal le hamharc maith agus duine ag tiomáint a chinntiú. Chuir Advance Pitstop tairiscint ó thaobh seiceáil sábháilteachta 5-phointe ar fáil don phobal i gcoitinne ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil boinn, coscáin, soilse/leibhéil agus cuimilteoirí i ndea-riocht oibre ar fheithiclí. Chuaigh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le hAontas na Mac Léinn an GMIT agus cuireadh feachtas feasachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar siúil a chinntíonn infheictheacht coisithe agus rothaithe ar na bóithre, tráth ar cuireadh veisteanna sofheicthe, le caoinchead an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fáil do mhic léinn atá ag freastal ar an gcoláiste.

D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae na Gaillimhe, An Cheathrú Rua; Seirbhís Otharchairr FSS; Cosaint Sibhialta na Gaillimhe, agus An Garda Síochána, le haghaidh ócáid feasachta sábháilteachta bóthair a bhí dírithe ar dhéagóirí de chuid Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, i mí Meán Fómhair 2020. Bhí deis ag na daltaí meánscoile, atá ar tí a bheith ina dtiománaithe óga, taithí a fháil ar an méid a tharlaíonn ag láthair imbhualite tráchta bóthair - tharla taispeántas díchóimeála gluaisteán agus Tairiscint Dóiteáin ó Sheirbhís Dóiteáin na Ceathrún Rua. Bhí criú Otharchairr agus Cosanta Sibhialta agus An Garda Síochána i láthair ar an lá, chun comhairle a thabhairt do scoláirí. Is é an aidhm a bhí leis an tionscnamh seo feasacht a mhúscailt faoi na rudaí a tharlaíonn ag láthair na timpiste agus tá súil againn go gcuirfidh sé cosc ar na tiománaithe óga a bheith páirteach in eachtraí tráchta ar bhóithre a mbíonn gortú nó bás tromchúiseach mar thoradh orthu go minic.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Raca Rothar a mhaoiniú i Scoil Náisiúnta Chill Tiarnáin, Cill Cholgáin. Spreagfaidh sé seo na daltaí dul ar scoil ar an rothar. Dáileadh veisteanna ard-infheictheachta agus clúdaigh mála scoile, le caoinchead ón Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar na rothaithe chun a n-infheictheacht agus a sábháilteacht a chinntiú.



C-D: Príomhoide Edel Leeche le daltaí Scoil Náisiúnta Chill Tiarnán, le Deirdre Caulfield, Oifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre, Comhairle Co. na Gaillimhe

D'oibrigh an Chomhairle le ceithre ollmhargadh in Uachtar Ard i mí na Samhna 2020 agus reáchtáladh feachtas feasachta sábháilteachta ar bhóithre chun infheictheacht coisithe agus rothaithe ar ár mbóithre a chinntiú, agus dáileadh veisteanna ard-infheictheachta ar an bpobal, le caoinchead ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.



SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL

Lean an Chomhairle, i gcompháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal áitiúil, le forbairt Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh.

Sa 2020, lean an Chomhairle le hurraíocht a thabhairt i leith cúig scéim ina bhfuil 75 rannpháirtí sna suíomhanna seo a leanas: Maigh Cuilinn/Uachtar Ard, An Baile Mór/An Mhainistir, An Gort & an ceantar máguaird, Tuaim & an ceantar máguaird agus Cloch na Rón/An Clochán.

RANPHÁIRTÍOCHT POBAIL I SCÉIMEANNA OIBREACHA BÓTHAIR

Lean an Chomhairle le Rannpháirtíocht an Phobail a chur chun cinn go gníomhach i Scéim Oibreacha Bóthair mar bhealach le leas a bhaint as tacaíocht an phobail d'oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Caitheadh €955,158 san iomlán ar 45 tionscadal i rith 2020, ar maoiníodh €943,158 díobh trí leithdháileadh faoi Bhóthar Réigiúnach agus Áitiúil na Roinne Iompair agus an pobal a thug an t-iarmhéid ó ranníocaíochtaí áitiúla agus ó thiomantais talún d'fhonn na hoibreacha a chur i gcrích.

Spríoc Straitéiseach

A chinntiú go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Lean an tAonad le Saoráid Íocaíochta Ar Líne a oibriú ionas gur féidir Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Lean an tAonad ag baint leasa as www.galway.ie i rith 2020 chun Seirbhís Fhaisnéise faoin Trácht a sholáthar, agus, ar an mbealach sin, cuireadh eolas ar fáil faoi chur isteach ar thrácht mar thoradh ar oibreacha bóthair, ar dhúnadh sealadach bóthair, ar luasteorainneacha de bharr oibreacha bóthair srl.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí úsáid a bhaint as meáin éagsúla, ar nós, raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, twitter, nuachtáin áitiúla, ríomhphost agus téacs, trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí agus as an gcóras nua náisiúnta ar líne Fix Your Street.ie.
- D'éirigh leis an Aonad Bóithre agus Iompair clár forleathan oibreacha a sheachadadh go héifeachtúil sa bhliain 2020, ar clár é inar áiríodh oibreacha sa bhreis orthu siúd a bhí i gCláir na mBóithre a bhí á maoiniú ag Ranna eile Rialtais ar nós na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

AN TIONSCADAL ROTHARBHEALACH Ó GHAILLIMH GO BAILE ÁTHA LUAIN

Tar éis sos cúig bliana, tá 140km den Ghlasbhealach idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath, ó Ghaillimh go Baile Átha Luain á fhorbairt ag tosú as an nua. Tá an tionscadal á chomhbhainistiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na hIarmhí agus Comhairle Chontae Ros Comáin, i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann (TII).

Faoi láthair, tá níos mó ná 100km den Ghlasbhealach idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath, ó Bhaile Átha Luain go Maigh Nuad, oscailte don phobal. Síneadh an chuid atá beartaithe idir Gaillimh agus Baile Átha Luain ó Chaisleán Bhaile Átha Luain agus suíomh i gCathair na Gaillimhe, agus an chosúlacht air go mbeidh sé i mBaile an Locháin, ar an taobh thoir den Chathair. Tabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair le chéile faoi phleanáil agus forbairt an rotharbhealaigh ar fud na cathrach chun nasc a dhéanamh le Glasbhealach atá beartaithe i gConamara.

Meastar go mbeidh an rotharbhealach nua ina áis tharraingteach a thaitneoidh le pobail áitiúla le haghaidh siúl agus rothaíocht i gcaitheamh na bliana agus soláthróidh sé eispéireas cuairteora speisialta le radharcra a mbeidh tionchar aige agus pointí speisiúla ar an mbealach. Tacóidh sé le gnóthais áitiúla agus spreagfar fiontair agus poist nua. Le tionscadal na Gaillimhe go Baile Átha Luain críochnófar an dorchla saor ó charranna 270km idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath, ag cruthú deis do laethanta saoire rothaíochta ar feadh tréimhse seachtaine.

Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha, RPS, go luath sa bhliain 2020 chun bealach a fhorbairt do Rotharbhealach idir Gaillimh agus Baile Átha Luain. Bhíodar ábalta tosú as an nua ar fad chun limistéar staidéir tionscadail a shainaithniú agus ina dhiaidh sin chun conairí bealaigh féideartha a aithint, agus ansin conair agus bealach roghnaithe don Rothaíocht nua, arna threorú ag gach céim trí chomhairliúchán poiblí. Chuir RPS tús leis an tionscadal trí Staidéar Srianata a dhéanamh agus rinneadh measúnú agus cinneadh ar na tailte laistigh den limistéar staidéir sainithe atá faoi úinéireacht an stáit cheana féin, lena n-áirítear iad siúd atá faoi úinéireacht Gníomhaireachtaí Rialtais, Ranna Rialtais agus Údaráis Áitiúla.


Chun an Tionscadal Rothaíochta nua a sheoladh, thug Foireann an Tionscadail faoi chomhairliúchán poiblí luathchéime chun éisteacht le haiseolas ón bpobal faoin ngá leis an tionscadal agus chun áiseanna, tarraingtí agus gnéithe áitiúla laistigh den limistéar staidéir a aithint.



Comhairliúcháin Poiblí ar siúl de réir Threoirlínte Covid-19 i mí Lúnasa 2020

Ba é seo an chéad cheann de cheithre thréimhse comhairliúcháin phoiblí a dhéanfar sula ndéanfar iarratas pleanála sa bhliain 2023. D’fhreastail níos mó ná 500 duine ar an tsraith de chúig imeacht comhairliúcháin phoiblí a tionóladh i mBaile Átha Luain, Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach agus Órán Mór i rith na seachtaine an 10 - 14 Lúnasa 2020. (Tionóladh na comhairliúcháin seo sular cuireadh srianta Covid i bhfeidhm ar chruinnithe faoi dhíon.) Reáchtáladh comhairliúcháin siúil isteach i nGaillimh in Óstán Shearwater, Béal Átha na Sluaighe, Óstán Raheen Woods, Baile Átha an Rí, Óstán Loughrea, agus Óstán Maldron, Órán Mór, idir 11:00 am agus 8:00 in. Bhuail foireann an tionscadail le breis agus 450 duine thar na ceithre lá agus phléigh siad an tionscadal leo. Bhí tacaíocht ghinearálta ann don tionscadal agus aithníodh go mbeadh sé an-dearfach do Ghaillimh, ach léirigh roinnt úinéirí talúin go raibh siad i gcoinne an fhéarbhealaigh ag dul trína dtailte.

Agus an t-aiseolas a fuarthas le linn an chéad chomhairliúcháin phoiblí á cur san áireamh, d’aithin Foireann an Tionscadail 5 Rogha maidir le Conair Bhealaigh féideartha don rotharbhealach nua idir Gaillimh agus Baile Átha Luain. Nascann na Roghanna Conair Bhealaigh seo príomh-tharraingtí agus taitneamhachtaí agus úsáideann siad talamh faoi úinéireacht an stáit a mhéid agus is féidir. D’fhonn na tailte faoi úinéireacht an stáit a nascadh, saináithníodh ‘limistéir chomhairliúcháin’ ar thailte faoi úinéireacht phríobháideach, áit ar mhaith le Foireann an Tionscadail labhairt leis na húinéirí talúin agus bealaí féideartha a iniúchadh. Tá sé i gceist go leanfadh na bealaí seo na gnéithe atá ann cheana agus teorainneacha na feirme, agus ar an gcaoi sin an scaradh a íoslaghdú. Is féidir an t-ábhar comhairliúcháin a fheiceáil sa Seomra Comhairliúcháin Fhíorúil ar Láithreán Gréasáin an Tionscadail www.galwaytoathlonecycleway.com ón 25 Eanáir 2021.



Léarscáil Roghanna Conaire Bhealaigh

Tá Oifig Tionscadail bunaithe os cionn na Leabharlainne ar Shráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe, le baill foirne ó na trí Chomhairle Contae agus Innealtóirí Comhairleacha RPS. Tá sé i gceist an Oifig Tionscadail a athoscailt de réir threoirlínte sláinte agus sábháilteachta an Rialtais chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal agus úinéirí talún a chumasú a luaithe agus is féidir. Tá béim láidir ar chomhairliúchán agus beidh 5 - 6 ball d’fhoireann an tionscadail, lena n-áirítear RPS agus foireann na Comhairle, tiomnaithe go hiomlán do rannpháirtíocht úinéirí talún. Is é uimhir theileafóin na hOifige Tionscadail (091) 509267 agus is é an seoladh ríomhphoist info@galwaytoathlonecycleway.com. Tá faisnéis faoin tionscadal ar fáil ar an suíomh idirlín atá tiomnaithe don tionscadal www.galwaytoathlonecycleway.com

SEIRBHÍSÍ UISCE

Agus í ag feidhmiú faoin gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann, faoin gClár Bonneagair agus Oibreacha Caipitiúla, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de thionscadail seirbhísí uisce a chur chun cinn ar feadh na bliana 2020. Tá pleanáil, dearadh agus tógáil bhonneagar nua agus uasghrádaithe ar siúl go leanúnach sa chontae chun na spriocanna i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 a sholáthar agus chun comhlíonadh rialála a chinntiú, rud a sholáthraíonn breis cosanta don chomhshaol, seirbhísí níos fearr do thomhaltóirí agus uisce óil glan do na húsáideoirí go léir.

Spriocanna Straitéiseacha

A chinntiú go bhfuil ár mbonneagar fisiceach agus sóisialta forbartha go leor chun tacú le forbairt eacnamaíoch, agus chun cáilíocht ár mbeatha a fheabhsú.

Forbairt eacnamaíochta agus fiontair chomh maith le forbairt leanúnach, inbhuanaithe eacnamaíochta agus fiontair ár gcontae a uasmhéadú.

Lean an dul chun cinn ar aghaidh i rith 2020 le dul chun cinn suntasach i ndearadh agus i bpleanáil roinnt tionscadal chun bonneagar seirbhísí uisce nua a uasghrádú agus a sholáthar sa chontae. Faoi Chlár Bonneagair Uisce Éireann, rinneadh dul chun cinn ar dearadh agus pleanáil líonra Scéim Séarachais Bhaile Átha an Rí agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil ag deireadh 2022 nó go luath in 2023. Mar aon leis an gcumas breise a sholáthraigh an t-uasghrádú ar ghléasra cóireála fuíolluisce Bhaile Átha an Rí a críochnaíodh i mí Iúil 2019, cuirfidh na hoibreacha atá beartaithe don líonra bailiúcháin go mór leis an gcumas forbartha i mBaile Átha an Rí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le síneadh Soláthar Uisce Réigiúnach Thuama go Baile Locha Riach, a thabharfaidh uisce ó Loch Corrib, a chóireáiltear ag Gléasra Cóireála Uisce Luimnagh, go Baile Locha Riach, Creachmhaoil agus an ceantar máguaird. Tugadh an líonra chun críche sa bhliain 2020 agus táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha eile go dtí stáisiúin phumpála Dhoire Uí Dhónaill agus Shuí Finn agus an taiscumar ag Suí Finn críochnaithe go luath sa bhliain 2021.

Tugadh oibreacha uasghrádaithe ar an líonra dáileacháin uisce agus ar an líonra draenála i mBéal Átha na Sluaighe chun críche go luath in 2020.

Chríochnaigh Ward & Burke gléasra cóireála fuíolluisce nua, ag a bhfuil toilleadh coibhéseach le daonra 700 duine, i nGleann na Madadh i mí Aibreáin, 2020. Soláthraíonn an gléasra nua cóireáil threasach ar an bhfuíolluisce sula scaoiltear é go Turlach Ghleann na Madadh.

Rinneadh dul chun cinn leis an gcéim pleanála do ghléasraí cóireála fuíolluisce nua ar An Spidéal, An Cheathrú Rua, in Áth Eascrach and i gCloch na Rón le linn 2020. Fógraíodh An Spidéal agus Áth Eascrach le haghaidh tairisceana faoi chonradh amháin i mí na Samhna, 2020. Táthar ag súil go dtosóidh na gléasraí seo á dtógáil sa dara leath de 2021. Cuireadh tús le próiseas an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh An Cheathrú Rua agus Cloch na Rón, ach mar gheall ar phaindéim Covid-19, cuireadh moill ar Éisteachtaí Béil. Táthar ag súil go gcuirfear gach próiseas reachtúil i gcrích le haghaidh An Cheathrú Rua agus Cloch na Rón in 2021.

Caomhnú Uisce

Leanadh le hoibreacha in 2020 chun sceitheadh sa líonra dáileacháin uisce a laghdú trí theaglainn d'oibreacha idirghabhála pleanáilte agus imoibríocha i gcomhar leis an gClár Líonra Uisce (WNP).

Rinneadh na hoibreacha seo trí mheascán de chriúnna saothair dhírigh údaráis áitiúil agus foirne oibreacha arna soláthar ag conraitheoirí thar ghníomhaíochtaí éagsúla sa WNP.

Ag féachaint ar aghaidh chuig 2021, tá laghdú ar uisce gan chuntas ar fud an chontae mar thosaíocht, ag díriú ar sceitheadh ón taobh poiblí agus príobháideach sa líonra. I measc na bpríomhshruthanna oibre a bheidh ag rith arís i dteannta a chéile chun na laghduithe a bhaint amach tá:

- Caipítíl Aimsigh agus Deisigh ag baint úsáid as acmhainní criúnna Oibriúcháin agus Conraitheoirí Chomhairle Contae na Gaillimhe ar fud roinnt Limistéar Méadraithe Ceantair (DMAanna) ar fud an Chontae;
- Bainistíocht Bhrú ag baint úsáid as acmhainní foirne agus conraitheoirí Chomhairle Contae na Gaillimhe ar fud na Rannán Seirbhíse Uisce Thuaidh, Theas agus Thiar;
- Tá Athshlánú Príomhlíonra ag leanúint ar aghaidh trí na Foirne Conraithe Athshlánaithe Príomhlíonra sa Rannán Thuaidh;
- Tá gníomhaíochtaí Chéad chéim ar siúl ar fud an chontae trí na Foirne Conraithe Athshlánaithe Príomhlíonra;
- Méadrú (Neamh-Thís) trí na Criúnna Conarthacha Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce i suíomhanna ar fud an Chontae.

Mar thoradh ar éifeachtaí iomlána na sruthanna oibre sin atá á gcur i gcrích mar chuid den Clár Laghdaithe Sceite, bainfear amach sábháil shuntasach uisce sna blianta atá amach romhainn agus beidh tairbhí inbhraite ann do chustaiméirí agus don gheilleagar i gcoitinne.

Sprioc Straitéiseach

An rannpháirtíocht is leithne is féidir ag saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae a éascú.

In 2020, chuaigh an Chomhairle ar aghaidh le cur chun feidhme **An Clár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe 2019 - 2021** agus d'oibrigh sé leis na srianta a chuir an paidéim Covid i láthair chun an clár a sheachadadh.

Grúpscéimeanna Uisce

Soláthraíonn an Clár tacaíocht do ghrúpscéimeanna trí dheontais scéime grúpa nua, deontais le haghaidh feabhsúchán scéimeanna, deontais tobair aonair chomh maith le fóirdheontais i dtreo oibriú agus cothabháil leanúnach. Tá ceist cháilíocht uisce agus comhlíonadh na gcaighdeán um Rialáil Uisce Óil lárnach i gcinntí infheistíochta.

Tá cláir éagsúla Uisce Tuaithe maoinithe go hiomlán ag an Roinn Comhshaoil agus tá leibhéal na tacaíochta deontais éagsúil ó 75% go 100% ag brath ar chatagóir na n-oibreacha.

In 2020, íocadh amach Deontais Chaipitiúla thart ar € 1m agus íocadh Fóirdheontais thart ar € 4.1m amach freisin.

Soláthraíonn an Roinn cúnamh deontais freisin i gcomhair oibreacha sonracha cosanta foinse a dhéanann na Grúpscéimeanna Uisce. Is é is aidhm don deontas ná cabhrú le scéimeanna Plean Cosanta Foinse a sholáthar. Oibríonn an Chomhairle go han-dlúth le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce i ndáil le cur i bhfeidhm an chláir agus leantar den chlár a dhíriú go príomha ar fheabhsú na soláthairtí uisce do Ghrúpscéimeanna Uisce. Leagtar amach thíos na bearta maoinithe faoin gclár.

Beart 1: Cosaint Foinse (Earnáil GWS) - Foinse amhuisce na GWS reatha a chosaint (2(e) roimhe seo). Is é seo Céim 1 agus Céim 2.

B'ionann Céim 1 agus na tuarascálacha ZOC (€3,000 X 85% uasdeontas). Tá Céim 2 ag 100% faoi réir ag uasmhéid 9,000 in aghaidh an tí thar na gceanteideal maoinithe go léir.

Beart 2: Comhlíonadh Sláinte Poiblí - Uasghrádú ar Shaoráidí Cóireála

- a. Feabhsúcháin ar Chóireáil Uisce (RAL) 100%
- b. Cónascadh / cuíchóiriú 100%
- c. Costais athsholáthair caipitil 85%

Beart 3: Scéimeanna Reatha a Fheabhsú, lena n-áirítear Caomhnú Uisce (Earnáil GWS) Caomhnú uisce agus uasghrádú líonra, lena n-áirítear stóráil.

- a. Caomhnú Uisce (85%)
- b. Uasghrádú Líonra (85%)

Beart 4: Grúpscéimeanna Uisce Nua

- a. Scéimeanna Aonair
- b. Sínte

85% faoi réir gnáth-theorainneacha nó 90% i gcásanna eisceachtúla.

Beart 5: Grúpscéimeanna Uisce Reatha agus Grúpscéimeanna Séarachais a Aistriú chuig an Earnáil Uisce Phoiblí (Uisce Éireann) – Scéimeanna reatha ar mian leo go nglacfar ar láimh iad.

Beart 6: Ceangail Phobail (Uisce agus Fuíolluisce): Sínte ón líonra poiblí.

Beart 7: Nuálaíocht agus Taighde

- a. Tograí maidir le teicneolaíocht nua a úsáid san earnáil grúpscéimeanna uisce
- b. Tionscadail san earnáil uisce tuaithe chun tacú le cuspóirí na gCreat-treoracha Uisce, lena n-áirítear ardú feasachta

Beart 8: Toibreacha Aonair (75%) agus córais chóireála fuíolluisce ar an láthair (faoi thástáil acmhainne)

Beidh feidhm le coinníollacha agus uasteorainneacha áirithe i gcás na mbeart maoinithe go léir agus míneofar iad tráth an iarratais.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

ACMHAINNÍ DAONNA

AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

Tá an cultúr ceart a bheith againn inár n-eagraíocht ríthábhachtach lenár bhfís a bhaint amach agus tá a ról féin á imirt ag gach comhalta foirne maidir le cultúr inmhianaithe a chruthú don Chomhairle. Cuirtear leis an gcultúr trí dhaoine a léiríonn iompar agus dearcadh a thagann lenár luachanna maidir le hionracas, cuntasacht, meas agus barr feabhais.

Bíonn an Roinn Acmhainní Daonna i dteagmháil le bainisteoirí líne agus leis an bhfoireann chun a bhforbairt phearsanta agus gairme a chur chun cinn, ag cur ar a gcumas ar an mbealach sin a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a ndícheall a dhéanamh chun cuspóirí straitéiseacha agus gnó na Comhairle a bhaint amach.

Tacaíonn an Roinn Acmhainní Daonna, trí bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle a chur i bhfeidhm, le dea-rialachas agus cuireann trédhearcacht agus soiléireacht ar fáil don fhoireann go léir maidir leis na prionsabail, rialacha agus treoirlínte a bhaineann lena gcuid oibre agus a gcuid coinníollacha oibre; timpeallacht oibre atá dearfach a chur chun cinn dár bhfórsa saothair díograiseach, ardoilte; feidhmiú chun an fórsa saothair atá ag teastáil uainn, chun go ndéanfimid ár dtiomantas a sheachadadh, a mhealladh agus a choinneáil; deiseanna oiliúna agus forbartha a fháil don fhoireann laistigh de na srianta airgeadais; soláthar a dhéanamh do shocruithe oibre atá solúbtha agus éagsúlachtaí saoire reachtúla agus neamh-reachtúla chomh maith le beartais leasa foirne a chuidíonn leis an bhfoireann cothromaíocht oibre is saoil a chruthú agus cothabháil a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch atá seasmhach.


Bainistíocht Fórsa Saothair / Earcaíocht

Tá bainistíocht fórsa saothair ar fheidhm ríthábhachtach a dtugann an Roinn Acmhainní Daonna fúithi mar go n-éascaíonn sé sannadh comhaltaí foirne ar fud na heagraíochta ar mhaithe le cothromaíocht a bhaint amach idir réimsí seirbhíse de réir tosaíochtaí eagrúcháin agus comhaontuithe náisiúnta a rinneadh le déanaí. Is dúshlán suntasach atá anseo don Chomhairle agus cothabháil á dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse agus pleanáil a dhéanamh leis an athchóiriú breise atá á dhéanamh ar an rialtas áitiúil. Tá sé mar chuspóir leis an bPlean Fórsa Saothair seachadadh seirbhíse éifeachtach agus éifeachtúil a chumasú leis an leibhéal foirne agus leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil.

Tá Líon Iomlán Fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 4, 2020 mar a leanas:

<i>Catagóir</i>	<i>Líon Foirne</i>
<i>Príomhfoireann</i>	<i>825</i>
<i>Comhraiceoirí Dóiteáin ar Airithíocht</i>	<i>112</i>
<i>Nach Foireann de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iad</i>	<i>74</i>

Reáchtáil an Roinn Acmhainní Daonna 37 comórtas earcaíochta suas go dtí deireadh Ráithe 4, 2020.




Ceapacháin Nua de réir Gráid sa bhliain 2020

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe le héascú a dhéanamh ar shocrúcháin na scéime fostaíochta pobail agus socrúcháin taithí oibre ó institiúidí tríú leibhéal.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tugadh faoi oiliúint chuimsitheach don fhoireann sa bhliain 2020 agus díródh go príomha ar Oiliúint Reachtúil agus ar Shláinte agus ar Shábháilteacht. Thacaigh Deontais Oiliúna Náisiúnta, i réimsí na Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus na mBóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, leis an gComhairle maidir leis an oiliúint sin a sholáthar. Rinneadh cinneadh maidir le hoiliúint riachtanach eile i gcomhar le húsáid a bhaint as an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha. Lean an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt do bhreisoideachas, do Chláir Rialtais Áitiúil de chuid an IPA, agus le tacaíocht a thabhairt do chomhaltaí foirne chun freastal ar Sheimineáir agus ar Chomhdhálacha sa bhliain 2020.

Ba 1420 an líon iomlán Laethanta Oiliúna don bhliain 2020 mar atá leagtha amach thíos:



Leas na Foirne

Agus aitheantas á thabhairt ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil san obair ach cuid amháin de shaol an fhostaí, cuireann an Roinn Acmhainní Daonna raon scéimeanna ar fáil chun cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach.

Sa bhliain 2020, bhain seacht gcéad agus seasca a haon comhalta foirne leas as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh a bhí á mbainistiú ag an Roinn Acmhainní Daonna, agus áirítear orthu sin, an Scéim um Bliain Oibre níos Giorra, an Scéim um Shaoire Mháithreachais, an Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta, an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí Nua, an Scéim um Chomhroinnt Oibre, Sosanna Gairme, an Scéim um Shaoire do Chúramóirí, Scéimeanna um Shaoire Scrúduithe agus Pas Taistil chomh maith le Saoire Force Majeure, Saoire Méala agus an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre. Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta um Poist an Rialtais, i mí Lúnasa, 2020, cuireadh méadú ar an gcaiteachas incheadaithe faoin Scéim um Rothaíocht chun na hOibre áit a bhféadfaí sochar comhchineáil díolmhaithe ó cháin a chur ar fáil d'fhostaí aonair uair amháin le linn tréimhse 4 bliana. Roimh an 1 Lúnasa, 2020 is uair amháin le linn tréimhse 5 bliana a d'fhéadfadh fostaithe leas a bhaint as an scéim.

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna leis na forálacha caighdeánaithe de na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreioiteachta) 2014 a chur i bhfeidhm agus éascaíonn siad soláthar Cláir neamhspleácha maidir le Cúnamh d'Fhostaithe (EAP). Is seirbhís comhairleoireachta rúnda neamhspleách atá saor in aisce a sholáthraíonn tacaíocht maidir le, m.sh. saincheisteanna teaghlaigh, saincheisteanna oibre, andúil, méala agus nithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais atá i gceist leis an gClár EAP seo.

Pinsin

Sa bhliain 2020, chuaigh fiche a dó fostaí lánaimseartha ar scor ó sheirbhís Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Chuaigh fostaí amháin ar scor ó Sheirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.


Ba mhaith le Bainistíocht agus le foireann na Comhairle an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis na daoine a chuaigh ar scor as na blianta seirbhíse díograiseach agus an tiomantas a thug siad do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Córais Teicneolaíochta Faisnéise



Líonra IT Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Ba bhliain thar a bheith dúshlánach a bhí sa bhliain 2020 do na Córais Faisnéise agus ní amháin gur chuir siad an caighdeán seirbhíse a rabhthas ag súil leis ar fáil ach chuaigh siad in oiriúint don phaindéim trí shaoráidí oibre cianda a cheadú do os cionn 80% d’Fhoireann na Comhairle agus tionscnaimh nuálacha agus straitéiseacha á seachadadh acu freisin. Baineadh é sin amach in aghaidh cúlra le líon teoranta foirne agus acmhainní airgeadais a bhfuil laghdú á dhéanamh orthu le líon blianta anuas.

Córais Faisnéise Geografaí (GIS) – Tionscadail agus Tionscnaimh Lárnacha

- Seoladh Tairseach ‘Léarscáileanna agus Sonraí’ ar láithreán gréasáin na Comhairle, chun rochtain láraithe a sholáthar chuig raon aipeanna, léarscáileanna agus tacar sonraí poiblí, lena n-áirítear, Tairseach Sonraí Oscailte na Comhairle.
- Leathadh amach seirbhís foláirimh poiblí áitiúil atá saoir in aisce (MapAlerter.com), lena n-áirítear, drochaimsir agus foláirimh a bhaineann le bóithre agus le pleanáil.
- Uasghrádú Ardán Córas Faisnéise Geografaí Fiontair na Comhairle, atá ag freastal ar riachtanais na foirne oifige agus na foirne taistil araon.
- Uasghrádú an Amharcóra Pleanála Poiblí ar láithreán gréasáin na Comhairle a thacaíonn le rochtain ar ghléas móibíleach.
- Tacú le freagra Comhairle ar COVID-19 trí fhorbairt a dhéanamh ar aipeanna chun faisnéis a bhailiú agus a chur i láthair maidir le tacaíochtaí áitiúla atá ar fáil trí láithreán gréasáin na Comhairle.
- Forbairt agus cur i bhfeidhm Córas Bainistíochta maidir le Teagmhais Drochaimsire (SWEMS) chun cuidiú le bainistíocht a dhéanamh air, agus freagairt do, theagmhais drochaimsire.
- Cur i bhfeidhm bailiúchán sonraí móibíleacha agus réitigh bainistíochta maidir le reiligí, tobair bheannaithe agus iniúchadh láithreáin.
- Forbairt ar léarscáil idirghníomhach ‘ag Dul ar Líne’ chun tacú leis an Straitéis Dhigiteach a thaispeánann láithreacha ina bhfuil WiFi poiblí ar fáil iontu.

Forbairt Bogearraí agus Faisnéis Gnó

- **Tuarascáil maidir le hÉileamh ar Thithe**
Soláthar Tuarascáil phoiblí maidir le hiarratais atá ar an liosta tithíochta. Féach...
<http://www.galway.ie/en/services/housing/demand/>
- **Iarratais maidir le Cothabháil Tithíochta**
Foirm ar líne agus uathobriú próiseas a sholáthar maidir le hiarratais ar chothabháil tithíochta a logáil agus luas a chur fúthu.
Féach... <https://gccapps.galwaycoco.ie/RepairRequest/>
- **Fíneálacha Páirceála**
Cuireadh tús le hobair ar athsholáthar an chórais fíneálacha páirceála chun é a chur in ionad feidhmchlár oidhreachta.
- **Deontais Atosaithe**
Soláthraíodh agus tugadh tacaíocht ó thaobh foirmeacha agus próisis maidir leis an Deontas Atosaithe agus na scéimeanna Deontais Atosaithe Plus.
- **Glao an Phobail COVID-19**
Soláthraíodh agus tugadh tacaíocht don chóras maidir le logáil agus bainistíocht a dhéanamh ar iarratais do Ghlaao an Phobail Covid-19.
- **Uasghrádú Teicneolaíochta ar Fhrestalaí SQL**
Soláthar freastalaí nua SQL agus aistriú bunachar sonraí Clár Toghthóirí (beo) agus Pleanála (tástáil).
- **Comhlíonadh ó thaobh Fianáin**
Feidhmiú réiteach nua maidir le comhlíonadh ó thaobh fianáin ar ár láithreán gréasáin agus ar fhrestalaithe feidhmchlár phoiblí.
- **Uathobriú Próiseas**
Rinneadh próisis inmheánacha éagsúla uathobríoch ar feadh na bliana, m.sh. foirmeacha iarratais, athnuachan árachais, próisis ceadaithe, srl.

Tacaíocht Theicniúil

- Ardú 400% maidir le cumas cianoibre na foirne le tacaíocht do shlándála breise agus do theicneolaíochtaí cianrochtana chun tacaíocht leanúnach a sholáthar.
- Soláthar tacaíochtaí breise maidir le cianobair don fhoireann go léir, lena n-áirítear, monatóirí ríomhaire, méarchláir, fearais cinn agus ceamaraí gréasáin.
- Soláthar os cionn 300 fearas breise chun oibriú ón mbaile, a chuimsíonn ríomhairí deisce oiriúnaithe, athfheistiú ríomhairí deisce atá ann cheana féin agus soláthar ríomhairí deisce nua.
- Seirbhísí Priontála Bainistithe leathnaithe chuig Ceannteathrú na Seirbhíse Dóiteáin agus chuig Oifig Rotharbhealach na Gaillimhe go Baile Áth Luain i mBéal Átha na Sluaighe.

Forbairt Theicniúil

- Cianrochtain agus úsáid Córais Freagartha Teileafóin na Comhairle á sholáthar ó Mhárta chun fiosrúcháin ón bpobal a fhreagairt agus cothabháil a dhéanamh ar chumarsáid.
- Foirne Microsoft curtha ar fáil do 720 comhalta foirne agus comhairleoir chun Fís Chomhdhálacha, cur i láthair ar scáileán agus glaonna a éascú.

- An dara Geata VPN curtha ar fáil ar mhaithe le cumas agus teacht aniar breise.
- Bogearraí Slándála breise chun cianobair agus cosaint sonraí a éascú.
- Feabhsúchán déanta agus curtha le teicneolaíocht íomháithe PC agus ríomhairí glúine chun úsáid níos tapa don fhoireann a éascú le forchostais foirne níos ísle agus cruinneas oibre.
- Rinneadh Foirgneamh Leabharlainne Bhéal Átha na Sluaighe a nascadh leis an Néal-Líonra Rialtais (GCN) chun Oifig an Rothairbhealaigh, Feabhsúchán ar Sheirbhísí Leabharlainne agus obair chomhionaid a éascú.
- Oibríodh i gcomhar leis an LGMA, OGCIO agus le HEANET ar Threoir Aireachta chun clár pólótach maidir le seirbhís sábháilte domhanda WiFi EDUROAM Oideachais 3^ú Leibhéal a chur i bhfeidhm.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA:

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA - LE NUASHONRÚ I MÍ IÚIL 2021

Foráiltear le halt 126 (c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 go mbunófaí Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC). Feidhm de chuid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcoinne nó i gcomparáid le táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún gur iomchuí tagairt a dhéanamh dóibh, agus a chuimsíonn táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí.

Iarrtar ar Údarás Áitiúla faisnéis agus sonraí faoi 39 Táscaire Feidhmíochta a bhailíochtú agus a chur faoi bhráid. Déanann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) na sonraí seo a chomhordú agus cuirtear ar fáil don NOAC iad le haghaidh tuilleadh anailíse agus chun iad a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil Náisiúnta faoi Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil. Chomh maith leis an fhaisnéis a chuireann an Chomhairle ar fáil soláthraíonn comhlachtaí seachtracha (Aonad Cláraithe Feithiclí (VRU), na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (D/TTaS), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Oifig Bhainistíochta Bóithre (RMO) faisnéis atá bunaithe ar chórais tuairiscithe náisiúnta eile nach mór don Chomhairle sonraí a chur faoi bhráid maidir leo. Déanann an Chomhairle an fhaisnéis seo a shábháil agus a bhailíochtú mar chuid de na tuairisceáin náisiúnta ag baint úsáid as córas ríomh-thuairisceáin ar líne.

Déantar iarracht leis na táscairí cur chuige comhchoiteann a chur ar fáil maidir le tomhas agus tagarmharcáil agus tá sé beartaithe, tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil, tacú le gach údarás áitiúil feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad do phobail áitiúla. Creideann NOAC go bhfuil scóip ann, trí fhoghlaim ó thaithí a chéile, chun dea-chleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le cur i bhfeidhm a bhfeidhmeanna ag comhlachtaí an rialtais áitiúil. Is próiseas leanúnach é an obair chun na táscairí a bheachtú agus aithníonn NOAC go bhfuil gá le modhuithe ar roinnt táscairí nó gur gá iad a ionadú trí thacar sonraí níos ábhartha a chur ina n-ionad.

Don bhliain 2020, bhí 39 táscaire feidhmíochta údaráis áitiúil ann mar a léirítear thíos.

Tugtar tagairt do gach Táscaire mar seo a leanas:

- Tithíocht (H1 go H6)
- Bóithre (R1 go R3)
- Uisce (W1 agus W2)
- Dramhaíl / Comhshaol (E1 go E5)
- Pleanáil (P1 go P5)
- Seirbhís Dóiteáin (F1 go F3)
- Leabharlann / Áineas (L1 agus L2)
- An Óige / Pobal (B1 agus B2)
- Corparáideach (C1 go C5)
- Airgeadas (M1 agus M2)
- Forbairt Eacnamaíoch (J1 go J4)

Táscairí Feidhmíochta
01/01/2020 - 31/12/2020 (Bliantúil)
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Stádas: Glasáilte

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta Tráchta
Tithíocht H1, H2 & H4 Ceadaithe	A. Líon tithé cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil amhail an 1/1/2020	2525	Aontaíodh 2540 le NOAC & Ger Scully i mí Eanáir 2021 chun aontú le tuairisceáin DOE 15 aonad a bhaineann go sonrach le taistealaithe atá bainte den fhigiúr anois de réir na treorach i scríbhinn
	B. Líon tithé cónaithe a cuireadh leis an stoc atá faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil le linn na bliana 2020 (cibé ar tógadh nó a bhfuarthas iad)	81	Ceannaíodh 83 réadmhaoín ach bhí péire a bhain go sonrach leis an lucht siúil dá bhrí sin fágadh as an áireamh iad. Bhí 81 réadmhaoín comhdhéanta de 74 foirgneamh / tógáil nua agus 7 n-áitreabh aonair
	C. Líon tithé cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil a díoladh sa bhliain 2020	16	
	D. Líon tithé cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil a leagadh sa bhliain 2020	0	
	E. Líon tithé cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil amhail an 31/12/2020	2590	
	F. Líon tithé cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil atá beartaithe a leagan faoi scéim cheadaithe DHPLG	0	
	A. Líon tithé cónaithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil atá beartaithe a leagan faoi scéim cheadaithe DHPLG 31/12/2020	7.07%	
	Líon na n-aonaid teaghaise laistigh dá stoc foriomlán nach raibh tionóntaí iontu amhail an 31/12/2020	183	16 aonad tréigthe / fothracha bainte den fhigiúr ag brath ar mholadh bhord NOAC maidir le conas iad seo a chóireáil
	A. Caiteachas le linn na bliana 2020 ar chothabháil tithé Údaráis Áitiúil a cuireadh le chéile ón 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020, roinnte ar líon na dtithé cónaithe i stoc an Údaráis Áitiúil amhail 31/12/2020, m.sh. figiúr tháscaire H1E lúide figiúr tháscaire H1F	€1058.16	

Ábhar	Táscaire	Luach	Nóta tráchta
Tithíocht: H1, H2 & H4 Ceadaithe	Caiteachas ar chothabháil stoc UA a tiomsaíodh ón 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas beartaithe a bhí incháilithe do dheontais, deontais SEAI maidir le hobair iarfheistiúcháin éifeachtúlachta fuinnimh nó an Clár Uasghrádaithe Fabraic gan chaiteachas ar mhaoin folmha ná caiteachas a ceadáíodh faoina scéimeanna mór-athfheistithe san áireamh (m.sh. Athnuachan a ceadáíodh nó a ceadáíodh faoi Scéimeanna na nOibreacha Feabhais).	€2740636.4	
Tithíocht: H3 & H5 Ceadaithe	An t-am ón dáta a bhí an teaghais folamh go dtí an dáta in 2020 nuair a thosaigh tionóntacht nua sa teaghais, mar mheán idir na haonaid ar fad a scaoileadh ar cíós arís in 2020	49.22 seachtain	
	An costas a bhain le teaghais a réiteach in 2020 chun iad a ligean ar cíós arís, mar mheán idir na haonaid ar fad a ligeadh ar cíós arís in 2020	€17174.71	
	Líon na n-aonad a raibh tionónta nua iontu ar dháta ar bith in 2020 (ach gan iad siúd a bhí folamh mar gheall ar scéim athchóirithe ar fud an eastáit san áireamh)	32	
	Líon na seachtainí ón dáta a raibh an teach cónaithe folamh go dtí an dáta a ndéantar tionóntacht arís ar an teach cónaithe	1575 seachtain	
	Caiteachas iomlán ar dheisiúcháin a theastaigh chun go bhféadfaí na haonaid a ligean ar cíós arís	€549590.83	
	A. An líon iomlán tionóntachtaí a bhí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh mhí an Mheithimh 2020	7036	
	B. Líon na n-áitreabh ar cíós a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2020	859	
	C. Céatadán na n-áitreabh a ndearnadh cigireacht orthu in 2020 a bhfuarthas nach gcomhlíonann siad na Rialacháin maidir le Caighdeáin	99.52%	
	D. Líon na n-áitreabh a mheastar a bheith comhlíontach in 2020 (lena n-áirítear iad siúd a measadh a bheith neamhchomhlíontach ar dtús)	83	

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta tráchta
Tithíocht: H6 Ceadaithe	A. Líon daoine fásta aonair i gcóiríocht éigeandála ar dhaoine gan dídean fadtéarmach iad mar % den líon iomlán daoine fásta aonair gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2020	48.48%	
	Líon na ndaoine fásta a rangáíodh mar dhaoine gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála oíche an 31 Nollaig 2020 mar a taifeadadh ar an gcóras PASS		33 Féach an nóta le do thoil chun comhairleamh dúbailte a sheachaint 33 duine fásta * * 20 Cliant do Dhaoine gan Dídean Contae i Saoráidí Maoinithe
	Líon na ndaoine fásta gan dídean a bhí, amhail an 31/12/2020, i gcóiríocht éigeandála ar feadh sé mhí gan stad, nó ar feadh sé mhí go carnach, le linn an 12 mhí roimhe sin		16 Cathrach a áirítear i dTuarascálacha Pas Cathrach. Féach an nóta le do thoil chun comhairleamh dúbailte 16 dhuine fásta a sheachaint * * 10 gCliant do Dhaoine gan Dídean Contae i Saoráidí Maoinithe Cathrach a áirítear i dTuarascálacha Pas Cathrach.
Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe	A. (a) An % de chiliméadair Bóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2020	94.00%	
	A. (b) % de chiliméadair Príomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2020	96.70%	
	A. (c) % de chiliméadair Bóithre Tánaisteacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2020	94.50%	
	A. (d) % de chiliméadair Bóithre Treasacha Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2020	79.00%	
	B. (A.1) % den líon iomlán ciliméadar bóithre réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI 1-4 an 31/12/2020	2.80%	
	B. (a.2) % den líon iomlán ciliméadar bóithre réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI 5-6 an 31/12/2020	7.50%	
	B. (a.3) % den líon iomlán ciliméadar bóithre réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI 7-8 an 31/12/2020	69.40%	
	B. (a.4) % den líon iomlán ciliméadar bóithre réigiúnacha ag a raibh rátáil PSCI 9-10 an 31/12/2020	19.90%	
B. (b.1) % den líon iomlán ciliméadar príomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 1-4 ar an 31/12/2020	8.80%		

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta tráchta
Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe	B. (b.2) % den líon iomlán ciliméadar príomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 5-6 an 31/12/2020		32.00%
	B. (b.3) % den líon iomlán ciliméadar príomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 7-8 an 31/12/2020		38.10%
	B. (b.4) % den líon iomlán ciliméadar príomhbhóithre Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 9-10 an 31/12/2020		20.80%
	B. (c.1) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Tánaisteacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 1-4 an 31/12/2020		14.50%
	B. (c.2) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Tánaisteacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 5-6 an 31/12/2020		9.60%
	B. (c.3) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Tánaisteacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 7-8 an 31/12/2020		64.70%
	B. (c.4) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Tánaisteacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 9-10 an 31/12/2020		9.60%
	B. (d.1) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Treasacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 1-4 an 31/12/2020		23.60%
	B. (d.2) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Treasacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 5-6 an 31/12/2020		21.70%
	B. (d.3) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Treasacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 7-8 an 31/12/2020		25.00%
	B. (d.4) % den líon iomlán ciliméadar Bóithre Treasacha Áitiúla ag a raibh rátáil PSCI 9-10 an 31/12/2020		14.40%
	A1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn na bliana 2020		34.2km
	A2. An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha le linn na bliana 2020		€5770136.00
	A3. Meánchostas aonaid na n-oibreacha réigiúnacha ar láidriú bóithre in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€ / m ²)		€24.89
	B1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn na bliana 2020		37.4km
	B2. An méid a caitheadh ar obair athshéalaithe bóithre réigiúnacha le linn na bliana 2020		€1236320.00

Topaic	Táscaire	Luach	Nóta tráchta
Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe	B3. Meánchostas aonaid na n-oibreacha réigiúnacha ar athshéalú bóithre in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€ / m2)	€5.40	
	C1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a neartaíodh le linn na bliana 2020	188.3km	
	C2 An méid a caitheadh ar obair neartaithe bóithre áitiúla le linn 2020	€13596718.00	
	C3 Meánchostas aonaid na n-oibreacha áitiúla ar neartú bóithre in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€ / m2)	€17.70	
	D1 Ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn na bliana 2020	140.8km	
	D2. An méid a caitheadh ar obair athshéalaíthe bóithre áitiúla le linn 2020	€2949043.00	
	D3. Meánchostas aonaid na n-oibreacha áitiúla ar athshéalú bóithre in aghaidh an mhéadair chearnaigh (€ / m2)	€4.80	
Mótarcháin: R3 Ceadaithe	A. An céatadán de na hidirbhearta mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (m.sh. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an díosca cánach) sa bhliain 2020	84.03%	
